ISSN 1830-7507

AN tOMBUDSMAN EORPACH



# tuarascáil bhliantúil 2006

GA

AN tOMBUDSMAN EORPACH

# tuarascáil bhliantúil 2006

**© An tOmbudsman Eorpach 2007**

**Gach ceart ar coimeád.**

**Ceadaítear atáirgeadh do chuspóirí oideachasúla agus neamhthráchtála fad agus go dtabharfar aitheantas don fhoinse.**

Tá cóipcheart ag an Ombudsman Eorpach ar gach grianghraf, mura dtugtar a mhalairt le fios.
Clúdach tosaigh: © iStockphoto.com/urbancow

**Tá téacs iomlán na tuarascála foilsithe ar an idirlíon ag: http://www.ombudsman.europa.eu**

*Printed in Belgium*
ARNA CHLÓ AR PHÁIPÉAR BÁN SAOR Ó CHLÓIRÍN

An tOllamh Dr. Hans-Gert PÖTTERING FPE
Uachtarán
Parlaimint na hEorpa
Rue Wiertz
1047 An Bhruiséil
An Bheilg

Strasbourg, 12 Márta 2007

A Uachtaráin,

De réir Airteagail 195(1) den Chonradh a bhunaíonn an Comhphobal Eorpach agus Airteagail 3(8) de Chinneadh Pharlaimint na hEorpa faoi na Rialacháin agus na Coinníollacha Ginearálta a rialaíonn mar is cóir Dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh, cuirim mo thuarascáil don bhliain 2006 faoi do bhráid anseo.

Le meas,

P. Nikiforos Diamandouros

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman – B.P. 403 – F-67001 STRASBOURG Cedex
☎ : +33 (0)3.88.17.23.13 – Facs +33 (0)3.88.17.90.62
http://www.ombudsman.europa.eu – eo@ombudsman.europa.eu

RÉAMHRÁ 15

1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 21

2 GEARÁIN AGUS FIOSRÚCHÁIN 35

2.1 BUNÚS DLÍTHIÚIL OBAIR AN OMBUDSMAN 35

2.2 SAINORDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH 35

2.2.1 Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta 36

2.2.2 Institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail 36

2.2.3 "Drochriarachán" 37

2.2.4 An Cód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin 38

2.3 INGHLACTHACHT AGUS FORAIS NA bhFIOSRÚCHÁN 38

2.4 ANAILÍS AR NA GEARÁIN A SCRÚDAÍODH I 2006 39

2.5 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE 40

2.6 GNÁTHAIMH AN OMBUDSMAN 42

2.6.1 Tús a chur le fiosrúchán 42

2.6.2 Gnáthamh cothrom 42

2.6.3 Iniúchadh na gcomhad agus éisteacht finnéithe 43

2.6.4 Gnáthamh oscailte 43

2.7 TORTHAÍ NA bhFIOSRÚCHÁN 43

2.7.1 Gan aon dhrochriarachán 44

2.7.2 Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh cairdiúla 44

2.7.3 Ráitis chriticiúla agus dréachtmholtaí 44

2.7.4 Tuarascálacha speisialta do Pharlaimint na hEorpa 45

2.8 CINNTÍ A DHÚN CÁSANNA I 2006 45

2.8.1 Oscailteacht, rochtain phoiblí agus cosaint sonraí pearsanta 46

2.8.2 An Coimisiún mar chaomhnóir ar an gConradh 47

2.8.3 Tairiscintí, conarthaí agus deontais ..... 49

2.8.4 Gnóthaí pearsanra ..... 50

2.8.5 Gnóthaí eile..... 51

3 CINNTÍ TAR ÉIS FIOSRÚCHÁN A DHÉANAMH 55

3.1 CÁSANNA NACH bhFUARTHAS AON DHROCHRIARACHÁN IONTU 55

3.1.1 Parlaimint na hEorpa ..... 55

FAILLÍ NA PARLAIMINTE MAIDIR LE SOILÉIRIÚ A IARRAIDH FAOI FHORTHAIRISCINT..... 55

3.1.2 An Coimisiún Eorpach..... 56

RIGHNEAS AG PLÉ LE TUILLTEANAIS GEARÁIN A RINNEADH DE BHUN AIRTEAGAIL 226..... 56
MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AR REACHTAÍOCHT NA SPÁINNE MAIDIR LE SEÓNNA TARBHCHOMHRAIC A CHRAOLADH..... 56
SCOR COMHOIBRITHE SHEANBHUNAITHE..... 57
ROGHNÚ SAINEOLAITHE DE RÉIR AN SÉÚ CLÁR RÉIME ..... 58
CISTE MAIDIR LE hOBAIR CHAIGHDEÁNAITHE A CHUR AR CEAL ..... 58
SÁRÚ LÍOMHANTA AR CHEARTA MAOINE INTLEACHTA I LEITH FHEIDHMCHLÁIR AISTRIÚCHÁIN..... 59

3.1.3 Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ..... 60

FÓGRA CONARTHA DO SHEIRBHÍSÍ AISTRIÚCHÁIN ..... 60

3.1.4 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra ..... 61

MEASTÓIREACHT MHÍCHRUINN A MAÍODH A RINNEADH AR THRIALACHA COMÓRTAIS..... 61
DAOINE A CHOSC AR SCRÚDÚ ROGHNAITHE ..... 62
OIBLEAGÁID GAN CUR ISTEACH ACH AR CHEANN AMHÁIN DE THRÍ CHOMÓRTAS CHOMHUAINEACHA ..... 62
MEASTÓIREACHT AR FHREAGRA IARRTHÓRA AR CHEIST TRIALACH ..... 63
COMÓRTAS OSCAILTE A MAÍODH A EAGRAÍODH GO DONA..... 64

3.1.5 An Banc Eorpach Infheistíochta..... 64

DIÚLTÚ FAISNÉIS A SHOLÁTHAR FAOI MHAOINIÚ A D'FHÉADFAÍ A THABHAIRT DO THIONSCADAL I dTÍR IS IARRTHÓIR..... 64

3.1.6 An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ..... 65

TEIP LÍOMHANTA FREAGRA A THABHAIRT AR IARRATAS MAIDIR LE hEOLAS..... 65

3.2 CÁSANNA A SHOCRAIGH AN INSTITIÚID 66

3.2.1 Parlaimint na hEorpa ..... 66

CEAD TEACHT AR ALT SAN "EP NEWSHOUND" ..... 66

3.2.2 An Coimisiún Eorpach..... 66

DIÚLTÚ TUARASTAL A BHÍ AG SEASAMH AMACH MAILLE LE hÚS A ÍOC..... 66
FREAGRA I dTEANGA ÉAGSÚIL AR IARRATAS AR PHOST ..... 67
RIGHNEAS AG ÍOC DEONTAIS DO NASCADH BAILTE..... 67

3.2.3 An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach..... 68

LEITHSCÉAL A GHABHÁIL GAN MHOILL AS DEARMAID..... 68

3.2.4 Coiste na Réigiún..... 69

AISÍOC COSTAS TAISTIL D'AGALLAMH FOSTAÍOCHTA ..... 69

3.3 RÉITIGH CAIRDIÚLA CURTHA I gCRÍCH AG AN OMBUDSMAN 70

3.3.1 An Coimisiún Eorpach ... 70

LÉIRMHÍNIÚ AR AN TREOIR UM CHOSAINT SONRAÍ I gCOMHTHÉACS GHEARÁIN MAIDIR LENA SÁRÚ ... 70

3.3.2 An Banc Eorpach Infheistíochta ... 71

DIÚLTÚ FÁIL A BHEITH AR THUARASCÁIL INIÚCHÓIREACHTA - 1 ... 71

3.3.3 Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa ... 72

AISGHABHÁIL LIÚNTAS BUNAITHE A ÍOCADH I RITH TRÉIMHSE PROMHAIDH ... 72

3.4 CÁSANNA A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL ÓN OMBUDSMAN 73

3.4.1 Parlaimint na hEorpa ... 73

CEAD ROCHTANA AR LIOSTAÍ NA n-IARRTHÓIRÍ I nGNÁTHAMH ROGHNAITHE ... 73

3.4.2 Comhairle an Aontais Eorpaigh ... 74

MAR A PLÉADH LE hIARRATAS AR FHAISNÉIS ... 74

3.4.3 An Coimisiún Eorpach ... 74

RIAR ÉAGÓRACH Á CHUR AR SHAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT ... 74

CEAD ROCHTANA AR CHÁIPÉISÍ: TÁILLÍ FAOIN DLÍ NÁISIÚNTA AGUS CÚISEANNA LE ROCHTAIN PHÁIRTEACH A DHIÚLTÚ ... 75

DIÚLTÚ COSTAIS DLÍ A ÍOC ... 76

DIÚLTÚ FÁIL A BHEITH AR THUARASCÁIL INIÚCHÓIREACHTA - 2 ... 77

TEIP FREAGRA A THABHAIRT MAIDIR LE GEARÁN A RINNEADH FAOI ALT 90(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE ... 78

LEITHCHEAL SA CHAOI AR LÁIMHSEÁLADH IARRATAS AGUS GAN CEAD ROCHTANA A THABHAIRT AR CHÁIPÉISÍ ... 79

EASPA LEIGHIS DLÍ SNA SCOILEANNA EORPACHA ... 80

DIÚLTÚ LIGEAN TEACHT A BHEITH AR AIGHNEACHT DE CHUID AN CHOIMISIÚIN LE PAINÉAL AIGHNIS DE CHUID NA hEAGRAÍOCHTA TRÁDÁLA DOMHANDA ... 81

SAINRIALACHA SAOIRE DO SHAINEOLAITHE NÁISIÚNTA ... 82

TEIP A THABHAIRT AR AN nGEARMÁIN CLOÍ LE BREITH CÚIRTE ... 82

CEAD ROCHTANA AR CHÁIPÉISÍ FAOI LEITHDHÁILEADH LAMHÁLTAS LE hAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA ... 84

GAN MÍNIÚ A THABHAIRT AR MHEASÚNÚ DIÚLTACH A RINNEADH AR FHOSTAÍ GNÍOMHAIREACHTA ... 85

MAR A SEICEÁLADH DÁTA SEOLTA RÉAMHTHOGRAÍ DÁ RAIBH DEONTAS Á IARRAIDH ... 85

3.4.4 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra ... 86

EOLAS NEAMHDHÓTHANACH D'IARRTHÓIR MAIDIR LENA CHUID DEARMADAÍ I SCRÚDÚ AISTRIÚCHÁIN ... 86

LEITHCHEAL AGUS LEATROM A MAÍODH DE BHARR NÍOS LÚ AM ULLMHÚCHÁIN A BHEITH AG IARRTHÓIR AMHÁIN I SCRÚDÚ BÉIL NÁ AG NA hIARRTHÓIRÍ EILE ... 87

SONRAÍ NEAMHFHREAGRACHA I SCRÚDÚ MAIDIR LE COMÓRTAS OSCAILTE ... 88

3.4.5 Coiste na Réigiún ... 88

PÁIRTÍOCAÍOCHT AS OBAIR A MAÍODH A BHÍ NEAMHIOMLÁN ... 88

3.4.6 An Lárionad d'Fhorbairt na Traenála Gairmiúla ... 89

CAIDREAMH IDIR AN RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ I GCOMHLACHT DE CHUID AN CHOMHPHOBAIL ... 89

3.5 DRÉACHTMHOLTAÍ LENAR GHLAC AN INSTITIÚID 90

3.5.1 An Coimisiún Eorpach ... 90

CABHAIR A MAÍODH A THUG AN STÁT MAIDIR LE PRÍOBHÁIDIÚ COMHLACHTA GHEARMÁNAIGH ... 90

FAILLÍ AN CHOIMISIÚIN I nGLACADH CINNIDH I LEITH GEARÁIN FAOI SHÁRÚ DLÍ ... 91

3.6 CÁSANNA A DÚNADH AR CHÚISEANNA EILE 92

3.6.1 Comhairle an Aontais Eorpaigh ... 92

URRAÍOCHT UACHTARÁNACHT NA COMHAIRLE ... 92

3.6.2 An Coimisiún Eorpach ..... 93
MOILL GAN CHÚIS MHAITH LÉI AG PLÉ LE DHÁ IMEACHT SÁRAITHE ..... 93
AN RANGÚ CONTRÁILTE AR THEANGAIRE COMHDHÁLA CÚNTA ..... 94
CÚIG BLIANA GAN FREAGRA A THABHAIRT ..... 94

3.6.3 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra ..... 95
GAN LEITHSCÉAL A GHABHÁIL FAOI DHEARMAD MEASÚNAITHE ..... 95

3.7 CÁSANNA A DÚNADH TAR ÉIS TUARASCÁLA SPEISIALTA 96

3.7.1 Comhairle an Aontais Eorpaigh ..... 96
TEANGACHA A ÚSÁIDTEAR AR SHÚIMH GHRÉASÁIN NA hUACHTARÁNACHTA ..... 96

3.7.2 An Coimisiún Eorpach ..... 97
RIGHNEAS AG PLÉ LE GEARÁN CONSPÓIDEACH A BHÍ ÍOGAIR Ó THAOBH NA POLAITÍOCHTA ..... 97

3.8 FIOSRÚCHÁIN FHÉINTIONSCANTA DE CHUID AN OMBUDSMAN 98
FIOSRÚ AR DHEA-THOIL AN CHOIMISIÚIN DUL I mBUN IDIRGHÁBHÁLA I gCÁS EASAONTAS LE CONRAITHEOIRÍ ..... 98
MAR A DÉILEÁLADH LE GEARÁN FAOI FHORBAIRT CALAFOIRT TIONSCLAÍGH SA SPÁINN ..... 98
UASTEOIRAINNEACHA AOISE SA CHLÁR OILIÚNA INSEIRBHÍSE ..... 99

3.9 CEISTEANNA LENAR PHLÉIGH AN tOMBUDSMAN 99
LÁNROGHA BALLSTÁIT I gCEIST TALMHAÍOCHTA ..... 99
SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ ..... 100

4 CAIDREAMH LE hINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH 103

4.1 PARLAIMINT NA hEORPA 105

4.2 AN COIMISIÚN EORPACH 107

4.3 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE 108

5 CAIDREAMH LE hOMBUDSMAN AGUS A MACASAMHLA 111

5.1 LÍONRA EORPACH NA nOMBUDSMAN 111

5.2 SEIMINEÁIR AGUS COMHDHÁLACHA OMBUDSMAN EILE 116

5.3 IMEACHTAÍ EILE A BHAINEANN LE hOMBUDSMAN AGUS A LUCHT FOIRNE 117

6 CUMARSÁID 121

6.1 BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 121

6.2 CUAIRTEANNA FAISNÉISE 123

6.3 COMHDHÁLACHA AGUS CRUINNITHE EILE 128

6.4 CAIDREAMH LEIS NA MEÁIN CHUMARSÁIDE 137

6.5 FOILSEACHÁIN 141

6.6 CUMARSÁID AR LÍNE 143

7 IARSCRÍBHINNÍ 145

A STAITISTICÍ 147

B BUISÉAD AN OMBUDSMAN 154

C FOIREANN 156

D INNÉACSANNA NA gCINNTÍ 165

CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH 169

Réamhrá



© iStockphoto.com/urbancow

# RÉAMHRÁ

Ag tús gach bliana, suím síos leis an dlaíóg mhullaigh a chur ar an bhfoilseachán is tábhachtaí d'fhoilseacháin an Ombudsman Eorpaigh — an Tuarascáil Bhliantúil. Tá an fócas riachtanach gan bhriseadh a theastaíonn do chur i gcrích a leithéid de dhoiciméad fíorluachmhar ar fad, mar cuirtear ar mo chumas ní hamháin breithniú a dhéanamh ar ghnóthachtáil na 12 mhí atá thart, ach freisin réimsí feabhsaithe a aimsiú. Tá sé de rún agam sna leathanaigh atá romhat torthaí an mhachnaimh sin a chur os do chomhair.

## Príomhról an Ombudsman — Cabhrú le gearánaithe

Ba bheag nár sháraigh an líon gearán a fuair an tOmbudsman Eorpach in 2006 leibhéil fhíorarda na ngearán a fuarthas in 2005 agus in 2004, rud a léiríonn go bhfuil cobhsú ar leibhéal na ngearán a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman, ag ráta de 320 in aghaidh na míosa, leibhéal gan fasach go dtí seo. I mórchuid na gcásanna a fuarthas in 2006, bhí mé in ann cabhrú leis an ngearánaí trí thús a chur le fiosrú, tríd an gcás a aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt i dtaca le conas réiteach pras agus éifeachtach a fháil ar an bhfadhb. San Achoimre Feidhmiúcháin den Tuarascáil tugtar léargas ginearálta ar na cásanna a láimhseáladh in 2006, agus i gCaibidil 2 agus i gCaibidil 3 den Tuarascáil déantar anailís agus cur síos níos mionsonraithe ar na cásanna.

## A lán torthaí dearfacha — Cásanna cleachtais is fearr

Sna hachoimrí cáis atá le fáil sa Tuarascáil seo tá a lán samplaí le fáil de chur chuige dearfach institiúidí agus chomhlachtaí an AE maidir le fadhbanna a chuirim ar a súile dóibh. Sa tuarascáil seo d'aithin mé den chéad uair sé phríomhchás ar samplaí iad den dea-chleachtas agus ar mian liom béim a chur orthu. Ina measc seo tá cás inar thoiligh an Coimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar an léamh a bhí aige ar an Treoir um Chosaint Sonraí le cúis imní shaoránaigh a chur san áireamh, freagra cuiditheach ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar chás a bhain le teacht ar dhoiciméid, agus cinneadh Pharlaimint na hEorpa deireadh a chur le srianta aoise i dtaca lena cuid clár oiliúna. Tá sé de rún agam agus mé ag cur béime ar na cásanna seo múnlaí dea-riaracháin a chur i láthair do gach institiúid agus gach comhlacht de chuid an AE, le gur féidir leo inspioráid a bhaint astu agus a gcuid cleachtas féin a chur i gcomparáid leo. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na cásanna seo san Achoimre Feidhmiúcháin a leanas. Innéacsaíodh na sé phríomhchás in Iarscríbhinn D a ghabhann leis an Tuarascáil iomlán freisin.

## Roinnt deiseanna nár tapaíodh

Ó ghlac mé leis an bpost seo mar Ombudsman Eorpach an 1 Aibreán 2003, bhí mé díograiseach agus mé i mbun cothú cultúir sheirbhíse i measc lucht riaracháin an AE. Tá an méid sin tuillte ag saoránaigh an AE. Cuimsíonn Cairt an AE um Chearta Bunúsacha an ceart ar dhea-riarachán agus tá sé de dhualgas orainn an gealltanas sin a chomhlíonadh i leith shaoránaigh na hEorpa.

Faoi mar atá ráite agam go minic, is príomhthomhas é ar cé chomh fócasaithe atá an riaracháin phoiblí ar na saoránaigh an tslí ina bpléitear le gearáin. Cé go ndearnadh dul chun cinn ina lán réimsí, ar an drochuair in 2006 tháinig méadú ar líon na gcásanna ar chuir mé clabhsúr leo le ráiteas criticiúil agus tháinig laghdú chomh suntasach céanna ar líon na gcásanna a réitíodh ar bhealach cairdiúil. Cúis aiféaltais é freisin gur tháinig laghdú ar líon na gcásanna inar ghlac na hinstitiúidí dréachtmholtaí an Ombudsman agus inar chuir siad i bhfeidhm iad.

Ba chóir gur chúis imní é an méid seo do gach duine ar mhór leis caidreamh níos fearr a bheith ann idir an tAontas Eorpach agus a chuid saoránach. Deis atá sna gearáin rudaí a chur ina gceart agus léiriú go bhfuil an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann dáiríre maidir le meas a bheith acu ar cheart bunúsach an tsaoránaigh i dtaca le dea-riarachán. Tá amhras orm faoina éasca atá sé ag an saoránach an dá rud seo a réiteach le chéile: is minic ráite ag na hinstitiúidí gur mian leo a bheith "níos cóngaraí don saoránach" ach ag an am céanna is minic a theipeann orthu an deis a thapú a thairiscíonn an tOmbudsman dóibh feabhas a chur ar chaidreamh.

Éilítear níos mó ó institiúidí agus ó stáitseirbhísigh aonair ó thaobh dea-riaracháin de ná iompair mhídhlíthiúil a sheachaint, rud nach dtuigtear go hiomlán ná go sásúil i gcás chuid den lucht riaracháin, agus sin cuid den fhadhb. Leanfaidh mé orm de bheith ag cur béime air seo in 2007. Freisin, le cinntiú go mbíonn tionchar nithiúil, bhuan ag mo chuid fiosrúchán, tá sé i gceist agam staidéar a dhéanamh agus a fhoilsiú in 2007 den obair leantach a rinneadh i leith gach ráitis bhreise agus gach ráitis chriticiúil a tugadh in 2006. Ba chóir go spreagfadh a leithéid na hinstitiúidí tuilleadh le feabhas a chur ar a gcuid cleachtas chun tairbhe na saoránach.

## Ag comhoibriú leis na hinstitiúidí le cultúr seirbhíse a chothú

Baineann thart ar 70% d'fhiosrúcháin an Ombudsman leis an gCoimisiún Eorpach. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go mbeadh príomhról ag an gCoimisiún maidir le cothú cultúir sheirbhíse. Leis an gcuspóir seo a bhaint amach thug mé faoi thimthriall cruinnithe déthaobhacha le gach Coimisinéir Eorpach, cruinnithe arbh é ab aidhm leo béim a chur ar phríomhphrionsabail an dea-riaracháin ar gá cloí leo ag gach leibhéal sa Choimisiún agus díriú ar réimsí ar cúis imní dom iad tar éis gearáin a fhiosrú. Léiríonn oscailteacht agus caidreamh gníomhach na 11 Choimisinéir ar casadh orm cheana iad go dtuigeann siad a luachmhaire is atá sé freagra cuiditheach a thabhairt ar ghearáin. B'ábhar misnigh dom iad na cruinnithe a bhí agam leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí eile de chuid an AE freisin, agus tá sonraí i dtaca leo seo le fáil i gCaibidil 4 den Tuarascáil seo.

## Cothú na coimhdeachta sna réitigh

Ós rud é nach cuid de mo shainordú iad céatadán suntasach de na gearáin a fhaighim gach bliain lean mé ar aghaidh le mo chuid iarrachtaí, i gcaitheamh na bliana 2006, an choimhdeacht a chothú agus cásanna á réiteach. Is cosúil nach dtuigeann a lán daoine a dhéanann gearán liom go bhfuil réitigh neamhbhreithiúnacha ar fáil dóibh sna Ballstáit, nó nach dtuigeann siad go bhféadfadh sé go mbeadh ombudsmen náisiúnta agus ombudsmen réigiúnacha inniúil le plé lena gcuid gearán, cásanna lena mbaineann dlíthe de chuid an AE san áireamh. Tá an Líonra Eorpach Ombudsmen ar cheann de na príomhacmhainní a chabhraíonn le hombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha plé le cásanna ina bhfuil dlíthe de chuid an AE ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. In 2006 níor chuid de mo shainordú iad breis is 75% de na gearáin a fuair mé, go príomha mar gur bhain siad le riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha sna Ballstáit. I bhformhór mór na gcásanna den chineál seo, bhí ball eile den Líonra Eorpach Ombudsmen inniúil le plé leis an gceist a ndearnadh gearán fúthu. I ngach cás den chineál seo agus le réamhchead an ghearánaí d'atreoraigh mé an gearánaí go díreach ar aghaidh chuig an ombudsman cuí, sin nó chuir mé comhairle ar an ngearánaí maidir leis an áit ba chóir cabhair a lorg. Gan amhras, is mór an chabhair don saoránach iad a leithéid d'atreorú agus de chomhairle, ach is léir gurbh fhearr go ndéanfadh an saoránach teagmháil leis an ombudsman cuí sa chéad dul síos.

## Straitéis chumarsáide a dhírítear níos fearr

Táimid ag obair go crua mar sin tríd an Líonra Eorpach Ombudsmen, agus saoránaigh á dtreorú againn chuig an ombudsman ceart trí fhaisnéis shoiléir agus shothuigthe a sholáthar i dtaca leis na meáin iomadúla cúitimh atá ar fáil dóibh ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach. Tá an fhaisnéis seo á soláthar do shaoránaigh trí naisc chuig ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha ar mo láithreán gréasáin, a úsáideadh breis is 44 000 uair anuraidh, trí fhaisnéis faoin Líonra atá le fáil i mo chuid foilseachán, agus trí láithreoireachtaí a rinne mé i gcomhar leis an ombudsman ábhartha náisiúnta nó réigiúnach le linn mo chuid cuairteanna faisnéise ar na Ballstáit.

I dteannta na ngníomhaíochtaí a bhfuiltear ag tabhairt fúthu tríd an Líonra, táimid ag treisiú ár gcuid cumarsáide go ginearálta. Le linn na bliana d'fhorbraíomar trí phríomhstraitéis le dul i dteagmháil leis an bpobal – straitéis chuimsitheach meán cumarsáide, plean d´athchóiriú cuimsitheach ar láithreán idirlín an Ombudsman, agus polasaí, bunaithe ar thaighde cúramach, i gcomhair spriocdhíriú níos fearr agus chun dul i dteagmháil le daoine a bhféadfadh gearán a bheith acu. Tá an straitéis dheireanach acu seo ríthábhachtach má táthar leis an gcéatadán reatha gearán nach mbaineann le mo shainordú a laghdú. Is é an rud atá i gceist leis na trí ghníomh seo, a chinntiú go dtuigfeadh gach duine a mbeadh gearán inghlactha acu ba mhaith leo a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh, go dtuigfidís conas é a dhéanamh, agus go mbeadh a fhios ag na daoine sin nach mbaineann a ngearán le mo shainordú cén áit ba chóir cabhair a lorg. Mar an gcéanna, ba chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí cumarsáide seo ina gcabhair le feasacht a spreagadh i measc an phobail go ginearálta faoi ról an Ombudsman Eorpaigh maidir le riarachán an AE a choimeád cuntasach.

## Cúrsa Athmhachnaimh Foirne

Cad is brí le dea-riarachán ó thaobh coincheapa agus nós imeachta de, conas tuilleadh feabhais a chur ar chultúr seirbhíse in Oifig an Ombudsman agus conas an cultúr sin a chothú, agus conas dul i dteagmháil leis na saoránaigh i gcoitinne agus díriú ar dhreamanna áirithe, níos speisialaithe? Sin cuid de na hábhair a ndearnadh mionphlé orthu le linn chéad chúrsa foirne Oifig an Ombudsman Eorpaigh, a eagraíodh i nDeireadh Fómhair 2006. Cleachtadh machnaimh fúinn féin atá i gceist leis an gcúrsa seo, ina mbíonn foireann iomlán institiúide páirteach, ar aidhm leis tuiscint luachanna agus mhisean na hinstitiúide a fhorbairt agus a neartú, agus a seachadadh éifeachtach a chothú. Spreagadh gach ball den fhoireann le páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé, agus lena gcuid tuairimí a chur in iúl faoi na hábhair éagsúla a bhí le plé. Ba é dearcadh na coitiantachta tar éis an chúrsa gur thaithí an-táirgiúil agus an-fhiúntach a bhí ann arbh fhiú tabhairt faoi arís.

Tugtar mionchuntas sa Tuarascáil Bhliantúil ar na gníomhaíochtaí uile a luaigh mé sa Réamhrá seo, agus soláthraítear cuntas níos giorra d'obair an Ombudsman san Achoimre Feidhmiúcháin agus Staitisticí, a fhoilsítear mar fhoilseachán ar leith freisin. Tá súil agam go soláthróidh an dá fhoilseachán cuntas iomlán duit ar obair an Ombudsman Eorpaigh in 2006 agus go spreagfaidh siad tú le níos mó a fhoghlaim faoin institiúid a bhfuil sé d'onóir agamsa a bheith i gceannas uirthi. I dtaca liom féin de, táim ag súil le bliain dhúshlánach eile in 2007, ina mbeidh dhá aidhm agam: a bheith ag obair leis na hinstitiúidí le dea-riarachán a chothú agus mo chuid oibre i réimse na cumarsáide a athdhíriú le go gcuirfí gach duine ar gá dóibh dul i muinín sheirbhísí an Ombudsman Eorpaigh ar an eolas go cuí agus go sásúil maidir lena leithéid a dhéanamh.

Strasbourg, 22 Feabhra 2007



P. Nikiforos Diamandouros

# 1

# Achoimre Feidhmiúcháin



© iStockphoto.com/urbancow

# 1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Soláthraíonn 12ú Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman Eorpaigh do Pharlaimint na hEorpa cuntas ar ghníomhaíochta an Ombudsman in 2006. Is é an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil í atá á cur i láthair ag an Uasal P. Nikiforos DIAMANDOUROS, a thosaigh i mbun a dhualgas mar Ombudsman Eorpach an 1 Aibreán 2003.

## STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA

Sé chaibidil agus ceithre iarscríbhinn atá sa tuarascáil. Réamhrá pearsanta ón Ombudsman a chuireann tús leis an tuarascáil, ina ndéanann sé athbhreithniú ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhghnóthachtáil na bliana agus ina ndéantar sracrianú ar smaointe don bhliain atá le teacht. Is é an Achoimre Feidhmiúcháin seo Caibidil 1.

I gCaibidil 2 déantar cur síos ar nósanna imeachta an Ombudsman chun gearáin a láimhseáil agus chun fiosrúcháin a stiúradh. Tugtar forléargas ann ar na gearáin ar pléadh leo le linn na bliana, anailís théamach ar thorthaí na gcásanna sin ar cuireadh clabhsúr orthu tar éis fiosrúcháin san áireamh. Clúdaíonn an anailís seo na torthaí is suntasaí dlí agus fírice atá le fáil i gcinntí an Ombudsman in 2006.

Is é atá i gCaibidil 3 achoimrí éagsúla ar chinntí de chuid an Ombudsman do 2006, a chlúdaíonn an raon ábhar agus institiúidí a bhí i gceist sna gearáin agus sna fiosrúcháin fhéintionscanta. Eagraítear na hachoimrí de réir chineál an chinnidh nó de réir an toraidh ar dtús, agus ansin de réir na hinstitiúide nó de réir an chomhlachta a bhí i gceist. I ndeireadh na caibidle, cuirtear i láthair achoimrí ar chinntí a rinneadh tar éis fiosrúchán féintionscanta agus samplaí d'fhiosruithe a chuir ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha faoinár mbráid.

Baineann Caibidil 4 leis an gcaidreamh atá againn le hinstitiúidí agus le comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Sracrianú ar a luachmhaire agus atá an caidreamh fóntach oibre idir an tOmbudsman agus na hinstitiúidí agus na comhlachtaí, a chuireann tús leis an gcaibidil, agus leantar ar aghaidh le liosta de na cruinnithe agus de na himeachtaí éagsúla a eagraíodh i dtaca leis sin in 2006.

Pléann Caibidil 5 an caidreamh atá ag an Ombudsman Eorpach le pobal na nOmbudsmen náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil san Eoraip agus in áiteanna eile. Déantar cur síos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí an Líonra Eorpaigh Ombudsmen, agus clúdaítear freisin rannpháirtíocht an Ombudsman i seimineáir, i gcomhdhálacha agus i gcruinnithe.

Soláthraíonn Caibidil 6 forléargas ar ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman. Sé chuid atá sa chaibidil, ina gclúdaítear buaicphointí na bliana, cuairteanna faisnéise an Ombudsman, comhdhálacha agus cruinnithe ina raibh an tOmbudsman agus a chuid foirne rannpháirteach, caidreamh meán cumarsáide, foilseacháin agus cumarsáid ar líne.

In Iarscríbhinn A tá staitisticí faoi obair an Ombudsman Eorpaigh in 2006. Soláthraíonn Iarscríbhinní B agus C sonraí faoi bhuiséad agus faoi phearsanra an Ombudsman faoi seach. In Iarscríbhinn D déantar na cinntí atá leagtha amach i gCaibidil 3 a innéacsú de réir uimhir cháis, de réir ábhair agus de réir an chineáil drochriaracháin a líomhnaítear. Luaitear ann freisin na príomhchásanna ar samplaí iad den dea-chleachtas agus gach cás ar cuireadh clabhsúr air le ráiteas criticiúil in 2006.

# ACHOIMRE

## Misean an Ombudsman Eorpaigh

Bunaíodh oifig an Ombudsman Eorpaigh le Conradh Maastricht mar chuid de shaoránacht na hEorpa. Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí de chuid institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail, seachas an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime, agus iad ag gníomhú ina ról breithiúnach. Le faomhadh ó Pharlaimint na hEorpa, tá ″drochriarachán“ sainmhínithe ag an Ombudsman ar shlí a éilíonn meas ar chearta daonna, ar an smacht reachta agus ar phrionsabail an dea-riaracháin.

Chomh maith le freagra a thabhairt ar ghearáin ó dhaoine aonair, ó chomhlachtaí agus ó chumainn bíonn an tOmbudsman ag obair go réamhghníomhach, ag seoladh fiosrúchán ar a thionscnamh féin, ag casadh le Baill agus le hoifigigh institiúidí agus chomhlachtaí an AE, agus ag dul i dteagmháil le saoránaigh lena gcur ar an eolas faoi na cearta atá acu agus faoi conas na cearta sin a fheidhmiú.

## Gearáin agus fiosrúcháin in 2006

Le linn 2006 rinneadh 3 830 gearán leis an Ombudsman. Laghdú beag (2%) atá ann i gcomparáid le 2005[1] ach is deimhniú é freisin go leantar ar aghaidh leis an leibhéal ard gearán a baineadh amach in 2004, leibhéal a bhí gan fasach go dtí seo. Cuireadh 57% de na gearáin uile a fuair an tOmbudsman in 2006 go leictreonach, trí ríomhphost nó tríd an bhfoirm um ghearáin atá ar láithreán gréasáin an Ombudsman. Cuireadh gearáin chugainn go díreach ó shaoránaigh aonair i 3 619 cás, le hais 211 gearán a chuir cumainn nó comhlachtaí chugainn.

I mbeagnach 70% de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánaí trí thús a chur le fiosrú an cháis, trína aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt i dtaca le réiteach pras agus éifeachtach a fháil ar an bhfadhb.

San iomlán osclaíodh 258 fiosrúchan nua le linn na bliana ar bhonn gearán. Chuir an tOmbudsman tús le naoi gcinn d'fhiosrúcháin ar a thionscnamh féin freisin. San iomlán phléigh sé le 582 fhiosrúchán in 2006, ar tugadh 315 acu anonn ó 2005.

Faoi mar a tharla i mblianta eile roimhe seo, bhain mórchuid na bhfiosrúchán, eadhon 387 nó 66% den iomlán, leis an gCoimisiún Eorpach. Ós rud é gurb é an Coimisiún an phríomhinstitiúid Chomhphobail a dhéanann socruithe a bhfuil tionchar díreach acu ar na saoránaigh, ní nach ionadh gurb é príomhchuspóir ghearán na saoránach é. Bhain 74 fhiosrúchán (13% den líon iomlán) leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), 49 (8%) le Parlaimint na hEorpa agus 11 (2%) le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Ba iad na príomhchineáil drochriaracháin a líomhnaíodh easpa trédhearcachta, rud a chuimsigh diúltú faisnéise (i 25% de na cásanna), míchothromaíocht nó mí-úsáid chumhachta (19%), nósanna imeachta míshásúla (12%), moill inseachanta (9%), idirdhealú (9%), faillí (8%), earráid dhlíthiúil (5%) agus loiceadh ó chinntiú chomhlíonadh dualgas, eadhon loiceadh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a ról a chomhlíonadh mar ″chaomhnóir an Chonartha“ i leith na mBallstát (4%).

San iomlán fuarthas 3 540 iarratas aonair ar fhaisnéis trí ríomhphost, le hais thart ar 3 200 in 2005 agus in 2004 araon. Fuair gach ceann acu freagra aonair ó bhall oiriúnach de chuid fhoireann an Ombudsman.

## Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

In 2006 chuir an tOmbudsman clabhsúr ar 250 fiosrúchán, 247 acu a bhí bunaithe ar ghearáin agus trí cinn arbh fhiosrúcháin fhéintionscanta iad. Tá forbhreathnú ar an gcinneadh ar fáil thíos.

[1] Ba chóir tabhairt faoi deara go bhfuarthas 281 ghearán faoin ábhar céanna i 2006, le hais 335 ghearán faoin ábhar céanna i 2005.

*Drochriarachán ar bith*

I 95 chás léirigh fiosrúchán an Ombudsman nach raibh drochriarachán ar bith i gceist. Ní gá gur toradh diúltach a leithéid don ghearánaí, a fhaigheann, ar a laghad, míniú iomlán ón institiúid nó ón gcomhlacht ábhartha ar an méid a rinneadh, chomh maith le tuairim an Ombudsman maidir leis an gcás. Seo a leanas samplaí de na cásanna sin in 2006 ina bhfuarthas amach nach raibh drochriarachán i gceist:

- Rinneadh gearán leis an Ombudsman faoin gcaoi ar láimhseáil an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) iarratas ar fhaisnéis faoin maoiniú a d´fhéadfadh a bheith i gceist ar thionscadal i bPoblacht na Seice. Mar fhreagairt tosaigh ar na hiarratais ar fhaisnéis dhearbhaigh an BEI, i dtéarmaí ginearálta, gur chomhlíon an diúltú rochtana seo an polasaí agus na rialacha a bhí i bhfeidhm aige ag an am. Le linn fhiosrúchán an Ombudsman thug an institiúid míniú níos sonraí, a rinne tagairt do leas an phobail i dtaca leis an gcaidreamh idirnáisiúnta. Ba é an tátal a bhain an tOmbudsman as nár sháraigh an BEI a chuid rialacha féin faoi rochtain ar fhaisnéis agus cuireadh clabhsúr ar an gcás le cinneadh nach raibh drochriarachán ar bith i gceist. Dúirt sé, áfach, gur cheart don BEI, nuair a bheadh diúltú á dhéanamh amach anseo aige, faisnéis leordhóthanach a thabhairt maidir leis na cúiseanna a bhí aige leis an diúltú, agus go dtabharfaí an fhaisnéis sin don duine a bhí á lorg sula mbeadh an fhadhb ina hábhar gearáin leis an Ombudsman. (3501/2004/PB)
- Rinne rannpháirtí i gcomórtas oscailte a d'eagraigh an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) gearán leis an Ombudsman nach raibh an comórtas trédhearcach ná dea-eagraithe a dhóthain, agus nár cloíodh leis na srianta ama maidir le clárú do na scrúduithe roghnúcháin. Tar éis fiosrúchán a dhéanamh, fuair an tOmbudsman amach gur chuir EPSO faisnéis ar fáil do na hiarrthóirí i dtaca le céimeanna leantacha an nós imeachta um roghnú, agus sin ar bhonn rialta agus ag cloí leis an iarratas ar léiriú spéise. Ba é an tátal a bhain sé as go raibh an fhaisnéis a sholáthair EPSO soiléir agus sásúil agus nach raibh aon sampla den drochriarachán i gceist. (472/2006/DK)
- Rinne biúró aistriúcháin Sualannach gearán leis an Ombudsman faoi chuireadh chun tairisceana a d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais. Bhí riachtanas sa chuireadh nach raibh luaite sa bhunfhógra conartha, riachtanas nach raibh an biúró in ann a chomhlíonadh. Fuair an tOmbudsman amach gur leor go sonrófaí riachtanais áirithe sa chuireadh chun tairisceana, agus nach gcaithfí iad a lua san fhógra conartha chomh maith. Ba é an tátal a bhain sé as nár athraigh an Chúirt na coinníollacha le linn an nós imeachta, rud a bhí curtha ina leith ag an ngearánaí, agus mar sin cinneadh nach raibh aon drochriarachán i gceist. (2523/2005/TN)

Fiú mura gcinnfidh an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist, d'fhéadfadh sé go sonródh sé bealach trína bhféadfadh an institiúid nó an comhlacht feabhas a chur ar chaighdeán a riaracháin sa todhchaí. Ina gcásanna den sórt sin, déanann an tOmbudsman ráiteas breise, faoi mar a rinne sé sna cásanna seo a leanas, mar shampla:

- Chinn an tOmbudsman nach raibh aon drochriarachán i gceist i dtaca le cinneadh na Parlaiminte tairiscint an ghearánaí a dhiúltú tar éis iarratais ar thairiscintí. Dhírigh sé aird na Parlaiminte, áfach, ar ráiteas a rinne sí i dtaca le lánrogha na Parlaiminte i nósanna imeachta um iarratais ar thairiscintí. Dúirt an tOmbudsman gur chosúil gur raibh an ráiteas seo agus an t-iarratas ar thairiscintí ag teacht salach ar a chéile sa chás seo, agus ar na prionsabail dea-riaracháin i dtaca le cleachtadh cumhachtaí lánrogha. (1315/2005/BB)
- Mhol an tOmbudsman don Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) gur chóir di, i gcás ina mbeadh an tÚdarás Ceapacháin ag súil le freagra uaithi ar achomharc faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, a bheadh le seoladh tar éis an spriocdháta ceithre mhí atá tuartha, gur chóir freagra coinneála a thabhairt. Lean an méid seo fiosrúchán faoi ghearán ó iarrthóir nár éirigh leis i gcomórtas oscailte. Chuir EPSO in iúl go raibh aiféala orthu maidir leis an moill a bhí i gceist sa chás áirithe seo. Thapaigh an tOmbudsman an deis chun a shoiléiriú go bhfuil sé údaraithe dlíthiúlacht aon chinnidh a dhéanfadh Bord Roghnúcháin a scrúdú. Bhí sé áitithe ag EPSO sa chás nach raibh sé de chumhacht an Ombudsman a leithéid a dhéanamh. (1217/2004/OV)

### *Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh cairdiúla*

Uair ar bith is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh atá dearfach, tríd is tríd, a bhaint amach a shásaíonn an gearánaí agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an Chomhphobail riachtanach le go n-éireodh linn a leithéid de thorthaí a bhaint amach, torthaí ar cabhair iad le feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus na saoránaigh agus a sheachnaíonn dlíthíocht a bhfuil costas mór agus go leor ama i gceist léi.

I rith 2006 shocraigh na hinstitiúidí nó na comhlachtaí a bhí i gceist iad féin 64 chás, tar éis go ndearnadh gearán leis an Ombudsman. Seo a leanas cuid acu:

- Shocraigh an Coimisiún cás íocaíochta déanaí faoi chlár malartaithe do dhaltaí idir Beirlín na Gearmáine agus Halton na Ríochta Aontaithe, i ndiaidh d'údarás áitiúil i mBeirlín gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. D'fhógair an Coimisiún freisin go raibh bearta curtha i gcrích aige le feabhas a chur ar riarachán réimse nasctha na mbailte. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh an bhfreagra seo ach dúirt sé freisin gur chuí ús a íoc ina leithéid de chásanna. (3172/2005/WP)
- Thoiligh an Coimisiún suim tuarastail, a bhí gan íoc, a íoc le hoifigeach i ndiaidh don Ombudsman scrúdú a dhéanamh ar an gcás. Bhuail tinneas an t-oifigeach go luath tar éis di tosú i mbun dualgais, agus ar deireadh bronnadh pinsean míchumais uirthi. Dhiúltaigh an Coimisiún íocaíocht a thabhairt di ar feadh tréimhse fada, ag maíomh nach raibh aon fhianaise curtha faoina bhráid aici a léireodh gur cúiseanna míochaine ba chúis lena bheith as láthair. De thoradh fhiosrúchán an Ombudsman thoiligh an Coimisiún an tuarastal a bhí gan íoc a íoc, móide an t-ús a d'éiligh an gearánaí. (106/2005/TN)
- Chúitigh Coiste na Réigiún costais taistil le hiarrthóir le haghaidh agallaimh phoist agus toilíodh ús a íoc i ndiaidh don Ombudsman an cás a scrúdú. Mar fhreagra ar éileamh an ghearánaí gur chóir feabhas a chur ar a nós imeachta um aisíocaíocht chuir an Coiste aighneacht faoinár mbráid ag rá gur thosca eisceachtúla ba chúis leis an moill agus nár ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise, ag moladh go gcuirfí tuilleadh feabhais ar chaighdeáin riaracháin an Choiste dá ndéanfaí obair leantach chórasach i dtaca le comhaid íocaíochta ar nós an chinn atá i gceist. D'fhéadfaí seo a dhéanamh trí dhul i dteagmháil le hiarrthóirí dá mbeadh doiciméid riachtanacha áirithe ar iarraidh, agus i gcás moille, trí iarrthóirí a chur ar an eolas faoin moill agus faoin gcúis a bhí léi. (800/2006/WP)

Má chinntear, le fiosrúchán, go raibh drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht i gcónaí réiteach cairdiúil a bhaint amach más féidir sin a dhéanamh. I gcásanna áirithe is féidir réiteach cairdiúil a bhaint amach má thairiscíonn an institiúid nó an comhlacht ábhartha cúiteamh don ghearánaí. Déantar aon tairiscint den chineál seo *ex gratia*, eadhon, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

Le linn 2006 moladh 28 réiteach cairdiúil. Cuireadh clabhsúr i rith na bliana ar thrí cinn de chásanna ar thángthas ar réiteach cairdiúil orthu, ina measc dhá chás ar moladh in 2005 go dtriailfí réiteach cairdiúil a fháil orthu. Ag deireadh 2006 bhí 27 moladh do réiteach cairdiúil fós á mbreithniú. Seo a leanas cuid de na réitigh chairdiúla ar thángthas orthu in 2006:

- Cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) rochtain phoiblí pháirteach ar thuarascáil iniúchta, i ndiaidh do pháirtí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Ina theannta sin, thoiligh sé rochtain phríobháideach a thabhairt don chomhlacht ábhartha ar chodanna den tuarascáil a bhain go sonrach leis an ngrúpa ar leis an comhlacht. Tionscadal san Afraic a bhí faoi chaibidil sa tuarascáil, tionscadal a bhí maoinithe ag an AE agus a raibh an grúpa páirteach ann. Dhiúltaigh an BEI rochtain ar an tuarascáil i dtús báire. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh chur chuige cuiditheach an BEI mar mhúnla do chásanna a bheadh ann amach anseo faoi rochtain ar dhoiciméid. (1776/2005/GG)
- Tar éis gearáin ó shaoránach Gearmánach, thoiligh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an mbrí a bhí á baint aige as an Treoir Eorpach um Chosaint Sonraí[2]. De réir an ghearánaí, scaoil

[2] Treoir 95/46 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO 1995 L 281, lch. 31.

údaráis phoiblí Stát Hamburg sonraí pearsanta go mídhlíthiúil le comhlachtaí agus fios acu go mbainfeadh na comhlachtaí sin úsáid as na sonraí don mhargaíocht dhíreach. Dhearbhaigh an Coimisiún i dtús báire nár sholáthair an Treoir um Chosaint Sonraí aon chosaint ar a leithéid de tharlú. Tar éis idirghabháil an Ombudsman, thoiligh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú a bhí déanta aige. (2467/2004/PB)

- Tar éis idirghabháil an Ombudsman sa chás, thoiligh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (GSEE) an aisghabháil a beartaíodh a dhéanamh ar liúntais a íocadh leis an ngearánaí a chur ar ceal. Chinn an tOmbudsman gur sholáthair GSEE faisnéis neamhchríochnúil don iarrthóir a d'fhéadfadh dul amú a chur air, agus mar réiteach cairdiúil moladh go smaoineodh GSEE faoi aisghabháil cuid de na liúntais, ar a laghad a chur ar ceal. Bhí GSEE den tuairim i gcónaí nach raibh aon drochriarachán i gceist, ach "ag cur nádúr suaithinseach an cháis seo san áireamh agus le lánmheas ar thuairim an Ombudsman", cuireadh an aisghabháil iomlán ar ceal. (1729/2005/(PB)JF)

*Ráitis criticiúla, dréachtmholtaí agus tuarascálacha speisialta*

Mura féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó mura dtiocfar ar a leithéid de réiteach, cuireann an tOmbudsman clabhsúr ar an gcás le ráiteas criticiúil i leith na hinstitiúide nó an chomhlachta ábhartha nó déanann sé dréachtmholadh.

Is gnách go ndeantar ráiteas criticiúil más rud é (i) nach féidir leis an institiúid ábhartha an drochriarachán atá i gceist a chur de bhóthar, (ii) go bhfuil an chuma ar an scéal nach bhfuil impleachtaí ginearálta ag an drochriarachán, agus (iii) nach cosúil go bhfuil gá le haon ghníomhaíocht leantach ón Ombudsman. Deimhniú don ghearánaí í ráiteas criticiúil go bhfuil a ghearán nó a gearán dlisteanach agus cuireann sí in iúl don institiúid nó don chomhlacht ábhartha go bhfuil an beart a rinneadh mícheart, rud a chabhróidh leis nó léi an drochriarachán a sheachaint sa todhchaí. In 2006 chuir an tOmbudsman clabhsúr ar 41 fhiosrúchán le ráitis criticiúla. Mar shampla:

- Cháin an tOmbudsman an Coimisiún as gan bearta breise a dhéanamh le hiachall a chur ar an nGearmáin breithiúnas de chuid na Cúirte Breithiúnais Eorpaí a chomhlíonadh a bhain le Rialachán na Gearmáine um Pacáistiú. Rinneadh é seo tar éis gearáin ó roinnt comhlachtaí Eorpacha dí faoi easpa gníomhaíochta an Choimisiúin i dtaca leis an gceist seo. Bhí rialaithe ag an gCúirt gur bhac ar thráchtáil in-Chomhphobail a bhí i Rialachán na Gearmáine um Pacáistiú do dheochanna áirithe. Ós rud é go raibh ceann de na nósanna imeachta um shárú a bhain leis an Rialachán Gearmánach fós i bhfeidhm, chonacthas don Ombudsman gurbh fhiú don Choimisiún a chuid tuairimí, a cuireadh in iúl sa ráiteas criticiúil sin, a chur san áireamh i gcomhthéacs an nós imeachta sin. (1037/2005/GG)

- Cháin an tOmbudsman EPSO as gan faisnéis a thabhairt a bhí á lorg ag iarrthóir i gcomórtas oscailte le cabhrú leis a chuid marcanna a thuiscint i scrúdú aistriúcháin nár éirigh leis ann. Níor mhaígh EPSO go mbeadh ualach míréasúnta riaracháin i gceist leis an bhfaisnéis seo a sholáthar ná níor thug siad aon chúis bhailí eile as gan í a thabhairt don ghearánaí. (674/2004/PB)

- Cháin an tOmbudsman an Coimisiún as diúltú rochtain ar dhoiciméid a thabhairt don ENR comhshaoil, Friends of the Earth. Bhain na doiciméid le cúrsaí eolaíochta i dtaca le sábháilteacht bhianna géinathraithe (GA) a chuir an Coimisiún faoi bhráid na hEagraíochta Trádála Domhanda. Mheabhraigh an tOmbudsman gur ghá eisceachtaí ar rochtain phoiblí a fhorléiriú agus a chur i bhfeidhm go dian, agus fuair sé amach go raibh brí rófhairsing bainte ag an gCoimisiún as na forálacha ábhartha. (582/2005/PB)

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí obair leantach i dtaca le ráitis chriticiúla ón Ombudsman, ag déanamh beart chun réiteach a fháil ar fhadhbanna atá fós gan réiteach, agus chun an drochriarachán a sheachaint sa todhchaí. Le linn 2007 tá sé i gceist ag an Ombudsman staidéar a dhéanamh agus a fhoilsiú ar an obair leantach a dhéanfaidh gach institiúid ábhartha i dtaca le gach ráiteas criticiúil a rinneadh in 2006. Déanfar staidéar den chineál céanna ar an obair leantach a dhéanfar i dtaca leis na 38 gcás ar tugadh ráiteas breise ina leith in 2006.

I gcásanna ina bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil gníomhaíocht leantach ón Ombudsman ag teastáil, eadhon, nuair is féidir leis an institiúid ábhartha an drochriarachán atá i gceist a dhíbirt, nó i gcásanna ina bhfuil an drochriarachán an-tromchúiseach nó ina bhfuil impleachtaí ginearálta ag baint leis, is gnách go ndéanann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó don chomhlacht ábhartha, agus ní mór dóibh, taobh istigh de thrí mhí, freagra a thabhairt ar an Ombudsman a mbeidh tuairim mhionsonraithe ag gabháil leis.

Le linn 2006 rinneadh 13 dhréachtmholadh. Ina theannta sin rinneadh deich cinneadh in 2006 a bunaíodh ar dhréachtmholtaí a rinneadh i 2005. Cuireadh clabhsúr ar cheithre chás le linn na bliana nuair a ghlac an institiúid le dréachtmholadh. Cuireadh tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i leith dhá chás. Cuireadh clabhsúr ar naoi gcinn eile de chásanna ar chúiseanna eile. Ag deireadh 2006 bhí naoi ndréachtmholadh fós ag fanacht ar bhreithniú, ina measc dréachtmholadh a rinneadh in 2004. Seo a leanas cuid de na dréachtmholtaí a rinneadh in 2006:

- D'áitigh an tOmbudsman ar an gCoimisiún plé chomh tapa agus a d'fhéadfaí le gearán faoin Treoir Eorpach um Am Oibre. Rinne dochtúir Gearmánach gearán go raibh an Ghearmáin ag sárú na Treorach i dtaca le hobair na ndochtúirí sna hospidéil agus i dtaca leis an méid ama a chaitheann siad ar ghlao-dhualgas. Mhaígh an Coimisiún go raibh athruithe sa Treoir á gcur i bhfeidhm. Dar leis an Ombudsman, áfach, nach raibh an Coimisiún i dteideal plé an ghearáin a chur siar go ceann tréimhse éiginnte ar an mbonn go bhféadfadh sé go ndéanfaí an Treoir a leasú am éigin sa todhchaí. (3453/2005/GG)

- D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún faisnéis mhíchruinn, mhíthreorach a cheartú a bhí le fáil i mbileoga, i bpóstaeir agus i láithreoireacht fhíseáin faoi chearta paisinéirí aeir. Rinneadh é seo tar éis gearáin a fháil ó dhá chumann aerlíne. Cháin siad an fhaisnéis a sholáthair an Coimisiún faoi na cearta a bhí ag taistealaithe ar chúiteamh agus ar chabhair i gcás inar diúltaíodh cead bordála dóibh nó gur cuireadh eitiltí ar ceal nó má bhí moill mhór orthu. Cé nár shuigh an tOmbudsman go raibh gach líomhain de chuid na ngearánaithe dlisteanach, d'aimsigh sé ráitis áirithe san ábhar faisnéise a bhí míchruinn agus míthreorach agus d'iarr sé ar an gCoimisiún iad a cheartú. (1475/2005/(IP)GG agus 1476/2005/(BB)GG)

Bhí tuairim mhionsonraithe an Choimisiúin i dtaca le dréachtmholadh an Ombudsman i gcás 3453/2005/GG le seachadadh i mí na Nollag 2006, agus i gcásanna 1475/2005/(IP)GG agus 1476/2005/(BB)GG, i Márta 2007. Ós rud é go raibh na fiosrúcháin seo fós ar siúl ag deireadh 2006, níl siad le fáil i gCaibidil 3 den Tuarascáil.

Seo a leanas cuid de na dréachtmholtaí ar glacadh leo in 2006:

- Ghlac an Coimisiún le cinneadh an Ombudsman go n-éileodh dea-chleachtas riaracháin go lorgfadh sé soiléiriú ar ráitis a rinneadh ag cruinniú de Choiste Parlaiminte Réigiúnaí sa Ghearmáin agus dheimhnigh sé go ndéanfadh sé a dhícheall a leithéid a dhéanamh. Rinneadh seo tar éis dréachtmholta inar áitigh an tOmbudsman ar an gCoimisiún bearta oiriúnacha a dhéanamh le fáil amach an raibh eilimintí cabhrach stáit i gceist le díolachán comhlachta a bhí faoi úinéireacht an stáit sa Ghearmáin. De réir an ghearánaí d'éileodh seo soiléiriú ar ráitis a rinneadh ag Coiste Parlaiminte Réigiúnaí a thug le fios go raibh cabhair stáit i gceist. (642/2004/GG)

- Ghlac an Coimisiún le dréachtmholadh inar iarr an tOmbudsman air glacadh le socrú faoi ghearán sáraithe an ghearánaí chomh luath agus is féidir agus an socrú a chur in iúl don ghearánaí. Rinne déileálaí gluaisteán ón Danmhairg teagmháil leis an Ombudsman agus é á líomhain aige gur theip ar an gCoimisiún a thiomantas a chomhlíonadh conclúid a bhaint amach maidir lena ghearán sáraithe i dtaca le polasaí cánachais na Danmhairge i leith gluaisteán iompórtáilte. (956/2004/PB)

Má theipeann ar institiúid nó ar chomhlacht de chuid an Chomhphobail freagra sásúil a thabhairt ar dhréachtmholadh is féidir leis an Ombudsman tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Seo í an scian is géire atá ag an Ombudsman, an beart deiridh substainteach a dhéantar i bplé cáis, ós rud é gur ceisteanna breithiúnais pholaitiúil na Parlaiminte é rún a ghlacadh agus feidhmiú chumhachtaí na Parlaiminte. Rinneadh dhá thuarascáil speisialta in 2006:

- D'iarr an tOmbudsman ar an gComhairle athmhachnamh a dhéanamh maidir le rogha na dteangacha a úsáidtear ar láithreáin ghréasáin Uachtaránachtaí an AE. D'iarr siad é seo i ndiaidh gearán a fháil ó chumann Gearmánach a mhaígh gur chóir go mbeadh na láithreáin ghréasáin seo ar fáil ní hamháin i mBéarla agus i bhFraincis ach freisin i nGearmáinis. Mhaígh an Chomhairle gurb é an Ballstát a bhí i mbun Uachtaránachta a bhí freagrach as a láithreán gréasáin. Níor aontaigh an tOmbudsman leis an méid sin, agus tar éis don Chomhairle diúltú dá dhréachtmholadh, thug sé an cheist os comhair Pharlaimint na hEorpa. (1487/2005/GG)

- I dtuarascáil speisialta don Pharlaimint, mhaígh an tOmbudsman go raibh iachall ar an gCoimisiún plé go cóir le gearán maidir le sáruithe fiú sa chás go raibh an Coimisiún ag dearbhú nach raibh sé in ann comhthoil pholaitiúil a bhaint amach faoi conas dul ar aghaidh. Rinne soláthróir Gearmánach seirbhísí geallghlacadóireachta spóirt gearán leis an gCoimisiún, i ndiaidh d'údaráis na Gearmáine ordú dó éirí as a bheith ag tairiscint a chuid seirbhísí, rud a chuir iachall air deireadh a chur lena ghnó. Ba é barúil an ghearánaí gur sárú a bhí ansin ar a cheart chun seirbhísí a sholáthar. I ndiaidh don tuarascáil speisialta a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin chuir an Coimisiún in iúl don Pharlaimint agus don Ombudsman go raibh socrú déanta aige maidir leis an ngearán faoi shárú. (289/2005/GG)

### Fiosrúcháin fhéintionscanta

Baineann an tOmbudsman leas as an gcumhacht atá aige fiosrúcháin fhéintionscanta a sheoladh in dhá phríomhchás. Ar an gcéad dul síos, is féidir leis í a úsáid le cás a imscrúdú a bhféadfadh drochriarachán a bheith i gceist ann nuair a tharlaíonn sé gur duine neamhúdaraithe a rinne gearán leis (eadhon, nuair nach saoránach ná cónaitheoir de chuid an Aontais é an gearánaí ná pearsa dhlíthiúil a bhfuil a hoifig chláraithe i mBallstát aici). Osclaíodh cúig cinn d'fhiosrúcháin fhéintionscanta den chineál seo in 2006. Is féidir leis an Ombudsman a chuid cumhachtaí a úsáid freisin le dul i ngleic le fadhb más cosúil go bhfuil sí sistéamach sna hinstitiúidí. Rinne sé é seo ceithre huaire in 2006, an dá chás seo a leanas san áireamh:

- D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcuirfí leis an úsáid a bhaintear as an eadráin le plé le haighnis a eascraíonn faoi na conarthaí a mhaoiníonn sé. Thug an Coimisiún freagra dearfach, trí thiomantas a dhéanamh modhanna comhroghnacha réitigh achrainn a spreagadh sa todhchaí, trí chlásal eadrána roghnaí a chur isteach ina chuid conarthaí caighdeánacha soláthair. Agus clabhsúr á chur aige ar an bhfiosrúchán, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún faisnéis leantach a sholáthar dó faoin 30 Meitheamh 2007 i dtaca leis an gclásal eadrána agus le hiarrachtaí na hinstitiúide úsáid na headrána a leathnú le go gcuimseofaí aighnis faoi dheontais freisin. Chuir an tOmbudsman béim ar a thábhachtaí agus atá sé an t-eadrán a mholadh in aighnis idir conraitheoirí agus fochonraitheoirí. (OI/1/2006/TN)

- I mí Eanáir 2006 chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán féintionscanta maidir le rialacha agus maidir le polasaithe Pharlaimint na hEorpa i dtaca le huasteorainneacha aoise ina clár oiliúna. Ina chuid moltaí, rinne an tOmbudsman tagairt (i) d'Airteagal 21, faoi neamhidirdhealú, de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, (ii) do chásdlí a rinneadh le déanaí sa Chúirt Bhreithiúnais; de réir an chásdlí sin is prionsabal ginearálta de chuid dhlí an Chomhphobail é prionsabal an neamhidirdhealaithe mar gheall ar aois, agus (iii) cinneadh an Choimisiúin deireadh a chur le teorainneacha aoise ina chlár oiliúna, ar mholadh ón Ombudsman. Chuir an Pharlaimint in iúl don Ombudsman nach raibh uasteorainn aoise á cur i bhfeidhm aici maidir lena clár oiliúna, ón 15 Feabhra 2006 i leith. (OI/3/2006/BB)

### Príomhchásanna ar samplaí iad den chleachtas is fearr

Is samplaí léiritheacha den chleachtas is fearr is fiú a lua i measc na "bpríomhchásanna" a luaitear i dTuarascáil Bhliantúil an Ombudsman 2006 iad na freagraí réamhluaite a thug an **Coimisiún Eorpach** ar fhiosrúchán féintionscanta an Ombudsman faoi eadráin (**OI/1/2006/TN**) agus a thug **Parlaimint na hEorpa** ar an bhfiosrúchán féintionscanta ar idirdhealú aoise a d'fhéadfadh a bheith i gceist (**OI/3/2006/BB**). Is múnla iad freisin d'institiúidí agus do chomhlachtaí eile an AE, i ndáil

leis an gcaoi is fearr is féidir freagra a thabhairt ar cheisteanna a tharraingíonn an tOmbudsman anuas. Léirigh an Coimisiún arís go raibh sé toilteanach a bheith ag obair go cuiditheach leis an Ombudsman sa chás réamhluaite nuair a thoiligh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an mbrí a bhain sé as an Treoir Eorpach um Chosaint Sonraí (**2467/2004/PB**). Trí ghlacadh le hargóintí an Ombudsman agus le cúiseanna imní an ghearánaí léirigh sé go bhfuil sé toilteanach an saoránach a chur i gcroílár a chuid gníomhaíochtaí. Cuireann an tOmbudsman fáilte roimh an méid seo.

Sampla breise de fhreagra cuiditheach ó na hinstitiúidí in 2006 is ea cás **106/2005/TN**, a luaitear thuas, inar shocraigh an Coimisiún an méid a bhí ag gabháil d'oifigeach agus nár íocadh a shocrú mar chuid dá tuarastal, agus ús a íoc. Sholáthair **Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa** (GSEE) sampla d'fhíorchultúr seirbhíse nuair a ghlac sí le réiteach cairdiúil an Ombudsman, cé gurbh é a tuairim féin nach raibh drochriarachán i gceist (féach **1729/2005/JF** thuas). Mar fhocal scoir, maidir leis an gcaoi nuálach a chomhlíon an **Banc Eorpach Infheistíochta** (BEI) iarratas an ghearánaí ar rochtain ar thuarascáil iniúchta, i gcás **1776/2005/GG**, agus leas dlisteanach tríú páirtithe á chosaint ag an am céanna aige, is eiseamláir í den chaoi ba cheart freagairt ar ghearán agus d'fhéadfadh sí a bheith ina mhúnla i gcásanna maidir le rochtain ar dhoiciméid amach anseo.

## Anailís bhreise

Sa chuid dheireanach de Chaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil, tá athbhreithnithe ar fáil ar na cásanna seo agus ar chásanna eile ó thaobh na gcatagóirí téamacha seo a leanas: (i) oscailteacht, rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis san áireamh, chomh maith le cosaint sonraí; (ii) an Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha; (iii) tairiscintí, conarthaí agus deontais; agus (iv) ceisteanna maidir le pearsanra agus earcú san áireamh.

I gCaibidil 3 den Tuarascáil tá achoimrí le fáil ar 59 cinn de na 250 cinneadh a rinneadh, cinntí a chuir clabhsúr ar chásanna in 2006. Léiríonn na hachoimrí an raon ábhar agus institiúidí a chlúdaíonn fiosrúcháin an Ombudsman agus na cineálacha éagsúla cinnidh.

Is iondúil go ndéantar cinntí lena gcuirtear clabhsúr ar chásanna a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus i dteanga an ghearánaí, más teanga eile atá i gceist.

## Caidreamh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE

Tá caidreamh cuiditheach le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE bunriachtanach má tá an tOmbudsman lena chuid oibre a dhéanamh go héifeachtach ar son na saoránach. Déantar comhoibriú i bhfoirm cruinnithe rialta agus imeachtaí comheagraithe. Tapaíonn an tOmbudsman an deis a thugann na cruinnithe seo a ról a mhíniú i gcothú dea-riaracháin sna hinstitiúidí agus sna comhlachtaí.

In 2006 bhí an-tábhacht ar fad ag baint leis na cruinnithe déthaobhacha a tionóladh le Coimisinéirí Eorpacha chun plé a dhéanamh ar fheidhmiú nós imeachta nua an Choimisiúin le déileáil le fiosrúcháin an Ombudsman, nós imeachta a tugadh isteach i Samhain 2005. I mí Meithimh bhí cruinniú fóntach ag an Ombudsman le foireann an Choimisiúin atá freagrach as fiosrúcháin an Ombudsman a láimhseáil. Ba iad príomhéascaitheoirí na gcruinnithe uile seo Leasuachtarán an Choimisiúin, Margot WALLSTRÖM, atá freagrach, *inter alia*, as a gcaidreamh leis an Ombudsman, agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin, Catherine DAY. Labhair Margot WALLSTRÖM le foireann an Ombudsman i Strasbourg i mí na Nollag, áit ar sholáthair sí léargas ar iarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar a chaidreamh le saoránaigh.

Lean an tOmbudsman air de bheith ag tógáil ar a chaidreamh cuiditheach oibre le FPE in 2006. Chomh maith le sraith de chruinnithe aonair le Feisirí, ghlac an tUasal DIAMANDOUROS páirt, le linn na bliana, i gceithre chruinniú de chuid an Choiste um Achainíocha in 2006, agus lena linn sin chuir sé a Thuarascáil Bhliantúil i láthair agus freisin Tuarascálacha Speisialta a chlúdaigh ábhair éagsúla. Ar iarratas ón gCoiste rinne ball d'fhoireann an Ombudsman ionadaíocht air ag gach ceann de na cruinnithe a thionóil an Coiste le linn na bliana sin.

Lean an tOmbudsman air de bheith ag déanamh teagmhála le hinstitiúidí agus le comhlachtaí eile in 2006. I mí Márta casadh air Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Chéadchéime agus Bhinse na Státseirbhíse, Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí, agus Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i Lucsamburg. I mí Dheireadh Fómhair bhuail sé le Stiúrthóirí na Gníomhaireachta Eorpaí um Athchóiriú agus an Lárionaid Eorpaigh d'Fhorbairt na Gairmoiliúna sa Ghréig. I gcaitheamh na bliana rinne sé cur i láthair ar a chuid oibre do ghrúpaí éagsúla ball foirne institiúidí Eorpacha sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus i Strasbourg.

D'fhonn an tseirbhís is fearr is féidir a chinntiú do shaoránaigh, shínigh an tOmbudsman roinnt comhaontuithe tábhachtacha le linn 2006.

I mí Márta shínigh sé comhaontú nua leis an bParlaimint a chlúdaíonn comhoibriú i réimsí amhail polasaí foirgníochta, teicneolaíocht na faisnéise, agus cumarsáid. Ba chóir go gcuirfeadh an comhaontú nua ar chumas an Ombudsman an leas is tuisceanaí is féidir a bhaint as na hacmhainní a thugtar dá Oifig, agus ag cinntiú freisin go bhfuil lán-neamhspleáchas aige ó thaobh a chuid oibre de.

Comhaontú tábhachtach eile a síníodh in 2006 an Meabhrán Comhthuisceana leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Is é cuspóir an chomhaontaithe a chinntiú go bpléifear le gearáin i dtaca le cosaint sonraí ar shlí a bheidh comhsheasmhach agus a sheachnóidh dúbailt nach gá. Shínigh an tOmbudsman agus an Maoirseoir ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX, an Meabhrán Comhthuisceana sa Bhruiséil an 30 Samhain[3].

Níos luaithe an lá sin, shínigh an tOmbudsman comhaontú le rialtas na Spáinne a chuir ar chumas na saoránach gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach in aon cheann de theangacha comhoifigiúla na Spáinne (Bascais, Catalóinis/Vaileinsis, agus Gailísis). Agus an comhaontú seo á shíniú aige, d'ailínigh an tOmbudsman a chleachtas le conclúidí Chomhairle an AE i Meitheamh 2005 a dhéanann foráil d'úsáid na dteangacha seo le cumarsáid shaoránaigh na Spáinne le hinstitiúidí an AE a éascú. Shínigh Buanionadaí na Spáinne chuig an AE, an tAmbasadóir Carlos BASTARRECHE SAGÜES, an comhaontú thar ceann rialtas na Spáinne.

## Caidreamh le hombudsmen agus le comhlachtaí den chineál céanna

Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach agus a chomh-Ombudsmen ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le chéile go dlúth, chun a chinntiú go bpléifear le gearáin de chuid na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo ós rud é go ndéanann a lán gearánaithe teagmháil leis an Ombudsman Eorpach nuair a bhíonn fadhbanna acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ina lán cásanna is féidir le hombudsman sa tír ábhartha réiteach éifeachtach a sholáthar. Tá an comhoibriú ríthábhachtach freisin chun forbairtí tábhachtacha a leanúint i réimse na n-ombudsmen, chun faisnéis a mhalartú faoi dhlí an AE agus chun dea-chleachtais a roinnt. Faoi choimirce an Líonra Eorpaigh Ombudsmen is mó a tharlaíonn an comhoibriú seo, cé go nglacann an tOmbudsman Eorpach páirt i gcomhdhálacha, i seimineáir agus i gcruinnithe freisin nach mbaineann leis an Líonra.

### *An Líonra Eorpach Ombudsmen*

Cuimsíonn an Líonra Eorpach Ombudsmen beagnach 90 oifig i 31 thír faoi láthair, agus clúdaíonn sé an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach san Aontas, chomh maith leis an leibhéal náisiúnta sna tíortha sin atá ina n-iarrthóirí ar bhallraíocht san AE, móide an Iorua agus an Íoslainn. Is meicníocht éifeachtach é an Líonra don chomhoibriú i dtaca le láimhseáil cásanna. Nuair is féidir é, aistríonn an tOmbudsman Eorpach cásanna chuig ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha nó cuireann sé comhairle chuí ar ghearánaithe. Le linn 2006 chomhairligh an tOmbudsman do 828 ngearánaí teagmháil a dhéanamh le hombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus d'aistrigh sé 363 ghearán (270 acu faoin ábhar céanna) díreach ar aghaidh chuig an ombudsman inniúil.

3 Meabhrán Comhthuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí; IO 2007 C 27, lch. 21.

I dteannta na malartuithe rialta agus neamhfhoirmeálta faisnéise tríd an Líonra, tá nós imeachta speisialta ann trínar féidir le hombudsmen náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa a lorg ar fhiosruithe faoi dhlí AE agus faoina mhíniú, fiosruithe a eascraíonn as an gcaoi a láimhseálann sé cásanna sonracha san áireamh. Soláthraíonn an tOmbudsman Eorpach an freagra go díreach, nó más cuí sin a dhéanamh, cuirtear an fiosrú ar aghaidh chuig institiúid nó chuig comhlacht eile de chuid an AE chun freagra a fháil. In 2006 fuarthas dhá fhiosrú den chineál seo (ceann ó ombudsman náisiúnta agus ceann ó ombudsman réigiúnach) agus cuireadh clabhsúr ar thrí cinn (péire acu a tugadh anonn ó 2005). Soláthraítear sonraí na bhfiosruithe i gCaibidil 3.

Tá an Líonra chomh gníomhach céanna ó thaobh roinnt na taithí agus an chleachtais is fearr — aidhmeanna a thriaileann sé a bhaint amach le seimineáir agus le cruinnithe, le nuachtlitir rialta, le fóram leictreonach plé agus le seirbhís laethúil leictreonach nuachta.

Déantar seimineáir a thionól d’ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha gach dara bliain agus comheagraíonn an tOmbudsman Eorpach agus a chomh-Ombudsmen náisiúnta nó réigiúnacha iad. Tionóladh an Cúigiú Seimineár d’Ombudsmen Réigiúnacha Bhallstáit an AE, á eagrú ag Ombudsman Rialtais Áitiúil Shasana, an tUas Tony REDMOND, agus ag an Ombudsman Eorpach, i Londain ón 19 go 21 Samhain. D’fhreastail thart ar 80 rannpháirtí, ó cheann ceann na sé thír a bhfuil ombudsmen ag an leibhéal réigiúnach iontu (eadhon an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe[4]) ar an seimineár. Ba é téama an tSeimineáir ”Ag obair as láimh a chéile chun an dea-riarachán a chothú agus chun cearta na saoránach a chosaint san AE.“ Chuimsigh an clár seisiúin faoi dhlí an AE, faoi chothú an dea-riaracháin, faoi láimhseáil gearán agus faoi ombudsmen a bheith obair i dtoll a chéile.

Castar oifigigh idirchaidrimh ar a chéile gach dara bliain; is iad an chéad phointe teagmhála don Líonra in oifigí na n-ombudsmen náisiúnta. Tionóladh cúigiú Seimineár na n-oifigeach idirchaidrimh ón 18 go 20 Meitheamh i Strasbourg. Ba é teideal an tSeimineáir ”Ag seasamh leis na cearta bunúsacha — An cleachtas is fearr á roinnt“, agus bhí sé i gceist aige fóram a sholáthar do mhalartú tuairimí i measc oifigeach tadhaill faoin gcleachtas is fearr ina gcuid institiúidí, chomh maith le plé ar an obair a dhéanann siad chun cearta bunúsacha a chothú. Sholáthair an Seimineár deis freisin do na hoifigigh tadhaill chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Líonra agus chun bealaí nua a mholadh le feabhas a chur air. San iomlán d’fhreastail 28 rannpháirtí ó 26 thír Eorpacha ar an Seimineár, ionadaithe ó institiúidí náisiúnta ombudsman na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine san áireamh den chéad uair.

Bhí an nuachtlitir *European Ombudsmen — Newsletter* ina uirlis an-luachmhar i gcónaí do mhalartú faisnéise faoi dhlí agus faoi chleachtas is fearr an AE in 2006. I measc na n-alt a bhí le fáil sa dá eagrán, a foilsíodh i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair, bhí ceann faoi fhorlámhas dhlí an AE, aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí san AE, dlí comhshaoil na hEorpa agus rochtain ar fhaisnéis comhshaoil, ról na n-ombudsmen i maoirseoireacht na bpríosún, rochtain uilíoch ar idirlíon leathanbhanda, idirdhealú sa rochtain ar fhostaíocht, saoirse cainte, cearta na leanaí agus fadhbanna imirce agus tearmainn. Leanadh ar aghaidh le forbairt fhóraim idirlín plé agus roinnte doiciméad an Ombudsman le linn na bliana, rud a chuir ar chumas na n-oifigí faisnéis a roinnt trí cheisteanna agus trí fhreagraí a phostáil. Cuireadh tús le roinnt mórphlé, faoi cheisteanna éagsúla, mar shampla monatóireacht neamhspleách na bpríosún, buanstádas cónaitheora do leanaí inimirceacha a rugadh san AE, dul i ngleic le hidirdhealú agus cothú córa comhionainne, agus an ceart chun vótáil i dtoghcháin áitiúla san AE. Ina theannta sin foilsíodh seirbhís leictreonach nuachta an Ombudsman — *Ombudsman Daily News* — gach lá oibre, agus bhí ailt ann chomh maith le preaseisiúintí agus fógraí ó oifigí ar fud an Líonra.

Bhí cuairteanna faisnéise ar ombudsmen sna Ballstáit agus sna tíortha iarrthóra an-éifeachtach freisin chun an Líonra a fhorbairt agus is meán den scoth iad le feasacht a spreagadh i dtaca le raon na n-uirlisí cumarsáide a chuireann sé ar fáil. Le linn 2006 thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar

[4] Luaitear na tíortha in ord prótacail an AE, eadhon, in ord aibítre, bunaithe ar ainm gach tíre ina teanga féin. Baintear úsáid as an ord prótacail seo ar fud an fhoilseacháin seo.

a chomhghleacaithe i Lucsamburg, (mí Márta), sa Spáinn (mí Bealtaine), i dTuaisceart Éireann (mí na Samhna) agus sa Bhulgáir (mí na Samhna).

### *Cruinnithe*

Le linn na bliana chuimsigh iarrachtaí an Ombudsman comhoibriú a dhéanamh lena chomh-Ombudsmen níos mó ná gníomhaíochtaí an Líonra Eorpaigh Ombudsmen. D'fhonn spiorad an ombudsman a chothú, caidreamh idirinstitiúide a phlé agus cleachtas is fearr a mhalartú, d'fhreastail sé ar 28 imeacht a d'eagraigh ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha agus casadh air raon leathan ombudsmen agus ionadaithe ó institiúidí ombudsmen, ón AE agus taobh amuigh de.

## Gníomhaíochtaí Cumarsáide

Is gníomhaíocht atá lárnach d'fheidhm an Ombudsman é dul i dteagmháil le saoránaigh. Cuireadh dlús le hiarrachtaí faisnéis a leathnú faoin gceart ar ghearán a dhéanamh faoi dhrochriarachán in 2006. Rinne an tOmbudsman agus a fhoireann thart ar 120 cur i láthair ag comhdhálacha, ag seimineáir agus ag cruinnithe a bhí ar siúl le linn na bliana. Thug cuairteanna an Ombudsman ar Lucsamburg, ar an Spáinn, ar Thuaisceart Éireann agus ar an mBulgáir deis bhreise dó feasacht a spreagadh i measc shaoránaigh na dtíortha sin.

Cuireadh dlús faoi ghníomhaíochtaí sna meáin chumarsáide in 2006, agus dáileadh 22 preaseisiúint ar iriseoirí ar fud na hEorpa. I measc na gceisteanna a clúdaíodh bhí an rogha teangacha do láithreáin ghréasáin Uachtaránacht an AE, an trédhearcacht i réimse na stocaireachta agus na bhfóirdheontas, gearán faoi loiceadh ó chur i bhfeidhm cuí na Treorach um Am Oibre, agus easpa oscailteachta i dtaca le feidhmiú na Comhairle. Chuir iriseoirí ó na meáin chumarsáide chlóbhuailte, chraolta agus leictreonacha sa Bhruiséil, in Strasbourg agus níos faide ó bhaile breis agus 40 agallamh ar an Ombudsman. Chuir sé a chuid oibre i láthair freisin agus thug sé freagra ar cheisteanna le linn comhdhálacha agus cruinnithe.

Scaipeadh ábhar faoi obair an Ombudsman go forleathan ar fud na bliana, go háirithe le linn na Laethanta Oscailte a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa i mí Bealtaine. Foilsíodh eagráin nua de dhá uirlis chumarsáide thábhachtacha in 2006: cuireadh ar fáil an treoir agus an fhoirm ghearáin dar teideal : — *An tOmbudsman Eorpach — An bhféadfadh sé cabhrú leat?* i 23 theanga agus cuireadh ar fáil bróisiúr *An tOmbudsman Eorpach:* D'aonamharc i 25 theanga. Táirgeadh eagrán Fraincise d'imleabhar comórtha an Ombudsman dar teideal *The European Ombudsman: Origins, Establishment, Evolution*, in eagráin faoi chlúdach crua agus faoi chlúdach bog i mí na Samhna. Lean an tOmbudsman air de bheith ag dáileadh cóipeanna dá chuid foilseachán eile le linn na bliana, go háirithe *An Cód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin* a foilsíodh in 25 theanga. Táirgeadh an Cód i Macadóinis in 2006 le cabhrú le cothú dea-riaracháin in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine.

Rinneadh láithreán gréasáin an Ombudsman a nuashonrú go rialta le cinntí, le preaseisiúintí agus le sonraí maidir lena ghníomhaíochtaí cumarsáide. I mí Bealtaine aistríodh an láithreán gréasáin, in éineacht le cinn institiúidí, comhlachtaí agus áisínteachtaí eile an AE, go dtí an fearann barrleibhéil nua .EU. Is é an seoladh oifigiúil anois : http://www.ombudsman.europa.eu

Ón 1 Eanáir go 31 Nollaig 2006 thug 416 533 duine aonair cuairt ar láithreán gréasáin an Ombudsman. Ba iad leathanaigh Bhéarla an láithreáin ba mhó a ceadaíodh agus ina dhiaidh sin na leathanaigh Fraincise, Spáinnise, Gearmáinise agus Iodáilise. I dtéarmaí na dtíortha ina raibh na cuairteoirí lonnaithe ba as an Iodáil is mó a tháinig cuairteoirí, agus ina dhiaidh sin an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Ghearmáin. Tá naisc le fáil ar láithreán gréasáin an Ombudsman go láithreáin na n-ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa. Rinneadh breis is 44 000 cuairt ar leathanaigh na nasc le linn 2006, rud a léirigh go soiléir breisluach obair an Ombudsman Eorpaigh do shaoránaigh i dtaca le comhordú an Líonra Eorpaigh Ombudsmen.

## Forbairtí Inmheánacha

Lean an tOmbudsman ar aghaidh lena chuid iarrachtaí in 2006 chun a chinntiú go raibh an institiúid in inmhe déileáil le gearáin ó shaoránaigh ó 25 Bhallstát i 21 theanga chonartha. Rinneadh ullmhúcháin freisin in oirchill aontachais na Bulgáire agus na Rómáine an 1 Eanáir 2007.

Ó thaobh na foirne de cheap an tOmbudsman a chéad Ard-Rúnaí an 1 Lúnasa 2006, tar éis nós imeachta oscailte earcaíochta. Earcaíodh an tríú príomh-mhaoirseoir dlíthiúil don Rannóg Dlí freisin, chun cabhrú le neartú na nósanna imeachta do bhainistiú cásanna agus do rialú cáilíochta.

I bplean bunaíochta an Ombudsman taispeánadh 57 bpost san iomlán in 2006, i gcomparáid le 51 phost do 2005. Bhain an méadú seo le hullmhúchán na Bulgáire agus na Rómáine don aontachas, den chuid is mó, chomh maith le cur i bhfeidhm an tsocraithe neamhspleáchas iomlán ar sheirbhísí na Parlaiminte a bhaint amach i dtaca le bainistiú foirne an Ombudsman. Ní thuartar aon mhéadú sa bhuiséad do 2007 a ghlac na húdaráis bhuiséadacha i mí na Nollag 2006.

D'fhonn tuiscint a fhorbairt agus a neartú i dtaca le luachanna agus le misean na hinstitiúide, agus lena seachadadh éifeachtach a chothú, d'eagraigh an tOmbudsman cúrsa foirne i mí Dheireadh Fómhair 2006. B'in an chéad uair le linn na tréimhse gairide ó bunaíodh í a thug an institiúid faoina leithéid de ghníomhaíocht.

Mar chuid den ullmhúchán don chúrsa iarradh ar bhaill fhoirne a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le feidhmiú na hoifige agus maidir le hiarmhairt níos leithne obair an Ombudsman go dtí seo, trí pháirt a ghlacadh i bhféinmheasúnú. Rinneadh an cleachtadh seo i bhfoirm ceistneora ina ndearna baill na foirne meastóireacht ar ghnéithe éagsúla de nósanna imeachta agus de mhodhanna oibre an Ombudsman Eorpaigh in earnálacha éagsúla gníomhaíochtaí na hinstitiúide, chomh maith le gnóthachtáil an Ombudsman do na saoránaigh go ginearálta. B'aidhm bhreise de chuid na gníomhaíochta tábhachtaí seo soláthar a dhéanamh do bhainistiú feabhsaithe riosca san institiúid, faoi mar a éilítear faoi chaighdeáin inmheánacha rialaithe an AE.

Baineadh úsáid as torthaí an cheistneora, agus as ábhar cúlra eile, mar bhonnchloch don phlé a rinnnadh le linn na himeachta, a dhírigh ar (i) ciall an dea-riaracháin ó thaobh coincheap agus ó thaobh nós imeachta de, (ii) conas dul i dteagmháil le saoránaigh go ginearálta agus conas díriú ar dhreamanna áirithe níos speisialaithe, agus (iii) conas tuilleadh feabhais a chur ar chultúr na seirbhíse in oifig an Ombudsman agus conas é a chothú tuilleadh. Spreagadh gach ball foirne le páirt ghníomhach a ghlacadh sa phlé. Ba é dearcadh na coitiantachta tar éis an chúrsa gur tháirgiúil agus gurbh fhiúntach an taithí a bhí ann agus gurbh fhiú tabhairt faoi arís.

Ghlac an tOmbudsman struchtúr nua buiséid don bhliain 2007. Is é an leithreasú iomlán a bhí i gceist do 2007 EUR 8 152 800 (i gcomparáid le EUR 7 682 538 in 2006).

# 2

# Gearáin agus fiosrúcháin



© iStockphoto.com/urbancow

# 2 GEARÁIN AGUS FIOSRÚCHÁIN

Cuireann an tOmbudsman Eorpach an dea-riarachán chun cinn go háirithe leis an bhfiosrú a dhéanann sé faoi dhrochriarachán a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus leis na moltaí a dhéanann sé faoi bhearta ceartaitheacha nuair is gá iad seo. Is iad na gearáin a dhéantar fúthu is mó a tharraingíonn aird an Ombudsman ar chásanna ina bhféadfadh drochriarachán a bheith i gceist agus is í an fhreagairt a thugann sé orthu agus é ag plé leo an ghné is tábhachtaí dá chuid oibre.

Ceann de chearta shaoránacht an Aontais Eorpaigh is ea an ceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach (Airteagal 21 de Chonradh an CE) agus áirítear é i measc na gceart sa Chairt um Chearta Bunúsacha (Airteagal 43).

Déanann an tOmbudsman fiosrúcháin fhéintionscanta freisin, agus ar an gcaoi sin bíonn sé ag comhrac go réamhghníomhach in aghaidh an dhrochriaracháin.

## 2.1 BUNÚS DLÍTHIÚIL OBAIR AN OMBUDSMAN

Tá obair an Ombudsman faoi réir ag Airteagal 195 de Chonradh an CE, ag Reacht an Ombudsman (ar chinn Parlaimint na hEorpa air[1]) agus ag na forálacha feidhmiúcháin a ghlac an tOmbudsman de réir Airteagail 14 den Reacht. Tháinig na forálacha feidhmiúcháin reatha i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2003. Tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) agus i gcóip chrua ó Oifig an Ombudsman.

Soláthraíonn an Reacht seo creat maith fós do ghníomhaíochtaí an Ombudsman. Ach tar éis dó athbhreithniú cúramach a dhéanamh air, d'aithin an tOmbudsman athruithe beaga áirithe a chuirfeadh ar a chumas oibriú níos éifeachtúla ar son shaoránaigh na hEorpa. Dá réir sin, ar 11 Iúil 2006, scríobh sé chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ag iarraidh go gcuirfí tús le gnáthamh leasaithe an Reachta.

## 2.2 SAINORDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Tugann Airteagal 195 de Chonradh an CE an t-údarás don Ombudsman gearáin a ghlacadh ó shaoránach ar bith den Aontas nó ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach ar bith atá ina chónaí nó ag a bhfuil a oifig chláraithe i gceann de na Ballstáit, i dtaobh cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail, seachas an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Chéadchéime agus iad ag gníomhú i gcáil bhreithiúnach. Dá réir sin, ní thagann aon ghearán faoi raon a shainordaithe:

1. murar duine é an gearánaí atá i dteideal gearán a dhéanamh;
2. murar gearán é in aghaidh institúide nó comhlachta de chuid an Chomhphobail;

1 Cinneadh Pharlaimint na hEorpa 94/262 dar dáta 9 Márta 1994 faoi na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta ar dá réir a gcomhlíonann an tOmbudsman a dhualgais, IO 1994 L 113, l. 15.

3. más gearán é in aghaidh na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Céadchéime ag gníomhú i gcáil bhreithiúnach dóibh; nó

4. mura mbaineann an gearán le drochriarachán a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

Pléitear a thuilleadh gach ceann de na pointí seo anseo thíos.

### 2.2.1 Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta

Cé nach bhfuil an ceart gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh ach ag saoránaigh Eorpacha, ag daoine atá ina gcónaí nó ag daoine dlíthiúla ag a bhfuil oifig chláraithe i gceann de na Ballstáit, tá an chumhacht freisin ag an Ombudsman fiosrúcháin a chur ar bun uaidh féin. Ag baint leasa as an gcumhacht seo dó, féadfaidh an tOmbudsman cás a bhainfeadh le drochriarachán a fhiosrú fiú amháin más duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh a thug dá aire é. Is é cleachtas an Ombudsman i gcás dá leithéid na deiseanna gnásúla céanna a thabhairt don duine seo le linn an fhiosrúcháin agus a thabharfaí i gcás gearáin inghlactha.

Osclaíodh cúig fhiosrúchán féintionscanta den sórt i 2006.

Go hiondúil, socraíonn an tOmbudsman an mbainfidh nó nach mbainfidh sé leas as an gcumhacht seo cás ar chás. Mar shampla, ag freagairt don imní a bhí ar eagraíochtaí den tsochaí shibhialta i dtaobh chuntasacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI), thug an tOmbudsman le tuiscint go soiléir go bhfuil an chumhacht aige fiosrúchán a dhéanamh ar aon dhrochriarachán a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí iasachtaithe an bhainc taobh amuigh den Aontas Eorpach (iasachtú seachtrach). Ina theannta sin, mura mbacann srianta ar na hacmhainní é, tá sé i gceist feasta ag an Ombudsman feidhm a bhaint as an gcumhacht seo uair ar bith arb é an t-aon chúis amháin a bheadh ann gan gearán a fhiosrú nach saoránach nó cónaitheoir de chuid an Aontais é an gearánaí.

### 2.2.2 Institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail

Baineann sainordú an Ombudsman Eorpaigh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an Chomhphobail. Liostaítear na hinstitiúidí in Airteagal 7 den Chonradh ach níl aon léirmhíniú ná liosta údarásach de na comhlachtaí ann. Cuimsíonn an téarma seo na comhlachtaí ar bhunaigh na Conarthaí iad, mar an Coiste Eacnamúil agus Sóisialta agus Banc Ceannais na hEorpa, agus freisin na comhlachtaí ar bhunaigh reachtaíocht faoi na Conarthaí iad, lena n-áirítear gníomhaireachtaí mar an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainisteoireacht an Chomhoibrithe Oibríochtúil ag na Teorainneacha Seachtracha (FRONTEX).

Ní bhaineann sainordú an Ombudsman Eorpaigh le gearáin a dhéantar in aghaidh údarás poiblí na mBallstát, fiú amháin más ábhair a thagann faoi raon dhlí na hEorpa atá i gceist iontu. Mar sin féin, tagann go leor de na gearáin seo faoi raon shainordú na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnach atá páirteach i Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach leat ina dhiaidh seo Alt 2.5).

**Sampla de ghearán nárbh in aghaidh institiúide ná comhlachta de chuid an Chomhphobail a rinneadh é**

I mí Feabhra 2006, fuair an tOmbudsman roinnt gearán faoi Thuairim Uimhir 4-2005 de Líonra Saineolaithe Neamhspleácha an AE ar Chearta Bunúsacha. De réir na ngearánaithe, bhí sé intuigthe as an Tuairim go bhféadfaí iallach a chur ar dhochtúirí ginmhilleadh a chur i gcrích, is cuma céard a chreid siad faoi.

Conradh seirbhíse idir an Coimisiún agus Ollscoil Louvain is bun le maoiniú an Líonra, conradh a dámhadh mar thoradh ar ghnáthamh forthairisceana. Is é an teist atá ar an Líonra ina chuid foilseachán féin agus i bhfoilseacháin an Choimisiúin go bhfuil sé neamhspleách go hiomlán agus séanann an Coimisiún go sainráite aon fhreagracht as a chuid tuairimí. Agus an scéal amhlaidh, mheas an tOmbudsman nach raibh an chumhacht aige plé leis na gearáin.

*Gearán 530/2006/KW*

**Gearán in aghaidh na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint**

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) ar bhonn Gníomhaíochta Comhpháirtí 2004/551/CFSP dar dáta 12 Iúil 2004 ón gComhairle, i gcomhthéacs Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh.

Fuair an tOmbudsman gearán ó dhuine a chuir isteach ar phost sa GEC. D'iarr sé ar an GEC agus ar an gCoimisiún tuairim a thabhairt agus rinne siad araon é seo.

Ina chinneadh ar an gcás, dúirt an tOmbudsman go bhfeidhmíonn an GEC faoi údarás na Comhairle, gur bhain an gearán leis na gnáthaimh earcaíochta agus go raibh Rialacháin Foirne na GEC glactha ag an gComhairle mar ionstraim dhlíthiúil de chuid an Chomhphobail. Agus an scéal amhlaidh, mheas an tOmbudsman gur tháinig an gearán faoi raon a shainordaithe.

*Cás faoi rún*

## 2.2.3 "Drochriarachán"

Mheas an tOmbudsman Eorpach riamh agus measann fós gur coincheap leathan é an drochriarachán agus, le go mbeadh dea-riarachán ann, nach mór rialacha agus prionsabail an dlí, lena n-áirítear na cearta bunúsacha, a chomhlíonadh. Ach is faide ná sin a théann prionsabail an dea-riaracháin, a chuireann iallach ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Chomhphobail, ní hamháin a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ach freisin prionsabal na seirbhíse a chur chun cinn agus a chinntiú go gcaitear leis an bpobal go huile agus go hiomlán mar a dhlitear dóibh. Mar sin, más fíor go ngabhann drochriarachán i gcónaí leis an neamdhleathacht, ní hé sin le rá go mbíonn neamhdhleathacht i gceist i gcónaí sa dhrochriarachán. Dá réir sin, fiú amháin má chinneann an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán ann, ní gá gur chion inphionóis a bheadh ann in aghaidh an dlí.[2]

Mar fhreagairt ar ghlaoch ó Pharlaimint na hEorpa ar shainmhíniú soiléir ar dhrochriarachán, thug an tOmbudsman an sainmhíniú seo a leanas ina *Thuarascáil Bhliantúil 1997*:

> *Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith.*

I 1998, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún ag fáiltiú roimh an sainmhíniú seo. Tá sé soiléir ón gcomhfhreagras idir an tOmbudsman agus an Coimisiún i rith na bliana 1999 go bhfuil glactha freisin ag an gCoimisiún leis.

Áiríonn an Chairt um Chearta Bunúsacha, a forógraíodh i mí Nollag na bliana 2000, an ceart chun dea-riaracháin mar cheart bunúsach a dhlitear do shaoránacht an Aontais (Airteagal 41).

Tugann Airteagal 43 den Chairt an ceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, arb é an mheicníocht sheachtrach é lena bhféadfar iallach a chur ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Chomhphobail a bhfreagracht as drochriarachán a admháil. Ba cheart a thuiscint gur cuid dhílis den dea-riarachán cultúr na seirbhíse do na saoránaigh. Ní mar a chéile é seo agus cultúr an mhilleáin arb í an chosantacht an toradh a bhíonn air. Sa chomhthéacs seo, níor mhór a thuiscint nach aon ghnáthamh smachtaithe ná réamhsmachtaithe iad fiosrúcháin an Ombudsman (féach an achoimre ar chás 163/2006/MHZ i gCaibidil 3).

Le cultúr na seirbhíse a chur chun cinn, is cuid de straitéis an Ombudsman, ní hamháin tionscnaimh réamhghníomhacha éagsúla a chur ar bun, ach freisin déileáil le gearáin. Cuid thábhachtach de chultúr na seirbhíse é an riachtanas atá ann aon dearmad a dhéantar a admháil agus an scéal a chur ina cheart más féidir. Spreagann an tOmbudsman na hinstitiúidí agus na comhlachtaí iad féin a iompar mar seo, ag iarraidh orthu teacht ar réiteach a shásóidh an gearánaí, más féidir.

2 Féach leat, sa chomhthéacs seo, breithiúnais na Cúirte Céadchéime dar dáta 28 Deireadh Fómhair 2004 sna cásanna faoi iamh T-219/02 agus T-337/02, *Herrera v Coimisiún*, alt 101, agus dar dáta 4 Deireadh Fómhair 2006 sa Chás T-193/04 R, *Hans-Martin Tillack* v *Commission*, alt. 128.

Níor mhór a thuiscint, áfach, nach mbíonn feidhm ag forálacha sin an Reachta a bhaineann leis an ábhar (Airteagal 3.5[3]) ná ag na Forálacha Feidhmiúcháin (Airteagal 6.1[4]) ach más cosúil go bhfuil drochriarachán ann agus gur féidir é a dhíchur.

**Drochriarachán agus idirghabháil**

D'fhéadfadh leaganacha teanga áirithe ar "Ombudsman Eorpach" (e.g. an Fhraincis *Médiateur européen*, an Iodáilis *Mediatore europeo*) a thabhairt le tuiscint go hearráideach gur cuid d'fheidhmeannas an Ombudsman an idirghabháil sa chiall cabhrú leis na páirtithe an t-easaontas a shocrú, gan tuillteanais an aighnis a scrúdú.

Is é fírinne an scéil nach féidir leis an Ombudsman réiteach cairdiúil a mholadh ach d'fhonn cás drochriaracháin a dhíchur.

Ach bíonn sé ag iarraidh go tréan institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail a spreagadh le dul i mbun na hidirghabhála d'fhonn aighnis a shocrú: féach, mar shampla, na hachoimrí i gCaibidil 3 ar an bhfiosrúchán féintionscanta OI/1/2006/TN agus ar chás 2601/2005/ID. I 2006, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún freisin faisnéis a thabhairt faoi na seirbhísí idirghabhála atá aige dá lucht foirne agus faoi mar a fhreagraíonn a gcuid oibre do na gnáthaimh a shonraítear in Airteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne. Ag freagairt dó, luaigh an Coimisiún an t-idirghabhálaí foirne atá aige, an fhoireann "ciapadh" agus na comhairleoirí iontaoibhe laistigh d'AS ADMIN, chomh maith leis an éascaitheoir inmheánach in AS TREN. D'fhonn ligean dó socrú ar féidir idirghabháil a dhéanamh, faigheann an t-idirghabhálaí foirne cóip de gach gearán a dhéantar faoi Airteagal 90(2).[5]

Mar is léir ó roinnt mhaith de na hachoimrí i gCaibidil 3, is éifeachtach mar a scaoiltear an teannas idir na daoine agus mar a laghdaítear an choimhlint nuair a ghabhtar leithscéal faoi dhearmad. Seans go socróidh leithscéal tráthúil an chúis go luath (3297/2006/BU agus 3684/2006/BU), nó ar a laghad nach mbeidh gá ann ansin go ndéanfaidh an tOmbudsman an institiúid a cháineadh go foirmiúil (1841/2005/BM agus 242/2006/BM). Ní hionann gan ach aiféala a chur in iúl, áfach, agus leithscéal a ghabháil (163/2006/MHZ). Tuigtear gur féidir leithscéal a ghabháil gan locht ná dliteanas a admháil ná a thabhairt le tuiscint (2312/2004/MHZ).

### 2.2.4 An Cód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin

Ar 6 Meán Fómhair 2001, ghlac Parlaimint na hEorpa le Cód um Dhea-iompar Riaracháin a gcaithfeadh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, a riaracháin agus a gcuid oifigeach, cloí leis sa chaidreamh a bhíonn acu leis an bpobal. Cuireann an Cód seo san áireamh prionsabail dhlí riaracháin na hEorpa atá le fáil i gcásdlí chúirteanna an Chomhphobail agus tugann na dlithe náisiúnta inspioráid dó. D'iarr an Pharlaimint freisin ar an Ombudsman an Cód um Dhea-iompar Riaracháin a chur i bhfeidhm. Mar sin, tugann an tOmbudsman aird ar rialacha agus ar phrionsabail an Chóid agus é ag scrúdú gearán nó ag seoladh fiosrúchán féintionscanta.

## 2.3 INGHLACTHACHT AGUS FORAIS NA bhFIOSRÚCHÁN

Sula n-osclaíonn an tOmbudsman aon fhiosrúchán, caithfidh an gearán, a bheidh arna dhéanamh ag gearánaí údaraithe, critéir eile inghlacthachta a shásamh. Sonraíonn na critéir seo, atá leagtha amach in ailt sin an Reachta a bhaineann leis an ábhar:

1. go sainaithneofar údar agus ábhar an ghearáin (Alt 2(3) den Reacht);

[3] "An oiread agus is féidir, déanfaidh an tOmbudsman iarracht réiteach a fháil leis an institiúid nó leis an gcomhlacht chun an drochriarachán a dhíchur agus an gearánaí a shásamh."

[4] "Má thagann an tOmbudsman ar dhrochriarachán, comhoibreoidh sé an oiread agus is féidir leis an institiúid d'fhonn réiteach cairdiúil a fháil a dhíbreoidh é agus a shásóidh an gearánaí."

[5] Litir ón Ombudsman chuig Uachtarán an Choimisiúin dar dáta 15 Feabhra 2006; freagra an Uachtaráin ar an Ombudsman dar dáta 15 Aibreán 2006.

2. nach féidir leis an Ombudsman beart a ghlacadh i gcásanna atá os comhair na cúirte ná amhras a chur ar fhuaimint rialú na cúirte (Alt 1(3) den Reacht);

3. go gcaithfear an gearán a dhéanamh laistigh de dhá bhliain ón dáta a bhfuair an gearánaí eolas ar na fíricí ar a bhfuil sé bunaithe (Alt 2(4) den Reacht);

4. go gcaithfear leas cuí a bhaint as na gnáis riaracháin i leith na hinstitiúide nó an chomhlachta atá i gceist (Alt 2(4) den Reacht); agus

5. i gcás na ngearán a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir na hinstitiúidí/ comhlachtaí agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach, go gcaithfear leas iomlán a bhaint as gach bealach le hiarratas nó gearán riaracháin inmheánach a dhéanamh sula gcuirtear an gearán faoi bhráid an Ombudsman (Alt 2(8) den Reacht).

Forálann Alt 195 de Chonradh an AE go bhféadfaidh an tOmbudsman "fiosrúcháin a sheoladh má fhaigheann sé forais dóibh". I gcásanna áirithe, b'fhéidir nach mbeidh forais go leor ann le go n-osclóidh an tOmbudsman fiosrúchán, fiú amháin má bhíonn an gearán inghlactha.

Measann an tOmbudsman freisin, más gearán é ar déileáladh leis mar achainí sa Choiste um Achainíocha, nach mbíonn de ghnáth aon fhoras ann go ndéanfadh an tOmbudsman fiosrúchán, mura gcuirtear fianaise nua faoina bhráid.

## 2.4 ANAILÍS AR NA GEARÁIN A SCRÚDAÍODH I 2006

I rith na bliana 2006, fuair an tOmbudsman 3 830 gearán nua, i gcomórtas le 3 920 i 2005[6]. De réir an chleachtais bhunaithe, áirítear gach gearán a ndearnadh fiosrúchán dá bharr sna staitisticí a chuireann an tOmbudsman ar fáil. Le nach gcuirfí as a riocht iad áfach, ní áirítear ina gceann is ina gceann na hollghearáin a chuirtear isteach tríd an ríomhphost, a mbíonn roinnt mílte díobh go minic ann, ach suas go dtí an t-aonú gearán déag, é sin san áireamh.

Saoránaigh aonair a chuir na gearáin isteach i 3 619 de na cásanna agus is ó chomhlachais nó ó chomhlachtaí a tháinig 211 eile díobh.

I rith na bliana 2006, scrúdaíodh 95% de na cásanna féachaint ar tháinig siad faoi raon an tsainordaithe, ar shásaigh siad na critéir inghlacthachta agus a raibh na forais iontu le go n-osclófaí fiosrúchán. De na gearáin a scrúdaíodh, níor tháinig ach beagán os cionn 21.5% faoi raon shainordú an Ombudsman. Ina measc seo, bhí 449 a shásaigh na critéir inghlacthachta ach ní raibh na forais i 191 díobh le go n-osclófaí fiosrúchán.

Osclaíodh 258 fiosrúchán nua san iomlán i rith na bliana ar bhonn gearán a rinneadh. Chomh maith leis sin d'oscail an tOmbudsman naoi bhfiosrúchán ar a thionscnamh féin. Tá anailís staitistiúil ar na fiosrúcháin seo in Iarscríbhinn A.

San iomlán, dhéileáil an tOmbudsman Eorpach le 582 fiosrúchán i 2006, ar fiosrúcháin nár críochnaíodh i 2005 trí chéad is cúig cheann déag díobh.

Dála blianta eile, bhain bunáite na ngearán leis an gCoimisiún (66% den iomlán). Ós rud é gurb é an Coimisiún an institiúid is mó a dhéanann cinntí a théann go díreach i bhfeidhm ar na saoránaigh, ní haon iontas gur faoi is mó a dhéanann siadsan gearán. Bhí 74 fiosrúchán ann faoin Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), 49 faoi Pharlaimint na hEorpa agus 11 faoi Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh: easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú faisnéise (190 cás), míchothromaíocht nó mí-úsáid cumhachta (141 cás),

6 Bíodh a fhios go bhfuarthas 281 gearán ar an ábhar céanna i 2006, i gcomórtas le 335 sa bhliain 2005.

nósanna imeachta mhíshásúla (91 cás), moill inseachanta (71 cás), idirdhealú (65 cás), faillí (59 cás), earráid dhlíthiúil (36 cás), agus gan a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí, is é sin, go ndearna an Coimisiún Eorpach faillí sa ról atá aige mar "chaomhnóir ar an gConradh" i dtaca leis na Ballstáit (28 cás).

## 2.5 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE

Mura dtagann an gearán faoi raon an tsainordaithe, déanann an tOmbudsman iarracht an gearánaí a stiúradh chun comhlachta eile a d'fhéadfadh déileáil leis, go mór mór más cás é a bhaineann le dlí an AE. Más féidir, agus más cosúil go bhfuil na forais ann, aistreoidh an tOmbudsman an gearán go díreach chuig comhlacht inniúil eile, le comhaontú an ghearánaí.

Rinne saoránach Ostarach gearán faoi go raibh a iníon i bpríosún sa Chosaiv. Chuir seirbhísí an Ombudsman Eorpaigh glaoch gutháin ar Ombudsman na Cosaive, a d'fhéach isteach sa scéal, agus go gearr ina dhiaidh sin dúradh ar an nguthán leis an Ombudsman Eorpach go raibh iníon an ghearánaí tar éis a scaoilte. Cuireadh an gearánaí ar an eolas gan mhoill, agus moladh di dul i dteagmháil le hOmbudsman na Cosaive dá mbeadh tuilleadh faisnéise uaithi nó dá dteastódh uaithi an cás a leanúint trí bhíthin gearáin.

Cás 3353/2006/RF

Mar a dúradh cheana, bíonn an tOmbudsman Eorpach ag comhoibriú go dlúth lena chomhleacaithe náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit trí Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach Caibidil 5 ina dhiaidh seo). Is ceann d'aidhmeanna an Líonra féachaint chuige go n-aistreofar na gearáin go luath chuig an ombudsman náisiúnta nó réigiúnach atá inniúil nó chuig eagraíocht dá samhail. Glacann Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa páirt sa Líonra freisin, mar bhall iomlán.

I rith na bliana 2006, aistríodh 399 gearán. Cuireadh 363 díobh seo, lena n-áirítear 270 a bhí ag baint leis an ábhar céanna, ar aghaidh chuig ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, 22 chuig Parlaimint na hEorpa le go bpléifí leo mar achainíocha, naoi gcinn chuig SOLVIT[7], ceithre cinn chuig an gCoimisiún Eorpach agus ceann amháin chuig comhlachas baincéireachta sa Ghearmáin.

**Samplaí de chásanna a aistríodh chuig SOLVIT**

Thóg saoránach Spáinneach carr ar cíos san Ísiltír ar feadh lae. Tar éis dó filleadh ar an Spáinn, fuair sé fógra ó phóilíní na hÍsiltíre go raibh fíneáil ag dul air faoi dhlí an tráchta a shárú i Rotterdam. Dá mb'fhíor don ghearánaí, ní raibh sé riamh i Rotterdam. Ós rud é nach san Ísiltír a bhí cónaí air agus nach raibh aon Ollainnis aige ná tuiscint ar ghnásanna na tíre i gcúrsaí riaracháin, ní raibh sé i riocht cur in aghaidh na fíneála.

D'aistrigh an tOmbudsman an gearán chuig ionad SOLVIT na Spáinne, a chuaigh i dteagmháil lena chomhleacaí san Ísiltír.

In Aibreán na bliana 2006, fuair an gearánaí litir ó údaráis na hÍsiltíre a d'admhaigh gurbh fhíor an méid a dúirt sé agus ag rá leis dá réir sin nár ghá dó an fhíneáil a íoc.

*Cás 3713/2005/BM*

Chuir comhlacht náisiúnta iarnróid na Spáinne (RENFE) cárta (an "Cárta Óir") ar fáil do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois, a thug teideal dóibh lascainí a fháil ar tháillí traenach ar a líonra. Ba do shaoránaigh nó do chónaitheoirí na Spáinne amháin an cárta óir. Ní raibh aon teideal air ag saoránaigh de chuid an AE nár Spáinnigh iad agus a bhí ina gcónaí i dtír eile san AE. B'amhlaidh a bhí an scéal i gcás bhean an ghearánaí, ar Shasanach í agus a bhí ina cónaí sa Ríocht Aontaithe. Ní hionann agus ise, fuair an gearánaí, saoránach Spáinneach a bhí ina chónaí freisin sa Ríocht Aontaithe, Cárta Óir gan stró ar bith.

[7] Is líonra é SOLVIT a bhunaigh an Coimisiún Eorpach d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais.

Toisc nár tháinig an cás faoi raon a shainordaithe, d'aistrigh an tOmbudsman an gearán chuig ionad SOLVIT na Spáinne, a d'iarr ar RENFE coinníollacha bronnta an Chárta Óir a athrú le nach ndéanfaí aon leithcheal ar shaoránaigh an AE. I Samhain na bliana 2006, dúirt RENFE le hionad SOLVIT na Spáinne go raibh deireadh curtha leis an gcoinníoll a bhain le cónaí sa Spáinn.

*Cás 862/2006/BM*

**Samplaí de chásanna ar déileáladh leo trí Líonra Eorpach na nOmbudsman**

Níor ghéill na húdaráis um Shlándáil Shóisialta na Spáinne go raibh saoránach Eilvéiseach a bhí ina chónaí in Uragua i dteideal pinsin uathu cé gur oibrigh sé agus gur íoc sé ranníocaíochtaí na slándála sóisialta sa Spáinn ar feadh dhá bhliain déag.

D'aistrigh an tOmbudsman Eorpach an cás chuig an Ombudsman Spáinneach, agus d'oscail seisean fiosrúchán. D'aontaigh na húdaráis um Shlándáil Shóisialta na Spáinne ansin an pinsean a íoc a bhí dlite dó.

*Cás 2162/2006/BM*

D'aistrigh Ombudsman Réigiúnach Aragón, sa Spáinn, dhá ghearán chuig an Ombudsman Eorpach a bhain le naisc sa chóras iompair idir an Fhrainc agus an Spáinn. Bhain an chéad cheann díobh le tollán Somport, a bhí tar éis a bheith dúnta le breis agus seachtain. Dar leis an ngearánaí, mar nár chinntigh údaráis na Fraince go raibh saor-rochtain ar an tollán, go raibh na coinníollacha a bhain le maoiniú an Chomhphobail do thógáil an tolláin briste acu. Leis an gceangal iarnróid idir Canfranc na Spáinne agus Oloron na Fraince a bhain an dara gearán. D'áitigh an gearánaí go bhfuair an tionscnamh iarnróid seo cabhair airgeadais ón AE agus go gcaithfeadh údaráis na Fraince é a athoscailt le saorghluaiseacht d'earraí agus do dhaoine a chinntiú idir an dá réigiún.

D'aistrigh an tOmbudsman Eorpach na gearáin chuig an gCoimisiún, ina cháil mar chaomhnóir ar an gConradh.

In Aibreán na bliana 2006, chuir Ombudsman Réigiúnach Aragón breis faisnéise ar fáil, ag rá go háirithe nach raibh aon cheangal éifeachtach ar bhóthar ná ar bhóthar iarainn idir an dá thír agus ag cáineadh sheasamh údaráis na Fraince.

Choinnigh an Coimisiún an tOmbudsman Eorpach ar an eolas faoi mar a bhí an fiosrúchán ag dul chun cinn agus faoin gcinneadh deireanach a rinne sé gan imeachtaí sáraithe a chur ar bun. De bharr drochaimsire agus oibreacha a bhí ar siúl, a dúirt an Coimisiún, is ea a dúnadh an tollán. Cé go raibh oibreacha eile leagtha amach ag an bhFrainc, ní chuirfidís seo isteach ar thrácht leoraithe. Dá bhrí sin mheas an Coimisiún nach raibh aon bhaol ann don tsaorghluaiseacht. Maidir leis an gceangal iarnróid idir Canfranc agus Olorón, mhínigh an Coimisiún gurbh iad na húdaráis náisiúnta a bhí inniúil aon chinneadh a dhéanamh faoina athoscailt agus nach raibh an tionscnamh á mhaoiniú ag an AE.

Ní raibh Ombudsman Réigiúnach Aragón sásta le freagra an Choimisiúin. Mhínigh an tOmbudsman Eorpach dó na coinníollacha a bhain le gearán a dhéanamh in aghaidh an Choimisiúin sa chás seo.

*Cásanna 483/2003/JMA agus 1510/2005/BM*

Bhí an gearánaí, saoránach de chuid na Gearmáine, ag iarraidh maoiniú a fháil ón AE do thionscnamh le hiascaireacht an bhric ghil a chur chun cinn i gceantar Flensburg sa Ghearmáin Thuaidh. Dúirt sé gur thug comhlacht forbartha poiblí réigiúnach faisnéis neamhfhreagrach dó faoi na coinníollacha ar a dtugtar maoiniú dá leithéid, agus gur dhiúltaigh sé glacadh lena iarratas. D'aistrigh an tOmbudsman Eorpach an gearán chuig Coiste um Achainíocha *Landtag* Schleswig-Holstein.

Ina dhiaidh sin dúirt an Coiste leis an Ombudsman gurb é an mheabhair a bhain sé as, tar éis dó comhairle a ghlacadh leis an aireacht chuí, nár caitheadh go leatromach d'aon ghnó leis an ngearánaí agus go rabhthas tar éis caoi a thabhairt dó anois a thionscnamh a chur os comhair foireann saineolaithe, a raibh ionadaithe ón rialtas réigiúnach agus ó na príomhchomhlachtaí agus eagraíochtaí margaíochta sa réimse gníomhaíochta seo ina measc.

*Cás 3399/2005/WP*

Rinne saoránach de chuid na hIodáile gearán gur laghdaigh Institúid Náisúnta na Slándála Sóisialta san Iodáil a pinsean scoir gan aon údar ceart a thabhairt.

Mhol an tOmbudsman Eorpach don ghearánaí dul i gcomhairle le hOmbudsman an réigiúin Iodálaigh, Friuli-Venezia Giulia.

Ina dhiaidh sin, dúirt an tOmbudsman Réigiúnach leis an Ombudsman Eorpach go raibh Institúid Náisúnta na Slándála Sóisialta tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh agus gur dheonaigh sé níos mó ná EUR 20 000 don ghearánaí, móide ús.

Ghabh an tOmbudsman Eorpach buíochas leis an Ombudsman Réigiúnach faoin mbeart éifeachtach a rinne sí.

*Cás faoi rún*

Tugadh comhairle i 2 363 cás. In 828 ceann díobh seo, moladh do na gearánaithe cabhair a iarraidh ar ombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus i 166 cás díobh achainí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. I 383 cás, moladh dul i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach. San áireamh anseo, tá roinnt cásanna inar dearbhaíodh nach raibh an gearán in aghaidh an Choimisiúin inghlactha mar nár baineadh feidhm as na gnáthaimh chearta riaracháin i leith na hinstitiúide sular cuireadh an gearán isteach. I 109 cás, moladh dul i dteagmháil le SOLVIT, agus moladh do 877 gearánaí dul i dteagmháil le heagraíochtaí eile, ar ombudsman i sainréimsí an chuid is mó díobh nó comhlachais a dhéileálann le gearáin sna Ballstáit.

## 2.6 GNÁTHAIMH AN OMBUDSMAN

Cláraítear agus tugtar admháil ar gach gearán a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman, de ghnáth taobh istigh de sheachtain ón lá a bhfuarthas. Tugann an admháil faisnéis don ghearánaí faoin nós imeachta, mar aon le huimhir thagartha, agus ainm agus uimhir theileafóin an duine atá ag plé leis an ngearán. Scrúdaítear an gearán féachaint ar cheart fiosrúchán a oscailt agus tugtar toradh na hanailíse le fios don ghearánaí, de ghnáth taobh istigh de mhí.

Mura n-osclaítear fiosrúchán, tugtar an fáth le fios don ghearánaí. Más féidir é, aistrítear an gearán, nó tugtar comhairle chuí don ghearánaí faoi chomhlacht inniúil a bhféadfadh sé/í cabhair a iarradh air.

### 2.6.1 Tús a chur le fiosrúchán

Is é an chéad chéim i dtreo fiosrúcháin an gearán a chur ar aghaidh chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann sé agus iarraidh air tuairim a thabhairt don Ombudsman, de ghnáth taobh istigh de thrí mhí fhéilire. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún i 2004 le tréimhse ba lú ná sin, dhá mhí, i gcás gearán faoi chead rochtana a dhiúltú ar cháipéisí.

### 2.6.2 Gnáthamh cothrom

Éilíonn prionsabal an ghnáthaimh chothroim nach gcuirfidh an tOmbudsman san áireamh, agus é ag déanamh cinnidh, an fhaisnéis atá le fáil i gcáipéisí a sholáthraíonn an gearánaí nó institiúid nó comhlacht an Chomhphobail, ach tar éis caoi a bheith ag an bpáirtí eile iad seo a léamh agus a dtuairim a thabhairt.

Mar sin, cuireann an tOmbudsman tuairim institiúid nó chomhlacht an Chomhphobail chuig an ngearánaí ag iarraidh air a mheas a thabhairt. Is é an gnáthamh céanna a leantar más gá fiosrúcháin breise a dhéanamh ar an ngearán.

Ní fhorálann an Conradh ná an Reacht aon achomharc ná aon leigheas eile in aghaidh chinntí an Ombudsman, i dtaca le láimhseáil an ghearáin ná leis an toradh a bhí air. Mar sin féin, dála gach

institiúide agus comhlachta de chuid an Chomhphobail, is féidir caingean dlí le haghaidh damáistí a thionscnamh in aghaidh an Ombudsman de réir Airteagal 288 de Chonradh an AE. Is féidir go teoiriciúil caingean dá leithéid a thionscnamh ag maíomh nár dhéileáil an tOmbudsman mar ba cheart leis an ngearán.

### 2.6.3 Iniúchadh na gcomhad agus éisteacht finnéithe

Éilíonn Airteagal 3(2) de Reacht an Ombudsman go dtabharfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail gach faisnéis don Ombudsman a iarrann sé orthu agus cead teacht ar na comhaid atá i gceist. Ní fhéadfaidh siad é seo a dhiúltú ach ar chúiseanna rúndachta a dtabharfar bunús cuí leo.

Tugann cumhacht an Ombudsman an cead dó na comhaid a iniúchadh féachaint cé chomh hiomlán agus chomh cruinn atá an fhaisnéis a chuir an institiúid nó an comhlacht áirithe de chuid an Chomhphobail ar fáil. Ábhar mór siúrála mar sin é don ghearánaí agus don phobal go bhféadfaidh an tOmbudsman fiosrúchán iomlán críochnúil a dhéanamh.

Éilíonn Airteagal 3(2) den Reacht freisin go dtabharfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail fianaise ar iarratas ón Ombudsman.

I rith na bliana 2006, baineadh feidhm as cumhacht an Ombudsman comhaid na hinstitiúide a iniúchadh i 15 cás. Baineadh feidhm as an gcumhacht finnéithe a éisteacht in aon chás amháin.

### 2.6.4 Gnáthamh oscailte

Pléitear leis na gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar bhealach oscailte, mura n-iarrann an gearánaí an rúndacht.

Sonraíonn Airteagal 13 de na forálacha feidhmiúcháin go mbeidh cead rochtana ag an ngearánaí ar chomhad sin an Ombudsman a bhaineann lena g(h)earán. Sonraíonn Airteagal 14 go mbeidh cead rochtana ag an bpobal ar na cáipéisí atá i seilbh an Ombudsman, faoi réir ag na coinníollacha agus na teoireannacha a leagtar síos i Rialachán 1049/2001[8]. Mar sin féin, má iniúchann an tOmbudsman comhad na hinstitiúide nó an chomhlachta atá i gceist nó má ghlacann sé fianaise ó fhinné, ní bheidh cead rochtana ag an ngearánaí ná ag an bpobal ar aon cháipéis ná ar aon fhaisnéis faoi rún a fuarthas de bharr an iniúchta nó na héisteachta (Airteagail 13.3 agus 14.2). Is é an aidhm atá leis an eisiamh seo cabhrú leis an Ombudsman an fiosrúchán a chur i gcrích go héasca.

## 2.7 TORTHAÍ NA bhFIOSRÚCHÁN

I rith an fhiosrúcháin, coinnítear an gearánaí ar an eolas faoi gach céim a thugtar. Nuair a chinneann an tOmbudsman ar an bhfiosrúchán a dhúnadh, tugann sé torthaí an fhiosrúcháin agus a chuid conclúidí féin le fios don ghearánaí. Níl cinntí an Ombudsman ceangailteach ó thaobh an dlí ná ní chruthaíonn siad cearta ná oibleagáidí a bheadh infheidhmithe le dlí don ghearánaí ná don institiúid nó don chomhlacht atá i gceist.

Sa bhliain 2006, dhún an tOmbudsman 250 fiosrúchán, a raibh baint ag 247 díobh le gearáin agus ar fiosrúcháin fhéintionscanta trí cinn díobh.

Má bhaineann an fiosrúchán le níos mó ná aon líomhain nó aon éileamh amháin, féadfaidh an tOmbudsman cinntí éagsúla a thabhairt.

8 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

### 2.7.1 Gan aon dhrochriarachán

Sa bhliain 2006, dúnadh 95 cás, lena n-áirítear dhá fhiosrúchán féintionscanta, le cinneadh nach raibh aon dhrochriarachán i gceist iontu. Ní gá gur rud diúltach é seo don ghearánaí, mar ar a laghad faigheann sé míniú iomlán ón institiúid nó ón gcomhlacht faoina ndearna siad. Ina theannta sin, fiú amháin mura bhfaigheann an tOmbudsman aon dhrochriarachán ann, seans go n-aithneoidh sé caoi a bhféadfadh an institiúid nó an comhlacht feabhas a chur ar a gcuid riaracháin feasta. I gcás dá leithéid, déanfaidh an tOmbudsman ráiteas breise.

### 2.7.2 Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh cairdiúla

Más féidir ar chor ar bith é, déanfaidh an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a fháil a shásóidh an gearánaí agus an institiúid a gearánadh araon. Teastaíonn comhoibriú institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail le toradh rafar den sórt a bhaint amach, ar mór an chabhair é chun an caidreamh idir na hinstitiúidí agus na saoránaigh a fheabhsú agus chun cásanna dlí a sheachaint a chuireann airgead agus am amú.

I rith na bliana 2006, shocraigh an institiúid nó an comhlacht féin 64 cás tar éis gearáin a rinneadh leis an Ombudsman. Ina measc seo, bhí 52 cás inar éirigh leis an Ombudsman freagra a fháil go luath ar chomhfhreagras nár tugadh aird air (féach alt 2.9 den *Tuarascáil Bhliantúil 1998* le haghaidh sonraí faoin ngnáthamh a chuirtear i bhfeidhm i gcásanna den sórt).

Más é toradh an fhiosrúcháin go raibh drochriarachán ann, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil más féidir ar chor ar bith é. I rith na bliana 2006, moladh 28 réiteach cairdiúil. Dúnadh trí chás i rith na bliana, a ndearnadh an moladh seo i gcás dhá cheann díobh i 2005, nuair a thángthas ar réiteach cairdiúil. Ag deireadh na bliana 2006, bhí 27 moladh ar mhaithe le réiteach cairdiúil á mbreithniú.

I gcásanna áirithe, is féidir teacht ar réiteach cairdiúil má thairgeann an institiúid nó an comhlacht cúiteamh don ghearánaí. *Ex gratia* a dhéantar a leithéid de thairiscint, is é sin gan dliteanas dlíthiúil a admháil is gan fasach dlíthiúil a chruthú.

### 2.7.3 Ráitis chriticiúla agus dréachtmholtaí

Murar féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó má theipeann ar an iarracht teacht air, is éard a dhéanann an tOmbudsman, dúnann sé an cás le ráiteas criticiúil i leith na hinstitiúide nó an chomhlachta nó déanann sé dréachtmholadh.

Déantar ráiteas criticiúil de ghnáth (i) murar féidir leis an institiúid feasta an drochriarachán a dhíchur, (ii) má dhealraíonn sé nach bhfuil impleachtaí ginearálta ag an drochriarachán, agus (iii) más cosúil nach gá don Ombudsman aon bheart eile a dhéanamh. Déantar ráiteas criticiúil freisin má mheasann an tOmbudsman nach mbeadh fóint ar bith le dréachtmholadh nó nach mbeadh sé cuí tuarascáil speisialta a dhéanamh ar chás áirithe nár ghlac an institiúid nó an comhlacht le dréachtmholadh ina thaobh.

Deimhníonn ráiteas criticiúil don ghearánaí go bhfuil bonn cirt lena g(h)earán agus cuireann sé ar a súile don institiúid nó don chomhlacht an t-éigeart atá déanta acu, d'fhonn cabhrú leo drochriarachán a sheachaint feasta. I 2006, dhún an tOmbudsman 41 fiosrúchán le ráitis chriticiúla. Tá liosta iomlán de na cásanna seo le fáil in Iarscríbhinn D.

I rith na bliana 2007, tá rún ag an Ombudsman staidéar a dhéanamh agus a fhoilsiú ar a bhfuil déanta ag na hinstitiúidí ó rinneadh ráitis chriticiúla ina dtaobh i 2006. Déanfar staidéar dá leithéid freisin ar a bhfuil déanta sna 38 cás ina ndearnadh ráiteas breise i 2006.

I gcásanna inar cosúil gur gá don Ombudsman beart eile a dhéanamh, is é sin, nuair is féidir leis an institiúid an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna ina bhfuil an drochriarachán thar a bheith tromchúiseach nó ina bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is gnách go ndéanann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó don chomhlacht atá i gceist. De réir Airteagal 3(6) de Reacht an

Ombudsman, caithfidh an institiúid nó an comhlacht tuairim a thabhairt laistigh de thrí mhí. I rith na bliana 2006, rinneadh 13 dréachtmholadh. Ina theannta sin, bhí de thoradh ar dheich gcinn de dhréachtmholtaí 2005 go ndearnadh cinntí i 2006. Dúnadh ceithre chás i rith na bliana nuair a ghlac an institiúid leis an dréachtmholadh. Bhí de thoradh ar dhá chás gur cuireadh tuarascáil speisialta chuig Parlaimint na hEorpa. Dúnadh naoi gcás eile ar chúiseanna eile. Ag deireadh na bliana 2006, bhí naoi ndréachtmholadh fós á mbreithniú, ina measc seo ceann a rinneadh i 2004.

### 2.7.4 Tuarascálacha speisialta do Pharlaimint na hEorpa

Mura dtugann institiúid nó comhlacht de chuid an Chomhphobail freagairt shásúil ar dhréachtmholadh, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a chur chuig Parlaimint na hEorpa. Féadfar moltaí a dhéanamh sa tuarascáil speisialta.

Mar a dúradh i dTuarascáil Bhliantúil 1998 an Ombudsman Eorpaigh, is bua as cuimse é d'obair an Ombudsman gur féidir tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Is í an tuarascáil speisialta seo an chéim shubstainteach dheireanach a thugann an tOmbudsman agus é ag déileáil le cás, mar baineann sé le breithiúnas polaitíochta na hinstitiúide sin rún a ghlacadh agus cumhachtaí na Parlaiminte a chur i bhfeidhm. Dar ndóigh, tugann an tOmbudsman aon fhaisnéis nó aon chabhair a theastódh ón bParlaimint agus í ag plé le tuarascáil speisialta.

De réir Rialacha Pharlaimint na hEorpa, is é an Coiste um Achainíocha atá freagrach as caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman. Ag cruinniú den Choiste um Achainíocha ar 12 Deireadh Fómhair 2005, ghlac an tOmbudsman mar chúram air féin, de réir Riail 195(3) de Rialacha Gnáthaimh na Parlaiminte, dul os comhair an Choiste ar a iarratas féin, uair ar bith a chuireann sé tuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte.

Cuireadh dhá thuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte i 2006. Cásanna 289/2005/GG agus 1487/2005/GG atá i dtreis iontu.

## 2.8 CINNTÍ A DHÚN CÁSANNA I 2006

Is iondúil go bhfoilsítear na cinntí a dhún cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus i dteanga an ghearánaí más teanga eile seachas an Béarla í. Tá achoimrí ar 59 cinneadh a dhún fiosrúcháin i gCaibidil 3. Is léiriú iad ar raon na n-ábhar agus ar raon institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail atá i gceist sna 250 cinneadh ar fad a dhún fiosrúcháin i 2006, agus freisin ar na cúiseanna ar dúnadh iad. Tá siad arna n-innéacsú de réir thagairt an cháis, an ábhair ghinearálta maidir leis an réimse d'inniúlacht an Chomhphobail atá i dtreis ann, agus an chineáil drochriaracháin atá á ghearán.

Déanann an chuid eile den alt seo i gCaibidil 2 anailís ar na príomhchinntí dlí agus fíorais is bonn leis na breitheanna a tugadh. Is é an t-eagar atá air, rangú cothrománach ar phríomhábhar na bhfiosrúchán, de réir cúig phríomhearnáil:

- Oscailteacht (lena n-áirítear cead rochtana ar cháipéisí agus ar fhaisnéis) agus cosaint sonraí;
- An Coimisiún Eorpach mar chaomhnóir ar an gConradh;
- Tairiscintí, conarthaí agus deontais;
- Cúrsaí foirne, lena n-áirítear an earcaíocht;
- Ábhair eile.

Bíodh a fhios go dtéann na catagóirí seo thar a chéile cuid mhór. Mar shampla, bíonn an oscailteacht agus cead rochtana poiblí go minic i gceist i ngearáin a bhaineann leis an earcaíocht agus le ról an Choimisiúin mar chaomhnóir ar an gConradh.

## 2.8.1 Oscailteacht, rochtain phoiblí agus cosaint sonraí pearsanta

Bhain céatatán mór (25%) de na fiosrúcháin a rinneadh i 2006 le líomhaintí i dtaobh easpa oscailteachta. Deir Airteagal 1 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go ndéanfar cinntí san Aontas "chomh hoscailte agus is féidir" agus forálann Airteagal 255 de Chonradh an CE go mbeidh ceart rochtana ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin. Tá an ceart seo faoi réir ag Rialachán 1049/2001[9]. Mar thoradh ar fhiosrúcháin fhéintionscanta a rinne an tOmbudsman i 1996 agus 1999, tá glactha ag go leor eile d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Chomhphobail le rialacha faoi chead rochtana ar cháipéisí.

*Cead rochtana ar cháipéisí*

Tugann Rialachán 1049/2001 a rogha leighis do na hiarratasóirí: féadfaidh siad agóid in aghaidh an diúltaithe a thabhairt chun na cúirte de réir Airteagal 230 de Chonradh an CE, nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. I rith na bliana 2006, dhún an tOmbudsman fiosrúcháin ar aon ghearán déag faoi chur chun feidhme Rialacháin 1049/2001, arbh in aghaidh an Choimisiúin naoi gcinn díobh, in aghaidh na Comhairle ceann amháin agus in aghaidh Pharlaimint na hEorpa an ceann eile. I gcás amháin eile (1845/2004/GG), bhíothas ag fanacht fós ag deireadh na bliana ar thuairim mhionsonraithe an Choimisiúin ar dhréachtmholadh.

Dúnadh dhá fhiosrúchán ar chead rochtana ar cháipéisí agus ar fhaisnéis, a bhain leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI).

Tá achoimrí ar naoi gcinn de na cásanna thuasluaite i gCaibidil 3.

Maidir le heisceachtaí i dtaobh rochtana, dhearbhaigh an tOmbudsman i gcás 617/2003/IP nach bhfuil aon eisceacht i Rialachán1049/2001 a chuirfeadh iallach ar an Aontas Eorpach cead rochtana a dhiúltú ar cháipéisí gan de chúis aige leis ach nach bhfuil nochtadh na gcáipéisí saor in aisce i mBallstát áirithe. I gcás 582/2005/PB, níor ghlac an tOmbudsman le hargóint an Choimisiúin gur cheart gnáthamh socraithe conspóide na hEagraíochta Domhanda Trádála a chomhshamhlú le "himeachtaí cúirte" i leith Airteagail 4(2), an dara fleasc, den Rialachán. I gcás 1463/2005/TN, mheas an tOmbudsman nár bhain an chéad fho-alt d'Airteagal 4(3) den Rialachán, i dtaobh cáipéisí arna ndréachtú ag institiúid le haghaidh na húsáide inmheánaí, leis na cáipéisí a chuir an Coimisiún chuig údaráis na mBallstát ná leo sin a fuair sé uathu. Ní fhéadfaí argóint an Choimisiúin a bhunú ach an oiread ar an tríú fleasc d'Airteagal 4(2), i dtaobh na cosanta ar mhaithe le fiosrúcháin, mar nár thaispeáin sé go rachadh an nochtadh in aghaidh aidhm na bhfiosrúchán áirithe seo, eadhon a chinntiú go raibh pleananna náisiúnta na mBallstát i dtaobh leithdháileadh na lamháltas i gcomhair astaíochtaí ceaptha gás ag teacht le dlí an Chomhphobail. I gcás 1919/2005/GG, mheas an tOmbudsman nár thug Airteagal 4(1)(b) den Rialachán an ceart do Pharlaimint na hEorpa cead rochtana a dhiúltú ar liosta na n-iarrthóirí i ngnáthamh roghnaithe. Ba dheacair leis an Ombudsman a thuiscint cén chaoi a bhféadfaí príobháideacht oifigigh de chuid an Chomhphobail a lot ach a thabhairt le fios gur chuir sé nó sí isteach ar phost eile sa Chomhphobal.

Sonraíonn Airteagal 11 de Rialachán 1049/2001 go gcaithfidh gach institiúid cead rochtana poiblí a thabhairt gan mhoill ar chlár cáipéisí ina gcláraítear tagairtí na gcáipéisí. I gcás 1764/2003/ELB, ba é breith an Ombudsman go raibh clár an Choimisiúin easpach maidir le cáipéisí a bhain le hiniúchadh a rinne an Coimisiún. Dúirt an tOmbudsman gur fíorthábhachtach an rud é don phobal go mbeadh an bhainisteoireacht airgeadais slán agus go dtugann tuarascálacha ar iniúchtaí eolas luachmhar ar an gcaoi a gcaitear cistí an Chomhphobail.

I gcás 1776/2005/GG, rinne an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) rud ar mholadh ón Ombudsman nuair a d'aontaigh sé codanna de thuarascáil iniúchta a nochtadh, de réir a rialacha féin faoi rochtain phoiblí. Ina theannta sin, lig sé do chomhlacht an ghearánaí rochtain phríobháideach a bheith aige ar chodanna den tuarascáil a bhain go díreach leis an ngrúpa comhlachtaí ar de an gearánaí. D'fháiltigh an tOmbudsman roimh iompar cuiditheach an BEI sa chás seo, ag rá cé go

9 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

bhféadfadh an phríobháideacht agus an rúndacht tráchtála teorainn a chur go dlisteanach leis an rochtain phoiblí, nár cheart ar an ábhar sin cead rochtana a dhiúltú don duine nó don chomhlacht ceannann céanna a bhfuil a phríobháideacht nó a leas tráchtála i dtreis.

*Cead rochtana ar fhaisnéis*

I gcás 3436/2004/ELB, rinne na gearánaithe gearán leis an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF), ag áitiú go ndearnadh calaois orthu. Mheas an tOmbudsman go raibh siad i dteideal a cheapadh go dtuigfeadh OLAF don tsuim a bhí acu faisnéis a fháil faoi fhiosrúcháin eile a rinne OLAF ar ábhair den sórt. Ach dúirt sé freisin, ionas nach gcuirfí ualach míréasúnta riaracháin ar an institiúid, go raibh teoireannacha leis an dualgas freagra a thabhairt ar iarratais ar fhaisnéis faoin gCód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin.

I gcás 3501/2004/PB, ba é breith an Ombudsman gur thug an BEI míniú sásúil dó, le linn dó an fiosrú a dhéanamh, faoi na cúiseanna ar dhiúltaigh siad Eagraíocht Neamhrialtasach faoin bhfaisnéis a d'iarr siad. Feasta áfach, ba mhaith leis go gcomhlánódh an BEI aon diúltú dá leithéid le míniú cuí ar na cúiseanna a bhí leis, a chuirfí chuig an duine a d'iarr an fhaisnéis sula ndéanfaí gearán as le cur faoi bhráid an Ombudsman.

*Cosaint sonraí*

Bhain cás 2467/2004/PB leis an gcaoi ar phléigh an Coimisiún le gearán a rinneadh leis in aghaidh reachtaíocht Stát Hamburg sa Ghearmáin. D'áitigh an gearánaí gur sáraíodh Alt 14(1)(b) den Treoir um Chosaint Sonraí, a bhaineann le sonraí pearsanta a úsáidfear sa mhargaíocht dhíreach[10]. Ba é breith an Ombudsman nár thug an Coimisiún aon chúis bhailí dhiongbháilte a chruthódh go raibh an ceart aige a rá nár bhain an Treoir leis na tosca faoi leith a luaigh an gearánaí. Mar fhreagra ar mholadh ar mhaithe le réiteach cairdiúil, ghlac an Coimisiún leis go bhféadfaí Airteagal 14(1)(b) a thuiscint ar bhealach níos leithne agus ghlac an cúram air féin tabhairt faoin bhfadhb seo leis na Ballstáit agus faoi chás speisialta reachtaíocht Hamburg mar an gcéanna.

## 2.8.2 An Coimisiún mar chaomhnóir ar an gConradh

Is prionsabal bunaithe de chuid an Aontais Eorpaigh é smacht an reachta. Is ceann de phríomhdhualgais an Choimisiúin a bheith ina chaomhnóir ar an gConradh[11]. De bhun Airteagal 226 de Chonradh an CE tá gnáthamh ginearálta ann ar dá réir a fhiosraíonn an Coimisiún agus a chuireann sé faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais aon sárú a dhéanfadh na Ballstáit ar dhlí an Chomhphobail. Féadfaidh an Coimisiún fiosrúcháin a oscailt uaidh féin, ar bhun na ngearán a dhéantar, nó mar fhreagairt ar iarratais ó Pharlaimint na hEorpa go ndéileálfaidh sé le hachainíocha a cuireadh faoina bráid de réir Airteagal 194 de Chonradh an CE. Cuirtear gnáthaimh eile i bhfeidhm i gcás ábhar faoi leith, m.sh. cúnamh neamhdhleathach ón stát.

Go minic baineann na gearáin atá taobh amuigh de raon shainordú an Ombudsman Eorpaigh le sáruithe a áitítear atá déanta ag na Ballstáit ar dhlí an Chomhphobail. Beidh baill eile de Líonra Eorpach na nOmbudsman inniúil ar phlé le go leor de na cásanna seo. I gcásanna áirithe, áfach, measann an tOmbudsman gurb iomchuí an rud é an gearán a aistriú go dtí an Coimisiún. Tugann Alt 2.5 thuas samplaí den dá nós imeachta.

Glacann agus déileálann an tOmbudsman Eorpach le gearáin in aghaidh an Choimisiúin ina cháil mar chaomhnóir ar an gConradh. Nuair a osclaíonn an tOmbudsman fiosrúchán ar ghearán dá

10 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 24 Deireadh Fómhair 1995 faoi chosaint an duine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus faoi shaorghluaiseacht sonraí den sórt, IO 1995 L 281, l. 31. Forálann Airteagal 14(1)(b) den Treoir: "*Deonóidh na Ballstáit an ceart d'ábhar na sonraí : (a) ... (b) cur i gcoinne, ... go bpróiseálfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis a gceapann an rialtóir go bpróiseálfar iad le haghaidh na margaíochta dírí, nó an ceart go gcuirfí ar an eolas é sula nochtar sonraí pearsanta do thríú páirtithe den chéad uair ... le haghaidh na margaíochta dírí, agus go dtairgfí an ceart go sainráite dó cur in aghaidh ... a leithéide sin de nochtadh...* "

11 Éilíonn Airteagal 211 de Chonradh an CE go gcinnteoidh an Coimisiún "go gcuirfear forálacha an Chonartha agus na bearta a dhéanfaidh na hinstitiúidí dá bhun i bhfeidhm".

leithéid, cuireann sé ar a shúile don ghearánaí, nuair is gá é, nach scrúdófar an cheist an bhfuil sárú ann nó nach bhfuil, mar nach bhfuil aon chumhacht ag an Ombudsman Eorpach bearta údarás na mBallstát a fhiosrú.

I gCaibidil 3 tá achoimrí ar naoi gcinneadh a léiríonn mar a dhéileálann an tOmbudsman le gearáin in aghaidh an Choimisiúin ina cháil mar chaomhnóir ar an gConradh. Tá lua ar ocht gcinn de na cásanna anseo, maraon le cás amháin eile a bhí fós oscailte ag deireadh na bliana 2006.

Maidir le hoibleagáidí gnáthaimh an Choimisiúin i leith na ngearánaithe, is é príomhphointe tagartha an Ombudsman an Cumarsáid a d'eisigh an Coimisiún i 2002[12], mar fhreagairt ar cháineadh a rinne an tOmbudsman air. Dearbhaíonn an Cumarsáid go bhfiosróidh ranna an Choimisiúin na gearáin, d'fhonn teacht ar chinneadh cé acu fógra foirmeálta a eisiúint nó an cás a dhúnadh, de ghnáth laistigh de bhliain ar a fhad ón dáta ar chláraigh an Ard-Rúnaíocht an gearán. Sainíonn Pointe 3 den Cumarsáid na tosca ina bhfuil an Ard-Rúnaíocht i dteideal gan comhfhreagras a chlárú mar ghearán. Mar fhreagairt ar ráiteas breise sa chás 3369/2004/JMA, d'admhaigh an Coimisiún go bhfuil riachtanais na Cumarsáide infheidhmithe freisin le linn na tréimhse i ndiaidh dó fógra scríofa foirmiúil a chur chuig an mBallstát.

Dúnadh dhá chás tar éis don Choimisiún glacadh le dréachtmholtaí ón Ombudsman. I gcás 642/2004/GG, mhol an tOmbudsman go ndéanfadh an Coimisiún athscrúdú ar an gceist an raibh cabhair ón stát i dtreis i ndíol comhlachta áirithe. Rinneadh na moltaí mar gur tugadh le tuiscint gur mheas rialtas na Sacsana Íochtair freisin go raibh an praghas a íocadh faoi bhun phraghas an mhargaidh. Ghlac an Coimisiún le breith an Ombudsman agus chuaigh sé chun cainte le húdaráis na Gearmáine le soiléiriú a fháil ar na ráitis a rinneadh faoin scéal. Ghlac an Coimisiún freisin le dréachtmholadh i gCás 956/2004/PB go nglacfadh sé cinneadh chomh luath agus ab fhéidir faoi ghearán i dtaobh sáraithe dlí agus go dtabharfadh sé an cinneadh le fios don ghearánaí. Bhí áitithe ag an ngearánaí, ceannaí carranna as an Danmhairg, nár chomhlíon an Coimisiún an gealltanas a thug sé cinneadh ar chomhairle i dtaobh a ghearáin faoi shárú dlí, a bhain le cánacha na Danmhairge ar charranna a iompórtáladh.

I gCás 289/2005/GG, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh go ndéanfadh an Coimisiún dícheall cuí déileáil gan mhoill le gearán faoi shárú dlí a rinneadh i dtaobh srianta a bheith ar sheirbhísí gealltóireachta spóirt. Sa Tuairim mhionsonraithe a thug sé, dúirt an Coimisiún gurbh oth leis nár éirigh leis cinneadh ar chomhairle san ábhar íogair seo, toisc gan comhthoil pholaitíochta a bheith ann. Mar gur mheas sé nárbh aon chúis cheart é seo le gan déileáil leis an ngearán faoi shárú dlí laistigh de thréimhse réasúnta, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Thug an Coimisiún le fios ina dhiaidh sin don Pharlaimint agus don Ombudsman go raibh fógra scríofa foirmeálta curtha aige chun na Gearmáine.

Níor mheas an tOmbudsman gur ghá dréachtmholadh a dhéanamh i gCás 1037/2005/GG, mar ar chinn sé nach ndearna an Coimisiún aon argóint dhiongbháilte lena thaispeáint nár ghá aon bheart eile a dhéanamh le tabhairt ar an nGearmáin breithiúnas de chuid na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh. Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt gur bhac ar thrádáil inmheánach an Chomhphobail é Rialachán na Gearmáine faoi Phacáistiú do dheochanna áirithe. Dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil, ag rá go bhféadfadh an Coimisiún an fhaillí seo a cheartú i gcomhthéacs gnáthaimh sháraithe eile a bhí fós ar siúl agus a bhain leis an Rialachán.

Bhain dhá chás le forfheidhmiú an dlí Eorpaigh faoi am oibre. I gCás 2944/2004/ID, mhínigh an Coimisiún don Ombudsman, i bhFeabhra na bliana 2005, go raibh sé tar éis cinneadh a chur siar an rachadh sé níos faide le gearán faoi shárú dlí a cuireadh faoina bhráid i Lúnasa na bliana 2003, mar gur bhraith an cinneadh ar an toradh a bheadh ar an moladh a bhí déanta aige dlí an Chomhphobail san ábhar seo a leasú. Ghlac an tOmbudsman le míniú an Choimisiúin faoin bhfáth nár chloígh sé leis an sprioc-am aon bhliana ach dúirt sé freisin go bhféadfadh an gearánaí gearán nua a dhéanamh leis mura mbeadh sí sásta leis an gcaoi a bpléifeadh an Coimisiún lena gearán faoi

12 Cumarsáid ón gCoimisiún le Parlaimint na hEorpa agus an tOmbudsman Eorpach maidir leis an gcaidreamh leis an ngearánaí i ndáil le sárú ar dhlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, l. 5.

shárú dlí ina dhiaidh sin. I gCás 3453/2005/GG, rinne dochtúir gearán nach raibh dada déanta ag an gCoimisiún faoin ngearán a rinne sé in aghaidh na Gearmáine breis agus 3½ bliana roimhe sin. Arís ar ais thagair an Coimisiún sa Tuairim aige don mholadh a bhí déanta aige dlí an Chomhphobail san ábhar a leasú. Ba é meas an Ombudsman nach raibh an Coimisiún i dteideal an cinneadh a chur siar gan ceapadh lae gan d'ábhar aige leis ach go bhféadfaí an dlí i ndáil leis a leasú lá éigin amach anseo agus rinne sé dréachtmholadh ag iarraidh ar an gCoimisiún déileáil leis an ngearán chomh luath agus ab fhéidir. Bhí an cás fós oscailte ag deireadh na bliana 2006.

Fuair an tOmbudsman breis agus 5 000 gearán agus teachtaireachtaí eile ag cáineadh an Choimisiúin faoi fhorbairt calafoirt tionsclaíoch ag Granadilla, ar oileán Tenerife, an Spáinn. Dar leis na gearánaithe, bhí an Coimisiún tar éis breith a thabhairt nach dtiocfadh an fhorbairt seo salach ar dhlí an Chomhphobail, go háirithe ar Alt 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga[13]. Mheas an tOmbudsman gurbh fhóinteach an rud é fiosrúchán féintionscanta a oscailt (OI/2/2006/JMA) le go dtabharfadh an Coimisiún míniú ar an scéal. Toisc gur léirigh Tuairim an Choimisiúin nár chinn sé fós ar aon chomhairle maidir leis an scéal, dhún an tOmbudsman an fiosrúchán aige.

Bhain Cás 3133/2004/JMA le gearán faoi shárú dlí a rinneadh leis an gCoimisiún i dtaobh reachtaíocht na Spáinne chun Treoir faoi chraoltóireacht teilifíse a chur i bhfeidhm. Rinne an gearánaí agóid in aghaidh bhreith an Choimisiúin gur trasuíodh an Treoir mar ba cheart. Tar éis dó cásdlí na Cúirte maidir le trasuí treoireacha agus foclaíocht agus raon fhorálacha reachtaíocht na Spáinne a mheá, mheas an tOmbudsman gurbh anailís réasúnta a rinne an Coimisiún ar fhreagracht an trasuite. Mar sin chinn sé nach raibh drochriarachán ann.

## 2.8.3 Tairiscintí, conarthaí agus deontais

Baineann institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail leas as conarthaí leis na hearraí agus na seirbhísí a fháil a theastaíonn lena ndualgais a chomhlíonadh agus freisin mar uirlis chun na deontais agus fóirdheontais a rialú a chuireann siad ar fáil faoi chláir éagsúla den AE[14].

Tig leis an Ombudsman déileáil le gearáin faoi chonarthaí a dámhadh nó nár dámhadh nó faoi mar a bhainistítear iad. Ach más sárú conartha atá i dtreis, ní fhiosraíonn an tOmbudsman ach an cheist ar sholáthair an institiúid nó an comhlacht de chuid an Chomhphobail cuntas réasúnta comhleanúnach ar bhunús dlíthiúil na mbeart a rinne sé agus ar an bhfáth a gcreideann sé go bhfuil a sheasamh ar shocruithe an chonartha ceart.

Tá achoimrí i gCaibidil 3 ar ocht gcinneadh a léiríonn mar a dhéileálann an tOmbudsman le gearáin den sórt seo, mar aon le cinneadh amháin a dhún fiosrúchán féintionscanta. Pléifear sé cinn de na cásanna seo anseo.

I gcás 1252/2005/GG, d'áitigh fochonraitheoir go raibh cinneadh an Choimisiúin a chuir deireadh leis an gcomhaontú faoinar thug sé taca airgeadais don *Comité Européen de Normalisation* (CEN) mídhleathach agus leatromach. Tar éis dó meabhrú don Choimisiún nár mhór dó freisin freagra a thabhairt ar líomhain seo an leatroim, ba é breith an Ombudsman sa deireadh nach raibh drochriarachán ann. Dar leis, mhínigh an Coimisiún go réasúnta cén fáth nár ghá dó fógra a thabhairt roimh ré faoin gcinneadh a dhéanfadh sé agus nárbh fhéidir a rá go raibh an Coimisiún freagrach as cinneadh an CEN gan iarratas ar íocaíocht a chur isteach d'obair an ghearánaí.

I gCás 786/2006/JF, dhiúltaigh Coiste na Réigiún do thuarascáil an ghearánaí cúig lá tar éis don spriocdháta conarthach lena aghaidh sin a bheith caite. Thuig an tOmbudsman gurbh é seasamh an Choimisiúin, d'ainneoin a dhéanaí a chuir sé in iúl don ghearánaí é, go raibh an ceart aige gan an tsuim iomlán a íoc mar nach raibh an tuarascáil den chaighdeán a raibh sé i dteideal a bheith ag súil leis faoi théarmaí an chonartha. Mheas an tOmbudsman, mura mbeadh an Coiste in ann cloí leis an spriocdháta conarthach, gur chóir dó, ar mhaithe leis an dea-riarachán, é sin a chur in iúl don

13 Treoir 92/43/EEC ón gComhairle dar dáta 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine, IO 1996 L 59, l. 63.

14 Déileáltar le conarthaí fostaíochta i bhfo-alt 2.8.4.

ghearánaí sula mbeadh an spriocdháta caite. Ba chás drochriaracháin é nach ndearna sé amhlaidh. Mar sin féin, thug an Coiste cuntas réasúnta comhleanúnach ar bhunús dlíthiúil gach a ndearna sé agus ar an bhfáth ar chreid sé go raibh bonn cirt lena sheasamh maidir leis an gconradh. Ní raibh an tOmbudsman ag iarraidh a shocrú an raibh sárú conartha i gceist ná an raibh an Coiste i dteideal de réir an chonartha gan an tsuim iomlán a íoc.

I gCás 866/2006/SAB chuir an gearánaí in aghaidh dhiúltú an Choimisiúin glacadh lena chuid réamhthairiscintí faoi chlár Sócraitéas. Dar leis an gCoimisiún, cuireadh na réamhthairiscintí isteach tar éis an spriocdháta. Tháinig fiosrúchán an Ombudsman ar fhianaise dhoiciméadach, a bhí ar fáil don Choimisiún nuair a chinn sé ar chomhairle, gurbh ar an spriocla féin a seoladh na réamhthairiscintí. Ba é breith an Ombudsman mar sin go raibh drochriarachán ann.

Bhain Cás 3172/2005/WP le righneas an Choimisiúin maidir le deontas a íoc do ghníomhaíochtaí a bhain le nascadh bailte. Ina thuairim faoin ngearán, ghabh an Coimisiún a leithscéal faoin mhoill agus mhínigh sé na fadhbanna riaracháin a bhí aige agus an feabhas a bhí sé tar éis a chur ar an gcóras íocaíochta dá bharr. Dúirt an gearánaí leis an Ombudsman go raibh an íocaíocht faighte aige agus maidir leis sin go raibh an cás socraithe. Mar ráiteas breise, dúirt an tOmbudsman leis an gCoimisiún go mb'fhéidir gur cheart ús ar an mhoill a íoc i gcásanna den sórt.

Bhain Cás 2523/2005/TN le gnáthamh an iarratais ar thairiscintí a d'eagraigh an Chúirt Bhreithiúnais le haghaidh conarthaí réime d'aistriú téacsanna dlí. Bhí oibleagáid san iarratas ar thairiscintí, aistriúchán trialach a chur ar fáil. Chuir an gearánaí in aghaidh na hoibleagáide seo ar an ábhar nár luadh a leithéid san fhógra conartha tosaigh. Mheas an tOmbudsman nach raibh aon dhrochriarachán ann mar gurbh ionann aistriúchán trialach agus faisnéis bhreise den sórt a d'fhéadfaí a éileamh, de réir Threoir 92/50[15], nuair a bheadh tairiscintí á n-iarraidh.

I bhfiosrúchán féintionscanta OI/1/2006/TN de chuid an Ombudsman, d'iarr sé ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí leas ba mhó a bhaint as an idirghabháil i gcás conspóidí a tharlódh de bharr na gconarthaí a mhaoiníonn sé. Thug an Coimisiún freagra dearfach, ag glacadh mar chúram air féin modhanna eile le conspóidí a réiteach a chur chun cinn feasta, trí bhíthin clásail roghnaigh idirghabhála a chuirfí sna conarthaí seirbhíse poiblí caighdeánacha aige. Ag dúnadh an fhiosrúcháin dó, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún faisnéis leantach a chur ar fáil dó faoin 30 Meitheamh 2007 i dtaobh an chlásail idirghabhála agus na n-iarrachtaí a bhí déanta aige an idirghabháil a chur i bhfeidhm i gcás conspóidí a bhain le deontais freisin. Chuir an tOmbudsman treise freisin leis an tábhacht a bhí ann an idirghabháil a mholadh i gcás conspóidí idir conraitheoirí agus fochonraitheoirí.

## 2.8.4 Gnóthaí pearsanra

Tá 18 achoimre i gCaibidil 3 ar ghearáin a bhaineann le cúrsaí pearsanra. Baineann naoi gcinn díobh seo le gnáthaimh earcaíochta na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO) agus sé cinn eile leis an gcaidreamh oibre leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí. Baineann dhá achoimre le cinntí faoi ghearáin ó shaineolaithe ar iasacht agus ceann amháin le fiosrúchán féintionscanta (OI/3/2006/BB). Sa chás deireanach, lean Parlaimint na hEorpa an sampla a thug an Coimisiún i 2005 nuair a chuir sé deireadh leis an uasteorainn aoise do chúrsaí oiliúna, le héifeacht ón 15 Feabhra 2006.

Ní féidir aon ghearán faoin gcaidreamh oibre leis na hinstitiúidí nó na comhlachtaí a dhéanamh leis an Ombudsman mura mbaineann an gearánaí ar dtús gach leas is féidir as gnáthaimh Ailt 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne agus go bhfuil na spriocdhátaí do na freagraí caite. Sna cásanna 1217/2004/OV agus 2227/2004/MF, dúirt an tOmbudsman go háirithe gurbh ionann agus drochriarachán gan freagra a thabhairt ar ghearán a rinneadh faoi Alt 90(2). Cé go measann na Rialacháin Foirne gurb ionann agus cinneadh diúltach intuigthe gan freagra a thabhairt laistigh de na ceithre mhí, ní hé an aidhm atá leis an bhforáil seo an riarachán a shaoradh ón oibleagáid atá air freagra a thabhairt ach ligean don duine achomharc a dhéanamh le Binse na Seirbhíse Poiblí.

15 Treoir 92/50/EEC ón gComhairle dar dáta 18 Meitheamh 1992 ag baint le comhordú na ngnáthamh a rialaíonn dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí, IO 1992 L 209, l. 1. Níl feidhm níos mó ag an Treoir seo ach bhí nuair a foilsíodh an fógra.

Bhí toradh a bhí thar a bheith dearfach do na gearánaithe ar dhá ghearán a bhain le caidreamh oibre, ar theist iad freisin ar chomhoibriú den scoth a bheith ann idir an Ombudsman agus an comhlacht.

I gCás 106/2005/TN, bhí diúltaithe ag an gCoimisiún tuarastal iníon an ghearánaí a íoc, iaroifigeach de chuid an Choimisiúin ar tháinig tinneas uirthi go gairid tar éis di dul i gceann na hoibre. Mar fhreagra ar an ngearán, d'athraigh an Coimisiún an seasamh a bhí aige agus d'aontaigh sé an tuarastal a íoc le hús.

Bhain Cás 1729/2005/JF le haisghabháil liúntas a d'íoc Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (GSEE) leis an ngearánaí. Ba é breith an Ombudsman gur thug an GSEE faisnéis neamhiomlán a d'fhéadfadh an gearánaí a chur ar míthreoir agus mhol sé, mar réiteach cairdiúil, go bhféadfadh an GSEE gan cuid de na liúntais ar a laghad a aisghabháil. Mar fhreagra air seo, chosain an GSEE an seasamh a bhí aici nach raibh aon dhrochriarachán ann. Mar sin féin, "mar gheall ar an gcás a bheith chomh sainiúil sin agus mar gheall ar an ardmheas a bhí aici ar thuairim an Ombudsman", chealaigh sí an aisghabháil iomlán. Mar sin thángthas ar réiteach cairdiúil.

I dtrí chás eile áfach, ní hamháin gur dhiúltaigh an Coimisiún do mholtaí an Ombudsman i leith réiteach cairdiúil, ach dhiúltaigh chomh maith d'iarrachtaí eile a rinne sé teacht ar thoradh sásúil. Bhain dhá cheann de na cásanna seo le saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNI).

I gCás 760/2005/GG, mhol an tOmbudsman, mar réiteach cairdiúil ar dtús agus ansin mar dhréachtmholadh, go bhféadfadh an Coimisiún leasú nó soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha a bhain le SNI a chaitheann dul os comhair na cúirte mar fhinnéithe. Ina Thuairim mhionsonraithe, dúirt an Coimisiún go ndéanfadh sé staidéar ar mholadh an Ombudsman le linn dó scrúdú níos leithne a dhéanamh ar staid na SNI, ach gurbh oth leis nár fhéad sé a rá go baileach cén uair a dhéanfaí an scrúdú seo.

Bhain Cás 495/2003/ELB le conspóid faoi na liúntais a bhí ag dul do SNI. Tar éis don Choimisiún moladh ar mhaithe le réiteach cairdiúil a dhiúltú, scríobh an tOmbudsman chuig an gCoimisinéir freagrach ag iarraidh air páirt a ghlacadh go pearsanta le go bhfaighfí réiteach sásúil ar an ngearán, mar shampla íocaíocht *ex gratia* leis na gearánaithe. Cé gurbh ina dhiaidh sin a d'athraigh an Coimisiún na rialacha, ba é freagra an Choimisinéara gur chuir an Coimisiún na seanrialacha i bhfeidhm mar ba cheart agus dhiúltaigh sé do mholadh an Ombudsman. Dar leis an Ombudsman, chaith an Coimisiún go leatromach leis na gearánaithe, mar gur dhéileáil sé leis an scéal amhail is dá mbeadh na rialacha ar glacadh leo ina dhiaidh sin i bhfeidhm nuair a chinn sé ar na liúntais a bhí le híoc.

Bhain Cás 1537/2003/ELB le hiaroifigeach sealadach de chuid an Choimisiúin, nár saoradh ar chúiseamh smachtaithe ach tar éis aga fhada mhoille, rud arbh ionann agus drochriarachán de réir cinnidh a ghlac an tOmbudsman roimhe sin. Mhol an tOmbudsman mar réiteach cairdiúil go bhféadfadh an Coimisiún an gearánaí a chúiteamh as na costais réasúnta a thabhaigh sé agus é á chosaint féin le linn an ghnáthaimh smachtaithe. Mheas an Coimisiún nár lig na Rialacha Foirne dó é seo a dhéanamh. Sa chás seo freisin, scríobh an tOmbudsman chuig an gCoimisinéir freagrach. Dúirt an tOmbudsman gur mheas sé nár bhac na Rialacha Foirne don Choimisiún íocaíocht *ex gratia* a dhéanamh. Ach dhiúltaigh an Coimisinéir do mholadh an Ombudsman.

Sna trí chás seo dúirt an tOmbudsman ina chinneadh deiridh gurbh oth leis nár thapaigh an Coimisiún an deis seo lena thaispeáint chomh dúthrachtach a bhí sé i leith phrionsabal an dea-riaracháin. Dúirt an tOmbudsman go raibh rún aige, in éineacht leis an gCoimisinéir freagrach, féachaint cé mar ab fhearr cultúr na seirbhíse a chur chun cinn san Ard-Stiúrthóireacht áirithe sin.

## 2.8.5 Gnóthaí eile

Tá roinnt achoimrí i gCaibidil 3 nach mbaineann leis na catagóirí ar pléadh leo sna fo-ailt roimhe seo. Pléifear ceithre cinn de na cásanna anseo.

I gCás 2601/2005/ID, d'áitigh an comhlacht arbh é an gearánaí é gur sháraigh an Coimisiún a chearta maoine intleachtúla ar chlár aistriúcháin uathoibrígh. Níor shéan an Coimisiún go raibh cearta den sórt ag an ngearánaí ach bhí amhras air faoina raon. Mheas an tOmbudsman gur faoin ngearánaí a bhí sé bunús dlíthiúil na gceart a mhaigh sé a sáraíodh a shainiú agus a shuíomh. Toisc nach ndearna an gearánaí é seo, ní bhfuarthas aon dhrochriarachán ar thaobh an Choimisiúin. Mar sin féin, mhol an tOmbudsman don ghearánaí agus don Choimisiún gnáthamh idirghabhála a úsáid dá mb'fhéidir le teacht ar réiteach a shásódh an dá thaobh.

Baineann dhá chás le réim fhreagracht na Comhairle as a hUachtaránacht féin.

I gCás 1487/2005/GG, rinne cumann a chosain an teanga Ghearmáinise gearán nach raibh suímh ghréasáin Uachtaránacht an AE le fáil i nGearmáinis. Níor fhreagair an Chomhairle argóintí ábhartha an ghearánaí faoin líon daoine san AE a raibh Gearmáinis acu mar an chéad nó an dara teanga. Cé gur ghlac sí leis gur cuid den Chomhairle í an Uachtaránacht mar institiúid, mhaigh an Chomhairle nach raibh freagracht ar bith aici as suímh ghréasáin na hUachtaránachta, mar go bhfuil siad sin faoi réir ag údarás na mBallstát ar leo an Uachtaránacht. Ba é a mheas an tOmbudsman, áfach, gurbh fhíor go raibh an Chomhairle freagrach as teangacha shuímh ghréasáin na hUachtaránachta agus gur cheart dá mb'fhéidir é go mbeadh an fhaisnéis ar na suímh sin le fáil i ngach teanga de chuid an Chomhphobail. Mhaigh sé freisin, dá gcaithfí níos lú teangacha a úsáid, nár mhór an rogha a bhunú ar chritéir réasúnta oibiachtúla. Mar sin b'ionann agus drochriarachán é nár bhreathnaigh an Chomhairle substaint iarratas an ghearánaí. Tar éis don Chomhairle diúltú do dhréachtmholadh ar an ábhar, rinne an tOmbudsman tuarascáil speisialta do Pharlaimint na hEorpa.

I gCás 2172/2005/MHZ, b'ábhar imní leis an ngearánaí an urraíocht tráchtála a bhí ag Uachtaránacht áirithe. Ba é a mheas an Chomhairle nár cheist í urraíocht tráchtála a hUachtaránachta a bhain lena freagracht mar institiúid de chuid an Chomhphobail. Mhol an tOmbudsman, mar réiteach cairdiúil, go bhféadfadh an Chomhairle glacadh le freagracht as an gceist agus a rá go raibh sí toilteanach, laistigh de thréimhse cuí ama, bearta a dhéanamh chun urraíocht den sórt a bhac nó a rialáil ar chaoi nach mbeadh aon trasnaíl ann idir an dualgas poiblí agus an leas príobháideach. Dhiúltaigh an Chomhairle don mholadh. Toisc gur chuir an tuarascáil speisialta i gCás 1487/2005/GG ceist fhreagracht na Comhairle as a hUachtaránacht os comhair Pharlaimint na hEorpa cheana, níor lean an tOmbudsman níos faide leis an gceist sin. Bhí imní fós ar an Ombudsman, áfach, go ndéanfaí dochar do mhuinín an phobail as an Aontas agus as a mhodh oibre mura dtabharfadh an Chomhairle faoi cheist ábhartha seo na hurraíochta tráchtála dá hUachtaránacht. Mar sin scríobh an tOmbudsman chuig gach ceann de Buanionadaíochtaí na mBallstát faoin gceist.

Bhain Cás 3403/2004/GG le freagracht an Choimisiúin as gnáthamh achomhairc a bheith le fáil sna Scoileanna Eorpacha. Cé gur tháinig an Coinbhinsiún a rialaíonn na Scoileanna faoi láthair i bhfeidhm i 2002, níor cuireadh an gnáthamh achomhairc a samhlaíodh ann i gcrích go dtí 2005. De dheasca na moille seo mheas an Bord Gearán nach raibh sé inniúil déileáil le cás na ngearánaithe, a bhain le marcanna a tugadh i 2004 agus a raibh na gearánaithe ag iarraidh cur ina n-aghaidh ó shin i leith. D'áitigh an tOmbudsman ar an gCoimisiún cur ina luí ar an mBord Rialtóirí forálacha a ghlacadh a chuirfeadh ar chumas an Bhoird Ghearán achomharc an ghearánaí a éisteacht. Ainneoin iarrachtaí dearfacha leantacha an Choimisiúin cabhrú leis na gearánaithe, gníomh ní dhearna an Bord Rialtóirí. Mheas an tOmbudsman, toisc an easpa a bheith chomh follasach agus an cheist a bheith chomh tábhachtach, gur cheart don Choimisiún a chur faoi deara don Bhord Rialtóirí an moladh a plé. Toisc an cheist a bheith chomh tábhachtach, d'iarr an Coimisiún ar Ard-Rúnaí na Scoileanna Eorpacha cinneadh an Ombudsman a chur ar chlár oibre an Bhoird Rialtóirí.

3

# Cinntí tar éis fiosrúchán a dhéanamh



© iStockphoto.com/urbancow

# 3 CINNTÍ TAR ÉIS FIOSRÚCHÁN A DHÉANAMH

Is éard atá sa chaibidil seo rogha achoimrí ar chinntí an Ombudsman i 2006, a léiríonn réimse na n-ábhar agus na n-institiúidí a bhí i dtreis sna gearáin agus sna fiosrúcháin fhéintionscanta. Áiríonn sé achoimrí ar na cinntí go léir a luadh san anailís théamach i gCaibidil 2. Eagraítear achoimrí na gcinntí ar na gearáin, ar dtús de réir na breithe nó an toraidh féin agus ansin de réir na hinstitiúide nó an chomhlachta atá i gceist. Ag deireadh na caibidle tugtar achoimrí ar chinntí a tugadh tar éis fiosrúchán féintionscanta agus samplaí de cheisteanna na n-ombudsman náisiúnta nó réigiúnacha.

I ngach fo-alt den chaibidil seo, tugtar na cásanna in ord uimhreach. Mar shampla, i bhfo-alt 3.1.2, tagann Cás 2944/2004/ID roimh Chás 3133/2004/JMA. Tá an cinneadh iomlán i ngach ceann de na cásanna le fáil i rannóg na gcinntí ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu). Féadfar teacht ar an gcinneadh a theastaíonn ach leas a bhaint as uimhir an cháis. Tugtar na cinntí iomlána ar an suíomh gréasáin i mBéarla agus i dteanga an ghearánaí, más teanga eile í. Is féidir asphrionta den chinneadh iomlán, mar a fheictear ar na suíomh gréasáin é, a iarraidh ar Oifig an Ombudsman.

## 3.1 CÁSANNA NACH bhFUARTHAS AON DHROCHRIARACHÁN IONTU

### 3.1.1 Parlaimint na hEorpa

#### FAILLÍ NA PARLAIMINTE MAIDIR LE SOILÉIRIÚ A IARRAIDH FAOI FHORTHAIRISCINT

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1315/2005/BB in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Tar éis glaoigh ar thairiscintí ("an Glaoch"), dhiúltaigh an Pharlaimint do thairiscint an ghearánaí, mar nach ina fhoirm bhunaidh a cuireadh teastas áirithe isteach, faoi mar a d'éiligh an Glaoch, ach mar fhótachóip.

Tar éis dó cinneadh gurbh éalang bhunúsach é seo, mar gurbh ábhar é ar a bhféadfaí an tairiscint a eisiamh toisc gur sháraigh sé coinníoll follasach den ghlaoch, dúirt an tOmbudsman go gcaithfí a thuiscint go glé gurbh "*eisceacht speisialta*" ar an toirmeasc a rinne an Glaoch "*ar aon teagmháil a bheith ann idir na tairgeoirí agus na húdaráis chonarthacha*" cead a bheith ag an údarás conarthach, de bhun an ghlaoigh, dul i dteagmháil le tairgeoir tar éis dó na tairiscintí a oscailt. Chuir an tOmbudsman san áireamh freisin an riachtanas a bhí ann caitheamh leis na tairgeoirí go cothrom. Dá réir sin uile, ní fhéadfaí a mheas gur "shoiléiriú" ar an tairiscint ná gur cheartú ar "*dhearmad follasach cléireachais*" ceartú na héalainge seo, de réir bhrí an eisceachta atá leagtha síos sa Ghlaoch. Dá réir sin, níor bheart drochriaracháin é diúltú na tairisceana.

Dúirt an tOmbudsman focal eile freisin faoi ráiteas na Parlaiminte "*nár bhain sí leas*" sa chás seo "*as an tsaoirse a bhí aici doiciméadú breise nó deimhniúchán a iarraidh dá mbeidís in easnamh*". Dúirt sé faoi seo go mb'fhacthas dó nach raibh an ráiteas seo ag teacht le héirim an Ghlaoigh féin ná le prionsabail an dea-riaracháin maidir le cumhachtaí lánroghnacha a chur i bhfeidhm.

## 3.1.2 An Coimisiún Eorpach

### RIGHNEAS AG PLÉ LE TUILLTEANAIS GEARÁIN A RINNEADH DE BHUN AIRTEAGAIL 226

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2944/2004/ID in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne an gearánaí gearán faoi shárú dlí leis an gCoimisiún i Lúnasa na bliana 2003. I Méan Fómhair na bliana 2004, d'áitigh sí sa ghearán a rinne sí leis an Ombudsman nár chuir an Coimisiún in iúl di an breithmheas a rinne sé ar an ngearán aici i dtaobh rialachán náisiúnta ar uaireanta oibre agus glao-dhualgais, a sháraigh Treoracha an Chomhphobail dar léi.

Ina chinneadh ar an ngearán, dúirt an tOmbudsman ar dtús, de bhun an chúraim a ghlac an Coimisiún air féin i bPointe 8 dá Chumarsáid do Pharlaimint na hEorpa agus don Ombudsman Eorpach faoin gcaidreamh leis an ngearánaí maidir le sárú dhlí an Chomhphobail[1], gurbh i gcásanna speisialta amháin ab fhéidir gan cloí leis an spriocdháta aon bhliana a bhí leagtha síos sa phointe sin agus go gcaithfeadh an Coimisiún míniú sásúil a thabhairt ar an moill.

Maidir leis an gcás seo, mhínigh an Coimisiún gur chuir sé siar aon chinneadh dul ar aghaidh leis an ngearán seo a rinneadh faoi Alt 226 mar go mbraithfeadh gníomh dá shórt ar an toradh a bheadh ar an moladh a rinne sé ar 22 Meán Fómhair 2004 leasú a dhéanamh ar reachtaíocht an Chomhphobail maidir le huaireanta oibre, am glao-dhualgais san áireamh. Maidir leis seo, dúirt an Coimisiún gur glacadh lena mholadh tar éis dó comhairle a ghlacadh go forleathan ar fud na hEorpa, i ndiaidh don Chúirt Bhreithiúnais breithiúnais a thabhairt i gCásanna C-303/98 agus C-151/02, a chuaigh in éifeacht go mór ar na Ballstáit, go háirithe ar an gcóras sláinte poiblí acu. Ina chinneadh (a tugadh in Eanáir na bliana 2006), mheas an tOmbudsman gur thug an Coimisiún míniú réasúnach sásúil ar an bhfáth nár mheasúnaigh sé tuillteanais an ghearáin seo a rinneadh faoi Alt 226 taobh istigh den sprioc-am aon bhliana thuasluaite. Mar sin féin, dúirt an tOmbudsman arís gur shampla dea-riaracháin é dá gcoinneodh an Coimisiún na gearánaithe ar an eolas faoin riocht ina raibh na gearáin a rinne siad leis, agus mhol sé don Choimisiún an gearánaí a choinneáil ar an eolas go rialta faoi stádas an ghearáin aici. Dúirt sé freisin go bhféadfadh an gearánaí gearán nua a thaisceadh leis an Ombudsman, mura mbeadh sí sásta leis an gcaoi a ndéileálfadh an Coimisiún lena gearán sáraithe dhlí ina dhiaidh sin.

### MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AR REACHTAÍOCHT NA SPÁINNE MAIDIR LE SEÓNNA TARBHCHOMHRAIC A CHRAOLADH

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3133/2004/JMA in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán le cinneadh de chuid an Choimisiúin críoch a chur le gearán foirmeálta lenar áitigh an gearánaí nach raibh an dualgas a leagtar amach in Alt 22 den Treoir 89/552/EEC[2] nár chóir aon chlár a bheith mar chuid de chraoladh teilifíse a d'fhéadfadh bac tromchúiseach a chur leis an

1 COM(2002) 141 deiridh, IO 2002 C 244, l. 5.

2 Treoir 89/552/CEE an 3 Deireadh Fómhair 1989 maidir leis an gcomhordú ar fhorálacha áirithe a leagtar síos faoin Dlí, Rialachán nó Beart Riaracháin i mBallstáit i ndáil le bearta craoltóireachta teilifíse, IO 1989 L 298, l. 23.

bhforbairt fhisiciúil, mheabhrach nó morálta i gcás mionaoiseach á thabhairt san áireamh sa dlí fhorfheidhmithe de chuid na Spáinne maidir leis an Treoir sin, eadhon, Reacht 22/1999, go háirithe cláir lena mbaineann foréigean gan ghá, mar a tharlaíonn de réir dhearcadh an ghearánaí i gcás seónna tarbhchomhraic.

D'áitigh an Coimisiún go ndearnadh gach dualgas faoin Treoir a thrasuíomh mar is ceart le Reacht 22/1999, agus go raibh na dualgais a leagadh síos in Alt 22 den Treoir le sonrú go hiomlán ar Alt 17 an Reachta. Bhí an Coimisiún den tuairim, ainneoin nach ndéantar tagairt d'fhoréigean gan ghá i reachtaíocht na Spáinne, gur d'fhonn léiriú ar ábhar cláir teilifíse a d'fhéadfadh bac tromchúiseach a chur ar fhorbairt mionaoiseach amháin a luadh an coincheap sin, chomh maith le pornagrafaíocht, sa Treoir. Is é tuairim an Choimisiúin, áfach, nach bhfuil scóip na forála seo srianta maidir leis an dá ghné áirithe sin, ach go dtiocfadh cásanna eile faoina scáth chomh maith.

Tá áirithe ag an Ombudsman go gcuirtear toirmeasc go sainráite ar Bhallstáit le hAlt 22 den Treoir ligean do chraoltóirí a thagann faoina ndlínsí cláir teilifíse a chuirfeadh bac tromchúiseach le forbairt mhionaoiseach a chraoladh. Ní thugtar sainmhíniú ar na cineálacha sonracha cláir ar chóir do Bhallstáit a mheas go gcuireann siad bac le forbairt mhionaoiseach mar chuid den Treoir, áfach, cé go luaitear cláir lena mbainfeadh pornagrafaíocht nó foréigean gan ghá mar shamplaí a thabharfaí san áireamh leis an aicme sin. Tar éis Alt 249(3) de Chonradh an AE agus cás-dlí chúirteanna an Chomhphobail a thabhairt chun cuimhne, luaigh an tOmbudsman nach gá go gceanglaítear le treoir a thrasuíomh sa dlí náisiúnta go ndéanfaí forálacha na treorach a achtú sa fhriotal díreach céanna mar fhoráil shainráite dlí de chuid an dlí náisiúnta, óir d'fhéadfadh go mba leor an comhthéacs ginearálta dlí má chinntítear leis dáiríre go gcuirtear an treoir i bhfeidhm go hiomlán ar bhealach beacht soiléir.

Tá áirithe ag an Ombudsman gur beag nach ionann Alt 22 den Treoir agus an fhoráil fhorfheidhmithe maidir leis i ndlí na Spáinne, eadhon, Alt 17 de Reacht 22/1999, ach amháin nach luaitear go sonrach i ndlí na Spáinne cláir lena mbaineann pornagrafaíocht nó foréigean gan ghá. Mar a leagtar amach in anailís an Choimisiúin ar leordóthanacht an trasuímh seo, is cinnte go gcuirfeadh aon chlár lena mbainfeadh pornagrafaíocht nó foréigean gan ghá bac le forbairt mhionaoiseach agus go dtiocfaidís dá réir sin faoi scáth na forála forfheidhmithe sa Spáinn. Nuair a tugadh friotal agus scóip na bhforálacha thuasluaite san áireamh, mheas an tOmbudsman gur chosúil réasún le dearcadh an Choimisiúin. Ba é cinneadh an Ombudsman dá bhrí sin go mba réasúnach de réir dealraimh cinneadh an Choimisiúin gan leanacht ar aghaidh le himeachtaí sáraithe in aghaidh údaráis na Spáinne agus, dá réir sin, críoch a chur leis an ngearán foirmeálta a bhí curtha faoi bhráid ag an ngearánaí.

## SCOR COMHOIBRITHE SHEANBHUNAITHE

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 191/2005/BB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Le 20 bliain bhí EuronAid ("EA"), comhlachas neamhbhrabúis d'eagraíochtaí neamhrialtais, ag eagrú cúnta bhia chomhchineáil i bhfrámaíocht Chláracha Cúnta Bhia agus Sábháilteachta Bia an Choimisiúin. I Meán Fómhair na bliana 2004, chuir an Coimisiún litir chuig EA ag dearbhú nárbh fhéidir leis, de bharr na Rialachán Airgeadais nua[3], aon chonradh nua a dhéanamh leis an EA ar bhonn na socruithe seanbhunaithe a bhí eatarthu.

Bhunaigh an Coimisiún an cinneadh seo ar (i) Airteagail 54 agus 57 den Rialachán Airgeadais agus (ii) Airteagail 110 agus 89 den Rialachán Airgeadais agus ar phrionsabail na follasachta agus na saoriomaíochta. Chuir an gearánaí in aghaidh na réasúnaíochta seo. Ach níor chuir sé ach in aghaidh ábhair (i) agus ní dhearna aon agóid faoi leith in aghaidh ábhair (ii). Dúirt an tOmbudsman gur bunús leithleach dóthanach neamhspleách iad na prionsabail agus na rialacha a rialaíonn dámhachtain deontas nó conarthaí seirbhíse poiblí don chinneadh a ndearnadh agóid ina aghaidh,

3 Rialachán na Comhairle (CE, Euratom) Uimh 1605/2002 25 Meitheamh 2002 ar an Rialachán Airgeadais a bhaineann le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach; IO 2002 L 248, l. 1.

gan dearmad a dhéanamh gur chosúil go raibh an comhoibriú a bhí ann idir an Coimisiún agus EA sular tháinig an Rialachán Airgeadais i bhfeidhm bunaithe ar dhámhachtain dhíreach na ndeontas agus na gconarthaí seirbhíse poiblí. Go deimhin, fiú amháin dá nglacfaí leis, mar a d'áitigh EA, gurbh éard a bhí sna tascanna a rinne EA i gcomhthéacs an chomhoibrithe a bhí roimhe seo ann leis an gCoimisiún *"tascanna a bhain le saineolas teicniúil nó tascanna riaracháin, ullmhúcháin nó cúntacha nach raibh feidhmiú an údaráis phoiblí ná úsáid cumhachtaí breithe lánroghnacha i gceist iontu"* de réir Airteagail 57(2) den Rialachán Airgeadais, ní fhéadfaí ar aon nós tascanna a leagan ar EA beag beann ar phrionsabail agus ar rialacha an Chomhphobail faoi dhámhachtain deontas agus conarthaí seirbhíse poiblí. Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh drochriarachán ann.

## ROGHNÚ SAINEOLAITHE DE RÉIR AN SÉÚ CLÁR RÉIME

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 552/2005/SAB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'áitigh an gearánaí gur sháraigh Ard-Rúnaíocht Taighde an Choimisiúin prionsabail an dea-riaracháin nuair a roghnaigh sí na saineolaithe céanna le cabhrú léi na tairisceana a rinneadh faoin Séú Clár Réime a mheas agus a d'fhostaigh sí roimhe seo. Tar éis don Choimisiún a mhíniú, sa Tuairim aige, gur úsáid sé, ag roghnú na saineolaithe dó, prionsabal uainíochta speisialta a bhí leagtha amach i dTreoirlínte an Choimisiúin ar Mheasúnú Tairiscintí agus ar Ghnáthaimh Roghnaithe[4] agus a shonraigh go gcaithfí ar a laghad 25% de na saineolaithe a athrú gach bliain fhéilire, rinne an gearánaí agóid in aghaidh an chuóta seo.

Dúirt an tOmbudsman gur ceapadh na gnáthaimh mheasúnaithe a bhíothas a mholadh, de réir Threoirlínte an Choimisiúin, le go gcuirfí i gcrích chomh luath agus ab fhéidir iad ach gan faillí a dhéanamh i gcáilíocht an mheasúnaithe. Is é an aidhm a bhí ag an gcuóta a leag an Coimisiún amach cothromaíocht chuí a choinneáil idir saineolaithe nua a roghnú agus an leas dlisteanach a bhí ann saineolaithe cleachtacha ardcháilithe a choinneáil. Dúirt an tOmbudsman freisin gur chosúil gurbh é an toradh a bhí ar an sean-nós an tríú cuid de na saineolaithe a athrú, go raibh fadhbanna suntasacha ag an gCoimisiún a dhóthain saineolaithe a fháil agus mar sin gur ghlac sé leis an gcuóta a rabhthas a chur ina aghaidh tar éis na mblianta cleachta agus comhairle a ghlacadh go forleathan. Mheas an tOmbudsman go raibh na cúiseanna oibiachtúla sin ábhartha agus dlisteanach agus chinn sé nár cruthaíodh gur sháraigh an Coimisiún teoireannacha na gcumhachtaí lánroghnacha aige. Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh drochriarachán ann.

## CISTE MAIDIR LE hOBAIR CHAIGHDEÁNAITHE A CHUR AR CEAL

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1252/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

I gcomhaontú a síníodh i 1991, gheall an Coimisiún cúnamh airgid a thabhairt don "*Comité Européen de Normalisation*" (CEN) maidir le caighdeáin Eorpacha áirithe a dhréachtadh. Ceapadh an gearánaí, saineolaí ón nGearmáin, ina cheannasaí tionscadail ag ceann de fho-chonraitheoirí CEN chun tástálacha áirithe a dhéanamh maidir le caighdeán Eorpach.

I mBealtaine/Meitheamh 2002, shínigh an Coimisiún agus CEN aguisín leis an gcomhaontú ag cur críoch le maoiniú an togra.

D'áitigh an gearánaí go raibh cinneadh an Choimisiúin an maoiniú a chur ar ceal mícheart agus éagórach. D'áitigh sé gur cheart don Choimisiún an tsuim a bhí ag seasamh amach do CEN a chur ar aghaidh ionas go bhféadfaí na comhlachtaí agus na daoine a bhí i gceist a íoc as a gcuid oibre.

Luaigh an Coimisiún go raibh an dul chun cinn san obair chaighdeánaithe mall agus míshásúil i gcás roinnt comhaontuithe. De réir phrionsabal na bainistíochta stuama ar airgead, bhí críoch curtha

4 COM C/2003/883.

aige dá bhrí sin leis na comhaontuithe sin i gcomhairle leis na conraitheoirí. Ní raibh freagracht ar an gCoimisiún maidir le haon chomhaontuithe fo-chonraitheoireachta. Bhí CEN sa chás agus go bhféadfadh an forceannadh beartaithe a bheith curtha in iúl aige do gach gníomhaí a raibh páirt acu san obair agus aon iarratais eile ar íocaíocht a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin aige roimh fhorceannadh an chomhaontaithe. Ba é tuairim an Choimisiúin go raibh na dualgais a bhí air faoin dlí sásaithe go hiomlán aige.

Thug an tOmbudsman cuireadh don Choimisiún tuairim a chur ar fáil chomh maith maidir le líomhain an ghearánaí go raibh an cinneadh éagórach. Sa chomhthéacs sin, d'áirigh an tOmbudsman nár luadh sa chomhfhreagras a bhain le hábhar an raibh rabhadh roimh ré tugtha ag an gCoimisiún go raibh beartaithe an comhaontú a fhorceannadh.

Luaigh an Coimisiún go raibh soiléir ó mhiontuairiscí chruinnithe idir é agus na conraitheoirí go bhféadfadh an Coimisiún an maoiniú a chur ar ceal tráth ar bith sa chás nach rabhthas ag teacht leis na tráthchláir aontaithe. Ní raibh aon cheist ann maidir le fáth go dtabharfaí aon rabhadh seachas sin do CEN. Maidir le ceist faoi éagóir ar an ngearánaí, d'áitigh an Coimisiún go láidir nach raibh aon cheangal conartha riamh idir eisean agus an Coimisiún.

Maidir leis an líomhain ón ngearánaí go raibh cinneadh an Choimisiúin mídhleathach, tá áirithe ag an Ombudsman nach ndearnadh an gearánaí aighneas in aghaidh argóint an Choimisiúin gur le comhaontú i bpáirt a rinne an CEN agus an Coimisiún an comhaontú a fhorceannadh. Bhí sé den tuairim nach raibh ábhar na líomhna curtha ó amhras ag an ngearánaí.

Maidir leis an éagóir a luadh, tá áirithe ag an Ombudsman go raibh a chuid oibre tugtha chun críche ag an ngearánaí faoin am ar cinneadh an maoiniú a chur ar ceal. Bhí le tuiscint mar sin go raibh sé míshásta le cinneadh an Choimisiúin. Ina dhiaidh sin féin, bhí réasún de réir dealraimh le hargóint an Choimisiúin nach raibh aon chúis rabhadh breise a thabhairt. Mheas an tOmbudsman nach bhféadfaí freagracht a chur ar an gCoimisiún maidir le cinneadh CEN gan iarratas a chur isteach ar íocaíocht maidir le hobair an ghearánaí. Cuireadh clabhsúr leis an gcás le cinneadh nár tharla drochriarachán.

## SÁRÚ LÍOMHANTA AR CHEARTA MAOINE INTLEACHTA I LEITH FHEIDHMCHLÁIR AISTRIÚCHÁIN

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2601/2005/ID in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Líomhnaigh an gearánaí, cuideachta den ainm SYSTRAN, ar an gCoimisiún go rabhthas ag sárú a cuid cearta maoine maidir le feidhmchlár aistriúcháin uathoibríoch. De réir an ghearánaí, bhí ceangailte ar an gCoimisiún de bharr na gceart sin údarú an ghearánaí a fháil roimh ré sula ndearnaddh athruithe áirithe ar an bhfeidhmchlár a raibh forbairt déanta air ar bhonn roinnt conarthaí leis an gCoimisiún.

Níor chuir an Coimisiún in aghaidh chearta maoine intleachta a bheith ag SYSTRAN ar an gclár, ach ina ionad sin, luadh amhras maidir le *scóip* agus *fairsinge* na gcearta sin. Áitíodh, go bunúsach, gur ar an ngearánaí a bhí an dualgas cruthúnais maidir lena chruthú gur tharla dáiríre sárú ar na cearta maoine intleachta a bhí i gceist agus gur cheart don ghearánaí ar an gcéad dul síos bunús faoin dlí agus i gconarthaí leis na cearta sin a chruthú.

D'áirigh an tOmbudsman go bhféadfadh gnéithe dlí de chosaint chirt ar nós an chinn a bhí á agairt ag an ngearánaí bheith ag brath ar an reachtaíocht infheidhme agus ar chineál na gceangal chonartha a bhí idir na páirtithe de réir na reachtaíochta céanna. Sa chás áirithe seo, ní raibh luaite ag an ngearánaí ach go raibh aitheantas dá cheart faoi Threoir 91/250/CCE maidir le cosaint dlí d'fheidhmchláir ríomhaireachta[5] agus faoi reachtaíocht náisiúnta na mBallstát ina hiomláine, go

5 Treoir 91/250/CCE ón gComhairle an 14 Bealtaine 1991 maidir le cosaint fheidhmchlár ríomhaireachta faoin dlí, IO 1991 L 122, l. 42.

háirithe reachtaíocht náisiúnta na Fraince, na Beilge agus Lucsamburg. Ina dhiaidh sin féin, ní dhearnadh tagairt d'aon fhoráil ar leith de chuid na Treorach (atá dírithe ar na Ballstáit seachas ar an gComhphobal ná ar a chuid institiúidí) ná de chuid na reachtaíochta náisiúnta infheidhme, agus níor soiléiríodh fiú amháin cén reachtaíocht náisiúnta a mba cheart feidhm léi sa chás agus an chúis leis sin. Anuas air sin, ar an ngearánaí a bhí an dualgas an bunús faoin dlí leis an gceart, ar tharla an sárú líomhanta air, a shonrú agus a chruthú agus ní dhearnadh sin. Chinn an tOmbudsman dá bhrí sin nach raibh cruthaithe ag an ngearánaí gur tharla an sárú a líomhnaíodh.

Chuir an tOmbudsman clabhsúr leis an gcás trí chuireadh a thabhairt don ghearánaí agus don Choimisiún smaoineamh ar an aighneas a chur faoi bhráid lucht idirghabhálaíochta lena bhféadfadh go dtiocfadh na páirtithe le chéile, le cúnamh ó idirghabhálaí, ar réiteach sásúil ar an bhfadhb, nó, ar a laghad, go sonrófaí, le cruinneas agus soiléire leordóthanach, na ceisteanna dlí, fíorasacha agus teicniúla a bhaineann leis an aighneas sula gcuirfí an cás faoi bhráid chúirt dlí nó chomhlacht eadráin.

## 3.1.3 Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach

### FÓGRA CONARTHA DO SHEIRBHÍSÍ AISTRIÚCHÁIN

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2523/2005/TN in aghaidh Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach*

Bhain an gearán le fógra conartha, arna fhoilsiú ag an gCúirt, faoi chonarthaí réime chun téacsanna dlí a aistriú. Ba ghníomhaireacht aistriúcháin as an tSualainn é an gearánaí, ar tugadh cuireadh dó forthairiscint a chur isteach, tar éis dó iarratas a dhéanamh ar a bheith páirteach. Ach bhí riachtanas freisin sa chuireadh seo nár luadh san fhógra conartha tosaigh, is é sin, go gcaithfeadh na haistritheoirí, mar chuid den tairiscint, aistriúchán trialach a chur isteach do gach péire teanga laistigh de 37 lá. Toisc an t-aistritheoir do na péirí teanga Béarla-Sualainnis agus Sualainnis-Béarla a bheith ar saoire go ceann 35 lá nuair a fuair sé an cuireadh, ní raibh ar chumas an ghearánaí an riachtanas seo a chomhlíonadh.

Dar leis an ngearánaí, ba cheart go léireofaí na riachtanais go léir a bhain leis an ngnáthamh conarthach san fhógra conartha agus b'éagórach mar a d'athraigh an Chúirt na coinníollacha i rith an ghnáthaimh féin.

Mhaigh an Chúirt go ndearna sí beart de réir na rialacha a bhí i bhfeidhm, go háirithe Treoir 92/50[6] faoi chomhordú na ngnáthamh a bhain le dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí.

Toisc nár chosúil go raibh an gearánaí ag cur in aghaidh na rialacha a lean an Chúirt, mheas an tOmbudsman nár mhiste an cás a scrúdú i gcomhthéacs Treorach 92/50. Thabharfadh Airteagal 32(3) de Threoir 92/50 le tuiscint gur leor riachtanais áirithe i dtaobh faisnéise a shonrú sa chuireadh chun forthairiscint a chur isteach, agus nár ghá iad a lua roimh ré san fhógra conartha. Mheas an tOmbudsman gur thacaigh Airteagal 19(2)(d) leis an mbreith seo, mar forálann sé go gcaithfidh an litir a thugann cuireadh don iarrthóir an fhorthairiscint a chur isteach a rá freisin cén cháipéis eile a chaithfidh sé a chur i gcruthúnas ar na ráitis a rinne sé nó mar fhorlíonadh ar an bhfaisnéis a thug sé cheana. Mheas an tOmbudsman gurbh ionann aistriúchán trialach agus faisnéis bhreise den sórt agus nárbh amhlaidh a d'athraigh an Chúirt na coinníollacha i rith an ghnáthaimh. Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh drochriarachán ann.

6 Treoir 92/50/EEC ón gComhairle dar dáta 18 Meitheamh 1992 ag baint le comhordú na ngnáthamh a rialaíonn dámhachtain conarthaí seirbhíse poiblí, IO 1992 L 209, l. 1. Níl feidhm níos mó ag an Treoir seo ach bhí nuair a foilsíodh an fógra.

## 3.1.4 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra

### MEASTÓIREACHT MHÍCHRUINN A MAÍODH A RINNEADH AR THRIALACHA COMÓRTAIS

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1217/2004/OV (faoi rún) in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Dúradh leis an ngearánaí, a bhí tar éis páirt a ghlacadh i Comórtas Oscailte COM/A/9/01 a d'eagraigh EPSO nach raibh sé i measc an 200 iarrthóir a fuair na mairc ab fhearr do thriail scríofa e) agus do thriail bhéil f). Scríobh sé chuig EPSO ag iarraidh go n-athbhreithneofaí a chuid torthaí mar, de bharr an ullmhúcháin mhóir a rinne sé do na trialacha, na scileanna teanga agus an chleachta bhí aige sa réimse sin, bhí sé dearfa go ndearnadh dearmaid sa mharcáil. Chuir sé pacáiste chuig EPSO freisin ina raibh CD fuaime agus "trascríobh" ceithre leathanach ar a scrúdú béil mar chruthú gur fhreagair sé i gceart é. Sheas an Bord Roghnaithe lena chinneadh. Rinne an gearánaí achomharc faoi Airteagal 90(2) de na Rialacha Foirne, ar fhreagair an tÚdarás Ceapacháin air ar 2 Márta 2004. Ach ní bhfuair an t-iarrthóir aistriúchán ar an gcinneadh ina theanga mháthartha, an Ollainnis.

Chuir an gearán a rinneadh leis an Ombudsman in aghaidh mheastóireacht an Bhoird Roghnaithe ar thrialacha an ghearánaí agus mhaigh sé nár chuir an Bord san áireamh an fhianaise a sholáthraigh an gearánaí ná nár chuir sé aon chúis lena chuid freagraí. Mhaigh an gearánaí freisin nár chloígh EPSO leis na spriocdhátaí agus é ag tabhairt freagra ar a achomharc faoi Airteagal 90(2) agus ghearán sé nár thug sé freagra air in Ollainnis.

Ina gComhthuairim, dúirt an Coimisiún agus EPSO go raibh an mheastóireacht bunaithe ar an gcomparáid agus d'áitigh siad nach raibh aon bhaint ag na cáipéisí sa phacáiste a sheol an gearánaí le hathscrúdú a dhéanamh ar a chuid trialacha. Dúirt EPSO freisin gur cuireadh freagra in Ollainnis ar an achomharc faoi Airteagal 90(2) chuig an ngearánaí ar 1 Meitheamh 2004 agus gurbh oth leis an mhoill.

Mar fhreagra ar cheisteanna eile, rinne EPSO idirdhealú idir *obair riaracháin* den sórt a dhéanann foireann EPSO, mar ar féidir cás drochriaracháin a aithint, agus *na cinntí arna nglacadh ag an mBord Roghnaithe*, nach féidir ach le Binse na Seirbhíse Poiblí iad a athbhreithniú.

Ina bhreith dúirt an tOmbudsman, ag tagairt dó do chásdlí na Cúirte Breithiúnais, gur féidir leis an Ombudsman freisin dlíthiúlacht chinntí an Bhoird a scrúdú, arb é an tÚdarás Ceapacháin, áfach, atá freagrach sa deireadh astu.

Maidir le meastóireacht thrialacha an iarrthóra, chinn an tOmbudsman nach raibh aon dearmad follasach i mbreithmheas an Bhoird agus gur thug sé údar réasúnta lena chinneadh. Mheas an tOmbudsman freisin nach raibh aon tábhacht le "trascríobh" na trialach béil maidir le meastóireacht an Bhoird ar obair an ghearánaí, toisc é a bheith bunaithe ar an gcuimhne a bhí ag an ngearánaí féin ar an triail.

Maidir leis an bhfreagra ar achomharc an ghearánaí faoi Airteagal 90, chinn an tOmbudsman, mar go ndúirt EPSO go raibh aiféala air faoin moill a bhain lena fhreagra agus leis an aistriúchán go hOllainnis, nár ghá fiosrúcháin eile a dhéanamh. Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise ag iarraidh ar an Údarás Ceapacháin freagra sealadach a thabhairt más dóigh leis nach gcuirfear an freagra ach tar éis don sprioc-am ceithre mhí a bheith caite.

## DAOINE A CHOSC AR SCRÚDÚ ROGHNAITHE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1482/2005/MHZ in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Cuireadh an gearán faoi bhráid thar ceann Chumann Céimithe na Scoile Náisiúnta Riaracháin Phoiblí maidir leis an gComórtas Oscailte EPSO/A/8/03 do riarthóirí cúnta (saoránaigh de chuid na Polainne) i réimse na hInniúchóireachta.

Rinneadh roinnt iarrthóirí Polannacha a bhí ainmnithe ina n-iniúchóirí stáit ag an gComhlachas Uachtarach Rialaithe sa Pholainn ("an Comhlachas Rialaithe"), tar éis dul go sásúil faoin scrúdú cuí agus dul faoi oiliúint shainiúil san iniúchóireacht, a chosc ar dul sa chomórtas ar an bhforas nach in ábhar cuí a bhí an chéim ollscoile acu agus nach raibh an cháilíocht ghairmiúil a bhí acu ar leibhéal sách ard chun go mba é a comhionann é.

D'áitigh an gearánaí gur theip ar an mBord Roghnaithe córas na Polainne maidir le hiniúchóirí a oiliúint a thabhairt san áireamh agus go raibh measúnú éagórach déanta ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí Polannacha dá bharr sin. Éilíodh chomh maith gur cheart d'EPSO comórtas nua a bhféadfadh na hiarrthóirí as an bPolainn páirt a ghlacadh ann a chur ar bun ar an toirt i réimse na hiniúchóireachta.

Thug EPSO le fios nach cúng an réimse ina bhféadann an Bord socrú ar togra maidir le measúnú ar cháilíocht iarrthóirí agus gur de réir na gcoinníollacha a luaitear san Fhógra Comórtais a dhéantar measúnú den chineál sin. D'áirigh EPSO chomh maith go raibh dhá chomórtas nua (EPSO/AD/23-24/05) curtha ar bun i réimse na hiniúchóireacha aige a bhféadfaí iarrthóirí a ligean isteach orthu nach raibh céim acu i réimse ábhair a bhain leis na dualgais áirithe sin ar bhonn cáilíochta eile a bhain leis na dualgais.

Bhí an tOmbudsman den tuairim go raibh easpa tuisceana maidir leis an gcóras oideachais san iniúchóireacht sa Pholainn i gceist nuair a rinne EPSO Fógra Comórtais a dhréachtadh, ach gurbh chosúil go raibh an tairbhe chuí bainte aige as an eolas breise a bhí curtha os a chomhair ag an ngearánaí agus na fógraí do na comórtais nua á ndréachtadh. D'áirigh an tOmbudsman chomh maith gur chosúil go raibh na hiarrthóirí ar diúltaíodh dá gcuid iarratas i dteideal páirt a ghlacadh sna comórtais nua agus go raibh sé déanta soiléir ag an ngearánaí nár fhéach sé leis an gcomórtas atá faoi chaibidil a chur ar neamhní.

Chinn an tOmbudsman nach raibh gá le breis fiosrúcháin maidir leis an ngearán agus cuireadh clabhsúr leis an gcás.

## OIBLEAGÁID GAN CUR ISTEACH ACH AR CHEANN AMHÁIN DE THRÍ CHOMÓRTAS CHOMHUAINEACHA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2616/2005/SAB in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

D'fhoilsigh EPSO fógraí faoi thrí chomórtas do riarthóirí teanga, ag rá leis na hiarrthóirí go bhféadfaí na comórtais seo a eagrú ag an am céanna agus nár cheart dóibh cur isteach ach ar cheann amháin díobh. Chuir an gearánaí in aghaidh an tsriain seo agus d'éiligh an ceart cur isteach ar gach ceann de na trí cinn.

D'áitigh EPSO gur eagraigh sé na trialacha ag an am céanna ar ábhair a bhain leis na sriantachtaí ama a bhainistiú mar ab fhearr agus leis an gcostas a bhain le gnáthaimh earcaíochta nuair a bhí líon mór iarrthóirí i gceist.

Dar leis an Ombudsman, bhí míniú EPSO réasúnta toisc é a bheith dlisteanach an t-am a bhainistiú go maith agus leas réasúnach a bhaint as na hacmhainní airgeadais. Tharraingeodh an réiteach eile, is é sin iallach a chur ar EPSO trialacha na gcomórtas a eagrú ina gceann agus ina gceann le

ligean do na hiarrthóirí páirt a ghlacadh i ngach comórtas, deacrachtaí as cuimse don riarachán agus chuirfeadh sé moill dhochosanta ar na hinstitiúidí agus ar na hiarrthóirí eile. Agus é seo a bheith mar atá agus mar gur eagraíodh trialacha na gcomórtas sa chás seo ar an lá céanna, chinn an tOmbudsman nár cruthaíodh gur sháraigh EPSO teoireannacha na gcumhachtaí lánroghnacha aige nuair nár lig sé do na hiarrthóirí cur isteach ach ar cheann amháin de na comórtais. Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh drochriarachán ann.

Mar sin féin, mheas an tOmbudsman nár cheart de ghnáth go gcrosfadh EPSO ar na hiarrthóirí cur isteach ar níos mó ná aon chomórtas comhuaineach amháin mura bhfuil sé cinnte dearfa go n-eagrófar na comórtais ag an am céanna. Rinne sé ráiteas breise á chur seo in iúl.

## MEASTÓIREACHT AR FHREAGRA IARRTHÓRA AR CHEIST TRIALACH

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3389/2005/WP in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Ghlac an gearánaí páirt i gcomórtas oscailte do léitheoirí profaí Gearmáinise. Bhí an cheist seo i measc na gceisteanna sa triail: "*Cad is ciall do "réamhleathanaigh? (a) an chuid sin den leabhar roimh an téacs; (b) an leabharliosta; (c) an príomhtheideal mar aon leis an bhfotheideal a fhreagraíonn dó; (d) ceann ar bith díobh seo.*" Freagra (d) a roghnaigh an gearánaí. Ach de réir liosta na bhfreagraí cearta, ba é freagra (a) an ceann ceart.

Ina ghearán leis an Ombudsman, mhaigh an gearánaí go raibh seachrán ar an mBord Roghnaithe nuair a mheas siad go raibh a fhreagra mícheart. D'áitigh sé gurbh éard a bhí sna réamhleathanaigh *ní hamháin* an chuid sin den leabhar a thagann roimh an téacs ach uaireanta freisin na leathanaigh bhána nó an pictiúr den údar a thagann ina dhiaidh. Thagair an gearánaí freisin don sainmhíniú foclóra seo: "*Is éard atá sna réamhleathanaigh leathanaigh an leabhair a thagann roimh an téacs féin, ar nós an inphrionta. (...) Uaireanta sna leabhair ag foilsitheoirí áirithe, tagann an t-inphrionta ag an deireadh.*"

Sa Tuairim aige, d'áitigh EPSO go mbíonn cumhachtaí leathna lánroghnacha ag Bord Roghnaithe agus nach gcaithfidh sé a mhíniú cén fáth go díreach a mheas sé nach raibh freagra an iarrthóra sásúil ná aon mhionfhaisnéis a thabhairt faoin meastóireacht. Mar sin féin, dúirt EPSO leis an Ombudsman, tar éis dó cás an ghearánaí a athbhreithniú, gur mheas an Bord Roghnaithe gurbh amhlaidh a dheimhnigh an gearánaí, sa tagairt a rinne sé don sainmhíniú foclóra, áit ghinearálta na réamhleathanach sa leabhar. Mar sin b'fhollas dó féin fiú amháin nach bhféadfadh freagra (a) a bheith mícheart. Dá réir sin níorbh fhéidir a mheas go raibh freagra (d) ceart. Dar le EPSO, níor éirigh leis an ngearánaí a chruthú nárbh fhéidir an freagra ceart a fháil ar an gceist a cuireadh.

Ag leanúint na gcritéar a chuireann Cúirteanna an Chomhphobail i bhfeidhm i gcúrsaí earcaíochta, ar cuid suntasach díobh cumhachtaí leathna lánroghnacha an Bhoird, rinne an tOmbudsman iarracht a dheimhniú an raibh dearmad follasach i meastóireacht an Bhoird. Ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil don Ombudsman, ba chosúil, mar shampla, go gcuirtear an t-inphrionta, ar cuid de na réamhleathanaigh go hiondúil é, ag deireadh an leabhair uaireanta. Thuig an tOmbudsman mar sin cén fáth ar leasc leis na ngearánaí freagra (a) a roghnú. Mar sin féin, dá nglacfaí leis go raibh sainmhíniú an ghearánaí ar "réamhleathanaigh" ceart, dar leis an Ombudsman nach bhféadfadh freagra (d) a bheith ceart mar nach raibh ceist ar bith ann ach gurb ionann "réamhleathanaigh" (*freisin*) agus an chuid sin den leabhar a thagann roimh an téacs, ionas nach bhféadfaí freagra (a) a eisiamh mar fhreagra mícheart.

Ar aon nós, mheas an tOmbudsman nár thaispeáin an gearánaí go raibh dearmad follasach i meastóireacht an Bhoird Roghnaithe. Dhún an tOmbudsman an cás ag cinneadh nach raibh aon dhrochriarachán ann.

## COMÓRTAS OSCAILTE A MAÍODH A EAGRAÍODH GO DONA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 472/2006/DK in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Rinne rannpháirtí i gcomórtas oscailte a d'eagraigh EPSO gearán leis an Ombudsman nach raibh an comórtas sách follasach agus nár eagraíodh go maith é. Mhaigh sé go háirithe nár cloíodh leis na teorainneacha ama i leith clárú do na trialacha roghnaithe.

D'admhaigh EPSO go raibh deacrachtaí ag roinnt iarrthóirí agus iad ag iarraidh clárú do na trialacha, mar go raibh líon mór iarrthóirí ag iarraidh clárú an chéad lá den tréimhse chláraithe agus mar bharr air sin gur tháinig forlódáil ar an gcóras ríomhaireachta. B'éigean d'EPSO dá dheasca córas ciúála a chur ar bun, chun an mhíchaothúlacht a tharraing na deacrachtaí seo a laghdú an oiread agus ab fhéidir. Dúirt sé freisin gur fhoilsigh sé an fhaisnéis chuí ba dhéanaí gan teip ar "Porta" (próifíl ar líne) EPSO, suíomh gréasáin do na hiarrthóirí, agus ar a shuíomh oifigiúil féin.

Tar éis dó a chur san áireamh cén cineál faisnéise a sholáthraigh EPSO ar a shuíomh gréasáin oifigiúil agus ar "Porta" EPSO na n-iarrthóirí, agus chomh tapa is a soláthraíodh an fhaisnéis, chinn an tOmbudsman gur chuir EPSO faisnéis faoi staideanna éagsúla an ghnáthaimh roghnaithe ar fáil do na hiarrthóirí go rialta agus de réir an Ghlao um léiriú spéise. Sa chomhthéacs seo, dúirt an tOmbudsman go ndearna EPSO iarracht, ar mhaithe leis an tseirbhís, na hiarrthóirí a chur ar an eolas faoi na deacrachtaí teicniúla a bhí tar éis teacht ina bhealach agus faoi na hathruithe nár mhór a chur ar eagrú na dtrialacha roghnaithe chun iad seo a shárú. Ina theannta sin, bhí an fhaisnéis a chuir EPSO ar fáil soiléir fónta, mar chuir sé ar chumas aon léitheora réasúnta a thuiscint cén staid den ghnáthamh a bhí le teacht agus cén chuid de a athraíodh. Mheas an tOmbudsman freisin nach bhféadfadh aon choinne a bheith ag EPSO go dtarlódh an fhadhb theicniúil thuasluaite, gur dhéileáil sé leis mar ba cheart, agus, an rud is tábhachtaí, gur chuir sé an hiarrthóirí ar an eolas gan mhoill faoi na hathruithe a bhí le cur dá dheasca sin ar eagrú an chomórtais. Dá réir sin uile, ní bhfuair an tOmbudsman aon bheart drochriaracháin a d'fhreagródh do líomhaintí an ghearánaí.

# 3.1.5 An Banc Eorpach Infheistíochta

## DIÚLTÚ FAISNÉIS A SHOLÁTHAR FAOI MHAOINIÚ A D'FHÉADFAÍ A THABHAIRT DO THIONSCADAL I dTÍR IS IARRTHÓIR

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3501/2004/PB in aghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI)*

Dhiúltaigh an BEI d'iarratas na ngearánaithe (a cuireadh faoina bhráid i 2003) ar fhaisnéis faoi mhaoiniú a d'fhéadfadh sé a dhéanamh ar thionscadal i bPoblacht na Seice, ar an ábhar gur iarr údaráis na Seice air an fhaisnéis a choinneáil faoi rún nó go gceadódh Parlaimint na Seice na hiasachtaí. Mar fhreagra ar ghearán a cuireadh chuige, dúirt an BEI, go ginearálta, gur chloígh an diúltú seo lena pholasaí agus leis na rialacha a bhí i bhfeidhm an uair sin. Níor pléigh an freagra argóint na ngearánaithe, is é sin, mar a dúirt foilseachán de chuid an BEI féin faoin ábhar seo, go gceadófaí an fhollasacht mura gcuirfeadh tionscnóirí an tionscadail ina aghaidh sin, ar ábhair inchosanta a bhain le rúndacht tráchtála/margaíochta.

Mar sin tháinig na gearánaithe ag triall ar an Ombudsman.

I rith fhiosrúchán an Ombudsman, cheartaigh an BEI an fhaillí a rinne sé ar dtús nuair nár pléigh sé argóint na ngearánaithe i dtaobh na follasachta, ag míniú go raibh an leas poiblí i dtreis sa chaidreamh idirnáisiúnta. Mheas an tOmbudsman nárbh aon taca bailí na hargóintí seo do sheasamh an BEI. Ina theannta sin, mheas an tOmbudsman nár ghá don BEI dearbhú scríofa a fháil ó údaráis

Rialtas na Seice go raibh rúndacht ag teastáil go sonrach don tionscadal seo, agus, i gcomhthéacs an fhiosrúcháin a rinne sé, gur sholáthair an BEI a dhóthain faisnéise maidir le hiompraíocht sin údarás na Seice a thug air gan an fhaisnéis áirithe úd a nochtadh.

Dúirt an tOmbudsman gur éiligh prionsabail an dea-riaracháin ar an Riarachán an fhaisnéis a d'iarr na saoránaigh air a chur ar fáil dóibh, mura dtugann sé cúiseanna bailí sásúla a chrosann air é a dhéanamh. Bhí an riachtanas seo le fáil freisin i gcód dea-iompar riaracháin an BEI féin, a dúirt go raibh dualgas ann cúiseanna na gcinntí a thabhairt le fios.

Maidir leis an gcás seo, chinn an tOmbudsman nár taispeánadh gur sháraigh an BEI a rialacha féin faoi chead rochtana ar fhaisnéis. Mar sin féin, d'iarr sé ar an BEI, dá ndiúltódh sé faisnéis a thabhairt arís, míniú réasúnta a thabhairt don duine a d'iarr an fhaisnéis sula ndéanfaí gearán leis an Ombudsman faoi.

## OLAF 3.1.6 An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

### TEIP LÍOMHANTA FREAGRA A THABHAIRT AR IARRATAS MAIDIR LE hEOLAS

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3436/2004/ELB in aghaidh Oifig Fhrith-Chalaoise na hEorpa (OLAF)*

Stiúrthóirí cuideachta na gearánaithe ar roghnaíodh togra dá gcuid (Blue Dragon) chun cistí de chuid an Chomhphobail a thabhairt dó arna mbronnadh faoi thionscnamh LEADER II an Chomhphobail. Nuair a bhí amhras acu gur bhain calaois leis na cistí ar cuireadh isteach orthu thar ceann na cuideachta, rinne siad teagmháil le OLAF. Tar éis na himscrúdaithe, chinn OLAF gur cheart na cistí de chuid an Chomhphobail a íocaíodh a aisghabháil. D'áitigh na gearánaithe gur theip ar OLAF freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuir siadsan ar OLAF maidir leis an imscrúdú faoin togra Blue Dragon.

Sa tuairim uaidh, d'áirigh OLAF gur bhain na ceisteanna a tarraingíodh anuas i litir na ngearánaithe leis na himeachtaí céanna agus an tréimhse céanna ama leo sin ar déileáladh leo i ngearán 1769/2002/(IJH)ELB. I gcomhthéacs an ghearáin sin, chuir OLAF eolas cuimsitheach ar fáil maidir leis na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí. Anuas air sin, bhí an t-ábhar seo, agus na ceisteanna sonracha a tarraingíodh anuas i litir na ngearánaithe, fiosraithe ag Coiste um Rialú Buiséadach Pharlaimint na hEorpa (COCOBU), a raibh eolas mionsonraithe curtha ar fáil dó ag OLAF i scríbhinn agus ó bhéal. B'ualach riaracháin míchuí a bheadh ann a éileamh ar OLAF freagraí mionsonraithe a chur ar fáil arís maidir leis na ceisteanna céanna. Ba é an focal scoir ó OLAF go raibh teorainn curtha dá réir aige leis na haighneachtaí agus gur luadh an áit a raibh freagra tugtha cheana ar gach ceann de na ceisteanna a tarraingíodh anuas i litir na ngearánaithe agus gur cuireadh aon eolas breise a bheadh úsáideach ar fáil.

Mheas an tOmbudsman go raibh na gearánaithe, mar íospartaigh chalaoise líomhanta a rinne gearán leis an OLAF, i dteideal bheith ag súil go mbeadh aird faoi leith ag OLAF ar an tsuim a bheadh acusan eolas a fháil faoi na fiosrúcháin a rinne OLAF maidir leis an gcás. Mheas sé chomh maith, áfach, go bhfuil teorainn le dualgas institiúidí na hEorpa freagra a thabhairt ar iarratais ar eolas faoi Chód Dhea-Iompar Riaracháin na hEorpa. Éilítear go háirithe, ar mhaithe leis an dea-riarachán, go mbeadh an dualgas sin faoi réir ag prionsabal na comhréire, d'fhonn ualach riaracháin míréasúnach a sheachaint. I gcúinsí ar nós chúinsí an cháis faoi chaibidil, nuair a bhí freagraí tugtha cheana féin ag OLAF ar fhiosruithe ón Ombudsman agus COCOBU, mheas an tOmbudsman go bhféadfadh OLAF le réasún freagra a thabhairt ar litir na ngearánaithe trí áiteanna ina raibh freagraí a tugadh cheana ar gach ceann de na ceisteanna a tharraing na gearánaithe anuas a lua. Chonaic an tOmbudsman nach raibh na gearánaithe sásta lena raibh sna freagraí sin. Ina dhiaidh sin féin,

tar éis scrúdú cúramach a dhéanamh ar na ceisteanna agus ar na freagraí, mheas an tOmbudsman nach bhféadfaí líomhain na ngearánaithe gur theip ar OLAF freagra a thabhairt a chosaint.

## 3.2 CÁSANNA A SHOCRAIGH AN INSTITIÚID

### 3.2.1 Parlaimint na hEorpa

#### CEAD TEACHT AR ALT SAN "EP NEWSHOUND"

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1363/2006/MF in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Bhí an gearánaí, oifigeach de chuid Pharlaimint na hEorpa, ag iarraidh alt a léamh faoi pholaitíocht na Spáinne a foilsíodh ar 4 Márta 2006 ar an "EP Newshound" nuachtlitir inmheánach sheachtainiúil Pharlaimint na hEorpa). Ach tarraingíodh siar an t-alt idir an dá linn. Tríd an ríomhphost ar 6 Aibreán 2006, d'iarr an gearánaí ar an tseirbhís a bhí freagrach as an "EP Newshound" cóip den alt a chur chuige. An lá céanna, dúirt an tseirbhís seo leis, mar gur tarraingíodh siar agus gur cealaíodh an t-alt de bharr an tionchair a bhí aige ar an bpobal, nárbh fhéidir a iarratas a shásamh.

Ina ghearán leis an Ombudsman, mhaigh an gearánaí go raibh leatrom agus leithcheal i ndiúltú seo na Parlaiminte cóip den alt a thabhairt dó, agus go raibh a cheart ar shaoirse faisnéise sáraithe.

Dúirt an Pharlaimint leis an Ombudsman go raibh socraithe aici an t-alt a chur go díreach chuig an ngearánaí. Ina dhiaidh sin dúirt an gearánaí leis an Ombudsman go raibh an t-alt faighte aige agus go raibh sé sásta le freagra na Parlaiminte. Ba é breith an Ombudsman gur shocraigh an Pharlaimint an cás.

### 3.2.2 An Coimisiún Eorpach

#### DIÚLTÚ TUARASTAL A BHÍ AG SEASAMH AMACH MAILLE LE hÚS A ÍOC

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 106/2005/TN in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán le loic líomhanta an Choimisiúin tuarastal iníon an ghearánaí a íoc. Iaroifigeach de chuid an Choimisiúin ise ar bhuail tinneas í go gairid tar éis dul i mbun dualgais. Tar éis di bheith tamall ar liosta na n-easlán, d'fhógair an Coimisiún toradh na scrúdaithe míochaine a cuireadh ar iníon an ghearánaí sula ndeachaigh sí i mbun a poist a bheith ó bhail. D'áitigh an Coimisiún gur ghá go raibh tinneas uirthi cheana féin tráth an scrúdaithe míochaine. Tugadh an cás os comhair na Cúirte Céadchéime agus cuireadh cinneadh an Choimisiúin ar neamhní agus athchuireadh an iníon i bpost oifigigh. Ó bhí sí breoite i gcónaí, ní fhéadfadh sí oibriú agus bronnadh pinsean míchumais uirthi ó Shamhain 2002 ar aghaidh. Níor íoc an Coimisiún aon tuarastal le hiníon an ghearánaí i leith na tréimhse Bealtaine 2001 go dtí Deireadh Fómhair 2002, áfach, arna áitiú nach raibh aon fhianaise curtha ar fáil aici a thabharfadh le fios gur mar gheall ar bhreoiteacht a bhí sí as láthair. Rinne iníon an ghearánaí gearán faoin gceist faoi Alt 90(2) Rialacháin na Foirne ach ní bhfuair sí aon fhreagra taobh istigh den tréimhse ama a luaitear de choinníoll. Rinne an gearánaí dá bhrí sin gearán leis an Ombudsman thar ceann a hiníne.

D'áitigh an gearánaí go raibh an t-eolas ba ghá ag an gCoimisiún cheana féin chun a chinneadh go raibh a hiníon breoite le linn na tréimhse faoi chaibidil, ó tharla go raibh measúnú déanta ag Coiste Easláinte an Choimisiúin le linn na tréimhse sin ar éagumas na hiníne fónamh san obair. D'áitigh an gearánaí nach mba réasúnach cinneadh an Choimisiúin tréimhse as láthair na hiníne idir Bealtaine 2001 agus Deireadh Fómhair 2002 a rangú mar neamhláithreacht gan údarás. D'éiligh an gearánaí gur cheart go n-íocfadh an Coimisiún a cuid tuarastail maidir leis an tréimhse faoi chaibidil lena hiníon.

Sa tuairim ón gCoimisiún, míníodh go raibh socraithe aontú leis an ngearán a rinne an iníon faoi Alt 90(2) agus go raibh an tsuim tuarastail a bhí ag seasamh amach maidir leis an tréimhse a bhí i gceist íoctha léi. Ghlac an gearánaí leis go raibh an tuarastal íoctha ach mheas sí go mba díol suntais é nach raibh aon ús íoctha ag an gCoimisiún.

D'áirigh an tOmbudsman nach é amháin gur éiligh iníon an ghearánaí, ina gearán féin faoi Alt 90(2) gur cheart an tsuim tuarastail a bhí ag seasamh amach a íoc, ach gur cheart don Choimisiún ús a íoc chomh maith. Ó tharla go raibh mínithe ag an gCOimisiún sa tuairim uaidh, go raibh socraithe aontú le gearán na hiníne faoi Alt 90(2), chinn an tOmbudsman go mba chuí breis fiosrúcháin a dhéanamh agus fiafraí den Choimisiún cén fáth nár íocaíodh aon ús.

D'admhaigh an Coimisiún sa fhreagra uaidh gur chóir ús a íoc agus chuir an gearánaí in iúl don Ombudsman ina dhiaidh sin go raibh an t-ús a bhí ag seasamh amach íoctha ag an gCoimisiún. Ghlac sí buíochas le seirbhísí an Ombudsman as an gcúnamh ag réiteach an cháis.

## FREAGRA I dTEANGA ÉAGSÚIL AR IARRATAS AR PHOST

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1841/2005/BM in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Sheol an gearánaí iarratas ar phost i Spáinnis chuig Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i mBarcelona ("an Ionadaíocht"). Sheol an Ionadaíocht teachtaireacht ríomhphoist i gCatalóinis ag cur in iúl don ghearánaí nach raibh sé curtha ar an ngearrliosta.

D'áitigh an gearánaí nach raibh cloíte ag an gCoimisiún le hAlt a 21 de Chonradh an CE nuair a freagraíodh a iarratas ar phost i dteanga seachas teanga na bunlitreach uaidhsean agus, chomh maith leis sin, i dteanga nach raibh á thabhairt san áireamh i gConradh an CE.

Mhínigh an Coimisiún gur iondúil an Ionadaíocht ag úsáid an dá theanga oifigiúil sa réigiún, mar a leagtar síos i mBunreacht na Spáinne. Sa chás seo, sheol an Ionadaíocht teachtaireacht ríomhphoist sa Chatalóinis chuig na hiarrthóirí ar fad nár roghnaíodh. B'ábhar aiféala an earráid ag an gCoimisiún, a d'áirigh gur seoladh aistriúchán Spáinnise ar an bhfreagra, maille le leithscéal, chuig an ngearánaí. Dúirt an Coimisiún go raibh an Ionadaíocht dúthrachtach maidir le cinntiú gur sa Spáinnis agus sa Chatalóinis araon a sheolfaí feasta teachtaireachtaí ríomhphoist a bheadh ag dul chuig an iliomad faighteoir.

Chuir an gearánaí in iúl don Ombudsman gur mheas seisean an cás a bheith socraithe agus ghlac sé buíochas leis an Ombudsman agus a chuid seirbhísí as ucht cuidiú le réiteach tairbheach a fháil maidir leis an ngearán.

## RIGHNEAS AG ÍOC DEONTAIS DO NASCADH BAILTE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3172/2005/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'eagraigh údarás áitiúil i mBeirlín na Gearmáine agus a chomhpháirtí i Halton, an Ríocht Aontaithe, clár malartaithe do scoláirí na scoileanna ceoil acu, i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a bhain le nascadh na mbailte. Do thionscadal amháin, a cuireadh ar siúl i Halton i nDeireadh Fómhair na bliana 2004, bhronn an Coimisiún deontas EUR 11 000 nach mór. Ach ghearán an

t-údarás Gearmánach leis an Ombudsman (i) go raibh moill nár bheag ag baint leis an gcaoi ar dhéileáil an Coimisiún leis an iarratas ar mhaoiniú, (ii) nár íoc an Coimisiún a scair féin den deontas agus (iii) gurbh obair in aisce gach iarracht a rinne sé dul i dteagmháil leis an gCoimisiún.

Sa Tuairim aige, ghabh an Coimisiún a leithscéal faoin moill, arbh é an chúis a bhí leis líon as cuimse íocaíochtaí a bheith le déanamh in earnáil an nasctha bhailte agus atheagrú a bheith á chur ar an tseirbhís. Mhínigh sé gur chleacht sé an nós uair amháin, i gcás cruinnithe saoránach den sórt, a scair de na deontais a íoc go díreach leis na bailte arbh aíonna iad. Ach toisc gur éirigh chomh maith sin leis an gclár agus gur mhéadaigh líon na dtionscadal iltaobhach, níorbh fhéidir an córas a riaradh níos mó. Shocraigh an Coimisiún mar sin an córas íocaíochta a shimpliú agus na deontais go léir a íoc leis an mbaile eagraithe, a raibh an cúram air a scair féin den deontas a sheoladh chun an bhaile arbh aoi é. Toisc ualach na hoibre a bheith chomh mór, cuireadh an córas seo i bhfeidhm i 2004, cé gur shonraigh an glao ar thairiscintí go n-íocfaí na bailte ab aíonna go díreach. Chuir an Coimisiún an t-athrú in iúl do na bailte eagraithe agus do phríomheagraíochtaí ionadaíochta na mbailte móra agus na mbardas. Ach ba dheacair gach baile ab aoi a chur ar an eolas ag an am céanna, cé gur admhaigh an Coimisiún go mbeadh sé seo áisiúil dóibh. Maidir leis an tionscadal áirithe seo, bhí an Coimisiún tar éis dul i dteagmháil leis an údarás ba chomhpháirtí i Halton agus a fhreagracht a mheabhrú dó. Ina dhiaidh seo, d'íoc an t-údarás a scair féin den deontas leis an ngearánaí.

B'oth leis an gCoimisiún nár cuireadh an gearánaí ar an eolas mar ba cheart faoin gcóras nua íocaíochta.

Dúirt an gearánaí leis an Ombudsman go raibh an íocaíocht faighte aige agus maidir leis-sean go raibh an cás socraithe. Ghabh sé buíochas leis an Ombudsman faoina ndearna sé. Dhún an tOmbudsman an cás dá réir sin. Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise, ó ba rud é gur dhóichí gur chomhlachtaí ar bheagán acmhainní airgeadais tríd is tríd na hiarrthóirí san earnáil seo, gur cheap sé gurbh fheabhas eile ar chaighdeáin riaracháin an Choimisiúin é dá dtogródh sé ús a íoc ar íocaíochtaí déanacha i gcásanna den sórt.

## 3.2.3 An Coimisiún Eorpach agus an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

### LEITHSCÉAL A GHABHÁIL GAN MHOILL AS DEARMAID

*Achoimre ar na cinntí ar Ghearáin 3297/2006/BU agus 3684/2006/BU*

I bhfreagra a thug sí ar cheist ón ngearánaí, thug an Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach (GCE) an sloinne mícheart air. Toisc nár tháinig ábhar na ceiste faoi raon a húdaráis, d'aistrigh an GCE an cheist chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún admháil go bhfuarthas an cheist chuig an ngearánaí. Ach is i bPolainnis a bhí an admháil cé gur i Slóvaicis a scríobhadh an cheist.

D'iarr an gearánaí cabhair ar an Ombudsman, agus ghlaoigh a chuid seirbhísí-sean ar an GCE agus ar an gCoimisiún d'fhonn an rud a shoiléiriú agus réiteach a fháil a shásódh an gearánaí. Freagraí dearfacha a fuarthas ón GCE agus ón gCoimisiún agus d'aontaigh siad leithscéal a ghabháil gan mhoill leis an ngearánaí. Chuaigh seirbhísí an Ombudsman i dteagmháil ansin leis an ngearánaí, a ghlac leis na leithscéalta go fonnmhar.

Mheas an tOmbudsman gur shocraigh an GCE agus an Coimisiún na gearáin agus ghabh sé buíochas leo as comhoibriú a gcuid seirbhísí.

## 3.2.4 Coiste na Réigiún

### AISÍOC COSTAS TAISTIL D'AGALLAMH FOSTAÍOCHTA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 800/2006/WP in aghaidh Choiste na Réigiún*

I Meán Fómhair na bliana 2005, d'fhreastail an gearánaí ar agallamh fostaíochta ag Coiste na Réigiún, agus ina dhiaidh chuir sé litir chláraithe chuig an gCoiste leis na cáipéisí a theastaigh le haisíoc a fháil dá chuid costas taistil. Toisc nach bhfuair sé freagra, chuaigh sé i dteagmháil leis an gCoiste i mí Nollag 2005. Ar 10 Eanáir 2006, dúirt an Coiste leis nach bhfuair sé na cáipéisí a theastaigh. Ar 14 Eanáir 2006, chuir an gearánaí cóipeanna de na cáipéisí chuig an gCoiste. Dúradh leis nár leor iad don aisíoc.

Sa ghearán a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman i Márta na bliana 2006, mhaigh an gearánaí nach bhfuair sé an íocaíocht fós agus nár fhreagair an Coiste litir mheabhrúcháin a chuir sé i bhFeabhra na bliana 2006. D'áitigh sé gur cheart go n-aisíocfaí a chuid costas taistil, go n-íocfaí ús leis faoin moill agus go gcuirfí feabhas ar ghnáthamh aisíoctha an Choiste.

Sa Tuairim aige, d'áitigh an Coiste nach bhfuair sé litir chláraithe an ghearánaí riamh ach gur chinn sé ar é a aisíoc ar bhunús chóipeanna na gcáipéisí. D'áitigh an Coiste freisin gur socraíodh ar an 2 Márta 2006 mar spriocdháta don aisíocaíocht. Ach mar gheall ar atheagrú inmheánach i rith na tréimhse áirithe sin, ní dearnadh an íocaíocht ach ar an 29 Aibreán 2006. Mar sin d'íoc sé ús leis an ngearánaí. Maidir lenar mhaigh an gearánaí nár mhór feabhas a chur ar an ngnáthamh aisíocaíochta, d'áitigh an Coiste gur thosca eisceachtúla ba bhun leis an moill agus nár ghá athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid gnáthamh.

Dúirt an gearánaí le seirbhísí an Ombudsman go raibh sé sásta leis an gcaoi ar dhéileáil an Coiste leis an gcás sa mhéid is go bhfuair sé an íocaíocht a bhí dlite móide ús. Mar sin féin, níor aontaigh sé le seasamh an Choiste nár ghá feabhas a chur ar a chuid gnáthamh. Mhaigh sé nach ndúirt an Coiste leis nach bhfuair sé na cáipéisí a theastaigh. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Coiste é a chur ar an eolas faoin atheagrú inmheánach a chuir moill ar an íocaíocht. Ar a shon sin, dúirt an gearánaí go bhféadfaí an cás a dhúnadh. Ghabh sé buíochas leis an Ombudsman faoina chúnamh.

Ba é breith an Ombudsman go raibh an gearán socraithe ag an gCoiste chomh fada is a bhain sé leis an aisíocaíocht agus leis an ús. Mheas sé go raibh an gearánaí tar éis scor dá éileamh go gcuirfí feabhas ar ghnáthamh aisíocaíochta an Choiste, agus dhún sé an cás.

Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise, go gcuirfí feabhas breise ar chaighdeáin riaracháin an Choiste dá leanfadh an Coiste comhaid íocaíochta den sórt seo go rialta, agus go háirithe dá rachadh sé i dteagmháil leis na hiarrthóirí i gcás cáipéisí a bheith in easnamh a theastaigh don íocaíocht nó, i gcás moille, dá gcuirfeadh sé na n-iarrthóirí ar an eolas faoi agus faoin gcúis a bhí leis.

# 3.3 RÉITIGH CAIRDIÚLA CURTHA I gCRÍCH AG AN OMBUDSMAN

## 3.3.1 An Coimisiún Eorpach

### LÉIRMHÍNIÚ AR AN TREOIR UM CHOSAINT SONRAÍ I gCOMHTHÉACS GHEARÁIN MAIDIR LENA SÁRÚ

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2467/2004/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne an gearánaí gearán faoi shárú leis an gCoimisiún ag áitiú go mba sárú ar Alt 14(1)(b) de Threoir um Chosaint Sonraí 95/46[7] an CE Acht Clárúcháin Stát Hamburg chomh fada agus gur ceadaíodh leis sonraí pearsanta i seilbh an stáit (agus go háirithe i seilbh an chláraitheora poiblí) a thabhairt don tríú duine nuair *nach gcuirtear* sin in iúl dóibh siúd ar maidir leo na sonraí ná nach dtugtar deis dóibh cur ina aghaidh, *fiú amháin* nuair ba léir go raibh rún ag na tríú daoine sin na sonraí a dhíol chun críche dírmhargaíochta. Dhiúltaigh an Coimisiún den ghearán, arna mheas (i) nach bhféadfaí ceart ar leith aighneas a dhéanamh le gach comhlacht poiblí a fhionnadh ó Alt 14(1)(b) na Treorach; agus (ii) maidir le dírmhargaíocht, is leis an eintiteas a bhfuil i gceist aige na sonraí pearsanta a úsáid chun críche dírmhargaíochta dá chuid féin amháin a bhaineann Alt 14(1)(b) na Treorach agus nach dtagann eintiteas de leithéid chláir phoiblí faoi scáth na catagóire sin.

Chinn an tOmbudsman gur chuir tuiscint an Choimisiúin brí ró-chúng in iúl leis na téarmaí "próiseáil" agus "rialaitheoir", a dtugtar sainmhíniú orthu in Alt 2 na Treorach, agus go raibh teipthe ar an gCoimisiún argóintí inchreidte a raibh bunús leo a chur i láthair maidir lena thuairim nár bhain Alt 14(1)(b) leis na cúinsí a ndearna an gearánaí tagairt dóibh. Rinne an tOmbudsman, dá bhrí sin, moladh maidir le réiteach cairdiúil, trína ndéanfadh an Coimisiún ceist maidir le hathscrúdú a dhéanamh ar an bhfreagra uaidh ar an ngearánaí a mheas.

Ina fhreagra, d'admhaigh an Coimisiún go bhféadfaí a thuiscint go raibh Alt 14(1)(b) na Treorach dírithe ní amháin ar an rún a bhí ag an rialaitheoir ach ar eolas sonrach faoi bheartaíocht próiseála chun críche dírmhargaíochta, de chuid an rialaitheora *nó* de chuid an tríú páirtí. Luaigh an Coimisiún dá réir sin go ndéanfaí ceist léirmhíniú níos uilechuimsithí ar Alt 14(1)(b) a phlé leis na Ballstáit, féachaint leis an gceart ginearálta cur in aghaidh gach beartaíocht próiseála chun críche dírmhargaíochta a chur i bhfeidhm. Phléifeadh an Coimisiún chomh maith, sa chomhthéacs seo le cás na reachtaíochta in Hamburg go sonrach. Bhí fáilte ag an ngearánaí roimh fhreagra an Choimisiúin ar mholadh an Ombudsman maidir le réiteach cairdiúil a mheas sé a bheith sásúil.

[7] Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO 1995 L 281, l. 31. De réir Alt 14(1)(b) na Treorach sin: "*Deonóidh na Ballstáit an ceart d'ábhar na sonraí : (a) ... (b) cur i gcoinne, ... go bpróiseálfaí sonraí pearsanta a bhaineann leis a gceapann an rialtóir go bpróiseálfar iad le haghaidh na margaíochta dírí, nó an ceart go gcuirfí ar an eolas é sula nochtar sonraí pearsanta do thríú páirtithe den chéad uair ... le haghaidh na margaíochta dírí, agus go dtairgfí an ceart go sainráite dó cur in aghaidh ... a leithéide sin de nochtadh...* "

## 3.3.2 An Banc Eorpach Infheistíochta

### DIÚLTÚ FÁIL A BHEITH AR THUARASCÁIL INIÚCHÓIREACHTA - 1

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1776/2005/GG in aghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta*

Go luath sna 1990aidí, bhí páirt ag dhá chuideachta ón ngrúpa amháin i dtogra hiodrachumhachta i Lesotho, a raibh cistí de chuid an AE mar chúnamh taca leis, cistí arna gcur ar fáil ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) ina measc. Tar éis cás breabaireachta a bhain le comhairleoir áitiúil a bhí fostaithe ag na cuideachtaí, rinne an BEI iniúchóireacht a raibh tuarascáil mar gheall air sa bhliain 2000. Bunaithe ar chinntí sa tuarascáil sin, chuir Oifig Frith-Chalaoise na hEorpa (OLAF) deireadh le himscrúdú dá chuid ar an gceist chéanna. Sa bhliain 2003, áfach, de bhun eolas nua, chuir OLAF imscrúdú nua ar siúl.

D'iarr an gearánaí, dlíodóir a bhí ag feidhmiú thar ceann chuideachta eile sa ghrúpa céanna, ar an BEI teacht a bheith aige ar thuarascáil a chuid iniúchóireachta. Dhiúltaigh an BEI don iarratas ag déanamh tagairt dá chuid "Rialacha maidir le Teacht Poiblí ar Cháipéisí", a luaitear ann "diúltófar teacht a bheith ar iomlán nó ar chuid de cháipéis nuair a mhaolófaí lena léiriú an chosaint ag (...) cuspóir le scrúduithe, imscrúduithe agus iniúchóireacht".

Sa ghearán a rinne sé leis an Ombudsman, bhí de chás ag an ngearánaí nach bhféadfaí léamh chomh ginearálta a thabhairt ar an bhforáil sin agus go dtiocfadh imscrúduithe a bhí tugtha chun críche cheana féin faoina scáth. Ar aon chuma, ní raibh an chosaint dlisteanach feasta mar gheall ar ábhar na cáipéise faoi chaibidil. Bhí béim aige ar a thábhachtaí a bhí sé tuiscint a fháil ar an bhfianaise nua a d'fhág gur measadh gur cheart imscrúdú OLAF a athoscailt, d'fhonn cuidiú leis na cuideachtaí iad féin a chosaint.

Sheas an BEI leis an tuairim nach bhféadfaí cead a thabhairt an cháipéis a bhreathnú.

D'áirigh an tOmbudsman nach mba léir ar an toirt aon chúis go maolófaí le foilsiú na tuarascála ar an gcosaint ag an gcuspóir le haon scrúduithe, imscrúduithe ná iniúchóireacht, sean ná nua, ó tharla gur chinn OLAF deireadh a chur leis an gcéad imscrúdú dá chuid féin i bhfianaise chinntí na tuarascála agus ó tharla gur chosúil gur ceithre bliana sular iarraidh cead a léamh a rinneadh an tuarascáil a dhréachtadh. Anuas air sin, níor thug an BEI faoi mheas an bhféadfaí cead teoranta a thabhairt. Chuir an tOmbudsman dá réir sin moladh maidir le réiteach cairdiúil chuig an EIB ag iarraidh go ndéanfaí iarratas an ghearánaí a mheas arís.

Sa fhreagra ón BEI, míníodh nach bhféadfaí smaoineamh ar fhoilsiú iomlán. Ina dhiaidh sin féin, tar éis an cás a mheas agus le dea-mhéin comhoibrithe, d'fhéadfaí fáil a bheith go poiblí ar shleachta áirithe (a bhí leis an bhfreagra faoi iamh). Anuas air sin, ligfí don ghearánaí, mar bheart eisceachtúil, teacht a bheith go príobháideach aige ar shleachta áirithe eile.

Chuir an gearánaí in iúl go raibh sé buíoch as an deis a bhí á thabhairt dó. Ba chúis áthais don Ombudsman a thabhairt faoi deara go rabhthas tagtha ar réiteach cairdiúil. Bhí fáilte aige roimh an modh tairbheach comhoibre a bhí ag an BEI ag cur chuig an gcás seo agus tá áirithe aige go bhféadfadh an bealach nuála inar shásaigh an BEI iarratas an ghearánaí maidir le teacht ar eolas agus ar cosnaíodh an tráth céanna leasa dlisteanacha an tríú páirtí bheidh ina shampla teagaisc maidir le cásanna eile feasta.

## 3.3.3 Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa

### AISGHABHÁIL LIÚNTAS BUNAITHE A ÍOCADH I RITH TRÉIMHSE PROMHAIDH

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1729/2005/JF (faoi rún) in aghaidh Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (GSEE)*

B'fhostaí sealadach é an gearánaí ar fhoireann GSEE agus chaith sé tréimhse phromhaidh sé mhí a dhéanamh, ar dtús sa Bhruiséil agus ansin i Köln.

Roimh dheireadh na tréimhse promhaidh, dúirt GSEE leis an ngearánaí nár daingníodh a chonradh fostaíochta. Níos déanaí an mhí sin, d'iarr GSEE air na liúntais bhunaithe a íocadh leis cheana a aisíoc.

Mhaigh an gearánaí go raibh beart GSEE mírialta agus in aghaidh an cheartais aiceanta. D'áitigh sé gur go haontaobhach agus dá ainneoin a cuireadh críoch lena fhostaíocht agus gur thabhaigh sé costais ábharacha nuair a d'aistrigh sé dhá uair taobh istigh de chúpla mí.

D'áitigh GSEE, go hachomair, nach bhfuair ball foirne sealadach an ceart ar an liúntas bunaithe ach tar éis dó an tréimhse phromhaidh a dhéanamh go sásúil. Dúirt sí freisin gur shínigh an gearánaí dhá dhearbhú a chuir in iúl dó gur mar réamhíocaíocht a tugadh an liúntas bunaithe, faoi réir ag aisíoc mura ndéanfaí buan an té a fuair. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht leasaigh GSEE an fhoirm dhearbhaithe don liúntas d'fhonn foirceannadh ainneonach fostaíochta a chur san áireamh. Thuig sí cruachás na mball foirne nuair a chaith siad aistriú ar dtús go dtí an Bhruiséil agus ansin go Köln, ach íocadh gach íocaíocht agus liúntas reachtúil a raibh sé ina dteideal leis an ngearánaí agus mar sin cúitíodh leis na costais ábharacha a thabhaigh sé ag aistriú dó.

Luaigh an tOmbudsman gur íoc GSEE na liúntais bhunaithe leis an ngearánaí roimh dheireadh a thréimhse promhaidh agus mar sin, de réir anailís GSEE féin, nuair nach raibh ceart ar bith aige iad a fháil. Dúirt sé freisin gur admhaigh GSEE nár thagair na dearbhuithe a shínigh an gearánaí dáiríre ach d'oibleagáid na haisíocaíochta i gcás duine éirí as oifig dá dheoin féin agus ní i gcás foirceanta ainneonaigh a chuirfí lena fhostaíocht. Dar leis an Ombudsman, mar sin, thug GSEE faisnéis neamhiomlán, a d'fhéadfadh an gearánaí a chur ar míthreoir. Ainneoin go bhforálann an cásdlí seanbhunaithe go nglacfar leis go bhfuil fios a gceart agus a ndualgas ag na hoifigigh, ní hin le rá go dtig le hinstitiúidí ná le comhlachtaí an Chomhphobail faisnéis mhíthreorach a thabhairt.

Dá réir sin, mhol an tOmbudsman, mar réiteach cairdiúil, go bhféadfadh GSEE aisghabháil cuid de na liúntais bhunaithe ar a laghad a chealú.

Mar fhreagra air seo, dhearbhaigh GSEE arís nach raibh aon dhrochriarachán ann. Mar sin féin "mar gheall ar an gcás a bheith chomh sainiúil sin agus mar gheall ar an ardmheas a bhí aici ar thuairim an Ombudsman", d'aontaigh GSEE leis an réiteach cairdiúil a moladh agus chealaigh sí aisghabháil iomlán na liúntas bunaithe.

# 3.4 CÁSANNA A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL ÓN OMBUDSMAN

## 3.4.1 Parlaimint na hEorpa

### CEAD ROCHTANA AR LIOSTAÍ NA n-IARRTHÓIRÍ I nGNÁTHAMH ROGHNAITHE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1919/2005/GG in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Chuir an gearánaí, oifigeach le Parlaimint na hEorpa, iarratais isteach mar fhreagairt ar thrí fhógra folúntais laistigh den Pharlaimint. Ina dhiaidh sin d'iarr sé cead rochtana ar liostaí na n-iarrthóirí inghlactha sna gnáthaimh roghnaithe seo, arbh oifigigh leis an bParlaimint nó oifigigh ó institiúidí eile de chuid an Chomhphobail gach duine díobh. Thug an Pharlaimint cead rochtana páirteach ar na liostaí. Ach ar na cóipeanna a eisíodh, bhí ainm gach iarrthóra eile seachas an gearánaí scriosta amach. D'áitigh an gearánaí go raibh fabht i dtuairim na Parlaiminte go gcaithfí príobháideacht agus slánchúis na n-iarrthóirí a chosaint de bhun na rialacha ar chosaint sonraí.

D'áitigh an Pharlaimint, dá nochtfaí ainmneacha na n-iarrthóirí eile, go mb'fhéidir go mbeadh fadhbanna gairmréime dá bharr ag na daoine sin, mura bhfaighidís an post áirithe sin, go mór mór maidir le hardú céime níos déanaí. D'áitigh sí ina theannta sin, mar gheall ar an spriocdháta d'iarratais ar chead rochtana ar cháipéisí, nárbh fhéidir fiafraí de na hiarrthóirí uile an n-aontóidís go nochtfaí a n-ainm.

Mar sin féin, dúirt an Pharlaimint go bhféadfadh na trí institiúid lenar bhain an reachtaíocht úd ar chead rochtana ar cháipéisí (an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint féin) comhsheasamh a ghlacadh maidir leis an rochtain ar liostaí iarrthóirí i ngnáthaimh roghnaithe.

D'fháiltigh an tOmbudsman roimh an moladh seo. Maidir leis an gcás a bhí á phlé, mheas sé nár cheart go ndiúltófaí ainm na n-iarrthóirí a nochtadh dá mb'iarrthóirí ó institiúidí nó ó chomhlachtaí de chuid an Chomhphobail a bhí i gceist. Mar go bhforálann na Rialacha Foirne go dtabharfar ardú céime ar an bhfiúntas agus go gceadaíonn siad go sainráite go n-aistreofar oifigigh taobh istigh agus idir na hinstitiúidí, bheadh oifigeach uachtarach ag sárú an dlí dá gcuirfeadh sé aon bhac ar dhuine a chuir isteach ar phost eile roimhe sin. Ina theannta sin, toisc gurb é polasaí aithnidiúil na Parlaiminte an tsoghluaiseacht a chur chun cinn, dúirt an tOmbudsman go mbeadh iontas air dá gcuirfí bac ar aon oifigeach i gcás den sórt.

Chomh maith leis sin, fiú amháin dá bhféadfadh nochtadh seo na liostaí dochar a dhéanamh do phríobháideacht na n-iarrthóirí, mheas an tOmbudsman gur chóir a dtuairim a iarraidh orthu faoi sula gcinnfí ar aon chomhairle. Toisc 35 iarrthóir a bheith ar an liosta agus gur féidir glacadh leis go bhféadfaí dul i dteagmháil leo go léir tríd an ríomhphost, níor léir ar chor ar bith don Ombudsman nárbh fhéidir comhairle a ghlacadh leo roimh an spriocdháta.

Mar sin d'áitigh an tOmbudsman i ndréachtmholadh leis gur chóir don Pharlaimint iarratas an ghearánaí a athbhreithniú. Níor chuir an Pharlaimint an dréachtmholadh seo i bhfeidhm.

Ó ba rud é gur aithin an Pharlaimint gur fadhb é ar a gcaithfí staidéar a dhéanamh agus go raibh an scéal á phlé fós idir na hinstitiúidí, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil. Dúirt sé gur cheart a thuiscint gurbh fhéidir fós an cás a athscrúdú i gcomhthéacs na comhairle ar a gcinnfeadh na hinstitiúidí.



## 3.4.2 Comhairle an Aontais Eorpaigh

### MAR A PLÉADH LE hIARRATAS AR FHAISNÉIS

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 817/2006/TN in aghaidh Chomhairle an Aontais Eorpaigh*

Chuir an gearánaí glaoch gutháin ar an gComhairle ag fiafraí di an raibh oibleagáid uirthi nó caoi aici a taca a chur in iúl don Danmhairg san easaontas a bhí ann idir an tír sin agus roinnt tíortha Moslamacha. D'iarr an gearánaí labhairt le hArd-Ionadaí Chomhpholasaí Eachtrach agus Slándála agus Ard-Rúnaí Chomhairle an AE, an tUas SOLANA, agus cuireadh i dteagmháil le rúnaí é a dúirt leis nach bhféadfadh sé labhairt leis an Uas SOLANA. Dúirt an rúnaí leis nárbh fhurasta an cheist a fhreagairt agus chuir sí ag caint é leis an duine a bhí freagrach as teagmhálacha leis an bpreas. Níor fhéad seisean an cheist a fhreagairt ach oiread.

D'iarr an gearánaí cabhair ar an Ombudsman, ag maíomh nach ndearna an Chomhairle beart de réir an pholasaí a bhí aici a bheith níos oscailte agus níos cairdiúla leis na saoránaigh.

Dar leis an gComhairle, níorbh aon ní míréasúnta é nár fhéad oifigeach preasa freagra a thabhairt a chuirfeadh seasamh na hinstitiúide in iúl. Ag an am sin, bhí an Chomhairle fós ag plé cén seasamh go díreach a bheadh aici. Agus an scéal amhlaidh, ba dheacair leis an gComhairle a shamhlú cén freagra fóinteach a d'fhéadfaí a thabhairt ar fhreagra an ghearánaí.

Ba é meas an Ombudsman nach raibh sé míréasúnta go gcuirfí an gearánaí ag caint leis an oifigeach preasa agus é ag iarraidh faisnéise, mar de ghnáth bheadh an oifig phreasa ar an eolas faoi sheasamh na Comhairle faoi chúrsaí éagsúla. Mar sin féin, ba cheart go míneodh an oifig phreasa don ghearánaí nár chinn an Chomhairle ar aon seasamh fós faoin ábhar, más mar sin a bhí an scéal. Mura mbeadh an t-eolas ag an oifig phreasa a theastaigh le freagra a thabhairt, ba cheart a rá leis an ngearánaí iarratas scríofa a dhéanamh ar fhaisnéis, de réir Airteagail 22(2) den Chód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin. B'ionann agus beart drochriaracháin é nár tugadh a leithéid d'fhaisnéis ná de chomhairle don ghearánaí sa chás seo.

## 3.4.3 An Coimisiún Eorpach

### RIAR ÉAGÓRACH Á CHUR AR SHAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 495/2003/ELB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ba lánúin phósta iad na gearánaithe agus bhí siad beirt ag obair sa Choimisiún mar Shaineolaithe Náisiúnta ar Iasacht. Bhain an gearán le teideal na mná céile ar liúntais. Thug an Coimisiún liúntais chothabhála laghdaithe di mar gur measadh gurbh ionann a háit chónaithe agus an áit a raibh sí ar iasacht (an Bhruiséil). Dar leis na gearánaithe, ba i bPáras a fostaíodh í agus dá réir sin gur cheart go bhfaigheadh sí na liúntais chothabhála iomlána.

Sa Tuairim aige, mhínigh an Coimisiún, de réir Airteagail 20 de Chinneadh an Choimisiúin dar dáta 30 Aibreán 2002 a rialaigh liúntais den sórt seo, gur sa Bhruiséil a bhí príomháit chónaithe an fhir chéile. Measadh dá réir sin gur sa Bhruiséil a bhí áit chónaithe na mná céile freisin agus ní raibh teideal aici ach ar na liúntais laghdaithe.

Tar éis dó comórtas a dhéanamh idir na leaganacha Fraincise agus Béarla de Chinneadh an Choimisiúin, mhol an tOmbudsman réiteach cairdiúil. Mhol sé go bhféadfadh an Coimisiún (i) na liúntais chothabhála laethúla iomlána a íoc leis an mbean chéile ar chosúil go raibh sí ina dteideal

de réir an leagain Fhraincise d'Airteagal 17 agus (ii) an liúntas bunráta breise ar chosúil go raibh sí ina theideal de réir na leaganacha Béarla agus Fraincise araon d'Airteagal 18.

Dhiúltaigh an Coimisiún don mholadh. Mheas sé gurbh é ba rún d'údar an Chinnidh nach n-íocfaí an liúntas ab airde nuair a chuirfí an saineolaí ar iasacht go háit ina raibh a c(h)éile lonnaithe cheana. D'admhaigh an Coimisiún go raibh dearmad aistriúcháin i leagan Fraincise an Chinnidh, ach mheas sé nach bhféadfadh dearmad dá leithéid ceart dlíthiúil a chruthú agus nár bheart drochriaracháin é.

I bhFeabhra na bliana 2004, ghlac an Coimisiún Cinneadh nua a leasaigh na téacsanna Fraincise agus Béarla araon chun éifeacht a thabhairt don aidhm a d'áitigh sé a bhí aige le Cinneadh 2002.

I Meán Fómhair na bliana 2005, sheol an tOmbudsman litir chuig an gCoimisinéir freagrach ag iarraidh air gabháil é féin den ghnó d'fhonn réiteach sásúil a fháil ar an ngearán, ag rá go bhféadfadh íocaíocht *ex gratia* leis na gearánaithe é seo a dhéanamh. D'fhreagair an Coimisinéir gur mheas sé gur bhain an Coimisiún an bhrí cheart as na rialacha infheidhme agus dhiúltaigh do mholadh an Ombudsman.

Mheas an tOmbudsman go ndearna Coimisiún leatrom mar gur chaith sé leis na gearánaithe dáiríre amhail is dá mbeadh an Cinneadh nua i bhfeidhm ag an am úd, seachas an seancheann. Ba bheart drochriaracháin é seo agus rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil. Ina theannta sin, b'oth leis nár thapaigh an Coimisiún an deis lena dhúthracht i leith phrionsabail an dea-riaracháin a thaispeáint. Dúirt an tOmbudsman go raibh rún aige, in éineacht leis an gCoimisinéir freagrach, féachaint cé mar ab fhearr cultúr na seirbhíse a chur chun cinn san Ard-Stiúrthóireacht áirithe sin.

## CEAD ROCHTANA AR CHÁIPÉISÍ: TÁILLÍ FAOIN DLÍ NÁISIÚNTA AGUS CÚISEANNA LE ROCHTAIN PHÁIRTEACH A DHIÚLTÚ

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 617/2003/IP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'iarr an gearánaí cead rochtana ar an gCoimisiún ar cháipéisí áirithe faoi Rialachán 1049/2001[8]. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarratas ar an ábhar go ndéanfadh an nochtadh seo dochar do chosaint leasa thráchtála duine nádúrtha nó dhlítheanaigh (Airteagal 4(2), an chéad fhleasc, den Rialachán).

Tar éis dó aighneachtaí an ghearánaí agus an Choimisiúin a mheas, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh go n-athbhreithneodh an Coimisiún a chinneadh agus go dtabharfadh sé cead rochtana ar na cáipéisí úd nó ar na codanna díobh nach mbaineann an t-eisceacht thuasluaite leo, é sin nó míniúchán mionsonraithe a thaispeánfadh go mbaineann an t-eisceacht úd le roinnt nó le gach ceann de na cáipéisí nó le codanna díobh.

D'aithin Tuairim mhionsonraithe an Choimisiúin gur cháipéisí poiblí de réir dhlí na hIodáile cuid áirithe de na cáipéisí a d'iarr an gearánaí. Ach toisc gan iad a bheith le fáil saor in aisce san Iodáil, mheas an Coimisiún nach mbeadh sé ceart, mar go sáródh sé prionsabal an chomhoibrithe dhílis idir an institiúid agus an Ballstát áirithe, go gcuirfeadh sé cóipeanna in aisce ar fáil don ghearánaí de na cáipéisí seo. Dá réir sin mhol sé mar réiteach cothrom cead a thabhairt don ghearánaí na cáipéisí a léamh in áitreamh an Ionaid Chomh-Thaighde in Ispra.

Maidir le cead rochtana páirteach a thabhairt ar na cáipéisí eile, d'áitigh an Coimisiún dá dtabharfadh sé cead iad a scrúdú leathanach i ndiaidh leathanaigh agus míreanna beaga a bhaint astu, go gcruthófaí ualach riaracháin as cuimse agus nárbh fhiú an tairbhe phoiblí a bhain le rochtain pháirteach ar mhíreanna den cháipéis an obair riaracháin a bheadh riachtanach.

Níor dhiongbháilte leis an Ombudsman seasamh an Choimisiúin. Ina theannta sin, mheas sé, toisc nár léir céard d'fhéadfadh Parlaimint na hEorpa a dhéanamh le cabhrú leis an Ombudsman agus leis an ngearánaí, dhún sé an cás le dhá ráiteas chriticiúla. Dhearbhaigh an tOmbudsman go

8 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

háirithe nach bhfuil aon eisceacht i Rialachán 1049/2001 a chuirfeadh iallach ar an Aontas Eorpach cead rochtana a dhiúltú ar cháipéisí gan de chúis aige leis ach nach bhfuil nochtadh na gcáipéisí saor in aisce i mBallstát áirithe. B'fhíor, a dúirt sé, gur chinn an Chúirt Cheadchéime go gcaithfeadh na hinstitiúidí i gcásanna áirithe an leas poiblí a bhí ag baint le cead rochtana páirteach a bheith ann ar na cáipéisí a chur i gcomórtas le hualach na hoibre a tharraingeodh sé. Ach dúirt sé freisin gur bhunaigh an Chúirt an prionsabal seo ar scrúdú nithiúil a dhéanamh ar gach cáipéis aonair a bheadh i gceist. Níor chosúil go ndearnadh aon scrúdú dá leithéid sa chás seo.

## DIÚLTÚ COSTAIS DLÍ A ÍOC

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1537/2003/ELB (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

B'oifigeach sealadach é an gearánaí ag an gCoimisiún. Cuireadh gnáthamh smachtaithe ar bun ina aghaidh agus ina dhiaidh saoradh é ar gach ar cuireadh ina leith. Ar a shaoradh dó, d'iarr an gearánaí cúiteamh, as costais a chosanta go háirithe.

Dar leis an gCoimisiún, ní raibh an gearánaí i dteideal go gcúiteofaí a chostais dlí leis mar nach ndeachaigh an gníomh smachtaithe chomh fada leis an mBord Smachtaithe.

Tar éis dó meas a dhéanamh ar ar áitigh an gearánaí agus an Coimisiún, rinne an tOmbudsman moladh ar mhaithe le réiteach cairdiúil, go bhféadfadh an Coimisiún, toisc an cúiseamh a cuireadh i leith an ghearánaí a bheith chomh trom agus an aimsir a bheith chomh fada sular cinneadh gan an scéal a chur faoi bhráid an Bhoird Smachtaithe, na costais a thabhaigh sé go réasúnta á chosaint féin i rith an ghnáthaimh smachtaithe a chúiteamh leis.

Ina fhreagra ar mholadh an Ombudsman, mheas an Coimisiún, ainneoin an cúiseamh a bheith trom agus an aimsir a bheith fada sular cinneadh gan dul os comhair an Bhoird Smachtaithe, nár lig na Rialacha Foirne dó na costais a thabhaigh an gearánaí go réasúnta á chosaint féin a chúiteamh leis.

I mí Samhna na bliana 2005, chuir an tOmbudsman litir chuig an Coimisinéir freagrach ag iarraidh air páirt a ghlacadh go pearsanta le go bhfaighfí réiteach sásúil ar an ngearán. Dúirt an Coimisinéir ina fhreagra nár aontaigh sé leis an tátal a bhain an tOmbudsman as na Rialacha Foirne agus dhiúltaigh sé dá mholadh.

Mheas an tOmbudsman nár chros na Rialacha Foirne ar an gCoimisiún freagra dearfach a thabhairt ar a mholadh go bhféadfaí, ar bhonn *ex gratia*, na costais réasúnta a thabhaigh an gearánaí á chosaint féin a chúiteamh leis. Chinn an tOmbudsman mar sin gurbh ionann agus beart drochriaracháin diúltú an Choimisiúin costais an ghearánaí a íoc, ainneoin an cúiseamh a cuireadh ina leith a bheith chomh trom agus an aimsir a bheith chomh fada sular cinneadh gan an scéal a chur faoi bhráid an Bhoird Smachtaithe.

Toisc gur dhiúltaigh an Coimisiún ní hamháin do mholadh ar mhaithe le réiteach cairdiúil ach freisin do bheart áirithe eile a iarradh go pearsanta ar an gCoimisinéir freagrach chun an cás a réiteach, mheas an tOmbudsman go mbeadh sé fánach dréachtmholadh a dhéanamh. Mheas an tOmbudsman freisin gurbh é ba dhóichí nach mbeadh deasca an dhrochriaracháin seo chomh trom sin is gur cheart tuarascáil speisialta a chur chuig Parlaimint na hEorpa. Dá réir sin, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil.

B'oth leis an Ombudsman freisin nár thapaigh an Ard-Stiúrthóireacht áirithe a bhí freagrach an deis seo a dhúthracht i leith phrionsabail an dea-riaracháin a thaispeáint agus dúirt sé go raibh rún aige, in éineacht leis an gCoimisinéir freagrach, féachaint cé mar ab fhearr cultúr na seirbhíse a chur chun cinn san Ard-Stiúrthóireacht sin.

*Nóta: In aghaidh an Choimisiúin agus OLAF araon a rinneadh an gearán. Ach léirigh fiosrúchán an Ombudsman gurbh é an Coimisiún amháin a bhí freagrach as na hábhair shubstainteacha a bhí i gceist. Ba i*

*leith an Choimisiúin amháin a rinneadh an moladh ar mhaithe le réiteach cairdiúil agus an ráiteas criticiúil sa chinneadh deiridh, agus ní i leith OLAF.*

## DIÚLTÚ FÁIL A BHEITH AR THUARASCÁIL INIÚCHÓIREACHTA - 2

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1764/2003/ELB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'iarr an gearánaí go bhfágfadh an Coimisiún teacht aige ar thuarascáil iniúchóireachta maidir leis an Nígir. Níor ceadaíodh teacht ach ar pháirteanna den cháipéis (sleachta as an reachtaíocht náisiúnta). D'áitigh an gearánaí gur loic an Coimisiún ag cloí le Rialachán 1049/2001 maidir le teacht poiblí ar cháipéisí[9] nuair a diúltaíodh teacht ar fhuílleach na tuarascála iniúchóireachta a ligean leis. D'áitigh sé gur cheart an cháipéis seo a bheith ar fáil dó.

D'áitigh an Coimisiún go mba dlisteanach diúltú fáil a bheith ar fhuílleach na tuarascála iniúchóireachta ó tharla go dtógfadh a fhoilsiú ón gcosaint do chuspóir na n-iniúchóireachtaí agus ón gcosaint don leas poiblí maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, bhí sleachta eile ina raibh sonraí pearsanta a tháinig faoi eisceacht eile a leagtar síos i Rialachán 1049/2001.

Chuir an tOmbudsman réiteach caoithiúil chun cinn, arna mheas, maidir leis an eisceacht i ngeall ar chosaint do chuspóir iniúchóireachtaí, gur raibh teipthe ar an gCoimisiún a léiriú go raibh sé i dteideal brath ar an eisceacht sin chun teorainn a chur leis an bhfáil go poiblí ar an tuarascáil iniúchóireachta agus, maidir le cosaint an leasa poiblí maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta, go raibh teipthe cúis cheart chuí a thabhairt mar bhonn leis an diúltú na codanna sin den tuarascáil a fhoilsiú a raibh glactha aige féin leis go bhféadfaí iad a fhoilsiú. Mhol sé dá réir sin go bhféadfadh an Coimisiún smaoineamh ar na codanna sin den tuarascáil a raibh luaite aige féin go bhféadfaí iad a fhoilsiú a ligean ar fáil.

Cé gur aontaigh an Coimisiún cuid den cháipéis a chur ar fáil, chuir an gearánaí in iúl gurbh ionann i ndáiríre na sleachta scriosta den tuarascáil iniúchóireachta agus croí-ábhar na tuarascála.

D'áirigh an tOmbudsman go bhfuil réimse leathan ar togra ag an gCoimisiún i gcomhthéacs chinnidh ag diúltú teacht ar cháipéis arna bhunú ar an gcosaint do leas an phobail maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta. Dá réir sin, cuirtear teorainn le scóip athbhreithnithe an Ombudsman sa chomhthéacs seo seachas deimhniú ar cloíodh le gnás agus riail, ar comhlíonadh an dualgas cúiseanna a lua, ar luadh na fíricí go cruinn agus ar tharla aon earráid shoiléir sa mheasúnú nó aon mhí-úsáid as cumhachtaí. Maidir leis an dualgas tosca a lua, thug an tOmbudsman chun aire go dtarlódh, ainneoin gur faoin institiúid atá i gceist a léiriú go dtagann na cáipéisí a mbítear ag iarraidh teacht orthu faoi scáth na n-eisceachtaí a liostaítear i Rialachán 1049/2001, nach bhféadfaí cúiseanna a chruthódh gá dlisteanach le rúndacht maidir le gach cáipéis faoi leith a lua gan a raibh sa cháipéis a fhoilsiú agus, dá réir sin, cuspóir na heisceachta a chur ar neamhní.

D'áirigh an tOmbudsman gur bhain an tuarascáil le hiniúchóireacht dhian ar riarachán na Nígire. D'áirigh sé chomh maith gur mheas an Coimisiún go bhféadfadh meath ar an gcaidreamh idir é agus an Nígir a theacht de thoradh foilsiú iomlán ar an gcáipéis a iarradh. Chinn sé go raibh míniú soiléir curtha ar fáil ag an gCoimisiún ar an diúltú a ndearnadh agóid faoi agus go raibh an míniú sin, cé go mb'achomair é, leordóthanach nuair a chuirtear san áireamh go mbeadh eolas breise a lua, go háirithe tagairt don ábhar a bhí sa cháipéis féin, ag cur cuspóir na heisceachta ba bhun leis an diúltú ar neamhní. Chinn an tOmbudsman chomh maith nach raibh an cinneadh a rabhthas ag cur ina aghaidh á chur ó bhail ag earráid shoiléir sa mheasúnú i gcás chosaint an leasa poiblí maidir leis an gcaidreamh idirnáisiúnta. Chinn sé nár tharla aon dhrochriarachán nuair a dhiúltaigh an Coimisiún teacht a bheith ar chodanna den tuarascáil iniúchóireachta a d'iarr an gearánaí.

[9] Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

Líomhain an gearánaí chomh maith go raibh clár cáipéisí an Choimisiúin neamhiomlán, mar níor aimsigh sé ach dhá cháipéis a bhain leis an iniúchóireacht agus an clár á chuardach aige.

Bhí socraithe ag an gCoimisiún gur cheart go mbeadh tagairt sa chlár cáipéisí aige, ar dtús, do cháipéisí ina dtráchtar ar a chuid bearta reachtaíochta go bunúsach. Leathnófaí réimse na gcáipéisí sa chlár de réir a chéile. D'fhonn an gearánaí a shásamh, bhí socraithe ag an gCoimisiún liosta de na cáipéisí ina sheilbh maidir leis an iniúchóireacht faoi chaibidil a bhunú.

Luaigh an tOmbudsman gur tábhachtach leis an bpobal an dea-bhainistíocht airgeadais agus gur foinsí fiúntacha eolais iad tuarascálacha iniúchóireachta ar an gcaoi ina n-úsáidtear cistí de chuid an Chomhphobail. Éilítear dá réir sin go gcuirfí tuarascálacha iniúchóireachta agus cáipéisí ábhartha eile i seilbh an Choimisiúin chun tosaigh go mór agus clár cáipéisí á chur ar bun. Luaigh an tOmbudsman go mba focal ginearálta amháin a bhí curtha in iúl ag an gCoimisiún mar gheall ar ábhar an chláir aige, nach mba leor i ndáil leis an easnamh a bhí luaite ag an ngearánaí. Chinn an tOmbudsman nach raibh clár cáipéisí an Choimisiúin sásúil i gcás na gcáipéisí a bhain leis an iniúchóireacht faoi chaibidil. Ba chás drochriaracháin sin. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil.

## TEIP FREAGRA A THABHAIRT MAIDIR LE GEARÁN A RINNEADH FAOI ALT 90(2) DE NA RIALACHÁIN FOIRNE

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2227/2004/MF in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ar an 14 Márta 2003, rinne an gearánaí gearán faoi Alt 90(2) faoi chinneadh de chuid an Choimisiúin maidir le costais taistil dá chuidsean i gcás misin. Ó tharla nár cuireadh an gearán sin ar aghaidh riamh chuig na seirbhísí cuí, rinne an gearánaí gearán eile leis an gCoimisiún ar an 19 Lúnasa 2003. Sa ghearán leis an Ombudsman, d'áitigh an gearánaí gur theip ar an gCoimisiún freagra réasúnaithe a thabhairt ar an ngearán a rinne sé faoi Alt 90(2).

D'áitigh an Coimisiún gur measadh go mb'ionann teip freagra a thabhairt ar ghearán faoi Alt 90(2) agus cinneadh intuigthe ag diúltú dó.

I bhfianaise tuairim roimhe seo uaidh maidir le cásanna eile, gur den dea-chleachtas riaracháin ag an Údarás Ceapacháin freagra sainráite a thabhairt ar gach gearán faoi Alt Article 90(2), mheas an tOmbudsman go mba beart drochriaracháin teip an Choimisiúin freagra réasúnaithe a thabhairt ar ghearán an ghearánaí.

Sheol an tOmbudsman dá réir sin dréachtmholadh chuig an gCoimisiún gur cheart don Choimisiún freagra réasúnaithe a thabhairt ar ghearán an ghearánaí faoi Alt 90 (2).

Sa tuairim mhionsonraithe, rinne an Coimisiún tagairt do na hacmhainní teoranta atá aige agus áitíodh gur d'fhonn féachaint le deis beartaíochta a chinntiú chun ord tosaíochta a leagan síos i bhfianaise dhúthracht an Choimisiúin maidir leis an dea-riarachán ab fhéidir diúltú ar bhonn intuigthe d'achomhairc. Chuir an Coimisiún i gcás chomh maith nach bhféadfaí a mheas, ó tharla soláthar do chinntí intuigthe ag diúltú d'achomhairc i Rialacháin na Foirne agus i gcórais dlí roinnt de na Ballstáit, go mba beart drochriaracháin feidhmiú na deise sin. Luadh sa bhreis air sin, gur tharla cúig cinn de chinntí intuigthe ag diúltú do ghearáin le dhá bhliain anuas as 1 211 gearán faoi Alt 90(2) in iomláine. D'áitigh an Coimisiún chomh maith go raibh bunús an chinnidh leagtha amach sa chinneadh maidir le costais an mhisin féin.

Ó tharla gur dhiúltaigh an Coimisiún glacadh leis an dréachtmholtaí uaidh, mheas an tOmbudsman gur ghá an méid seo a leanas a chur in iúl:

Is den dea-chleachtas riaracháin é ag an Údarás Ceapacháin freagra sainráite a thabhairt ar ghearáin faoi Alt 90(2). Sa tuairim mhionsonraithe ón gCoimisiún, ní dheachthas i ngleic leis na cúiseanna a bhí leis an dréachtmholadh. Ba dheimhniú, de réir dealraimh, líon an-íseal na gcinntí diúltaithe intuigthe nach raibh gá don Choimisiún de bharr acmhainní teoranta staonadh ó fhreagraí sainráite a thabhairt ar ghearáin dá leithéid. Anuas air sin, cé go bhféadfaí aontú gur cheart go mbeadh ar

chumas an Choimisiúin ord tosaíochta a chur ar bun maidir le gearáin faoi Alt 90(2) a chuirtear faoina bhráid, níor fhág sin an cinneadh gan freagra ar bith a chur ar fáil maidir le gearán faoi leith ag teacht le prionsabail an dea-riaracháin. Is leithne coincheap an dhrochriaracháin, mar a dheimhnítear le cásdlí chúirteanna an Chomhphobail, ná coincheap na mídhleathachta. Ba léir nach mba leor na cúiseanna ba bhun le cinneadh an Choimisiúin maidir le costais taistil an ghearánaí sa mhisean a bheith luaite sa chinneadh sin. Má ba é tuairim an Choimisiúin go raibh an cinneadh sin ceart agus go raibh gach míniú ba ghá luaite ann, ba fusa arís cinneadh réasúnaithe a dhéanamh mar gheall ar an ngearán faoi Alt 90(2). Nuair nach raibh ar chumas an Choimisiúin plé mar ba chóir leis an gcéad ghearán faoi Alt 90(2) ón ngearánaí, ba mhó an gá ba cheart a bheith le freagra a thabhairt ar an dara gearán faoi Alt 90(2) uaidh ar an 19 Lúnasa 2003.

D'athdhearbhaigh an tOmbudsman dá bhrí sin an tuairim go n-éilítear de réir phrionsabail an dea-riaracháin go dtabharfadh an foras riaracháin freagra scríofa i gcás ghearáin faoi Alt 90(2) agus gur ghá an freagra sin a thabhairt taobh istigh den tréimhse ceithre mhí a leagtar síos san fhoráil sin. Ba cor drochriaracháin dá bhrí sin teip an Choimisiúin sin a dhéanamh sa chás faoi chaibidil.

Ó tharla go ndúirt an gearánaí, ina thuairim faoi thuairim an Choimisiúin, nár mheas sé go mb'úsáideach an rud leanacht den fhiosrúchán faoina ghearán, chinn an tOmbudsman nach mba chuí tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Chuir an tOmbudsman clabhsúr leis an gcás dá bhrí sin le ráiteas criticiúil.

## LEITHCHEAL SA CHAOI AR LÁIMHSEÁLADH IARRATAS AGUS GAN CEAD ROCHTANA A THABHAIRT AR CHÁIPÉISÍ

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2437/2004/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

I 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún glaoch ar thairiscintí faoin gclár Leonardo da Vinci. B'éigean do na hiarrthóirí réamhthairiscintí a chur isteach a scrúdaigh an Coimisiún le cabhair saineolaithe seachtracha. Cuireadh léirmheas agus moltaí na saineolaithe seachtracha chuig na hiarrthóirí ar roghnaíodh a reámhthairiscintí agus iarradh orthu tairiscintí iomlána a chur isteach.

Dúirt an Coimisiún leis an ngearánaí nárbh fhéidir a réamhthairiscint a roghnú toisc nár chloígh sé leis an spriocdháta. Ghlac an Coimisiún leis níos déanaí go ndearna sé dearmad faoi seo. Leis an dearmad seo a chur ina cheart, d'iarr sé ar an ngearánaí tairiscint iomlán a chur isteach. Ghlac an gearánaí leis an gcuireadh. Ach i Meitheamh na bliana 2004, dúirt an Coimisiún leis nár roghnaíodh a thairiscint le haghaidh maoinithe.

Ina ghearán leis an Ombudsman, dúirt an gearánaí go ndearnadh leithcheal air mar nach tugadh an seans dó buntáiste a bhaint as léirmheas na saineolaithe seachtracha le feabhas a chur ar a réamhthairiscint. D'éiligh sé breis agus EUR 11 000 de chúiteamh. Mhaigh sé freisin nár dhéileáil an Coimisiún mar ba cheart lena iarratas ar chead rochtana ar cháipéisí.

Mheas an tOmbudsman go ndearna an Coimisiún beart go tapa agus go cuiditheach nuair a cuireadh an dearmad seo ar a shúile dó. Ach níor chinntigh sé gur déileáladh leis an ngearánaí ar an gcaoi chéanna leis na hiarrthóirí eile ar iarradh orthu tairiscintí iomlána a chur isteach. Mar sin rinne an tOmbudsman dréachtmholadh ag iarraidh ar an gCoimisiún cúiteamh cothrom a thairiscint don ghearánaí, a d'fhéadfadh a bheith níos ísle go mór ná an tsuim a éilíodh. Mhol an tOmbudsman freisin go ndéileálfadh an Coimisiún le hiomláine iarratas an ghearánaí ar chead rochtana ar cháipéisí, ó thaobh an ghnáthaimh agus na substainte.

Ina Thuairim mhionsonraithe, d'áitigh an Coimisiún, *inter alia*, gur dhiúltaigh an gearánaí go sainráite go ndéanfaí léirmheas ar a réamhthairiscint agus mar sin nach raibh aon ábhar aige cúiteamh a éileamh. Nocht an Coimisiún cáipéisí eile dá chomhad freisin.

Níor dhiongbháilte leis an Ombudsman argóint an Choimisiúin, go mór mór mar ba mhaith ab eol don Choimisiún nár leor ann féin cead a thabhairt tairiscint iomlán a chur isteach lena chinntiú go raibh an chóir chéanna á cur ar chách. Mar sin féin, sa bhfreagra a thug sé ar Thuairim

mhionsonraithe an Choimisiúin, mhínigh an gearánaí gurbh é an t-aon leigheas ceart a bhí ar an scéal, an chuid áirithe sin den ghlaoch ar thairiscintí a fhoilsiú glan as an nua. Chinn an tOmbudsman mar sin, toisc gur chuir sé tairiscint iomlán isteach, nár mhór a mheas go ndearna an gearánaí rogha eolasach lántoiliúil glacadh leis an gcontúirt nach mbeadh toradh sásúil ar an nós imeachta a roghnaigh sé. Dá réir sin mheas an tOmbudsman nach raibh aon bhonn ann feasta don éileamh ar chúiteamh.

Maidir leis an gcead rochtana ar cháipéisí, níor léir fós ar thug an Coimisiún suas don ghearánaí na cáipéisí uile a bhí sa chomhad a bhain leis. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún mar sin an scéal áirithe seo a athbhreithniú. D'fhreagair an Coimisiún nach raibh aon chomhad faoi leith ag baint le freagra an ghearánaí ar an nglaoch ar thairiscintí agus gur nochtadh gach cáipéis a bhain leis an scéal.

Mheas an tOmbudsman, toisc an cás a bheith chomh leithligh, nach raibh gá le ráiteas criticiúil faoin leithcheal a rinneadh. Ach rinneadh ráitis chriticiúla faoin gcaoi ar déileáladh leis an iarratas ar chead rochtana ar cháipéisí, i dtaobh na substainte agus an ghnáthaimh.

## EASPA LEIGHIS DLÍ SNA SCOILEANNA EORPACHA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3403/2004/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'fhreastail mac an ghearánaí ar an Scoil Eorpach sa Bhruiséil go dtí 2003 nuair a rinne sé scrúdú ardteistiméireachta na scoile. Ina scrúdú scríofa sa Ghearmáinis, thug a mhúinteoir féin 9.5 pointe dó ("ar fheabhas"). Ach toisc nár thug an dara scrúdaitheoir ach 5.5 dó ("easpach"), glaodh ar thríú scrúdaitheoir, a chinn ar 6.0 pointe mar mharc críochnaitheach.

Rinne na gearánaithe achomharc, ach mheas Bord Gearán na Scoile Eorpaí nach raibh sé inniúil ar dhéileáil leis an gcás. Mheas sé, cé gur shonraigh Airteagal 27 den Choinbhinsiún a shainigh Reacht na Scoileanna Eorpach, a bhí i bhfeidhm ó 2002, go bhféadfaí a leithéid d'achomharc a dhéanamh, nár cheadaigh na forálacha forfheidhmiúcháin mar a bhí siad faoi láthair achomharc i gcás den sórt seo.

Tháinig na gearánaithe ag triall ar an Ombudsman. Toisc nach institiúidí ná comhlachtaí den Chomhphobal iad na Scoileanna Eorpacha iontu féin, b'éigean dá fhiosrúchán díriú ar ról an Choimisiúin. Chuir na gearánaithe béim ar an dualgas a bhí ar an gCoimisiún an ceart a bhí acu ar ghnáthamh cothrom a chosaint.

I bhFeabhra na bliana 2005, glacadh forálacha forfheidhmiúcháin nua. Ach arís ar ais dhiúltaigh an Bord Gearán do chás na ngearánaithe mar nach raibh na forálacha nua siarghabhálach.

Tar éis dó iarracht fhánach a dhéanamh teacht ar réiteach cairdiúil, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh ag áitiú ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirfí moladh go leasófaí na forálacha forfheidhmiúcháin faoi bhráid Bhord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha sa chaoi is go bhféadfaí cás na ngearánaithe a éisteacht.

D'fhreagair an Coimisiún gur chuir sé in iúl cheana do na Scoileanna Eorpacha nach raibh aon chonstaic ann ó thaobh an dlí maidir le moladh dá leithéid. Dúirt an Coimisiún freisin gur phléigh coiste ullmhúcháin de chuid Bhord na nGobharnóirí an cheist ina dhiaidh sin ach, rud ab oth leis an gCoimisiún, gur chinn siad gan tacú le haon mholadh go n-athrófaí an status quo. Dar leis an gCoimisiún, bhí gach a bhféadfaí a dhéanamh déanta aige.

D'fháiltigh an tOmbudsman roimh na hiarrachtaí leantacha dearfacha a bhí déanta ag an gCoimisiún cabhrú leis na gearánaithe. Mar sin féin, mheas sé, toisc an pháirt a bhí ag an gCoimisiún sna Scoileanna Eorpacha a bheith chomh tábhachtach, gur cheart dó iarracht ghníomhach a dhéanamh lena chinntiú go gcloíonn na Scoileanna Eorpacha le prionsabail an dea-riaracháin.

Dúirt an tOmbudsman gurbh é an t-aon aidhm a bhí ag an leasú a theastaigh ar na forálacha forfheidhmiúcháin, éifeacht a thabhairt d'Airteagal 27 den Choinbhinsiún ón dáta ar tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm. Níor léir dó aon chúis bhailí a bheith ann Bord na nGobharnóirí a bhac ar ghlacadh le leasú den sórt.

Mheas an tOmbudsman, toisc an easpa a bheith chomh follasach agus an cheist a bheith chomh tábhachtach, gur cheart don Choimisiún a chur faoi deara don Bhord Rialtóirí an moladh a plé. Toisc nach ndearna an Coimisiún é seo, rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil.

Toisc gur tháinig na forálacha forfheidhmiúcháin nua i bhfeidhm i 2005 agus gur chosúil dá réir sin go mbeadh líon na ndaoine lenar bhain an fhadhb seo thar a bheith beag, níor mheas an tOmbudsman gur ghá tuarascáil speisialta a cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Ach bhí fadhbanna den sórt céanna i gceist in dhá chás eile atá fós os comhair an Ombudsman (2153/2004/MF agus 3323/2005/WP), nach mbaineann an cinneadh sa chás seo leis an toradh a bheidh orthu.

Dúirt na gearánaithe leis an Ombudsman go raibh siad sásta leis an gcaoi ar dhéileáil an tOmbudsman leis an gcás agus go raibh súil acu go dtarraingeodh an Coimisiún aird na Scoileanna Eorpacha ar an gcinneadh seo.

Dúirt an Coimisiún leis an Ombudsman ina dhiaidh seo gur iarr sé ar Ard-Rúnaí na Scoileanna Eorpacha cinneadh an Ombudsman a chur ar chlár oibre Bhord na nGobharnóirí. Chuir sé in iúl don Ombudsman freisin gur ghlac na Scoileanna Eorpacha le Cód um Dhea-iompar Riaracháin (atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Scoileanna Eorpacha).

## DIÚLTÚ LIGEAN TEACHT A BHEITH AR AIGHNEACHT DE CHUID AN CHOIMISIÚIN LE PAINÉAL AIGHNIS DE CHUID NA hEAGRAÍOCHTA TRÁDÁLA DOMHANDA

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 582/2005/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Diúltaíodh fáil a bheith ag *Friends of the Earth* ar an *Dara Aighneacht* de chuid an Choimisiúin le painéal aighnis de chuid na hEagraíochta Trádála Domhanda ("WTO"). D'eascair an t-aighneas as gearán de chuid na Stát Aontaithe agus eile maidir le cur chuige an Chomhphobail Eorpaigh i gcás bhiteicneolaíocht (orgánaigh géinathraithe) a chur ar bhonn tráchtála. D'áitigh an gearánaí go raibh Rialachán 1049/2001 maidir le teacht poiblí ar cháipéisí[10] sáraithe ag an gCoimisiún. Sa tuairim ón gCoimisiún, áitíodh go mba ghá imeachtaí réitigh aighnis an WTO a chomhshamhlú le himeachtaí cúirte de réir bhrí Ailt 4(2), an dara eang, de Rialachán 1049/2001 maidir le teacht poiblí ar cháipéisí, lena bhforáltar go ndiúltóidh na hinstitiúidí teacht a bheith ar cháipéis sa chás go mbainfeadh a a foilsiú ón gcosaint d'imeachtaí cúirte (i measc bhearta eile).

Thug an tOmbudsman chun aire gur gá géarmhíniú agus a dian-chur i bhfeidhm i gcás eisceachtaí maidir le teacht poiblí ar cháipéis. Bhí léirmhíniú róleathan nach bhféadfaí a cheadú ag baint lena mheas go dtagann imeachtaí réitigh aighnis is féidir a chomhshamhlú le himeachtaí cúirte faoi scáth 'imeachtaí cúirte' faoi Alt 4(2), an dara eang, de Rialachán 1049/2001. Ar aon nós, ní raibh léirithe ag an gCoimisiún go raibh i gceist ag lucht reachtaíochta an Chomhphobail go dtiocfadh imeachtaí réitigh aighnis eile chomh maith faoi scáth na foclaíochta maidir le himeachtaí cúirte i Rialachán 1049/2001. Ina fhianaise sin, bhí an tOmbudsman den tuairim nach raibh bunús maith faoi dhiúltú an Choimisiúin teacht poiblí a bheith ar an gcáipéis agus rinne sé ráiteas criticiúil.

Maidir le héileamh an ghearánaí gur chóir aighneachtaí an Choimisiúin a phoiblí feasta an tráth céanna a gcuirtear faoi bhráid phainéal an WTO iad, d'áirigh an tOmbudsman, go háirithe, nach raibh intuigthe ón gcinneadh (thuas) amháin uaidh gur tharla drochriarachán go mbeadh ceangailte

10 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

ar an gCoimisiún a chuid aighneachtaí in aighnis WTO a fhoilsiú in eagráin scríofa nó eile leis an tríú páirtí ag tráth na n-imeachtaí a ndearna an gearánaí tagairt dóibh.

## SAINRIALACHA SAOIRE DO SHAINEOLAITHE NÁISIÚNTA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 760/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'oibrigh an gearánaí mar shaineolaí náisiúnta ar iasacht (SNI) don Choimisiún. Diúltaíodh dá hiarratas ar shaoire speisialta le dul os comhair na cúirte mar fhinné ar an ábhar nár cheadaigh na rialacha a bhain le SNI a leithéid.

Ina gearán leis an Ombudsman, mhaigh an gearánaí gur leithcheal uirthi an diúltú seo, toisc go raibh an ceart ar shaoire speisialta ag oifigigh de chuid na gComhphobal ina leithéid de chás.

De réir cosúlachta, d'áitigh Tuairim an Choimisiúin, ar an gcéad dul síos, go bhféadfaí aon chóir mhíchothrom a d'fhéadfadh a bheith ann a mhíniú ar bhonn na ndifríochtaí oibiachtúla a bhí idir oifigigh agus SNI agus, ina dhiaidh sin, nach raibh aon chóir mhíchothrom ann dáiríre, toisc gur chúitigh an ceart ar shaoire speisialta faoi cheannscríbhinní eile leis na SNI easpa na forála speisialta a cheadódh saoire speisialta dóibh ina leithéid de chás.

Níor dhiongbháilte leis an Ombudsman seasamh an Choimisiúin mar (i) níor mhínigh an Coimisiún go sásúil cén fáth dar leis ar thug na difríochtaí a bhí ann idir na hoifigigh agus na SNI an ceart dó caitheamh leo go héagsúil leo i gcás iarratas ar shaoire speisialta d'fhonn fianaise a thabhairt sa chúirt agus (ii) níor thaispeáin sé gurbh í an chóir chéanna a cuireadh dáiríre ar na hoifigigh agus ar na SNI.

Mhol an tOmbudsman, mar réiteach cairdiúil, go bhféadfadh an Coimisiún na rialacha a bhí ann faoi láthair a leasú nó a shoiléiriú lena chinntiú go bhfaigheadh SNI saoire speisialta ar na coinníollacha céanna agus a fhaigheann na hoifigigh nuair a chaith siad fianaise a thabhairt sa chúirt. Toisc nár ghlac an Coimisiún leis an moladh neamhfhoirmiúil, rinne an tOmbudsman arís mar dhréachtmholadh é.

Ina Thuairim mhionsonraithe, dhearbhaigh an Coimisiún, gan an scéal a phlé níos mine, go ndéanfadh sé staidéar ar mholadh an Ombudsman i gcomhthéacs scrúdaithe chuimsithigh a dhéanfaí amach anseo ar staid na SNI. Dúirt an Coimisiún, áfach, gur tugadh lá breise gnáthshaoire don ghearánaí don bhliain 2006.

Ba é meas an Ombudsman nach raibh an freagra seo sásúil, óir nár ghealltanas é go gcuirfí an dréachtmholadh i bhfeidhm.

Toisc nár chosúil gur ghá tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil.

B'oth leis an Ombudsman freisin nár thapaigh an tseirbhís áirithe seo de chuid an Choimisiúin an deis seo lena dhúthracht i leith phrionsabail an dea-riaracháin a thaispeáint agus dúirt sé go raibh rún aige, in éineacht leis an gCoimisinéir freagrach, féachaint cé mar ab fhearr cultúr na seirbhíse a chur chun cinn san Ard-Stiúrthóireacht sin.

## TEIP A THABHAIRT AR AN nGEARMÁIN CLOÍ LE BREITH CÚIRTE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1037/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Thug an Ghearmáin isteach "Rialachán maidir le Seachaint agus Athghabháil Dramhaíola Pacáistithe" i 1998 le trasuíomh ar threoir Eorpach sa dlí náisiúnta. Ceanglaíodh leis an rialachán ar tháirgeoirí agus dáilitheoirí glacadh, in aisce, le pacáistíocht díolacháin folamh a thabharfaí ar ais agus athghabháil a dhéanamh air. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí an ceangaltas sin a shásamh trí pháirt a ghlacadh i gcóras domhanda maidir le pacáistíocht díolacháin smolchaite a bhailiú.

Bhí ar dháilitheoirí deochanna áirithe táille éarlaise a ghearradh ar an gcustaiméir i gcás bhuidéil phlaisteacha agus channaí mura raibh siad páirteach i gcóras dá shaghas. Mura sásófaí coinníollacha áirithe, áfach, maidir leis an sciar den phacáistíocht ar an margadh arbh pacáistíocht inathúsáidte a bhí ann, ní shásódh páirt i gcóras den sórt sin dualgais na dtáirgeoirí a thuilleadh. I gcás dá shórt, bheadh deochanna i bpacáistíocht neamh-inathúsáidte faoi réir ag an gcóras éarlais agus tabhairt ar ais. Ar an 2 Iúil 2002, d'éiligh údaráis na Gearmáine go ngearrfaí táille éarlaise ón 1 Eanáir 2003 ar aghaidh i gcás phacáistíochta neamh-inathúsáidte ar uisce mianraí, beoir agus deochanna boga carbónáitithe.

Tar éis imeachtaí sáraithe in aghaidh na Gearmáine mar gheall ar uisce mianraí, chinn an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach go raibh na rialacha faoi chaibidil ina mbac ar thrádáil idir-Chomhphobail (Cás C-463/01). Cinneadh, go háirithe nár foráladh sa Rialachán do thréimhse eadramhach sách fada.

I gcás eile a chuir cúirt de chuid na Gearmáine ar aghaidh chuig an gcúirt (Cás C-309/02), cinneadh go raibh athrú ó chóras bainistithe amháin maidir le dramhaíl phacáistíochta go córas eile ag teacht le dlí an Chomhphobail sa chás amháin go raibh córas oibriúcháin ar fáil tráth an athraithe a bhféadfadh na táirgeoirí agus na dáilitheoirí páirt a ghlacadh ann dáiríre.

Sa ghearán leis an Ombudsman, d'áitigh beirt dhlíodóirí a bhí ag feidhmiú thar ceann chuideachtaí ar imir an Rialachán tionchar orthu gur theip ar an gCoimisiún na bearta ba ghá a dhéanamh chun tabhairt ar an nGearmáin cloí leis na breitheanna sin.

De réir an Choimisiúin, níor fhág an dá bhreith bonn dlí lena bhféadfaí a cheangal ar an nGearmáin na rialacha faoi chaibidil a chur ar fionraí. Sa chéad bhreith, chinn an Chúirt an éarlais éigeantach a bheith éaguibhreannach le dlí an Chomhphobail ar an gcúis gur tugadh isteach é gan tréimhse eatramhach leordóthanach. Mheas an Coimisiún go raibh, faoin tráth seo, tréimhse sách fada caite ar aon nós.

Maidir leis an dara breith, mheas an Coimisiún nach raibh sí infheidhme sa chás faoi chaibidil ó tharla gur réamhbhreith a bhí inti gan á lua inti ach coinníollacha ginearálta maidir le cuibhreannas na héarlaise agus dlí an Chomhphobail gan measúnú a dhéanamh ar chóras na Gearmáine go sainiúil. Ba í an cheist maidir le teacht chóras na Gearmáine agus dlí an Chomhphobail le chéile ábhar imeachta sáraithe eile a raibh an Coimisiún ag plé leis ag an am. Ní raibh gá dá réir sin le beart breise.

Thug an tOmbudsman chun aire go bhféadann drochriarachán tarlú nuair a bhaineann lucht riaracháin míthuiscint as riail nó prionsabal dlí. Sa chás seo, bhí Alt 228 Chonradh an CE ag baint le hábhar. Forháltar leis an Alt sin do thuairim réasúnaithe arna eisiúint ag an gCoimisiún sa chás go dteipeann ar Bhallstát bearta cuí a dhéanamh agus do chás a thabhairt os comhair na Cúirte.

Ba é tuairim an Ombudsman go mba léir gur gá tréimhse eatramhach sula dtugtar córas nua isteach. Mheas sé nach raibh aon argóintí éifeachtacha dlí curtha faoi bhráid ag an gCoimisiún ag tacú leis an tuairim gur fhág imeacht aimsire *tar éis* an tabhairt isteach breith na Cúirte ó bhail. Bhí an chuma ar na hargóintí a rabhthas ag brath orthu gurbh í an fhóirstineacht ba bhun leo.

Maidir leis an dara breith ag an gCúirt, mheas an tOmbudsman gurbh léir nach raibh bunús leis an líomhain gur theip ar an gCoimisiún cinntiú gur chloí an Ghearmáin leis an mbreith sin ó tharla gurbh réamhbhreith a bhí ann maidir le léirmhíniú ar an gConradh. Ina dhiaidh sin féin, chinn sé go ndearnadh tagairt shoiléir sa bhreith do Rialachán na Gearmáine agus gur leagadh síos coinníollacha a bhí le comhlíonadh.

Bhí an tOmbudsman den tuairim, fiú ar a ghlacadh in áirithe go raibh tréimhse eadramhach leordóthanach caite, nach bhféadfaí a áiteamh go raibh an ceart ag an gCoimisiún nach raibh gá le beart breise maidir leis an ngéilliúnas i leith na chéad bhreithe ach amháin sa chás go raibh cinntithe aige go raibh córas ag feidhmiú a bhí ar fáil do gach cuideachta a mbeadh suim acu ann. Bhí ráite ag an gCoimisiún, áfach, tráth ba luaithe ná sin, nach raibh aon chóras dá shórt ar bun. Anuas air sin, bhí admhaithe aige go raibh an cheist á meas i gcónaí i gcomhthéacs imeacht sáraithe eile. Chinn an tOmbudsman dá réir sin nach raibh cás an Choimisiúin ag teacht i gcomhréir.

Chinn sé go raibh míthuiscint bainte ag an gCoimisiún as na dualgais faoi Alt 228 Chonradh an CE nuair a theip air argóintí éifeachtacha a chur ar fáil chun a léiriú nár ghá aon bheart breise chun tabhairt ar an nGearmáin cloí le breitheanna na Cúirte.

I bhfianaise ceann de na himeachtaí sáraithe maidir le Rialachán na Gearmáine a bheith ar siúl i gcónaí, mheas sé go bhféadfadh an Coimisiún a chuid tuairimí, arna gcur in iúl le ráiteas criticiúil, a thabhairt san áireamh le héifeacht i gcomhthéacs na himeachta sin.

## CEAD ROCHTANA AR CHÁIPÉISÍ FAOI LEITHDHÁILEADH LAMHÁLTAS LE hAGHAIDH ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1463/2005/TN in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán le diúltú an Choimisiúin cead rochtana a thabhairt ar cháipéisí a bhain le pleananna náisiúnta i dtaobh leithdháileadh na lamháltas le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ("PLN"), arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an tSlóvaic. Dhiúltaigh an Coimisiún cead rochtana ar na cáipéisí seo ar bhonn Airteagail 4(2), an tríú fleasc, agus Airteagal 4(3), an chéad alt, de Rialachán 1049/2001[11] ar an rochtain phoiblí ar cháipéisí, ag áitiú go raibh comhráití fós ar siúl idir é féin agus na Ballstáit agus go ndéanfadh an rochtain phoiblí dochar dá sheasamh iontu.

D'áitigh an gearánaí, toisc nár mhór na PLN a mheas ina gceann is ina gceann agus go neamhdhiscréideach, nach bhféadfadh seasamh an Choimisiúin ar PLN amháin dul in éifeacht ar a sheasamh ar PLN eile. Mhaigh an gearánaí gur go héagórach a dhiúltaigh an Coimisiún cead rochtana ar na cáipéisí di.

Sa Tuairim aige, d'áitigh an Coimisiún gurbh amhlaidh a dhéanadh sé fiosrúchán, agus na PLN á meas aige, d'fhonn a chinntiú ar chloígh an PLN le Treoir 2003/87[12] faoi mhalartú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. D'éiligh an gnáthamh seo cuid mhaith comhráití le teacht ar réiteach a dhéanfadh riar ar shainchás an Bhallstáit.

Dúirt an tOmbudsman gur tugadh cead rochtana don ghearánaí ar na cáipéisí a d'iarr sí tar éis don ghnáthamh faofa a bheith curtha i gcrích do gach Ballstát. Mar sin féin, maidir le diúltú an Choimisiúin rochtain a cheadú ar na PLN le linn do na comhráití a bheith ar siúl, dúirt sé go n-éilíonn prionsabail an dea-riaracháin go dtabharfaí argóintí bailí diongbháilte á fhódú.

Baineann Airteagal 4(3), an chéad alt, de Rialachán 1049/2001 le cáipéisí atá arna ndréachtú ag institiúid le haghaidh na húsáide inmheánaí. Ba cháipéisí a cuireadh chuig nó a fuarthas ó údaráis Ballstát áirithe na cáipéisí ar ar iarradh cead rochtana. Dar leis an Ombudsman mar sin, níorbh fhéidir a mheas gur cháipéisí iad a dréachtaíodh le haghaidh na húsáide inmheánaí.

Éilíonn Airteagal 4(2) den Rialachán, le go ndiúltófaí cead rochtana, go dtaispeánfaí go ndéanfadh an nochtadh dochar d'aidhm na gcomhráití. Ba é ab aidhm do na fiosrúcháin sa chás seo, a chinntiú gur chloígh PLN na mBallstát le dlí an Chomhphobail. Le go bhféadfaí an t-eisceacht in Airteagal 4(2) a chur i bhfeidhm, chaith an Coimisiún a thaispeáint go ndéanfadh nochtadh na gcáipéisí áirithe sin dochar don aidhm sin. Ní dhearna sé é seo. Ba é breith an Ombudsman mar sin gur go héagórach a dhiúltaigh an Coimisiún cead rochtana ar na cáipéisí i rith na gcomhráití agus gurbh ionann an diúltú sin agus beart drochriaracháin. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil maidir leis seo.

---

11 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

12 Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle dar dáta 13 Deireadh Fómhair 2003 ag bunú scéime le haghaidh malartaithe lamháltas gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus ag leasú na Treorach 96/61/EC ón gComhairle, IO 2003 L 275, l. 32.

## GAN MÍNIÚ A THABHAIRT AR MHEASÚNÚ DIÚLTACH A RINNEADH AR FHOSTAÍ GNÍOMHAIREACHTA

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 163/2006/MHZ in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Chuir oifigeach de chuid an Choimisiúin litir chuig an nGníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach (GCE) faoi fhadhbanna a bhain le comhoibriú an Choimisiúin le grúpa oibre de chuid an GCE a raibh an gearánaí freagrach as. Dar leis an ngearánaí, ar briseadh as a post ina dhiaidh sin í, ba ar iarratas a maoirseora a cuireadh an litir, le fianaise a chur ar fáil ina haghaidh. Scríobh an gearánaí chuig an gCoimisiún ag iarraidh míniúchán. Toisc nár fhreagair an Coimisiún, d'iarr an gearánaí cabhair ar an Ombudsman.

D'admhaigh an Coimisiún nach bhfuair an gearánaí freagra ar a litir agus dúirt go raibh aiféala air faoi seo. Mar sin féin, mheas an Coimisiún nár cheart dó a chaidreamh leis an GCE a phlé le fostaithe nó iarfhostaithe aonair de chuid na GCE. Mar sin ní fhéadfadh an Coimisiún freagrach substainiúil a thabhairt ar iarratas an ghearánaí ar fhaisnéis.

Sa ráiteas a rinne sí, dhearbhaigh an gearánaí go mbeadh sí ag súil go bhfaigheadh an t-oifigeach a bhí i gceist rabhadh scríofa agus go gcuirfí cóip den rabhadh chuicise.

Mheas an tOmbudsman gur thug an Coimisiún míniú réasúnta ar an gcúis nár chuir sé an fhaisnéis a d'iarr sí ar fáil don ghearánaí. Mar sin féin, ba bheart drochriaracháin é nár fhreagair an Coimisiún litir an ghearánaí. Níor leithscéal glan soiléir a d'fhéadfadh sásamh réasúnta a thabhairt don gearánaí an méid a dúirt an Coimisiún faoi aiféala a bheith air nár fhreagair sé an litir. Dá réir sin, rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil.

Maidir leis an bhfadhb a pléigh an gearánaí sa ráiteas aici, dúirt an tOmbudsman nach féidir pionós smachtaithe a chur ar dhuine ach de réir fhorálacha na Rialachán Foirne. Dá ndéanfadh an tOmbudsman, mar chuid dá fhiosrúchán ar ghearán a rinneadh leis, fiosrú faoin gceist ar cheart imeachtaí smachtaithe a chur ar bun i gcás faoi leith, is éard a bheadh ar siúl aige dáiríre réamhimeachtaí smachtaithe, mar a déarfá, a bhféadfadh na torthaí a bheadh orthu réamhbhreith a thabhairt ar thoradh na n-imeachtaí smachtaithe a dhéanfaí ina dhiaidh sin, nó is mar sin a thuigfí é. Sa mhéid is go bhféadfaí ráiteas an ghearánaí a thuiscint mar éileamh nua, mheas an tOmbudsman nárbh fhéidir déileáil leis ina fhiosrúchán.

## MAR A SEICEÁLADH DÁTA SEOLTA RÉAMHTHOGRAÍ DÁ RAIBH DEONTAS Á IARRAIDH

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 866/2006/SAB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Mhaigh an gearánaí nár dhéileáil an Coimisiún mar ba cheart lena chuid réamhthairiscintí faoin gclár Sócraitéas, nuair a chinn sé go héagórach gur cuireadh isteach tar éis an sprioclae (1 Samhain 2005) iad. D'áitigh an gearánaí go bunúsach gur cuireadh cuntais ar fáil don Choimisiún ag cruthú gur cuireadh na réamhthairiscintí isteach in am trátha. Ina Thuairim, dúirt an Coimisiún gur dhearbhaigh sé nárbh fhéidir glacadh leis na réamhthairiscintí mar gurbh é an dáta 2 Samhain 2005 a bhí ar chuntais aerbhealaigh an chomhlachta luasphoist DHL, a fuair an Coimisiún mar aon leis na réamhthairiscintí. Dar leis an gCoimisiún, ní raibh fáth ar bith ann go mbeifí in amhras faoin dáta seo.

Shainigh an glaoch ar thairiscintí *"an dáta deiridh le tairiscintí a chur isteach* (= *a sheoladh)"* agus leag sé síos gurbh é an 1 Samhain 2005 an dáta deiridh a bhféadfaí na réamhthairiscintí a chur isteach. Shonraigh an fhoirm iarratais gurbh é a bhí i gceist an *"1 Samhain 2005 (de réir an phostmhairc). Ní ghlacfaí le haon iarratas ar a mbeadh postmharc níos déanaí ná é seo. Níor mhór an t-iarratas a chur isteach tríd an bpost."*

Léirigh fiosrúchán an Ombudsman gur dhéileáil dhá chomhlacht luasphoist leis na réamhthairiscintí. Dúirt an tOmbudsman gur thug na cuntais aerbhealaigh dár thagair an Coimisiún le fios gur

chomhlacht darbh ainm SPEEDEX, agus ní hé an gearánaí, a thug an post do DHL a sheachaid DHL ar an gCoimisiún. Thabharfadh ainm féin an chomhlachta úd le tuiscint gur sholáthair sé seirbhísí luasphoist. Agus an scéal amhlaidh, níor ghlac an tOmbudsman le hargóint an Choimisiúin nach raibh cúis ar bith a bheith in amhras ach gurbh é an dáta a bhí ar chuntais DHL dáta an tseolta. Chomh maith leis sin, a dúirt sé, cé gur chosúil go ndearna an Coimisiún cuardach Idirlín i mbunachar sonraí DHL le dáta an tseolta a sheiceáil, ní dhearna sé aon bheart eile leis an dáta seo a dheimhniú. Ina theannta sin, dhaingnigh an Coimisiún an cinneadh tosaigh a rinne sé diúltú do réamhthairiscintí an ghearánaí, cé gur chuir an gearánaí ina aghaidh sin, ag cur cáipéisí ar fáil a thaispeáin gurbh ar 1 Samhain 2005 a seoladh iad, le SPEEDEX. Agus an scéal amhlaidh, ba é breith an Ombudsman nár dhéileáil an Coimisiún mar ba cheart leis na réamhthairiscintí agus gur bheart drochriarachāin é seo.

## 3.4.4 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra

### EOLAS NEAMHDHÓTHANACH D'IARRTHÓIR MAIDIR LENA CHUID DEARMADAÍ I SCRÚDÚ AISTRIÚCHÁIN

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 674/2004/PB in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

D'iarr an gearánaí eolas ar EPSO a chuideodh leis na marcanna a ghnóthaigh sé i scrúdú aistriúcháin inar theip air a thuiscint. Sheol EPSO bileog mheasúnaithe chuige, arna thabhairt le tuiscint nach raibh tréithe na dílseachta don bhunábhar agus/nó na hoiriúnachta maidir le dul na Fraincise sách tréan san aistriúchán don obair a bhí le cur i gcrích. Le linn fhiosrúchán an Ombudsman, thug EPSO eolas áirithe chomh maith maidir leis na cineálacha earráide a bhí déanta ag an ngearánaí.

I 1999, gheall an Coimisiún go mbeadh teacht ag iarrthóirí ar a gcuid páipéar scrúdaithe féin tar éis na marcála i ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach araon glacadh le Tuarascáil Speisialta an Ombudsman maidir le follasacht agus na gnáis earcaíochta. Sa Tuarascáil sin, go mbeadh de bharr an cheada sin a thabhairt (i) deis ag an iarrthóir a chuid nó a cuid dearmadaí a thabhairt faoi deara agus dul chun feabhais san obair ina dhiaidh sin; (ii) treisiú le muinín an iarrthóra sa lucht riaracháin; agus (iii) ar chumas iarrthóirí nach n-éiríonn leo ar mian leo agóid a dhéanamh in aghaidh an mheasúnaithe, argóint i bhfad níos cruinne a dhéanamh.

Sa dréachtmholadh maidir leis an gcás faoi chaibidil, mheas an t Ombudsman gur chóir dóthanacht an eolais a chuirtear ar fáil le bileog measúnaithe a d'ullmhaigh an Bord Roghnaithe a mheas i bhfianaise na cuspóire a bheadh le cóip dá pháipéar scrúdaithe féin a chur ar fáil d'iarrthóir tar éis a mharcála. Dá réir sin, níor mhór eolas sách soiléir agus mion a bheith ar fáil ón mbileog mheasúnaithe i bhfianaise na gcuspóirí sin. Chinn an tOmbudsman go bhfuil intuigthe leis an riachtanas sin nach mór, sa chás gur maidir le scrúdú san aistriúchán an bhileog mheasúnaithe, eolas a bheith ar fáil inti ní amháin maidir le cineál na n-earráidí nó na laigí a shonraigh an Bord ar pháipéar an iarrthóra ach ar a thromchúisí agus a fhorleithne agus a bhí siad, gan ualach riaracháin míréasúnta a chur ar an mBord. Ag baint leis sin chomh maith, luaigh an tOmbudsman nach bhfuil aon dualgas ar an mBord, ag eascairt ó phrionsabail an dea-riaracháin, tuairim mhionsonraithe a chur ar fáil do na hiarrthóirí maidir le hearráidí nó laigí faoi leith a shonraítear.

Ba é freagra EPSO tuilleadh eolais a chur ar fáil maidir le *cineál* na n-earráidí a rinne an gearánaí sa scrúdú. Ina dhiaidh sin féin, luadh nach de fhreagracht an Bhoird é donacht ná tábhacht earráidí de chineálacha éagsúla a sonraítear agus páipéar á mharcáil a thabhairt le fios. Níor ghlac EPSO, dá bhrí sin, le dréachtmholadh an Ombudsman.

Sa chinneadh uaidh, d'áirigh an tOmbudsman nach raibh áitithe ag EPSO go mbeadh an t-eolas thuas a chur ar fáil ina ualach míréasúnta riaracháin ná aon chúis dhlisteanach eile luaite leis an teip an t-eolas seo a thabhairt don ghearánaí. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil dá réir sin. Sa

bhreis air sin, thug an tOmbudsman le tuiscint go ndéanfadh sé a mheas an mb'fhiú an cheist thuas a thabhairt san áireamh leis an bhfiosrúchán féintionscanta dá chuid maidir leis an teacht atá ar na critéir mheasúnaithe atá bunaithe ag Boird maidir le scrúduithe scríofa (fiosrúchán OI/5/05/PB) agus go bhféadfadh go ndéanfaí a mheas chomh maith an mbeadh fiúntas le fiosrúchán féintionscanta faoi leith a chur ar bun.

## LEITHCHEAL AGUS LEATROM A MAÍODH DE BHARR NÍOS LÚ AM ULLMHÚCHÁIN A BHEITH AG IARRTHÓIR AMHÁIN I SCRÚDÚ BÉIL NÁ AG NA hIARRTHÓIRÍ EILE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3399/2004/OV in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Ghlac an gearánaí páirt i gComórtas Oscailte COM/A/3/02, arna eagrú ag EPSO. I mí Nollag na bliana 2003, chuir EPSO in iúl dó nár ligeadh isteach i scrúdú béil e) é toisc gan an marc 23.2/40 a fuair sé i scrúdú scríofa d) a bheith sách ard le go mbeadh sé ar dhuine de na 145 iarrthóir ab fhearr. D'iarr an gearánaí cóip dá thriail. Mar fhreagra air seo, dúirt an Bord Roghnaithe leis, i litir dar dáta 27 Eanáir 2004, go raibh sé tar éis a thriail a athbhreithniú agus gur chinn sé ar chuireadh a thabhairt dó chuig an scrúdú béil, a bhí le bheith ann ar 18 Feabhra 2004. Ar 23 Aibreán 2004, dúirt EPSO leis an ngearánaí nár cuireadh ar an gcúl-liosta é. Fuair an gearánaí amach ón litir seo gurbh amhlaidh a fuair sé 25.6/40 i scrúdú scríofa d).

D'iarr an gearánaí cabhair ar an Ombudsman ag maíomh (i) go raibh mírialtachtaí ag baint le ceartú a scrúdaithe scríofa d) mar ba léir ó na marcanna difriúla a cuireadh in iúl dó (23.2/40 agus 25.6/40), agus (ii) nár caitheadh leis go réasúnta agus ar bhonn cothrom leis na hiarrthóirí eile mar nach bhfuair sé an cuireadh chuig an scrúdú béil ach ar 3 Feabhra 2004 agus gur lú mar sin an t-am ullmhúcháin a bhí aige.

I gComhthuairim leo, dúirt an Coimisiún agus EPSO gur tugadh marc nua 25.6/40 ar thriail scríofa an ghearánaí tar éis athscrúdú a dhéanamh air agus nárbh aon mhírialtacht riaracháin é seo ach cinneadh ceartaithe. Maidir leis an gcóir mhíréasúnta leatromach a bhí á líomhain, dúirt siad gur chuir an Fógra Comórtais in iúl do na hiarrthóirí cé na buanna, cé na hacmhainní agus cén t-eolas a mheasfaí le linn na dtrialacha, agus go bhféadfadh gach iarrthóir mar sin leas a bhaint as an tréimhse i ndiaidh na dtrialacha réamhroghnaithe chun ullmhú do na trialacha eile, an triail bhéil san áireamh.

D'iniúch seirbhísí an Ombudsman comhad EPSO. Fuair an Bord Roghnaithe 14 iarratas ó na hiarrthóirí ar athbhreithniú ar an scrúdú scríofa d), nó ar bhreis faisnéise faoin ábhar a bhí leis an marc easpach a fuair siad. Mheas an Bord gurbh iarratas ar athscrúdú gach ceann de na 14 iarratas. Tar éis an tríú marcáil, ligeadh beirt iarrthóirí, ar dhuine díobh an gearánaí, isteach sa triail bhéil. Dá réir sin, bhí an tOmbudsman in ann a dhearbhú, agus ba chúis sásaimh leis é, go ndearna an Bord athbhreithniú ceart, ar tháinig cinneadh ceartaithe dá bharr, ar thriail an ghearánaí. Ní bhfuarthas aon dhrochriarachán mar sin maidir lenar maíodh faoi mhírialtachtaí riaracháin. Ina theannta sin, rinne an tOmbudsman ráiteas breise, ag spreagadh EPSO agus na mBord Roghnaithe na hiarratais ar athmheasúnú i ngach comórtas a bhreithniú agus an measúnú a cheartú de réir mar ba ghá, le treisiú le muinín na ndaoine as gnáthaimh roghnaithe EPSO.

Maidir leis an dara líomhain, mheas an tOmbudsman go raibh cúis réasúnta oibiachtúil léi mar go ndearnadh athmheasúnú ar thriail an ghearánaí agus ligeadh isteach sa scrúdú béil dá bharr sin é. Chinn an tOmbudsman, áfach, nár caitheadh go cothrom ná go réasúnach leis an ngearánaí, mar ba é an dáta 18 Feabhra 2004 a thairg EPSO dó dá thriail bhéil, cé go bhféadfadh sé dáta eile, an 1 Márta 2004, a thairiscint, rud a thabharfadh deich lá ullmhúcháin sa bhreis don ghearánaí. Dá réir sin, rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil ina thaobh seo.

## SONRAÍ NEAMHFHREAGRACHA I SCRÚDÚ MAIDIR LE COMÓRTAS OSCAILTE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 32/2005/ELB in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Ghlac an gearánaí páirt i gComórtas Oscailte. Theip air an pasmharc a ghnóthú in triail (c), ina raibh sraith ceisteanna ilrogha d'fhonn cumas ginearálta iarrthóra a mheas, go háirithe na scileanna réasúnaíocht briathartha agus uimheartha. D'áitigh an gearánaí go raibh eolas neamhfhreagrach i gceist Uimh. 21 den triail.

Ghlac an tOmbudsman leis an argóint thuas a rinne an gearánaí. Ina dhiaidh sin féin, chinn sé chomh maith nach bhféadfaí a mheas go raibh ceist Uimh. 21 ar neamhréir le cuspóir na trialach agus nach bhféadfaí a mheas go raibh sí, aisti féin, éaguibhreannach le prionsabal na córa comhionann ar iarrthóirí ná le prionsabail an dea-riaracháin trína n-éilítear go mbíonn institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail seasmhach ina gcuid riaracháin agus go gcuirtear eolas ar fáil do shaoránaigh atá cruinn agus nach gcuirtear ar fáil é i bhfoirm a chuirfeadh duine ar seachrán. D'áirigh an tOmbudsman ina leith sin chomh maith, de bharr gur cuireadh in iúl d'iarrthóirí go soiléir san Fhógra Comórtais agus ar an leathanach clúdaigh le triail (c) gurbh cheisteanna a bhí sa triail d'fhonn tástáil a dhéanamh, go háirithe, ar a gcuid scileanna <u>réasúnaíochta</u> briathartha agus uimheartha, nár ghá go mba cás drochriaracháin as féin teip EPSO a shonrú sna cáipéisí sin go bhféadfadh eolas mífhreagrach a bheith i gceist de cheisteanna na trialach. Ina dhiaidh sin féin, bhí sé den tuairim go bhféadfadh EPSO, mar bheart den dea-chleachtas riaracháin, smaoineamh ar shoiléiriú den chineál sin a thabhairt i bhFógraí Comórtais feasta.

Níor ghlac an tOmbudsman le hargóint an ghearánaí go bhféadfaí an cinneadh a rinne seisean gan an cheist faoi chaibidil a fhreagairt a mheas mar fhreagra ceart mar gheall ach chineál na trialach ilrogha, an treoir shoiléir gan athbhrí <u>gur cheart</u> don iarrthóir an freagra ceart ar gach ceist a roghnú, agus go bhfuil, ar bhonn prionsabail agus eolais choitianta, na freagraí a mheastar a bheith ceart i gcomhthéacs trialacha ilrogha teoranta maidir leis na freagraí a chuirtear chun cinn sa triail.

Thug an tOmbudsman chun suntais chomh maith gur leagadh béim ar an leathanach clúdaigh le triail (c) go raibh an freagra ceart á bunú ar an eolas a cuireadh ar fáil sa téacs <u>nó</u> sa tábla <u>amháin</u>. Ina dhiaidh sin féin, bhí an freagra ceart ar an gceist faoi chaibidil bunaithe ar eolas a cuireadh ar fáil sa téacs <u>agus</u> sa tábla <u>arna nglacadh le chéile</u>. Dá bhrí sin bhí an t-eolas a cuireadh ar fáil don iarrthóir ar an leathanach clúdaigh le triail (c) míchruinn. B'ionann sin agus cor drochriaracháin agus rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil mar gheall air. Lean an tOmbudsman air gur mheas má bhí cinneadh EPSO gan teip an ghearánaí freagra a thabhairt ar cheist Uimh. 21 a mheas mar fhreagra ceart, agus, dá réir sin, gan marc breise a bhronnadh air ina bheart drochriaracháin. I bhfianaise na gcinntí eile uaidh agus sa chás nár áitigh an gearánaí go mba é an mhífhreagracht agus an míchruinneas a luaitear thuas ba chúis, fiú amháin i bpáirt, leis an teip freagra a thabhairt ar an gceist, chinn an tOmbudsman nár tharla aon dhrochriarachán maidir leis an ngné sin den chás.

## 3.4.5 Coiste na Réigiún

## PÁIRTÍOCAÍOCHT AS OBAIR A MAÍODH A BHÍ NEAMHIOMLÁN

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 786/2006/JF in aghaidh Choiste na Réigiún*

Rinne an gearánaí staidéar faoi réir conartha do Choiste na Réigiún agus chuir sé a thuarascáil deiridh isteach. De réir an chonartha, bhí 30 lá ag an gCoiste chun glacadh leis an tuarascáil nó diúltú di. Cúig lá tar éis na tréimhse conarthaí, dúirt an Coiste leis an ngearánaí nach raibh sé sásta le cáilíocht na tuarascála agus nach n-íocfadh sé mar sin ach dhá thrian na suime ar ar aontaíodh sa chonradh.

Mhaigh an gearánaí nár chloígh an Coiste le forálacha an chonartha agus nár chuir sé in iúl dó go bhféadfaí achomharc a dhéanamh ina aghaidh. Mhaigh sé freisin nár fhreagair an Coiste a chuid litreacha, litir ag iarraidh réitigh neamhdhlíthiúil ar an easaontas ina measc seo. D'éiligh an gearánaí go n-íocfadh an gearánaí táille iomlán an chonartha leis, móide ús.

Ba é an míniú a thug an Coiste ar an moill a rinne sé ag tabhairt a léirmheasa ar thuarascáil deiridh an ghearánaí, gur ghá scrúdú cruinn a dhéanamh agus comhairle a ghlacadh lena chuid seirbhísí inmheánacha Iniúchta agus Dlí faoi na bearta a theastaigh. Níor thug sé freagra ar litreacha an ghearánaí mar dúirt seisean go raibh sé réidh caingean dlí a thionscnamh.

Tá teorainn le raon athbhreithnithe an Ombudsman i gcás gearán a bhaineann le comhlíonadh oibleagáidí conartha. Mheas sé mar sin nár cheart dó aon iarracht a dhéanamh ar a chinneadh an raibh sárú conartha ann nó an raibh an Coiste i dteideal de réir an chonartha gan an tsuim iomlán a íoc. Mar sin féin, mura mbeadh an Coiste in ann cloí le spriocdháta an chonartha, níor mhór dó, ar mhaithe leis an dea-riarachán, é sin a chur in iúl don ghearánaí roimh an dáta éaga.. Ba bheart drochriaracháin é nach ndearna sé amhlaidh agus rinneadh ráiteas criticiúil dá réir.

Ba é a thuig an tOmbudsman gurbh é seasamh an Choimisiúin, cuma faoin moill a rinne sé á chur in iúl don ghearánaí, go raibh an ceart aige gan an tsuim chonarthach iomlán a íoc mar nár sholáthair an gearánaí tuarascáil den cháilíocht ar a raibh teideal ag an gCoiste de réir an chonartha. Ba é a bhreith mar sin gur thug an Coiste cuntas réasúnta comhleanúnach ar bhunús dlíthiúil gach a ndearna sé agus ar an bhfáth ar chreid sé go raibh bonn cirt lena sheasamh maidir leis an gconradh.

Maidir leis na gnéithe eile den ghearán, mheas an tOmbudsman, toisc go raibh foráil faoi leith sa chonradh faoi chonspóidí, nach raibh iallach ar an gCoiste faisnéis faoi mhodhanna imeachta ginearálta eile a thabhairt don ghearánaí. Mar sin féin, cháin an tOmbudsman an Coiste mar nár thug sé freagra ar litreacha an ghearánaí.

## 3.4.6 An Lárionad d'Fhorbairt na Traenála Gairmiúla

### CAIDREAMH IDIR AN RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ I gCOMHLACHT DE CHUID AN CHOMHPHOBAIL

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1429/2005/JF in aghaidh an Lárionaid d'Fhorbairt na Traenála Gairmiúla (CEDEFOP)*

Mhaigh an gearánaí gur chinn Stiúrthóir CEDEFOP go haontaobhach ar CEDEFOP a dhúnadh ar feadh seachtaine i Lúnasa na bliana 2005, beag beann ar iarratas an Choiste Foirne fanacht go bhféadfaí dul i gcomhairle leis an bhfoireann ag an gComhthionól Ginearálta.

Mhínigh CEDEFOP gur cuireadh feidhm leis an dúnadh samhraidh den chéad uair i 2003, d'fhonn tástála. I 2004, tar éis comhairle a ghlacadh leis an gCoiste Foirne, shocraigh CEDEFOP ar an dúnadh samhraidh arís.

Tar éis fiosrú a dhéanamh, ba é breith an Ombudsman gur iarr an Coiste Foirne ar riarachán CEDEFOP fanacht go dtionólfaí Chomhthionól Ginearálta na Foirne sula n-eiseofaí an cinneadh conspóideach seo. Mheas sé nár mhíréasúnta an mhaise don Choiste Foirne, tar éis dó a leithéid d'iarratas a dhéanamh, a bheith ag súil, mura nglacfadh CEDEFOP leis, go míneodh sé cén fáth nár ghlac, i gcruthúnas ar a dhúthracht i leith an chomhairliúcháin leis an gCoiste Foirne. Ach thabharfadh an fhianaise a bhí ar fáil don Ombudsman nár tugadh a leithéid de mhíniú agus nár thairg CEDEFOP aon mhíniú ina Thuairim ach an oiread.

Dá réir sin rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil, ag rá gur sháraigh CEDEFOP, nuair nár thug sé freagairt ar iarratas an Choiste Foirne, prionsabail an dea-riaracháin a bhaineann leis an gcaidreamh idir an riarachán agus oifigigh phoiblí i gcomhlacht de chuid an Chomhphobail.

## 3.5 DRÉACHTMHOLTAÍ LENAR GHLAC AN INSTITIÚID

### 3.5.1 An Coimisiún Eorpach

#### CABHAIR A MAÍODH A THUG AN STÁT MAIDIR LE PRÍOBHÁIDIÚ COMHLACHTA GHEARMÁNAIGH

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 642/2004/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

I 1989, cheannaigh Preussag AG an comhlacht stáit Salzgitter AG (mar a tugadh an uair sin air) ar DEM 2.452 billiún. Dar leis an ngearánaí, b'ísle go mór an praghas seo ná fíorluach an chomhlachta agus mar sin bhí cabhair ón stát i gceist sa cheannach.

I mí Nollag na bliana 2003, d'iarr an gearánaí ar Ard-Stiúrthóireacht Iomaíochta an Choimisiúin Eorpaigh ("AS Iomaíocht") idirghabháil a dhéanamh.

Mar fhreagra, dúirt AS Iomaíocht gur scrúdaigh sé an gnó cheana, nach raibh comhartha ar bith ann go raibh cabhair stáit neamhdhleathach i gceist ann agus nach raibh aon eilimint nua i litir an ghearánaí a thabharfadh ar dhuine ciall eile a bhaint as na fíricí.

I Márta na bliana 2004, d'iarr an gearánaí cabhair ar an Ombudsman. Mhaigh sé nár bhreithnigh AS Iomaíocht litir mhí Nollag na bliana 2003 aige mar ba cheart.

Tar éis mionscrúdú a dhéanamh, a thug air ceithre iarratas ar bhreis faisnéise a dhéanamh ar an gCoimisiún, dhírigh an tOmbudsman ar argóint an ghearánaí go dtabharfadh ráitis a rinneadh ag cruinniú coiste de Pharlaimint na Sacsana Íochtaraí (an Land ba mhó a raibh baint aige le Salzgitter AG a bheith á dhíol le Preussag AG) le tuiscint, nó gur chruthaigh siad, go raibh cabhair ón stát i gceist.

Mheas an tOmbudsman gur thug an cháipéis a chuir an gearánaí faoina bhráid sa chomhthéacs seo le tuiscint gur aontaigh rialtas na Sacsana Íochtaraí leis an tuairim gur cheannaigh Preussag AG Salzgitter AG ar phraghas nárbh é praghas an mhargaidh é. Dar leis an Ombudsman, d'éileodh an dea-chleachtas riaracháin ar a laghad go ndéanfadh an Coimisiún iarracht lena chinntiú gurbh fhíor an bharúil a bhí aige, nach raibh aon chabhair ón stát i gceist sa díol. Ach ní dhearna an Coimisiún beart ar bith leis na ráitis a rinneadh ag an gcruinniú thuasluaite a shoiléiriú agus ba dhrochriarachán é seo, dar leis an Ombudsman. Dá réir sin, rinne sé dréachtmholadh go ndéanfadh an Coimisiún na bearta ba chóir lena chinntiú an raibh aon chabhair ón stát i gceist i ndíol Salzgitter AG le Preussag AG i 1989.

Ina Thuairim mhionsonraithe, dúirt an Coimisiún leis an Ombudsman gur ghlac sé le torthaí an fhiosrúcháin agus gur iarr sé ar údaráis na Gearmáine na ráitis úd a shoiléiriú.

Sa ráiteas a rinne sé, d'áitigh an gearánaí nár mhór don Choimisiún fiosrúcháin dá chuid féin a dhéanamh d'fhonn faisnéis a fháil ó fhoinsí neamhspleácha.

Mheas an tOmbudsman go raibh glactha ag an gCoimisiún lena dhréachtmholadh agus go raibh na bearta a rinneadh chun é a chur i gcrích sásúil.

Le nach mbeadh aon mhíthuiscint ann, theastaigh ón Ombudsman a rá freisin dá bhfaighfí amach gurbh fhíor gur mheas ionadaithe de chuid rialtas na Sacsana Íochtaraí gur "bhronntanas" do Phreussag AG díol seo Salzgitter AG leis, go n-éileodh an dea-riarachán go ndéanfadh an Coimisiún fiosrúchán níos cruinne fós ar an gcás seo. Mar sin féin, dúirt an tOmbudsman nach raibh cúis ar bith go gceapfaí nach ndéanfadh an Coimisiún amhlaidh dá mbeadh sé riachtanach.

## FAILLÍ AN CHOIMISIÚIN I nGLACADH CINNIDH I LEITH GEARÁIN FAOI SHÁRÚ DLÍ

### *Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 956/2004/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

I gcomhthéacs fhiosrúchán an Ombudsman ar ghearán a rinneadh roimhe seo (cás 801/2001/PB), ghlac an Coimisiún an cúram air féin cinneadh a ghlacadh ar ghearán faoi shárú dlí (i dtaobh sáraithe ar dhlí an Chomhphobail a maíodh a rinne an Danmhairg maidir le cánacha ar charranna) faoi Dheireadh Fómhair na bliana 2001. Ach ní dhearna sé é seo agus, i rith fhiosrúchán an Ombudsman ar chás 1237/2002/(PB)OV, mhínigh sé gurbh fhearr leis tabhairt faoi na fadhbanna a bhain le cánacha ar charranna ar bhealach domhanda agus gurbh é an aidhm a bhí aige na fadhbanna seo a réiteach ag an am céanna sna Ballstáit ar fad. Ghlac an tOmbudsman leis an míniú seo. Is toisc nár tháinig deireadh fós le righneas an Choimisiúin maidir le cinneadh ar chomhairle a rinneadh an gearán seo leis an Ombudsman.

Rinne an tOmbudsman dréachtmholadh, ag rá nach bhféadfadh an Coimisiún dáiríre an cinneadh faoi ghearán sáraithe an ghearánaí a chur siar nó go mbeadh an straitéis dhomhanda curtha i gcrích aige. Níorbh fhéidir a áitiú, toisc nár éirigh leis an fhaisnéis a d'iarr sé ó na Ballstáit i 2001 agus 2003 a fháil uathu, go raibh gach ceart ag an gCoimisiún leanúint ar aghaidh gan cinneadh ar chomhairle. Bhí neart ama ag an gCoimisiún iarracht a dhéanamh an fhaisnéis sin a fháil, agus fiú amháin mura bhfuair sé freagra ar na hiarratais sin ar fhaisnéis, níor léir cén chaoi a mbacfadh sé sin é ar chinneadh a thabhairt ar ghearáin aonair faoi shárú dlí. Maidir leis seo, dúirt an tOmbudsman nár mhór do na Ballstáit de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais cabhrú leis an gCoimisiún a ról a chomhlíonadh mar chaomhnóir ar an gConradh. Má dhiúltaíonn Ballstát cuidiú leis an gCoimisiún ina chuid fiosrúchán, de réir Airteagail 226 de Chonradh an CE, téann sé in aghaidh an dualgais a leagann Airteagal 10 den Chonradh ar gach Ballstát. Ina leithéid de chás, féadfaidh an Coimisiún an cás a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

Chuir Tuairim mhionsonraithe an Choimisiúin in iúl don Ombudsman go raibh cinntí glactha aige ar na hábhair a bhí i gceist agus gur chuir sé in iúl don ghearánaí iad. Ba é breith an Ombudsman mar sin gur ghlac an Coimisiún lena dhréachtmholadh.

# 3.6 CÁSANNA A DÚNADH AR CHÚISEANNA EILE



## 3.6.1 Comhairle an Aontais Eorpaigh

### URRAÍOCHT UACHTARÁNACHT NA COMHAIRLE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2172/2005/MHZ in aghaidh Chomhairle an Aontais Eorpaigh*

Scríobh an gearánaí chuig an gComhairle ag rá gurbh ábhar imní leis an urraíocht tráchtála a bhí ag Uachtaránacht na Comhairle. Thagair sé go háirithe do shampla Uachtaránacht na hÉireann (Eanáir go Meitheamh 2004). D'fhreagair an Rúnaíocht go gcuirfeadh sí an litir ar aghaidh chuig an iar-Uachtaránacht Éireannach agus chuig Uachtaránacht reatha Lucsamburg. Ina fhreagra ar an ngearánaí, labhair Uachtaránacht Lucsamburg faoina shuíomh gréasáin agus dúirt nach raibh aon urraithe ann.

Mhaigh an gearánaí nár fhreagair an Chomhairle a cheist faoi urraíocht tráchtála ar an Uachtaránacht. D'éiligh sé freagra ar a cheist.

Ina Tuairim, mheas an Chomhairle nár bhain ceist urraíocht tráchtála a hUachtaránachta le freagracht na Comhairle mar institiúid de chuid an Chomhphobail.

Ba é meas an Ombudsman gur freagra uireasach a thug an Chomhairle ar an méid ab ábhar imní leis an ngearánaí agus mhol sé réiteach cairdiúil don Chomhairle, eadhon go bhféadfadh an Chomhairle a freagra ar an ngearánaí a athbhreithniú agus a fhorlíonadh ach (1) glacadh leis gur cheist í urraíocht tráchtála a hUachtaránachta a bhaineann le raon freagrachta na Comhairle mar institiúid de chuid an Chomhphobail agus (ii) a rá go raibh sí toilteanach, taobh istigh d'achar oiriúnach, beart a dhéanamh le hurraíocht den sórt a chosc nó a rialáil ar bhealach a chinnteodh go ndéanfaí bainisteoireacht chóir ar aon choinbhleacht a bheadh ann idir an leas príobháideach agus an dualgas poiblí.

Dhiúltaigh an Chomhairle do mholadh an Ombudsman ar mhaithe le réiteach cairdiúil ar an ábhar céanna agus a chuir sí in iúl ina Tuairim.

Mheas an tOmbudsman nár ghá aon fhiosrúchán eile a dhéanamh maidir le ceist ghinearálta fhreagracht na Comhairle as a hUachtaránacht, ó gurbh í an fhadhb chéanna a bhí i gceist i gcás eile (1487/2005/GG), faoinar chuir sé tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i mí Samhna na bliana 2006.

B'ábhar imní fós leis an Ombudsman, áfach, go bhféadfaí dochar a dhéanamh do mhuinín na ndaoine as an Aontas agus as an gcaoi ar fheidhmigh sé mar gheall air gur dhiúltaigh an Chomhairle don mholadh seo beart a dhéanamh le hurraíocht tráchtála ar a hUachtaránacht a chosc nó a rialáil ar bhealach a chinnteodh go ndéanfaí bainisteoireacht chóir ar aon choinbhleacht a bheadh ann idir an leas príobháideach agus an dualgas poiblí.

Toisc gurbh é seasamh na Comhairle gurbh iad údaráis na mBallstát a bhí freagrach as eagrú na hUachtaránachta, chinn an tOmbudsman ar an scéal a chur ar a súile dóibh siúd ina gceann agus ina gceann. Mar sin scríobh sé chuig na Buanionadaithe faoin scéal.

## 3.6.2 An Coimisiún Eorpach

### MOILL GAN CHÚIS MHAITH LÉI AG PLÉ LE DHÁ IMEACHT SÁRAITHE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 3369/2004/JMA in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán le teip líomhanta an Choimisiúin plé leis an díograis ba dhual le himeachtaí sáraithe a reáchtáil sé maidir le dhá ghearán foirmeálta a rinne an gearánaí sna blianta 2001 agus 2003. Bhain na gearáin a rinneadh leis an gCoimisiún le teip aitheantas a thabhairt do na cearta a thugtar faoi dhlí an Chomhphobail[13] do scarsealbhóirí mionlaigh i reachtaíochta na Spáinne.

D'áitigh an gearánaí nach ndearnadh beart ar bith ainneoin deimhniú neamhfhoirmeálta leisean ó sheirbhísí an Choimisiúin maidir le heisiúint thuairimí réasúnaithe le húdaráis na Spáinne i ndáil leis an gcéad ghearán uaidh. D'áitigh sé chomh maith gur theip ar an gCoimisiún beart a dhéanamh mar gheall ar an dara gearán uaidh le dhá bhliain, ainneoin dearbhú a rinne seirbhísí an Choimisiúin leisean go seolfaí litir ina mbeadh fógra foirmeálta go gairid chuig údaráis na Spáinne.

Dúirt an Coimisiún gur tugadh tuairim réasúnaithe d'údaráis na Spáinne ar an 5 Eanáir 2005 maidir leis an gcéad ghearán agus litir ina raibh fógra foirmeálta mar gheall ar an dara gearán. Thug an Coimisiún chun suntais nach bhféadfadh na seirbhísí freagracha a dhearbhú leis an ngearánaí go ndéanfaí na bearta sin taobh istigh de spriocam ar leith, ó tharla gurb é Coláiste na gCoimisinéirí amháin a fhéadann cinneadh mar gheall air sin. D'áirigh an Coimisiún chomh maith go mba mar gheall ar an ngá a bhí le hoibriú go dlú leis an tseirbhís aistriúcháin d'fhonn na haighneachtaí toirtiúla iomadúla a tháinig ón ngearánaí agus ó údaráis freagracha an Bhallstáit an t-achar ama a chaith a chuid seirbhísí ag plé leis an dá chás seo. Mheas an Coimisiún, i bhfianaise chúinsí an cháis, go raibh pléite ag a chuid seirbhísí leis na gearáin leis an díograis ba dhual agus gur cloíodh le forálacha Chumarsáid an Choimisiúin maidir leis an gcaidreamh le gearánaithe i gcásanna sáraithe[14].

D'áirigh an tOmbudsman nach sonraítear san Fhógra sin gnáth-theorainn ama maidir le himscrúdú faoi ghearán tar éis litir fhógra foirmeálta a eisiúint ná an t-eolas atá le tabhairt do ghearánaithe le linn na tréimhse tar éis litir den sórt sin a sheoladh. Thug an tOmbudsman chun suntais go ndeirtear in Airteagal 41(1) de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha go bhfuil de cheart ag gach duine go ndéanfaí plé le cúrsaí dá chuid nó dá cui ar bhealach neamhchlaonta, cóir agus taobh istigh de thréimhse ama réasúnta ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais. Tar éis staidéar grinn a dhéanamh ar chás dlí chúirteanna an Chomhphobail maidir le cumhacht ar togra an Choimisiúin i ndáil leis an bplé le cásanna sáraithe, chinn an tOmbudsman nach gcuirtear prionsabail an dea-riaracháin a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaidreamh idir an Coimisiún agus gearánaí i rith na tréimhse tar éis litir fhógra foirmeálta a sheoladh as an áireamh leis an gcásdlí. Mheas an tOmbudsman dá bhrí sin gur cheart don Choimisiún cloí le prionsabail an dea-riaracháin maidir leis an gcaidreamh idir an Coimisiún agus gearánaí i rith na tréimhse tar éis litir fhógra foirmeálta a sheoladh.

13 Dara Treoir 77/91/CEE ón gComhairle an 13 Nollaig 1976 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 58 den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus daoine eile a chosaint, i leith foirmiú cuideachtaí dliteanais theoranta poiblí agus cothabháil agus athrú a gcaipitil, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach (IO 1997 L 26, l.1.)

14 Cumarsáid ón gCoimisiún le Parlaimint na hEorpa agus an tOmbudsman Eorpach maidir leis an gcaidreamh leis an ngearánaí i ndáil le sárú ar dhlí an Chomhphobail (COM(2002) 141 críoch.), IO 2002 C 244, l. 5.

## AN RANGÚ CONTRÁILTE AR THEANGAIRE COMHDHÁLA CÚNTA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2787/2005/OV (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Chuaigh an gearánaí i mbun oibre mar theangaire comhdhála cúnta ("ACI") do Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 1995. I bhfianaise taithí gairmiúil ceithre bliana roimhe sin aige sa réimse sin, bhronn an Pharlaimint stádas Chatagóir 1[15] air ar an toirt. Sa bhliain 2001, chuaigh an gearánaí i mbun oibre do Chomhsheirbhís Teangaireachta agus Comhdhála Ard-Stiúrthóireacht Teangaireachta an Choimisiúin Eorpaigh ("DG SCIC"). Ainneoin a raibh súil aige leis, rangaíodh an gearánaí ina theangaire de Chatagóir 2. Ag deireadh na bliana 2004, shocraigh na hinstitiúidí Eorpacha a gcuid liostaí ACI a chur le chéile agus seoladh bileog sonraí pearsanta ("*fiche signalétique*") chuig gach ACI. Mheasfaí ó bhileog an ghearánaí gur ó mhí na Samhna 2004 ar aghaidh a rangaíodh ina theangaire de Chatagóir 1 den chéad uair é. Nuair a thug an gearánaí faoi deara an earráid (mar a shíl seisean) seo, scríobh sé teachtaireachtaí ríomhphoist chuig an gCoimisiún i mí Aibreán 2005 ag iarraidh go gceartófaí a bhileog sonraí pearsanta inar cheart go luaifí é bheith ina theangaire de Chatagóir 1 ó mhí Eanáir 1995 seachas ó mhí na Samhna 2004. D'iarr an gearánaí chomh maith go n-íocfaí leis 28% dá thuarastal ag freagairt don tsuim a bhí gan íoc mar gheall ar an rangú earráideach, de réir líomhna, maidir leis an tréimhse ó 2001, nuair a thosaigh sé sa Choimisiún, go mí na Samhna 2004, nuair a rangaíodh mar theangaire de Chatagóir 1 é. Chuir an Coimisiún freagra chuig an ngearánaí ag rá nach ndéanfaí athrú ar an rangú.

Rinne an gearánaí gearán leis an Ombudsman i mí Lúnasa 2005 inar éilíodh gur cheart don Choimisiún (i) a bhileog sonraí pearsanta a chur ina cheart agus a admháil go hoifigiúil go raibh se ina theangaire de Chatagóir 1 ó mhí Eanáir 1995, agus (ii) na híocaíochtaí a rinneadh leis maidir leis an tréimhse idir Meán Fómhair 2001 agus 10 Samhain 2004 nuair a bhí sé rangaithe ina theangaire de Chatagóir 2 go hearráideach a chur ina gceart agus an 28% dá thuarastal maidir leis an tréimhse sin a bhí dlite dó i gcónaí a íoc leis.

Sa tuairim ón gCoimisiún faoin ngearán, luadh gur chóir na sonraí a bhí á dtabhairt ar bhileog sonraí pearsanta an ghearánaí a chur ina gceart de réir mar a bhí iarrtha ag an ngearánaí. Chuir an gearánaí in iúl don Ombudsman ina dhiaidh sin go raibh cúiteamh morálta déanta leis ainneoin nach raibh an tuarastal a bhí dlite dó mar gheall ar an rangú earráideach faighte aige.

## CÚIG BLIANA GAN FREAGRA A THABHAIRT

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 242/2006/BM in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh.*

Ar 8 Samhain 2000, scríobh an gearánaí litir chuig an gCoimisiún, inar iarr sé cabhair le fadhb a réiteach a bhain le córas breithiúnach na Spáinne. Chuir an Coimisiún admháil chuige, dar dháta 20 Samhain 2000, go bhfuarthas an litir, agus dúirt leis gur tugadh uimhir thagartha dá litir agus gurbh í Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus Gnóthaí Baile a bhí freagrach aisti. Ach ní bhfuair an gearánaí aon fhreagra substainteach riamh. Mheas sé nárbh fhéidir glacadh leis nár fhreagair an Coimisiún a chomhfhreagras tar éis cúig bliana agus d'iarr sé ar an Ombudsman an scéal a fhiosrú.

Ina Thuairim, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuair sé litir an ghearánaí dár dháta 8 Samhain 2000 agus gur sheol sé admháil go bhfuarthas. Dúirt sé freisin go ndeachaigh an gearánaí i dteagmháil leis an gCoimisiún arís, i 2003, le freagra a iarraidh ar a litir. Dúirt an Coimisiún go raibh aiféala air nár thug sé freagra faoi shubstaint na litreach, d'admhaigh sé nár chomhlíon sé seo a dhualgas ná na rialacha agus ghabh sé a leithscéal. Ina theannta sin, mhínigh an Coimisiún gur chuir sé litir chuig an ngearánaí ar 14 Iúil 2006, inar ghabh sé leithscéal faoin moill agus ina ndúirt leis gur chás

[15] Tá córas dhá chatagóir ag na hInstitiúidí Eorpacha maidir le teangairí comhdhála cúnta seisiúin ("ACI"), eadhon, Catagóir 2 (teangaire tosaigh) agus Catagóir 1 (teangaire le taithí, a bhfuil líon is mó ná 100 lá caite acu ag obair do na hInstitiúidí Eorpacha). 28% an difríocht idir na tuarastail a théann leis an dá chatagóir.

intíre a chás nach raibh baint aige le dlí an CE, mar gur thagair sé do chaidreamh conartha idir dhá chomhlacht Spáinneacha agus d'fhadhb a bhain le córas breithiúnach na Spáinne. Mhol an Coimisiún don ghearánaí dul i dteagmháil leis an húdaráis náisiúnta freagracha.

Dúirt an tOmbudsman go raibh forálacha faoi leith a bhain le comhfhreagras a fhreagairt sa Chód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin agus i gCód an Choimisiúin féin um Dhea-iompar Riaracháin na mBall Foirne ina gCaidreamh leis an bPobal. Dúirt sé chomh maith gur admhaigh an Coimisiún ina Thuairim nár chloígh sé leis na forálacha seo. Agus an scéal amhlaidh, ba é breith an Ombudsman nach raibh cúis ar bith ann nach n-aontódh an Coimisiún le meas an ghearánaí ar a iompraíocht. Mar sin féin b'fhíor, maidir leis an ngearán seo, gur admhaigh an Coimisiún gan cor a chur ann nach ndearna sé beart de réir na rialacha agus na ndualgas a bhí air agus gur ghabh sé leithscéal go díreach leis an ngearánaí, agus freisin ina Thuairim ar an ngearán. D'fháiltigh an tOmbudsman roimh fhreagairt an Choimisiúin, agus b'ábhar sásaimh leis freisin gur uaidh féin a dúirt an Coimisiún go ndeachaigh an gearánaí i dteagmháil leis arís i 2003 le freagra a iarraidh ar a litir ach nár tugadh aon fhreagra ar an litir mheabhrúcháin seo. Mar chríoch, dúirt an tOmbudsman freisin go raibh freagra substainteach tugtha ag an gCoimisiún ar an ngearánaí, agus nach raibh aon éileamh eile aige siúd. Mheas an tOmbudsman mar sin nár ghá aon fhiosrúchán eile a dhéanamh.

## 3.6.3 An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra

### GAN LEITHSCÉAL A GHABHÁIL FAOI DHEARMAD MEASÚNAITHE

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 2312/2004/MHZ in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Theastaigh ón ngearánaí páirt a ghlacadh i gcomórtas oscailte do riarthóirí cúnta ar saoránaigh Sheiceacha iad. Níor thug an Bord Roghnaithe an cead sin di, ag maíomh nach raibh sí i dteideal ar bhonn na gcáilíochtaí a bhí aici staidéar dochtúireachta a dhéanamh i bPoblacht na Seice. Ina dhiaidh sin, ghlac Ollscoil Shéarlais i bPrág léi mar mhac léinn dochtúireachta. Chuir an gearánaí é seo in iúl don Bhord ach sheas seisean lena chinneadh.

Mhaigh an gearánaí nár mheas EPSO a cuid céimeanna acadúla mar ba cheart nuair a dhearbhaigh siad nár thug siad sin an ceart di staidéar dochtúireachta a dhéanamh.

Ba é meas EPSO nach ndearna an Bord Roghnaithe aon dearmad.

Níor aontaigh an tOmbudsman le hEPSO, mar gur thug cáilíochtaí an ghearánaí an teideal di staidéar dochtúireachta a dhéanamh i bPoblacht na Seice, agus i gcruthúnas air seo lig Ollscoil Shéarlais di staidéar dochtúireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin bhí seachrán ar an mBord Roghnaithe, cé nár ghá a rá gur díol cáinte é ná go raibh dliteanas i gceist. Mheas an tOmbudsman freisin, toisc go mbíonn na hiarrthóirí sna comórtais a eagraíonn EPSO ag plé le EPSO agus má dhéanann aon iarrthóir gearán leis an Ombudsman gurb é EPSO a fhreagraíonn, gur cheart gurbh é EPSO a ghabhfadh leithscéal leis na hiarrthóirí dá ndéanfadh an Bord dearmad. Mar chríoch, mar a leagtar síos sa Chód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin (Airteagal 12(3)), éilíonn prionsabail an dea-riaracháin go n-admhóidh na hinstitiúidí na dearmaid a rinne siad agus go ngabhfaidh siad a leithscéal fúthu. Dá réir sin, mhol an tOmbudsman, ar mhaithe le réiteach cairdiúil, go ndéanfadh EPSO leithscéal a ghabháil leis an ngearánaí.

Níor ghlac EPSO le moladh an Ombudsman agus dhiúltaigh sé arís dó ina fhreagra ar litir eile ón Ombudsman.

Toisc gur dhiúltaigh EPSO dhá uair cheana leithscéal a ghabháil leis an ngearánaí, ghabh an tOmbudsman leithscéal léi thar ceann na gComhphobal Eorpach faoi gur measadh nár thug a cuid cáilíochtaí an teideal di staidéar dochtúireachta a dhéanamh.

# 3.7 CÁSANNA A DÚNADH TAR ÉIS TUARASCÁLA SPEISIALTA



## 3.7.1 Comhairle an Aontais Eorpaigh

### TEANGACHA A ÚSÁIDTEAR AR SHÚIMH GHRÉASÁIN NA hUACHTARÁNACHTA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 1487/2005/GG in aghaidh Chomhairle an Aontais Eorpaigh*

Rinne comhlachas um chosaint na Gearmáinise gearán nár chinntigh an Chomhairle go raibh suímh ghréasáin na hUachtaránachta le fáil i nGearmáinis.

Dúirt an gearánaí gur mhó saoránaigh an AE a raibh an Ghearmáinis acu mar mháthairtheanga ná teanga ar bith eile agus, tar éis aontachas na mBallstát nua, gurbh í an Ghearmáinis, i ndiaidh an Bhéarla, an teanga is mó a thuig saoránaigh an AE, mar theanga mháthartha nó mar theanga iasachta. D'áitigh an gearánaí freisin gur cheart go mbeadh teachtaireachtaí institiúidí an AE a bheadh dírithe go speisialta ar an bpobal le tuiscint ag an líon ba mhó ab fhéidir de shaoránaigh an AE. Sa chás nach n-úsáidfí ach líon beag teangacha, ba cheart dar leis an ngearánaí go roghnófaí iad seo ar bhonn mheáchan déimeagrafach na dteangacha. Níor thuig an gearánaí mar sin cén fáth nár úsáid suímh ghréasáin na hUachtaránachta go hiondúil ach an Béarla agus an Fhraincis, mar aon le teanga na tíre ag a bhfuil an Uachtaránacht.

Cé gur ghlac sí leis gur cuid den Chomhairle í an Uachtaránacht mar institiúid, mhaigh an Chomhairle nach raibh freagracht ar bith aici as suímh ghréasáin na hUachtaránachta, mar go bhfuil siad sin faoi réir ag údarás na mBallstát ag a raibh an Uachtaránacht.

Dar leis an Ombudsman, toisc gur léir gur cuid den Chomhairle í an Uachtaránacht, ní féidir a mheas gur suímh ghréasáin náisiúnta iad suímh ghréasáin na hUachtaránachta nach dtagann faoi raon dhlí an Chomhphobail. Mar sin ní féidir a mheas nach mbaineann ceist seo na dteangacha a úsáidtear ar shuímh ghréasáin na hUachtaránachta leis an gComhairle. Dá bhrí sin ba é meas an Ombudsman gur beart drochriaracháin é nár scrúdaigh an Chomhairle substaint iarratas an ghearánaí. Dá réir sin, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh faoin scéal.

Tar éis don Chomhairle diúltú don dréachtmholadh, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ar 30 Samhain 2006, ag iarraidh taca na Parlaiminte maidir leis an tátal seo a leanas a bhain sé as an bhfiosrúchán:

(i) tá an Chomhairle freagrach as na teangacha a úsáidtear ar shuímh ghréasáin a hUachtaránachta;

(ii) b'fhearr dá mbeadh an fhaisnéis ar shuíomh gréasáin Uachtaránacht na Comhairle le fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Chomhphobail;

(iii) má chuirtear teorainn le líon na dteangacha a úsáidtear ar shuíomh gréasáin Uachtaránacht na Comhairle, ní mór rogha na dteangacha a bhunú ar thosca réasúnta oibiachtúla; agus

(iv) ba go héagórach mar sin a dhiúltaigh an Chomhairle déileáil le substaint an cháis, i.e., iarratas an ghearánaí go mbeadh léiriú Idirlín na n-Uachtaránachtaí le fáil sa Ghearmáinis chomh maith, agus ba bheart drochriaracháin é.

## 3.7.2 An Coimisiún Eorpach

### RIGHNEAS AG PLÉ LE GEARÁN CONSPÓIDEACH A BHÍ ÍOGAIR Ó THAOBH NA POLAITÍOCHTA

*Achoimre ar an gcinneadh ar Ghearán 289/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Thairgeadh an gearánaí seirbhísí gealltóireachta spóirt sa tSacsain Íochtarach sa Ghearmáin. Dúirt sé gur ordaigh údaráis na Gearmáine dó éirí as na seirbhísí seo, rud a chuir iallach air a ghnó a dhúnadh. Mhaigh an gearánaí gur sháraigh údaráis na Gearmáine dlí an AE, agus go háirithe an tsaoirse seirbhísí a sholáthar. Chuir a dhlíodóir gearán faoi shárú dlí chuig an gCoimisiún. Nuair nár fhreagair an Coimisiún ceist faoi staid an fhiosrúcháin seacht mí tar éis dó a bheith cláraithe, d'iarr sé cabhair ar an Ombudsman. Mhaigh an gearánaí go bunúsach nár dhéileáil an Coimisiún mar ba cheart lena ghearán faoi shárú dlí. D'áitigh sé go raibh géarghá le beart ón gCoimisiún mar bhí sé ag cailleadh airgid toisc gur dúnadh a ghnó.

Dúirt an Coimisiún go bhfuair sé riar maith gearán faoi shárú dlí a bhain le seirbhísí cearrbhachais agus gur mheasúnaigh sé bonn cirt agus comhréir roinnt toirmeasc náisiúnta ar sheirbhísí gealltóireachta spóirt. Chuir an Coimisiún fógra scríofa foirmeálta chuig an Danmhairg agus bhí an scrúdú a bhí sé a dhéanamh ar ghearáin faoi shárú dlí in aghaidh na Gearmáine, na hIodáile agus na hÍsiltíre fós ar siúl.

Dar leis an gCoimisiún, bhí sé fós ag "dianscrúdú" gnéithe ar leith faoi ghearán sáraithe an ghearánaí. Mheas an tOmbudsman nár thacaigh an faisnéis a cuireadh ar fáil dó leis an argóint seo. Go háirithe, bhí an Coimisiún tar éis a dhearbhú freisin go raibh measúnú achrannach ag teastáil sa chás seo ar bhonn cirt agus ar chomhréir an toirmisc náisiúnta, ar mhaithe leis an ord poiblí, ar sheirbhísí gealltóireachta spóirt. Ach d'admhaigh an Coimisiún féin nach ndeachaigh sé fós i dteagmháil le húdaráis na Gearmáine. Ba dheacair leis an Ombudsman a chreidiúint go bhféadfadh an Coimisiún an bonn cirt agus an chomhréir a mheas in easpa teagmhála den sórt. I ndréachtmholadh leis, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún déileáil le gearán sáraithe dhlí an ghearánaí go dícheallach agus gan aon mhoill nár ghá.

Ina Thuairim mhionsonraithe, dhearbhaigh an Coimisiún go raibh gearáin a bhain le seirbhísí gealltóireachta spóirt "thar a bheith íogair agus conspóideach ó thaobh na polaitíochta". Pléadh an cheist i láthair ceithre chruinniú inmheánacha faoi shárú dlí. Ach bhí cinneadh imeachtaí sáraithe a thionscnamh ag brath ar thaca Choláiste na gCoimisinéirí, rud nach bhfuarthas fós.

D'fháiltigh an tOmbudsman roimh mhacántacht Thuairim mhionsonraithe an Choimisiúin. Mheas sé, mar sin féin, nár fhuascail an méid a dúradh an Coimisiún ón dualgas a bhí air déileáil mar ba cheart le gearáin den sórt.

Dúirt an tOmbudsman, arbh fheasach dó go raibh lánrogha ag an gCoimisiún sa ghnáthamh sáraithe, gur le staid riaracháin an ghnáthaimh a bhain an cás seo. Mheas sé nach raibh an Coimisiún i dteideal a chinneadh a chur siar gan ceapadh lae ar an ábhar nach raibh sé in ann teacht ar chomhthoil pholaitiúil faoin nós imeachta. Dar leis an Ombudsman ba cheist thábhachtach phrionsabail é seo. Mar sin chuir sé a mholadh in iúl arís i dtuarascáil speisialta do Pharlaimint na hEorpa.

Ina dhiaidh sin chuir an Coimisiún in iúl don Ombudsman go raibh socraithe aige, idir an dá linn, imeachtaí sáraithe a thionscnamh agus go raibh fógra scríofa foirmiúil curtha aige chuig an nGearmáin.

# 3.8 FIOSRÚCHÁIN FHÉINTIONSCANTA DE CHUID AN OMBUDSMAN

## FIOSRÚ AR DHEA-THOIL AN CHOIMISIÚIN DUL I mBUN IDIRGHÁBHÁLA I gCÁS EASAONTAS LE CONRAITHEOIRÍ

*Achoimre ar an gcinneadh a lean an fiosrúchán féintionscanta OI/1/2006/TN*

Gach uile bhliain, faigheann an tOmbudsman Eorpach roinnt mhaith gearán in aghaidh an Choimisiúin i dtaobh conspóidí conarthacha. Ó dhaoine aonair, ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ó eagraíochtaí eile a thagann na gearáin agus baineann siad le conraitheoirí agus fochonraitheoirí araon. Chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán féintionscanta inar iarr sé ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí breis úsáide a bhaint as an idirghabháil le déileáil le conspóidí a bhain leis na conarthaí a mhaoinigh sé. Is i ndiaidh don Choimisiún glacadh leis gur minic gur shimplí agus gur chostéifeachtaí í an idirghabháil mar bhealach le conspóidí a réiteach a rinne sé é seo.

Le linn an fhiosrúcháin, ghlac an Coimisiúin an cúram air féin bealaí eile le conspóidí a réiteach a chur chun cinn feasta. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ach clásal roghnaitheach idirghabhála a chur sna conarthaí soláthair caighdeánacha aige, a dúirt sé. Ach chuir sé fainic go bhféadfadh costais a bheith i gceist leis an idirghabháil nó le bealaí eile le conspóidí a réiteach. Dhearbhaigh sé freisin nach féidir leis an gCoimisiún an idirghabháil a chur mar iallach i gcás conspóidí idir a chuid conraitheoirí agus a bhfochonraitheoirí siúd.

Sa chinneadh aige a dhún an fiosrúchán, d'fháiltigh an tOmbudsman roimhe go raibh clásal roghnaitheach idirghabhála le cur feasta i gconarthaí an Choimisiúin. Dúirt sé go háirithe gur ghnách go mbíonn an idirghabháil níos costéifeachtaí maidir le conspóid a réiteach ná an scéal a thabhairt go díreach os comhair na cúirte. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún é a choinneáil ar an eolas faoina ndéanfadh sé feasta maidir le húsáid an chlásail idirghabhála agus faoi na hiarrachtaí a dhéanfadh sé an idirghabháil a úsáid freisin i gconspóidí a bhain le deontais ón gCoimisiún. Chuir an tOmbudsman treise freisin leis an tábhacht a bhí leis an idirghabháil a mholadh i gcás conspóidí idir conraitheoirí agus fochonraitheoirí.

Níor mhór go gcuirfeadh an Coimisiún an tOmbudsman ar an eolas faoi gach a ndéanfadh sé ina thaobh seo faoi 30 Meitheamh 2007.

## MAR A DÉILEÁLADH LE GEARÁN FAOI FHORBAIRT CALAFOIRT TIONSCLAÍGH SA SPÁINN

*Achoimre ar an gcinneadh a lean an fiosrúchán féintionscanta OI/2/2006/JMA*

Tar éis dó an-chuid gearán agus teachtaireachtaí eile a fháil faoi na húdaráis Spáinneach a bheith ag forbairt calafoirt tionsclaígh i gcathair Granadilla, ar oileán Tenerife sa Spáinn, chinn an tOmbudsman ar fhiosrúchán féintionscanta a oscailt d'fhonn caoi a thabhairt don Choimisiún a ról mar chaomhnóir ar an gConradh a mhíniú sa chás seo.

Dar leis na gearánaithe, shocraigh an Coimisiún go ndúnfadh sé an fiosrúchán a rinne sé de bharr roinnt mhaith gearán a fháil a bhain le forbairt calafoirt tionsclaígh i nGranadilla, ar an ábhar nach mbeadh an fhorbairt in aghaidh dhlí an Chomhphobail, go háirithe Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga[16]. D'áitigh na gearánaithe go ginearálta nár bhreithnigh an Coimisiún dhá réiteach indéanta eile ar an bhforbairt a bhí á beartú.

16 Treoir 92/43/EEC ón gComhairle dar dáta 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine, IO 1996 L 59, l. 63.

D'áitigh an Coimisiún go raibh a chuid seirbhísí fós ag scrúdú an tionscadail. Mhínigh an Coimisiún, toisc go raibh tábhacht leis an gceist an raibh nó nach raibh roghanna eile ann seachas an fhorbairt agus go rachadh sé seo i gcion ar a thuairim dheiridh de bhun Airteagail 6(4) den Treoir maidir leis na Gnáthóga, go ndéanfadh an Coimisiún dianstaidéar ar an ngné seo den chás agus go dtabharfadh sé tuairim a mheasfadh an tionchar ar an gcomhshaol, bailíocht na "n-argóintí fíorphráinneacha" a rinne údaráis na Spáinne ar son na forbartha agus an chothromaíocht idir an dá leas fhreasúracha seo, chomh maith le measúnú ar na bearta cúitimh. Dúirt an Coimisiún go háirithe go raibh sé ag déanamh gach ar ghá le cinneadh ar chomhairle chomh luath agus ab fhéidir agus go gcuirfeadh sé na gearánaithe ar an eolas.

Ba é meas an Ombudsman gur shoiléirigh Tuairim an Choimisiúin na ceisteanna a bhí sé a fhiosrú. Go háirithe, níor chinn an Coimisiún ar aon chomhairle fós maidir leis an scéal. Dá réir sin, ba é breith an Ombudsman ná ghá aon fhiosrúchán eile. Dúirt an tOmbudsman freisin, chomh luath agus a chinnfeadh an Coimisiún ar chomhairle, nó dá mbeadh moill as cuimse ar an gcinneadh, go bhféadfadh saoránaigh agus cónaitheoirí gearáin a dhéanamh leis dá measfaidís go raibh an Coimisiún ciontach as drochriarachán.

## UASTEOIRAINNEACHA AOISE SA CHLÁR OILIÚNA INSEIRBHÍSE

*Achoimre ar an gcinneadh a lean an fiosrúchán féintionscanta OI/3/2006/BB*

In Eanáir na bliana 2006, d'oscail an tOmbudsman fiosrúchán féintionscanta faoi rialacha agus pholasaithe Pharlaimint na hEorpa ar uasteorainneacha aoise sa chlár oiliúna aici. Thagair an tOmbudsman (i) d'Airteagal 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, a deir go: "*[d]Toirmiscfear aon leithcheal ar ábhar ar bith mar (...) aois (...)* ", (ii) do chásdlí úrnua de chuid na Cúirte Breithiúnais a dhearbhaíonn gur prionsabal ginearálta de dhlí an Chomhphobail é prionsabal an neamh-leithcheala ar ábhar aoise[17], agus (iii) do chinneadh an Choimisiúin teorainneacha aoise a chealú ina chlár oiliúna, tar éis don Ombudsman dréachtmholadh a dhéanamh i gCás 2107/2002/PB.

Ina Tuairim, dhearbhaigh an Pharlaimint gur ghlac sí cinneadh nua ar 1 Feabhra 2006, i dtaobh na Rialacha faoi Chúrsaí Oiliúna agus Chuairteanna Staidéir i Rúnaíocht Pharlaimint na hEorpa (Rialacha). Ó 15 Feabhra 2006, an dáta ar tháinig na rialacha nua i bhfeidhm, níor chuir sí uasteorainn aoise i bhfeidhm maidir lena clár oiliúna. Roimh an dáta sin, chuir sí uasteorainn aoise 45 blian.

Chinn an tOmbudsman, ó ba rud é gur chealaigh an Pharlaimint an teorainn aoise, nár ghá aon fiosrúchán eile.

# 3.9 CEISTEANNA LENAR PHLÉIGH AN tOMBUDSMAN

## LÁNROGHA BALLSTÁIT I gCEIST TALMHAÍOCHTA

*Achoimre ar cheist Q1/2006/GK a chuir Ombudsman na hÉireann*

I Márta na bliana 2006, chuir Ombudsman na hÉireann ceist faoi cheann dá cuid cásanna. Bhain an cheist leis an tátal a bhain Roinn Talmhaíochta agus Bia na hÉireann as Airteagal 40 de Rialachán 1782/2003 a leagann rialacha coiteanna síos i leith scéimeanna taca díreacha faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus a bhunaíonn scéimeanna áirithe taca d'fheirmeoirí. Go háirithe, cuireadh an

17 Cás C-144/04, *Werner Mangold v. Rüdiger Helm*, ECR [2005] I-9981, alt 75.

cheist ar thug Airteagal 40(4) lánrogha don údarás náisiúnta maidir le sainiú na dtinneas eipeasótach ar cheart glacadh leo mar *force majeure* má thagann siad ar bheostoc an fheirmeora nó ar chuid de.

Iarradh faisnéis ar an gCoimisiún, a dúirt, go hachomair, go gcaithfeadh na húdaráis náisiúnta aon éileamh i leith *force majeure* a scrúdú cás i ndiaidh cáis.

Mheas an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil sa cheist, nár sháraigh údaráis na hÉireann teorainneacha a gcumhachta measúnaithe ag cur Airteagail 40(4) de Rialachán 1782/2003 i bhfeidhm dóibh. Cuireadh Tuairim an Choimisiúin ar aghaidh chuig Ombudsman na hÉireann, a dúirt leis an Ombudsman Eorpach go raibh sí sásta leis an toradh a bhí ar an gceist.

## SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

### *Achoimre ar cheist Q3/2005/IP a chuir Ombudsman réigiúnach Friuli-Venezia-Giulia*

Chuir Ombudsman réigiúnach Friuli-Venezia Giulia, an Iodáil, ceist ar an Ombudsman faoin bhfáth nárbh fhéidir teicstílí a tairgeadh sa Ghearmáin i gcomhair troscáin amharclainne a iompórtáil san Iodáil. Faoi dhlí na hIodáile, ní mór homalógú faoi leith a fháil ó údaráis na hIodáile do gach earra (a iompórtáladh) atá faoi réir ag reachtaíocht na hIodáile faoi chosc dóiteáin. D'fhiafraigh an tOmbudsman réigiúnach den Ombudsman Eorpach cé na cosúlachtaí a bhí ann go gcomhchuibheofaí an dlí sa réimse seo ar leibhéal an Chomhphobail d'fhonn na baic ar shaorghluaiseacht earraí a shárú.

D'iarr an tOmbudsman faisnéis ar an gCoimisiún, a mhínigh go raibh feidhm, in éagmais caighdeán nó rialacha comhchuibhithe de chuid an AE sa réimse áirithe seo, leis na forálacha ginearálta a bhaineann le saorghluaiseacht earraí mar a leagtar síos iad in Airteagail 28 go dtí 30 de Chonradh an AE. De réir na bprionsabal seo, ní mór cead a thabhairt earra a tairgeadh agus a dhíoltar go dleathach i mBallstát amháin a dhíol i mBallstát ar bith eile. Sonraíonn Airteagal 30 nach gcoiscfidh forálacha Airteagail 28 toirmisc nó teorainneacha ar iompórtáil earraí ar ábhair a bhaineann, *i measc rudaí eile*, leis an moráltacht phoiblí, leis an bpolasaí poiblí, leis an slándáil phoiblí nó le cosaint shláinte nó bheatha na ndaoine. Caithfidh na bearta náisiúnta seo, le go mbeadh bonn cirt leo, a bheith riachtanach do na haidhmeanna sin agus i gcomhréir leo. Ina theannta sin, níor cheart gur mheán iad na toirmisc nó na teorainneacha le leithcheal aondeonach a dhéanamh ná gur shrianadh ceilte iad ar an trádáil idir Ballstáit. Is féidir gearán ar bith a mhaíonn go bhfuil dlí an Chomhphobail sáraithe ag Ballstát a chur go díreach chuig an mBallstát le go bhfiosrófaí é.

Dúirt an tOmbudsman réigiúnach leis an Ombudsman Eorpach go raibh sí sásta le freagra an Choimisiúin agus dúnadh an cás dá réir.

# 4

# Caidreamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh



© iStockphoto.com/urbancow

# 4 CAIDREAMH LE hINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH

Teastaíonn go mór ón Ombudsman Eorpach caidreamh cuiditheach a chothú agus a chur chun cinn le hinstitiúidí agus comhlachtaí an AE d'fhonn na torthaí is fearr is féidir a chur ar fáil do na saoránaigh. Tá forbhreathnú sa chaibidil seo ar na cruinnithe agus na himeachtaí a cuireadh i gcrích i rith 2006 le Baill agus le hoifigigh institiúidí agus chomhlachtaí an AE d'fhonn caidreamh oibre den scoth a chinntiú. I rith na bliana céanna, shínigh an tOmbudsman roinnt comhaontuithe freisin, a bhfuil cuntas orthu ina dhiaidh seo.

Bhí tábhacht faoi leith i 2006 leis na cruinnithe déthaobhacha leis na Coimisinéirí Eorpacha, a phléigh feidhmiú ghnáthamh nua an Choimisiúin chun déileáil le fiosrúcháin an Ombudsman, ar tugadh isteach é i Samhain na bliana 2005. Toisc gurb é an Coimisiún an institiúid lena mbaineann bunáite fhiosrúchán an Ombudsman, tá sé thar a bheith tábhachtach a chinntiú go n-oibríonn an gnáthamh seo mar is fearr is féidir. Chuaigh an tUas DIAMANDOUROS i gcomhairle le 11 Coimisinéir i rith 2006 agus ba mhór an t-ábhar misnigh dó a ndúthracht maidir le cultúr seirbhíse do na saoránaigh a chur chun cinn. Bhí cruinniú bisiúil ag an Ombudsman i mí Meithimh freisin le baill fhoirne an Choimisiúin a chomhordaíonn mar a láimhseáltar fiosrúcháin an Ombudsman. Thug an cruinniú seo an chaoi dó a mhíniú nach amháin gur gléas seachtrach faireacháin é an tOmbudsman ach freisin gur acmhainn luachmhar é a chabhróidh leis na hinstitiúidí feabhas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn siad. Ba mhór a d'éascaigh Leas-Uachtarán an Choimisiúin, Margot WALLSTRÖM, atá freagrach, *inter alia*, as an gcaidreamh leis an Ombudsman, agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin, Catherine DAY, na cruinnithe seo. Labhair Iníon WALLSTRÖM freisin le foireann an Ombudsman i Strasbourg i mí na Nollag, mar ar thug sí forbhreathnú ar na hiarrachtaí atá an Coimisiún a dhéanamh le feabhas a chur ar an gcaidreamh leis na saoránaigh.

Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman agus is di atá sé freagrach. Tá caidreamh oibre den scoth ag an Ombudsman le Coiste um Achainíocha na Parlaiminte, atá freagrach as an gcaidreamh leis an Ombudsman agus a dhréachtaíonn an tuairisc ar a Thuarascáil Bhliaintúil. I 2006, ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt i gceithre chruinniú den Choiste um Achainíocha, agus chuir a Thuarascáil Bhliantúil agus a chuid Tuarascálacha Speisialta faoina mbráid, faoi réimse leathan ábhar. Ar iarratas an Choiste, rinne ball dá fhoireann ionadaíocht ar an Ombudsman ag gach cruinniú den Choiste i rith na bliana seo. Shaothraigh an tOmbudsman freisin an caidreamh cuiditheach atá aige le Feisirí Pharlaimint na Eorpa i 2006.

Lean an tOmbudsman air ag déanamh caidrimh leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí eile i 2006. I mí Márta, ghlac sé comhairle le hUachtaráin na Cúirte Breithiúnais, na Cúirte Céadchéime agus Bhinse na Státseirbhíse, le hUachtarán Chúirt na nIniúchóirí agus le hUachtarán an Bhainc Infheistíochta Eorpaigh, i Lucsamburg. I nDeireadh Fómhair, labhair sé le Stiúrthóirí na Gníomhaireachta Eorpaí um Athchóiriú agus an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Traenála Gairmiúla, sa Ghréig. I rith na bliana freisin, chuir sé a chuid oibre i láthair do ghrúpaí éagsúla de bhaill fhoirne institiúidí agus chomhlachtaí na hEorpa sa Bhruiséil, i Lucsamburg agus i Strasbourg.

D'fhonn an tseirbhís is fearr is féidir a chinntiú do na saoránaigh, shínigh an tOmbudsman roinnt comhaontuithe tábhachtacha i rith na bliana seo.

I Márta 2006, shínigh an tOmbudsman comhaontú nua leis an bParlaimint, a bhain le comhoibriú in ábhair mar an polasaí ar fhoirgnimh, teicneolaíocht na faisnéise agus an chumarsáid. Ba cheart go gcuirfeadh an comhaontú nua ar chumas an Ombudsman leas éifeachtach a bhaint as na hacmhainní a dheonaítear dá oifig (féach Iarscríbhinn B), gan aon dochar dá neamhspleáchas san obair.

Comhaontú tábhachtach eile ab ea an Meabhrán Comhthuisceana leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a svíníodh i 2006[1]. Is é an aidhm atá leis an gcomhaontú seo a chinntiú go bpléitear go comhsheasmhach le gearáin faoi chosaint sonraí agus nach ndéantar dúbailt nach gá. Dá réir sin, d'aontaigh an tOmbudsman agus an MECS: (i) na gearánaithe a chur ar an eolas faoin institiúid eile agus aistriú na ngearán a éascú; (ii) an institiúid eile a chur ar an eolas faoi na gearáin a bhaineann léi; (iii) gan gearán a oscailt arís ar pléadh leis cheana, mura gcuirtear faisnéis shuntasach nua ar fáil; (iv) nós imeachta comhsheasmhach a ghlacadh i leith na ngnéithe dlí agus riaracháin de chosaint sonraí, agus ar an gcaoi sin cearta agus leas na saoránach agus na ngearánaithe a chur chun cinn. Shínigh an tOmbudsman agus an Maoirseoir Eorpacha ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX, an Meabhrán Comhthuisceana sa Bhruiséil ar 30 Samhain, i bhfianaise an Leas-Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, an tUas Joaquín BAYO DELGADO, agus Ard-Rúnaí an Ombudsman, an tUas Ian HARDEN. Thug an ócáid seo an chaoi dóibh faisnéis a mhalartú ar réimse ceisteanna ar díol suime iad leis an dá thaobh.


© An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

An Meabhrán Comhthuisceana á shíniú ag an Uas Diamandouros agus ag an Uas Peter Hustinx, An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, An Bhruiséal, an Bheilg, 30 Samhain 2006.

Ar 30 Samhain freisin, shínigh an tOmbudsman Eorpach comhaontú comhoibrithe le rialtas na Spáinne le go bhféadfaí an Bhascais, an Chatalóinis/teanga Valencia agus an Ghailísis, teangacha comhoifigiúla sa Spáinn, a úsáid i ngearáin leis an Ombudsman Eorpach. Shín Buanionadaí na Spáinne chun an AE, Ambasadóir Carlos BASTARRECHE SAGÜES, an comhaontú thar ceann rialtas na Spáinne. Agus an comhaontú sínithe aige, freagraíonn cleachtas an Ombudsman do chinntí Chomhairle an AE dar dáta Meitheamh 2005 a shonraigh go bhféadfaí na teangacha seo a úsáid chun cumarsáid shaoránaigh na Spáinne a éascú le hinstitiúidí an AE. De réir an chomhaontaithe, cuirfidh rialtas na Spáinne comhlachas aistriúcháin ar bun a bheidh freagrach as gearáin sna teangacha sin a aistriú. Arís ar ais, aistreoidh sé cinntí an Ombudsman as Spáinnis/Caistílis go teanga an ghearánaí. Nuair a bheidh an comhlachas aistriúcháin curtha ar bun ag údaráis na Spáinne agus éifeacht mar sin ag an gcomhaontú, beidh faisnéis faoin gcaoi ba cheart gearán a dhéanamh sna teangacha seo le fáil tríd an nasc seo leanas ar shuíomh gréasáin an Ombudsman: http://www.ombudsman.europa.eu

1 Meabhrán Comhthuisceana idir an Ombudsman Eorpach agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí; IO 2007 C 27, l. 21.

Tá liosta de na cruinnithe agus na himeachtaí thuasluaite agus de bhearta eile an Ombudsman sa réimse seo sna hailt den chaibidil seo go díreach i mo dhiaidh anseo[2].

## 4.1 PARLAIMINT NA hEORPA

18 Eanáir: Páirteach i gcruinniú lóin de chuid "Ghrúpa Cangarú" Fheisirí PE. Ba é an tUas Andrew DUFF FPE an príomhchainteoir, a labhair faoin ábhar "Tréimhse machnaimh — Struchtúr, ábhair agus comhthéacs maidir le measúnú ar an díospóireacht ar an Aontas Eorpach". Ba é an tUas Manuel MEDINA ORTEGA FPE an cathaoirleach.

25 Eanáir: Tuarascáil Speisialta an Ombudsman ar an bhFollasacht in imeachtaí na Comhairle á cur i láthair ag cruinniú de Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Ghlac an tUas Marcin LIBICKI FPE, Cathaoirleach an Choiste, an tUas Elmar BROK FPE, an tUas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE, an tUas Michael CASHMAN FPE, Diana WALLIS Uas FPE agus an tUas Hans BRUNMAYER, Ard-Stiúrthóir agus Ceann Comhghnáis na Comhairle, páirt sa díospóireacht ina dhiaidh; ainmnítear anseo iad san ord inar labhair.

14 Feabhra: Cruinniú le hInés AYALA SENDER Uas FPE.

14 Feabhra: Cruinniú leis an Uas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE.

14 Feabhra: Cruinniú leis an Uas Gregorio GARZÓN CLARIANA, Comhairleoir Dlí Pharlaimint na hEorpa.

14 Márta: Tuarascáil Bhliantúil 2005 an Ombudsman á cur faoi bhráid an Uas Josep BORRELL FONTELLES FPE, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus síniú an chomhaontaithe faoi chomhoibriú le Parlaimint na hEorpa (féach leat Iarscríbhinn B).

© Parlaimint na hEorpa



An comhaontú comhair nua á shíniú ag an Uas Diamandouros agus ag an Uas Josep Borrell Fontelles, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Strasbourg na Fraince, 14 Márta 2006.

14 Márta: Cruinniú leis an Uas Markus FERBER FPE.

14 Márta: Cruinniú leis an Uas Manolis MAVROMMATIS FPE.

2 Mura ndeirtear a mhalairt, sa Bhruiséil, i Lucsamburg nó i Strasbourg a eagraíodh na cruinnithe agus na himeachtaí.

4 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Andreas SCHWAB FPE agus an Uas Richard SEEBER FPE.

2 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Louis GRECH FPE.

3 Bealtaine: *Tuarascáil Bhliantúil 2005* an Ombudsman á cur faoi bhráid an Choiste um Achainíocha. Ghlac an tUas Marcin LIBICKI FPE, Cathaoirleach an Choiste, an tUas Andreas SCHWAB FPE, an tUas Manolis MAVROMMATIS FPE, Sir Robert ATKINS FPE, Inés AYALA SENDER Uas FPE, an tUas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE, agus Alexandra DOBOLYI Uas FPE páirt sa díospóireacht ina dhiaidh sin; ainmnítear anseo iad san ord inar labhair.

15 Bealtaine: Tuarascáil Speisialta an Ombudsman ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) á cur faoi bhráid an Choiste um Achainíocha. Rinne an tUas DIAMANDOUROS ráiteas agus ansin d'fhreagair ceisteanna ó (san ord inar labhair siad) Sir Robert ATKINS FPE, an Uas Michael CASHMAN FPE, an Uas Paul VAN BUITENEN FPE, an Uas Manolis MAVROMMATIS FPE, agus an Uas Jens-Peter BONDE FPE. Ina dhiaidh sin rinne an tUas Franz-Hermann BRÜNER, Ard-Stiúrthóir OLAF, ráiteas agus d'fhreagair ceisteanna ó Sir Robert ATKINS FPE, Alexandra DOBOLYI Uas FPE, an Uas Michael CASHMAN FPE, an Uas Paul VAN BUITENEN FPE, agus an Uas Jens-Peter BONDE FPE.

15 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Andreas SCHWAB FPE agus an Uas Manolis MAVROMMATIS FPE.

17 Bealtaine: Páirteach i lón in onóir chuairt oifigiúil an Uas Karolos PAPOULIAS, Uachtarán na Gréige, ar Pharlaimint na hEorpa.

15 Meitheamh: Cruinniú leis an Uas Pascal DE POORTERE agus an Uas Ville-Veikko TIMBERG, Oifigigh Chuntasaíochta le Parlaimint na hEorpa.

4 Iúil: Cruinniú leis an Uas Jo LEINEN FPE.

4 Iúil: Cruinniú leis an Uas Herbert BÖSCH FPE.

4 Iúil: Cruinniú leis an Uas Gregorio GARZÓN CLARIANA.

13 Iúil: Cur i láthair faoi "Ról an Ombudsman i gcomhthéacs oird dlí Eorpaigh atá i mbéal forbartha" ag Seimineár faoin "[g]Córas Eorpach maidir le cosaint chearta an duine" in Ollscoil Adam Mickiewicz i bPoznan na Polainne. Is é Cathaoirleach an Choiste um Achainíocha, an tUas Marcin LIBICKI FPE, a d'eagraigh an ócáid seo. Ghlac Ombudsman na Polainne, an tUas Janusz KOCHANOWSKI, páirt sa seimineár freisin.

13 Meán Fómhair: Tuarascáil Speisialta an Ombudsman ar fhaillí an Choimisiúin maidir le déileáil le gearán faoi Airteagal 226 á cur faoi bhráid an Choiste um Achainíocha. Ghlac an tUas Marcin LIBICKI FPE, Cathaoirleach an Choiste, an tUas Manolis MAVROMMATIS FPE, an tUas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE, an tUas Proinsias DE ROSSA FPE, agus Maria PANAYOTOPOULOS-CASSIOTOU Uas FPE páirt sa díospóireacht ina dhiaidh sin agus tá siad arna liostú anseo san ord inar labhair.

23 Deireadh Fómhair: Cruinniú leis an Uas Gregorio GARZÓN CLARIANA.

14 Samhain: Dinnéar, á óstáil ag an Ombudsman Eorpach, in onóir do Choiste Feidhmiúcháin agus do Chomhordaitheoirí an Choiste um Achainíocha. D'fhreastail an tUas Marcin LIBICKI FPE, Cathaoirleach an Choiste, Sir Robert ATKINS FPE, Alexandra DOBOLYI Uas FPE, Diana WALLIS Uas FPE, an tUas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE agus an tUas David LOWE, Ceann Urra Rúnaíocht an Choiste um Achainíocha, ar an dinnéar.

15 Samhain: Óráid do "Ghrúpa Cangarú" na FPE ar "C[h]umasú na saoránach — Ról an Ombudsman Eorpaigh". Ba é Sir Robert ATKINS FPE a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú.

16 Samhain: Tuarascáil Bhliantúil 2005 an Ombudsman á cur faoi bhráid lánseisiún Pharlaimint na hEorpa (féach leat alt 6.1).

## 4.2 AN COIMISIÚN EORPACH

12 Eanáir: Cruinniú leis an Uas Siim KALLAS, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Gnóthaí Riaracháin, Iniúchta agus Frith-Chalaoise.

12 Eanáir: Cruinniú le Catherine DAY Uas, Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh.

14 Márta: Cruinniú le Margot WALLSTRÖM Uas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh an Chaidrimh Institiúidigh agus na Cumarsáide.

30 Márta: Cruinniú leis an Uas Peter GALEZOWSKI, idirghabhálaí inmheánach gníomhach an Choimisiúin Eorpaigh.

30 Márta: Cur i láthair d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh i Lucsamburg ar ról an Ombudsman Eorpaigh.

16 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Janez POTOČNIK, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh Eolaíochta agus Taighde.

16 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Stavros DIMAS, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh an Chomhshaoil.

17 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Vladimír ŠPIDLA, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna.

6 Meitheamh: Cruinniú le Margot WALLSTRÖM Uas agus le Catherine DAY Uas.

6 Meitheamh: Cur i láthair do bhaill foirne an Choimisiúin atá freagrach as comhordú na déileála le fiosrúcháin an Ombudsman.

4 Iúil: Cruinniú leis an Uas Charlie McCREEVY, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh an Mhargaidh Inmheánaigh agus Seirbhísí.

4 Iúil: Cruinniú leis an Uas Giuseppe MASSANGIOLI, Stiúrthóir sa Choimisiún Eorpach freagrach as an gcaidreamh leis an Ombudsman Eorpach, agus leis an Uas Andrea PIERUCCI, Ceann Aonaid.

26 Meán Fómhair: Cruinniú leis an Uas Ján FIGEĽ, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh an Oideachais, na Traenála agus an Chultúir.

26 Meán Fómhair: Cruinniú leis an Uas Joaquín ALMUNIA, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh Gnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

26 Meán Fómhair: Cruinniú leis an Uas Markos KYPRIANOU, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh na Sláinte.

27 Meán Fómhair: Cruinniú le Margot WALLSTRÖM Uas.

16 Samhain: Cruinniú leis an Uas Olli REHN, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh an Mhéadaithe.

13 Nollaig: Cruinniú le Benita FERRERO-WALDNER Uas, Ball den Choimisiún Eorpach le haghaidh an Chaidrimh Sheachtraigh agus an Pholasaí Chomharsanachta Eorpaigh.

13 Nollaig: Cur i láthair a thug Margot WALLSTRÖM Uas d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh. I rith na cainte, phléigh Leas-Uachtarán an Choimisiúin an chumarsáid, mar a dhéileáltar le gearáin agus an Conradh Bunreachtúil.

## 4.3 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE

12 Eanáir: Cruinniú leis an Ambasadóir Nicholas EMILIOU, Buanionadaí na Cipire chun an Aontais Eorpaigh.

12 Eanáir: Cruinniú leis an Ambasadóir Vassilis KASKARELIS, Buanionadaí na Gréige chun an Aontais Eorpaigh.

6 Márta: Cruinniú le hUachtarán Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, an tUas Vassilios SKOURIS.

6 Márta: Lón oibre le hUachtarán na Cúirte Céadchéime, an tUas Bo VESTERDORF, leis an Uas Jörg PIRRUNG agus an Uas Marc JAEGER, Uachtaráin Dlísheomra, agus leis an Uas Emmanuel COULON, Cláraitheoir.

6 Márta: Cruinniú le hUachtarán Bhinse na Státseirbhíse, an tUas Paul J. MAHONEY, agus leis an Uas Horstpeter KREPPEL, Irena BORUTA Uas, an Uas Sean VAN RAEPENBUSCH agus an Uas Stéphane GERVASONI, Baill den Bhinse, agus Waltraud HAKENBERG Uas, Cláraitheoir.

6 Márta: Cruinniú leis an Uas Hubert WEBER, Uachtarán Chúirt Eorpach na nIniúchóirí.

6 Márta: Cruinniú leis an Uas Philippe MAYSTADT, Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus leis an Uas Eberhard UHLMANN, Ard-Rúnaí.

30 Márta: Cur i láthair do Chomhthionól Choistí Foirne na nGníomhaireachtaí Eorpacha ar ról an Ombudsman Eorpaigh.

15 Meitheamh: Cruinniú le Vicky VOULGARAKI Uas ó Bhuanionadaíocht na Ríochta Aontaithe chun an Aontas Eorpaigh.

14 Meán Fómhair: Cur i láthair d'fhoireann an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ar "Ról an Ombudsman Eorpaigh agus an BEI".

26 Méan Fómhair: Cruinniú leis an Ambasadóir Nina VASKUNLAHTI, Leas-Bhuanionadaí na Fionlainne chun an Aontais Eorpaigh.

6 Deireadh Fómhair: Cruinniú leis an Uas Richard ZINK, Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí um Athchóiriú agus le baill foirne de chuid na Gníomhaireachta i Thessaloniki, an Ghréig.

6 Deireadh Fómhair: Cruinniú le Aviana BULGARELLI Uas, Stiúrthóir an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Traenála Gairmiúla (CEDEFOP), agus le baill foirne de chuid na Gníomhaireachta i Thessaloniki, an Ghréig.

30 Samhain: Síniú Meabhráin Chomhthuisceana leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX.

30 Samhain: Síniú comhaontaithe faoi chomhoibriú le rialtas na Spáinne d'fhonn ceadú go n-úsáidfí an Bhascais, an Chatalóinis/teanga Valencia, agus an Ghailísis, teangacha comhoifigiúla sa Spáinn, i ngearáin leis an Ombudsman Eorpach. Shín Buanionadaí na Spáinne chun an AE, Ambasadóir Carlos BASTARRECHE SAGÜES, an comhaontú thar ceann rialtas na Spáinne.

# 5

# Caidreamh le hombudsman agus a macasamhla



© iStockphoto.com/urbancow

# 5 CAIDREAMH LE hOMBUDSMAN AGUS A MACASAMHLA

Bíonn an tOmbudsman Eorpach ag comhoibriú go dlúth lena chomhleacaithe ar na leibhéil náisiúnta agus réigiúnach lena chinntiú go bpléitear go héifeachtach le gearáin na saoránach. Tosaíonn an chaibidil seo le forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsman i 2006. Ansin tugann sé breac-chuntas ar raon leathan na gcomhdhálacha agus na gcruinnithe inar ghlac an tOmbudsman agus a fhoireann páirt, d'fhonn an ombudsmanaíocht a chur chun cinn ar fud an Aontais agus níos faide. Críochnaíonn sé le cuntas ar na cruinnithe déthaobhacha a tionóladh i rith na bliana.

## 5.1 LÍONRA EORPACH NA nOMBUDSMAN

Áiríonn Líonra Eorpach na nOmbudsman geall le 90 oifig i 31 tír Eorpach. Taobh istigh den Aontas, cuimsíonn sé na hombudsman agus eagraíochtaí den sórt ar na leibhéil Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach, agus ar an leibhéal náisiúnta tá an Ioruaidh, an Íoslainn agus na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE ina mbaill de freisin. Tá oifigeach idirchaidrimh ceaptha ag gach ombudsman náisiúnta agus eagraíocht den sórt i mBallstáit an AE, mar aon leis an Ioruaidh agus an Íoslainn, lena bheith ina phointe teagmhála do bhaill eile an Líonra.

Bunaíodh an Líonra i 1996 agus tháinig sé chun cinn go cothrom ina ghléas cumasach comhoibrithe do na hombudsman agus dá bhfoireann, mar mheicníocht éifeachtach comhoibrithe i mbainisteoireacht na gcásanna. Tá sé ríthábhachtach don Ombudsman Eorpach sa mhéid is go gcuireann sé ar a chumas plé go héifeachtach le gearáin nach dtagann faoi raon a shainordaithe. Cuireann na baill a dtaithí agus a ndea-chleachtas in iúl dá chéile trí sheimineáir agus chruinnithe, nuachtlitir rialta, fóram díospóireachta leictreonach agus trí sheirbhís laethúil nuachta leictreonach. Is mór a chabhraigh cuairteanna an Ombudsman Eorpaigh a d'eagraigh ombudsman sna Ballstáit agus na tíortha is iarrthóirí le forbairt an Líonra. Mar sin cuireann gearrchuntas ar chuairteanna faisnéise an Ombudsman i 2006 an clabhsúr ar Alt 5.1. Pléitear na cuairteanna seo níos mine in Alt 6.2.

Tá na gníomhaíochtaí ar fad ar a bhfuil cuntas anseo i mo dhiaidh fíor-riachtanach le cur ar chumas na n-ombudsman a ról a chomhlíonadh lena chinntiú go gcuirtear dlí an AE i bhfeidhm mar ba cheart ar fud an Aontais. Tá sé seo ríthábhachtach, d'fhonn cur ar chumas na saoránach cearta dlí an AE a chleachtadh go hiomlán. Is ábhar tosaíochta ar leith leis an Ombudsman Eorpach mar sin é, agus tiomnaíonn sé acmhainní suntasacha d'fhorbairt an Líonra.

### Seimineáir

#### *Cúigiú Seimineár Ombudsman Réigiúnacha Bhallstát an AE*

Tionóltar seimineáir d'ombudsman réigiúnacha agus náisiúnta gach re bliain, arna gcomheagrú ag an Ombudsman Eorpach agus comhleacaí náisiúnta nó réigiúnach. Tionóladh Cúigiú Seimineár Ombudsman Réigiúnacha Bhallstát an AE, a chomheagraigh Ombudsman an Rialtais Áitiúil do Shasana, an tUas Tony REDMOND, agus an tOmbudsman Eorpach i Londain ó 19 go dtí 21 Samhain 2006.

Ba é an chéad uair é a raibh páirt mhór ag an Ombudsman Eorpach in eagrú seimineáir ombudsman réigiúnacha agus ba rud thar a bheith dearfach é. D'fhreastail 80 rannpháirtí as gach ceann de na sé thír ina bhfuil ombudsman ar an leibhéal réigiúnach, eadhon an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe, ar an ócáid.

"Ag obair le chéile leis an dea-riarachán a chur chun cinn agus cearta na saoránach a chosaint san AE" ba théama do Sheimineár 2006. Bhí seisiúin faoi dhlí an AE, chothú an dea-riaracháin, bhainisteoireacht gearán agus chomhoibriú idir ombudsman ar an gclár.

D'oscail na comheagraitheoirí, an tUas Tony REDMOND agus an tUas DIAMANDOUROS, an seimineár, mar aon le Céad-Leas-Uachtarán Choiste Réigiún an AE, an tUas Luc VAN DEN BRANDE, agus Ard-Rúnaí Roinn na gComhphobal agus an Rialtais Áitiúil sa Ríocht Aontaithe, an tUas Peter HOUSDEN.



An tUas Tony Redmond, Ombudsman an Rialtais Áitiúil do Shasana.



Alice Brown Uas, Ombudsman Sheirbhísí Poiblí na hAlban.



An tUas Felix Dünser, Ombudsman Vorarlberg na hOstaire.

Ba í Anne SEEX Uas, Ombudsman Rialtais Áitiúil do Shasana, a bhí ina cathaoirleach ar Sheisiún 1, a bhain le "Forfheidhmiúchán dhlí an AE sna Ballstáit". Le linn an tseisiúin seo bhí léachtaí léirithe ar "S[h]aorghluaiseacht na ndaoine" ón Ollamh Elspeth GUILD, Ollamh le Dlí na hImirce in Ollscoil Radboud i Nijmegen, agus "Comhroinnt an eolais trí Líonra Eorpach na nOmbudsman" ón Uas Ian HARDEN, Ard-Rúnaí in oifig an Ombudsman Eorpaigh.



An tUas Bernard Hubeau, Ombudsman Flóndras na Beilge.



María Jesús Aranda Lasheras Uas, Ombudsman Navarra na Spáinne.



An tUas Silvano Micele, Ombudsman Basilicata na hIodáile.

Ba iad an tUas Silvano MICELE, Ombudsman Basilicata, agus an tUas Bernard HUBEAU, an tOmbudsman Pléimeannach, a bhí i gceannas ar Sheisiún 2, "Obair réamhghníomhach na n-ombudsman — Ag cur an dea-riaracháin chun cinn". Bhí sé léacht léirithe sa seisiún seo ar "Ag craobhscaoileadh an dea-chleachtais, ag cur breise leis an luach" (an tUas Tony REDMOND, Ombudsman an Rialtais Áitiúil do Shasana), "Caidreamh cuiditheach a chur chun cinn leis an riarachán" (an tUas Frédéric BOVESSE, Ombudsman na Wallóine), "Meicníochtaí tuairisceoireacht a" Alice BROWN Uas, Ombudsman Sheirbhísí Poiblí na hAlban), "Ag feabhsú na rochtana poiblí" (an tUas Ullrich GALLE, Ombudsman Dhúiche na Réine-Palaitíne), "Ag obair leis na saoránaigh

chun an dea-riarachán a chur chun cinn" (an tUas Felix DÜNSER, Ombudsman Vorarlberg) agus "Cóid dea-iompraíochta riaracháin" María JESÚS ARANDA LASHERAS Uas, Ombudsman Navarra).

Bhí an tUas Alexander KÖNIG, Uachtarán Choiste um Achainíocha na Baváire, ina chathaoirleach ar Sheisiún 3, faoi "Obair iarghníomhach na n-ombudsman — Bainisteoireacht gearán". Bhí léachtaí léirithe sa seisiún seo a bhain le "Ag déileáil le gearáin ó ghrúpaí leochaileacha sa tsochaí" (Caterina DOLCHER Uas, Ombudsman Friuli-Venezia Giulia), "Ag seasamh le cearta na bpáistí" (an tUas Roger MORGAN, Stiúrthóir Chearta na bPáistí) agus "Ag déileáil le gearánaithe dianseasmhacha cráiteacha" (an tUas Jerry WHITE, Ombudsman Rialtais Áitiúil do Shasana).




An tUas Jerry White, Ombudsman an Rialtais Áitiúil do Shasana, an tUas Roger Morgan, Stiúrthóir Chearta na bPáistí i Sasana, an tUas Alexander König, Uachtarán Choiste um Achainíocha i mBaváir na Gearmáine, agus Caterina Dolcher Uas, Ombudsman Friuli–Venezia Giulia na hIodáile.

Is éard a bhí sa seisiún deiridh, dar theideal "Ag dul ar aghaidh le chéile", cur i láthair ón Ombudsman Eorpach faoin ábhar "Ag obair le chéile trí Líonra Eorpach na n-Ombudsman". Bhí slí sa seisiún seo, ar a raibh an tUas Rafael RIBÓ I MASSÓ, Ombudsman na Catalóine, i gceannas, do mhalartú tuairimí ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Líonra agus mar is féidir le ombudsman réigiúnacha a bheith níos gníomhaí ann.



An tUas Tom Frawley, Ombudsman Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus Coimisinéir do Ghearáin.

Buaicphointe faoi leith sa seimineár ab ea an óráid a thug an tUas Tom FRAWLEY, Ombudsman Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus Coimisinéir do Ghearáin, tar éis dinnéir, faoi cheisteanna tábhachtacha d'ombudsman, an eitic, an fhreagracht agus an inrochtaine ina measc.

Ba rídhearfach an t-aiseolas a fuarthas i ndiaidh an tSeimineáir. Tá an tOmbudsman ag súil go dtionólfar seimineár chomh rafar céanna sa Ghearmáin nó san Ostair i 2008.

## *Seimineár na nOifigeach Idirchaidrimh 2006*

Tionóladh cúigiú Seimineár Oifigeach Idirchaidrimh Líonra Eorpach na nOmbudsman ó 18 go dtí 20 Meitheamh 2006 i Strasbourg. Ba é an aidhm a bhí ag an seimineár, dar theideal "Caomhnú na gCeart Bunúsach — Comhroinnt an dea-chleachtais", feidhmiú mar fhóram ina bhféadfadh oifigigh idirchaidrimh labhairt lena chéile i dtaobh an dea-chleachtais sna hinstitiúidí acu agus freisin díospóireacht a spreagadh ar a gcuid oibre ag cur na gceart bunúsach chun cinn. Thug an Seimineár caoi freisin do na hoifigigh idirchaidrimh feidhmiú an Líonra a phlé agus bealaí a mholadh chun é a fheabhsú. San iomlán, d'fhreastail 28 rannpháirtí ó 26 tír Eorpach ar an Seimineár, agus ina

measc seo bhí, den chéad uair, ionadaithe ó institiúidí ombudsman na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine.



Rannpháirtithe ag an gCúigiú Seimineár Oifigeach Idirchaidrimh Líonra Eorpach na nOmbudsman. Strasbourg na Fraince, 18–20 Meitheamh 2006.

An chéad lá den Seimineár, dhírigh an díospóireacht ar bhainisteoireacht na ngearán a fheabhsú, an dea-riarachán a chur chun cinn, an comhoibriú a mhéadú tríd an Líonra agus sásamh na ngearánaithe a mheá.

San oíche, tháinig na rannpháirtithe le chéile chun dinnéir i lár Strasbourg, mar ar éist siad le hóráid ón ombudsman náisiúnta is faide atá ag obair san Aontas, an tUas Hans GAMMELTOFT-HANSEN, a chuir síos ar a thaithí fiche blian nach mór mar Ombudsman na Danmhairge, ag díriú go háirithe ar a chuid oibre ag cothú agus ag cosaint na gceart bunúsach.



An tUas Hans Gammeltoft-Hansen, Ombudsman Parlaiminteach na Danmhairge, ag tabhairt léachta ag an gCúigiú Seimineár Oifigeach Idirchaidrimh Líonra Eorpach na nOmbudsman. Strasbourg na Fraince, 18–20 Meitheamh 2006.

An dara lá den chruinniú, tugadh tús áite d'ábhar a tharraing roinnt oifigeach idirchaidrimh anuas mar fhadhb ab fhiú a fhiosrú le chéile, eadhon, cosaint na gceart bunúsach, agus go mór mór, an ceart chun saoirse faisnéise, saoirse cainte agus comhchóra.

Bhí clár saibhir éagsúil ag an Seimineár, a tharraing díospóireacht bheo. Cruthú é gur fiú go mór é teacht le chéile gach re bliain le tuairimí a mhalartú agus teagmhálacha a fhorbairt leis na hoifigigh eile sa Líonra agus is maith an comhartha é do na blianta atá romhainn.

### Comhoibriú i mbainisteoireacht cásanna

Tá ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha inniúil déileáil lena lán de na gearáin nach dtagann faoi raon shainordú an Ombudsman Eorpaigh toisc gan iad a bheith in aghaidh institiúide nó comhlachta de chuid an Chomhphobail. I rith 2006, mhol an tOmbudsman do 828 gearánaí cabhair a iarraidh ar ombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus d'aistrigh 363 gearán, ar faoin ábhar céanna 270 díobh, chuig an ombudsman inniúil. Tá samplaí de na gearáin seo in Alt 2.5 den Tuarascáil seo.

I dteannta na malartuithe rialta faisnéise tríd an Líonra, tá gnáthamh speisialta ann a ligeann do na hombudsman náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa a iarraidh ar cheisteanna faoi dhlí an AE agus an bhrí ba cheart a bhaint as, lena n-áirítear ceisteanna a éiríonn as a gcleachtadh ar chásanna faoi leith. Tugann an tOmbudsman Eorpach freagra é féin ar an gceist nó díríonn sé an t-iarratas ar institiúid nó ar chomhlacht eile de chuid an AE. I 2006, fuarthas dhá cheist nua den sórt, ceann díobh ó ombudsman náisiúnta agus ceann ó ombudsman réigiúnach, agus dúnadh trí cinn, lena n-áirítear dhá cheann a tugadh ar aghaidh ó 2005. Tá mionsonraithe faoi na ceisteanna i gCaibidil 3.

### Ombudsman Eorpacha — Nuachtlitir

Tugann an *European Ombudsmen — Newsletter* cuntas ar obair bhaill Líonra Eorpach na nOmbudsman agus bhallraíocht fhorleathan an Réigiúin Eorpaigh d'Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman (IIO). I mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis agus i Spáinnis a fhoilsítear é agus seoltar chuig níos mó ná 400 oifig é ar leibhéal na hEorpa, an náisiúin, an réigiúin agus na háite. Foilsíonn an tOmbudsman Eorpach an Newsletter dhá uair in aghaidh na bliana — in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair.

Is iontach a chruthaigh an Newsletter mar fhóram inar féidir faisnéis a mhalartú faoi dhlí an AE agus faoin dea-chleachtas. I 2006, pléigh an dá eagrán raon leathan ábhar, lena n-áirítear ailt ar cheannas dhlí an AE, comhaithint cáilíochtaí san AE, dlí comhshaoil na hEorpa agus cead rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, ról na n-ombudsman i maoirsiú na bpríosún, rochtain ag cách ar an idirlíon leathanbhanda, leithcheal san fhostaíocht, saoirse cainte, cearta na leanaí agus fadhbanna na himirce agus an tearmainn pholaitiúil.

### Gléasanna cumarsáide leictreonacha

I Samhain na bliana 2000, lainseáil an tOmbudsman fóram ar an Idirlíon d'ombudsman agus dá bhfoireann san Eoraip, chun díospóireachta agus chun cáipéisí a chomhroinnt. Tá teacht ag 230 duine ar an bhfóram, inar féidir le foirne na n-oifigí comhoibriú go laethúil, oifig le hoifig nó go hinmheánach san oifig chéanna.

Is é an *Ombudsman Daily News*, a fhoilsítear gach lá oibre agus a bhfuil nuacht ann ó oifigí ombudsman agus ón Aontas Eorpach, an chuid den fhóram is mó a bhfuil ráchairt air. Scríobhann geall le gach oifig ombudsman náisiúnta nó réigiúnaigh ar fud na hEorpa don *Daily News* agus léann siad go rialta é.

I 2006, chabhraigh an fóram díospóireachta go mór le hoifigí na n-ombudsman an fhaisnéis a mhalartú, mar thoradh ar na ceisteanna agus na freagraí a cláraíodh air. Cuireadh tús le roinnt mhaith díospóireachtaí ar an mbealach seo. Bhain siad le raon leathan ábhar, mar mhaoirsiú neamhspleách ar phríosúin, buanchead cónaithe do pháistí imirceoirí a rugadh san AE, an comhrac in aghaidh an leithcheala agus comhdheiseanna a chur chun cinn, agus ceart vótála i dtoghcháin áitiúla san AE.

I measc na n-ábhar ar an bhfóram tá liosta údarásach d'ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha i mBallstáit an AE, san Ioruaidh, san Íoslainn agus sna tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE.

Leasaítear an liosta uair ar bith a thagann athrú ar shonraí teagmhála aon oifige ombudsman agus mar sin is acmhainn geall le beith éigeantach é d'ombudsman ar fud na hEorpa.

### Cuairteanna faisnéise

I rith 2006, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar a chomhleacaithe i Lucsamburg (Márta), sa Spáinn (Bealtaine), Tuaisceart Éireann (Samhain), agus an Bhulgáir (Samhain). B'iontach a chaoi a thug na cuairteanna seo treisiú leis an gcaidreamh oibre laistigh de Líonra Eorpach na nOmbudsman agus daoine a chur ar an eolas faoin leigheas neamhbhreithiúnach sin arb é an t-ombudsman é. Pléitear na cuairteanna seo go mionsonraithe in Alt 6.2.

## 5.2 SEIMINEÁIR AGUS COMHDHÁLACHA OMBUDSMAN EILE

Téann iarrachtaí an Ombudsman Eorpaigh comhoibriú lena chomhleacaithe thar Líonra Eorpach na nOmbudsman amach. Is ball gníomhach é an tOmbudsman de shraith eagraíochtaí ombudsman agus glacann sé páirt go rialta i gcomhdhálacha agus i seimineáir a eagraíonn siad siúd. Tugann an t-alt seo forbhreathnú ar rannpháirtíocht an Ombudsman agus a bhall foirne in imeachtaí den sórt i 2006.

### Comhdháil Ombudsman Bhallstát Chomhoibriú Eacnamaíochta na Mara Duibhe, Iostanbúl, An Tuirc

Ar 26 Aibreán, ghlac an tOmbudsman Eorpach páirt i gComhdháil de chuid Ombudsman Bhallstát Chomhoibriú Eacnamaíochta na Mara Duibhe (CEMD) dar theideal "Ról institiúidí na n-ombudsman i ndaingniú an daonlathais". Comhthionól Parlaiminte an CEMD a d'eagraigh an ócáid agus in Iostanbúl na Tuirce a tionóladh í. Labhair an tUas DIAMANDOUROS faoi "Institiúid an ombudsman i riail an dlí — Dúshláin agus peirspictíochtaí". I measc na rannpháirtithe ag an Seimineár bhí ombudsman ó Bhallstáit an CEMD. Pléadh an dréachtdlí ar institiúid an Ombudsman sa Tuirc ag an seimineár freisin, agus thug an tUas Süleyman DEMIREL, Iar-Uachtarán na Tuirce, an t-aitheasc lárnach.

### Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman (IIO) — Cruinniú agus Comhthionól Ginearálta an Réigiúin Eorpaigh, Vín, an Ostair

Ó 11 go dtí 13 Meitheamh, ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt i gCruinniú agus i gComhthionól Ginearálta an IIO — Réigiún Eorpach, a tionóladh i bParlaimint na hOstaire i Vín. Ar 12 Meitheamh, ba é an tUas DIAMANDOUROS an rapóirtéir do Ghrúpa Oibre 1, a scrúdaigh an caidreamh idir na hombudsman agus na cúirteanna. I measc na n-ábhar eile a pléadh i rith na comhdhála bhí "Inniúlacht ombudsman na hEorpa", "forfheidhmiú chearta an duine san Eoraip", agus "Forfheidhmiú chearta an duine agus ról na n-ombudsman".

### An t-ombudsman mar institiúid ar mhaithe le leasú riaracháin, Ohrid, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine

Ó 14 go dtí 16 Meán Fómhair tionóladh comhdháil dar theideal "An t-ombudsman mar institiúid ar mhaithe le leasú riaracháin" in Ohrid, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine. Mar chuid de thionscnamh Eunomia Ombudsman na Gréige a eagraíodh an chomhdháil, i gcomhar le hOmbudsman na Catalóine agus le hOmbudsman Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine. Ba sheimineár é ar mhaithe le forbairt acmhainní institiúidí ombudsman Oirdheisceart na hEorpa. Bhí timpeall 60 rannpháirtí i láthair ann. Thug an tUas Gerhard GRILL, Príomh-Chomhairleoir Dlí in oifig an Ombudsman a rinne ionadaíocht ar an Ombudsman Eorpach ag an gcomhdháil, léacht léirithe ar an gCód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin.

### Comhdháil Idirnáisiúnta ar "Obair Ombudsman do Pháistí", Aithin na Gréige

Ar 29 agus 30 Meán Fómhair, ghlac an tOmbudsman páirt i gcomhdháil idirnáisiúnta dar theideal "Obair Ombudsman do Pháistí", in Aithin na Gréige. Ba iad Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, an tUas Thomas HAMMARBERG, Ombudsman Chónaidhm na Rúise um Chearta an Duine, an tUas Vladimir LUKIN agus Ombudsman na Gréige, an tUas Yiorgos KAMINIS, a d'eagraigh an chomhdháil. Labhair an tUas DIAMANDOUROS faoin ábhar "Bunú oifigí neamhspleácha do chearta na bpáistí — Na heiseamláirí éagsúla".

### Ombudsmanaíocht san Iodáil agus san Eoraip, Flórans, an Iodáil

Ar 16 Deireadh Fómhair, thug an tUas DIAMANDOUROS aitheasc do chomhdháil i bhFlórans dar theideal "Ombudsmanaíocht san Iodáil agus san Eoraip" mar ar chuir sé i láthair dearcadh an Ombudsman Eorpaigh ar iarrachtaí na hIodáile institiúid an ombudsman a bhunú ar an leibhéal náisiúnta. Tionóladh an ócáid i halla éisteachta Pharlaimint Réigiún na Toscáine. Is é Ombudsman Réigiúnach na Toscáine, an tUas Giorgio MORALES, a d'eagraigh an chomhdháil.

### Comhdháil ar an gceart achainí agus gearán a dhéanamh, Bremen, an Ghearmáin

Ar 21 Samhain, d'eagraigh *Landesverband Bremen* an Europa-Union agus an *Vereinigung zur Förderung des Petitionsrechts in der Demokratie e.V.* comhdháil i mBremen ar an gceart achainí a chur ar Pharlaimint na hEorpa agus gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. D'fhreastail timpeall 50 duine, lena n-áirítear Uachtarán agus Baill na *Bremische Bürgerschaft* (Parlaimint *Land* Bremen), breithiúna agus ionadaí Choiste um Achainíocha *Bundestag* na Gearmáine, ar an gcomhdháil. Rinne an tUas Gerhard GRILL, Príomh-Chomhairleoir Dlí, ionadaíocht ar oifig an Ombudsman Eorpaigh agus is eisean a thug príomhléacht an tráthnóna, cuntas ar ról agus ar obair an Ombudsman Eorpaigh.

### Seimineár idirnáisiúnta ar an leithcheal, Ljubljana, an tSlóvéin

Ar 8 Nollaig, d'fhreastail an tOmbudsman ar sheimineár idirnáisiúnta dar theideal "Tugaimis aghaidh ar an leithcheal", a reáchtáladh i Ljubljana, an tSlóivéin. Is iad Ombudsman na Slóivéine um Chearta an Duine, an tUas Matjaz HANZEK, agus Institiúid Ludwig Boltzmann um Chearta an Duine na hOstaire, a d'eagraigh an seimineár. Rinne an tUas DIAMANDOUROS óráid ar "Ról an Ombudsman Eorpaigh sa chomhrac in aghaidh an leithcheala". Tar éis na comhdhála, labhair an tOmbudsman le hUachtarán na Cúirte Bunreachtúla, an tUas Janez CEBULJ, agus le cuid dá chomhleacaithe faoi institiúid agus faoi ról gach duine faoi leith.

## 5.3 IMEACHTAÍ EILE A BHAINEANN LE hOMBUDSMAN AGUS A LUCHT FOIRNE

### Cruinnithe déthaobhacha le hombudsman

Bhí neart teagmhálacha déthaobhacha sa bhliain 2006 idir an Ombudsman Eorpach agus ombudsman laistigh den Eoraip agus níos faide amach, a eagraíodh d'fhonn an ombudsmanaíocht a chur chun cinn, an caidreamh idir na hinstitiúidí a phlé agus an dea-chleachtas a chur in iúl:

Ar 24 Eanáir i Strasbourg agus ar 23 Márta i bPáras, labhair an tUas DIAMANDOUROS leis an Uas Jean-Paul DELEVOYE, Ombudsman na Fraince. Phléigh siad obair na n-ombudsman maidir leis na cearta bunúsacha san AE, agus pleananna le haghaidh Séú Seimineár Ombudsman Náisiúnta Bhallstát an AE agus na dTíortha is Iarrthóirí, atá le reáchtáil acu beirt i Strasbourg i bhfómhar na bliana 2007.

Ar 15 Feabhra thug an tUas Alex BRENNINKMEIJER, Ombudsman na hÍsiltíre, cuairt ar an Uas DIAMANDOUROS i Strasbourg le hábhair ar díol suime leo beirt iad a phlé.

Ar 17 Márta, thug Ombudsman an Internet Corporation for Assigned Names and Numbers (ICANN) (Corparáid Idirlín um Ainmneacha agus Uimhreacha Sannta), an tUas Frank FOWLIE, cuairt ar oifig an Ombudsman sa Bhruiséil. Le linn na cuairte, labhair sé leis an Uas DIAMANDOUROS trí bhíthin fís-chomhdhála.

Ar 20 Márta, labhair an tUas Giorgio MORALES, Ombudsman Réigiúnach na Toscáine, an Iodáil, leis an Uas DIAMANDOUROS i Strasbourg.

Ar 28 Márta, bhí cruinniú ag an Ombudsman i Strasbourg le hOmbudsman nuathofa na Polainne, an tUas Janusz KOCHANOWSKI.

Ar 30 Márta, labhair an tUas DIAMANDOUROS le hEmily O'REILLY Uas, Ombudsman na hÉireann, sa Bhruiséil.

Ar 12 Aibreán, 3 Iúil agus 20 Meán Fómhair, labhair an tUas DIAMANDOUROS trí bhíthin fís-chomhdhála leis an Uas Tony REDMOND, Ombudsman an Rialtais Áitiúil do Shasana, d'fhonn ullmhúchán a dhéanamh do Chúigiú Seimineár Ombudsman Réigiúnacha Bhallstát an AE, a reáchtáil siad beirt i Londain ón 19 go dtí an 21 Samhain.

Ar 12 Iúil labhair an tUas DIAMANDOUROS le Cathaoirleach Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa, an tUas Marcin LIBICKI FPE, agus le hOmbudsman na Polainne, an tUas Janusz KOCHANOWSKI, i bPoznan, an Pholainn.

Ar 30 Meán Fómhair, labhair an tUas DIAMANDOUROS leis an Uas Yiorgos KAMINIS, Ombudsman na Gréige, san Aithin, an Ghréig.

Ar 2 Deireadh Fómhair, labhair an tUas DIAMANDOUROS faoina chuid oibre mar Ombudsman Eorpach le foireann Ombudsman na Gréige.

Ar 8 Samhain, labhair an tUas DIAMANDOUROS le hEmily O'REILLY Uas, Ombudsman na hÉireann, i mBaile Átha Cliath.

Ar 18 Nollaig, labhair an tUas DIAMANDOUROS nuair a bhí iris fhoireann Ombudsman na Gréige á lainseáil in Aithin na Gréige.

### Cruinnithe ina raibh baill foirne páirteach

Tionóladh roinnt cruinnithe ar leibhéal fhoireann an Ombudsman:

Ar 5 Nollaig, labhair cúntóir an Ombudsman, an tUas Nicholas CATEPHORES, leis an Uas Bruce BARBOUR agus an Uas Chris WHEELER, Ombudsman agus Leas-Ombudsman New South Wales faoi seach.

Ar 8 Nollaig, labhair an tUas Nicholas CATEPHORES leis an Uas John McMILLAN, Ombudsman Chomhlathas na hAstráile.

# 6

# Cumarsáid



© iStockphoto.com/urbancow

# 6 CUMARSÁID

Cuid de ghníomhaíocht lárnach an Ombudsman is ea an caidreamh leis na daoine. Méadaíodh ar na hiarrachtaí i 2006 le daoine a chur ar an eolas faoin gceart atá acu gearán a dhéanamh faoi dhrochriarachán. Thug an tOmbudsman agus a fhoireann timpeall 120 léacht le linn comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe i rith na bliana. Thug na cuairteanna a rinne an tOmbudsman ar Lucsamburg, an Spáinn, ar Thuaisceart Éireann agus ar an mBulgáir caoi eile dó tuiscint na ndaoine ar an scéal a chothú sna tíortha sin.

Tá mionchuntas sa chaibidil seo ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh i réimse na cumarsáide i 2006. Ar dtús tá cur síos ar bhuaicphointí na bliana, ansin cuairteanna faisnéise an Ombudsman, rannpháirtíocht in imeachtaí agus i gcomhdhálacha, caidreamh leis na meáin chumarsáide, foilseacháin agus an chumarsáid leictreonach.

## 6.1 BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

### AN TURASCÁIL BHLIANTÚIL 2005

Is í an Tuarascáil Bhliantúil an foilseachán is tábhachtaí leis an Ombudsman. Tugann sí achoimre ar an mbainisteoireacht a rinne sé ar ghearáin i rith na bliana sin agus cuntas ar a chuid iarrachtaí d'fhonn go dtuigfí a chuid oibre, agus míníonn sé an leas a baineadh as na hacmhainní a cuireadh ar fáil dó. Díol suime an Tuarascáil do raon leathan grúpaí daoine agus daoine aonair ar an iliomad leibhéal — a chomhombudsman, polaiteoirí, oifigigh phoiblí, daoine gairmiúla, lucht léinn, eagraíochtaí neamhrialtasacha, iriseoirí agus gnáthshaoránaigh ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

Chuir an tUas DIAMANDOUROS a Thuarascáil faoi bhráid an Uas Josep BORRELL FONTELLES FPE, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ar 14 Márta 2006 agus faoi bhráid Choiste um Achainíocha na Parlaiminte ar 3 Bealtaine. Thug an cruinniú deireanach seo caoi don Ombudsman torthaí na bliana a mhíniú agus tuairimí a mhalartú le Baill an Choiste faoinar féidir a dhéanamh feasta.

Dhréachtaigh an tUas Andreas SCHWAB FPE Tuarascáil an Choiste ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman don bliain 2005. Ar 16 Samhain, phléigh Seisiún Iomlánach na Parlaiminte Tuarascáil an Uas SCHWAB, le rannpháirtíocht an Uas DIAMANDOUROS, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Margot WALLSTRÖM Uas, agus, san ord inar labhair siad, an Uas Andreas SCHWAB FPE, an Uas Manolis MAVROMMATIS FPE, an Uas Proinsias DE ROSSA FPE, Diana WALLIS FPE Uas, an Uas David HAMMERSTEIN MINTZ FPE, an Uas Willy MEYER PLEITE FPE, an Uas Marcin LIBICKI FPE, Chathaoirleach Choiste um Achainíocha na Parlaiminte, an Uas Witold TOMCZAK FPE, Sir Robert ATKINS FPE, Inés AYALA SENDER FPE Uas, Mhairead McGUINNESS FPE Uas, an Uas Thijs BERMAN FPE, an Uas Richard SEEBER FPE, Lidia Joanna GERINGER DE OEDENBERG FPE Uas, Marie PANAYOTOPOULOS-CASSIOTOU FPE Uas, agus an Uas András GYÜRK FPE. Ina dhiaidh sin, ghlac Seisiún Iomlánach na Parlaiminte le Rún bunaithe ar Thuarascáil an Uas SCHWAB, ag dearbhú go raibh sé sásta le próifíl phoiblí an Ombudsman agus ag fáiltiú roimh an gcomhoibriú cuiditheach idir an Ombudsman agus na hinstitiúidí.



© Parlaimint na hEorpa

Bronnann an tUas Diamandouros a thríú Tuarascáil Bhliantúil ar an Uas Josep Borrell Fontelles, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa. Strasbourg na Fraince, 14 Márta 2006.

Chuir an tOmbudsman a Thuarascáil i láthair do na meáin chumarsáide ag comhdháil nuachta ar 24 Aibreán. Thug an 50 iriseoir agus níos mó a bhí i láthair ag an ócáid seo an chaoi dó aird a tharraingt ar phríomhthorthaí a chuid fiosrúchán i rith 2005.

## LAETHANTA OSCAILTE

Ar 30 Aibreán agus 1 Bealtaine i Strasbourg, agus ar 6 Bealtaine sa Bhruiséil, ghlac Oifig an Ombudsman páirt sna Laethanta Oscailte a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa. Dáileadh ábhar a bhain le hobair an Ombudsman ar na cuairteoirí i 25 teanga, mar aon le raon earraí fógraíochta. Bhí baill den fhoireann i láthair le ceisteanna a fhreagairt i rith na dtrí lá. Thug breis agus 35 000 duine cuairt ar an bParlaimint i rith na Laethanta Oscailte.



Saoránaigh ar cuairt chuig seastán an Ombudsman ar an Lá Oscailte i Strasbourg na Fraince, 1 Bealtaine 2006.

## 6.2 CUAIRTEANNA FAISNÉISE

Le tuiscint na ndaoine a mhéadú ar an gceart atá acu gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach agus le feabhas a chur ar a chaidreamh oibre lena chomhleacaithe náisiúnta agus réigiúnacha, thug an tOmbudsman faoi chlár dian cuairteanna faisnéise ar na Ballstáit agus na tíortha aontachais i 2003. Tá na cuairteanna seo faoi lán seoil i gcónaí. Le linn chuairteanna seo an Ombudsman, eagraíonn a chomhleacaithe sna Ballstáit agus na tíortha aontachais sraith gníomhaíochtaí agus cruinnithe grinnstaidéir, agus tionlacann siad go minic é i rith an turais. Is mór an sochar do na saoránaigh an bheirt ombudsman a bheith i láthair ag na hócáidí seo, mar cuireann sé ar a gcumas ról agus inniúlacht an Ombudsman Eorpaigh agus an Ombudsman náisiúnta seachas a chéile a thuiscint agus a mheas, agus foghlaim faoina gcearta féin mar shaoránaigh, ní hamháin ina dtír féin ach freisin san AE.

I 2006, thug an tOmbudsman cuairt ar Lucsamburg, ar an Spáinn, ar Thuaisceart Éireann agus ar an mBulgáir, agus labhair sé le feisirí parlaiminte, breithiúna, státseirbhísigh shinsearacha, lucht ollscoile, ábhair gearánaithe agus saoránaigh eile. Tugann an t-alt ina dhiaidh seo forbhreathnú ar raon leathan na gcruinnithe a tionóladh i rith na gceithre chuairt seo, agus liostaíonn sé na príomh-chomhchainteoirí agus freisin an iliomad léachtaí a tugadh. Pléitear an caidreamh leis na meáin chumarsáide, ar chuid de na cuairteanna faisnéise é, in alt 6.4 den Tuarascáil seo.

### LUCSAMBURG

Ó 6 go dtí 8 Márta, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar Lucsamburg. Oifig Ombudsman Lucsamburg a d'eagraigh an chuairt, agus chuir siad raon leathan cruinnithe ar bun a thug an chaoi don Ombudsman Eorpach eolas faoina ról a thabhairt d'oifigigh shinsearacha den rialtas agus den stát, do na meáin chumarsáide, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha agus do gach duine ar shuim leis an scéal.

© Cour Grand-ducale/photo Carlo Hommel



An tUas Diamandouros lena Mhórgacht Ríoga, an tArd-Diúc Henri agus an tUas Marc Fischbach, Ombudsman Náisiúnta Lucsamburg, i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh ar Lucsamburg, 6-8 Márta 2006.

Le linn a chuairte, bhí caoi ag an Uas DIAMANDOUROS a chuid oibre a phlé lena Mhórgacht Ríoga, an tArd-Diúc HENRI, le Príomhaire Lucsamburg, an tUas Jean-Claude JUNCKER agus le hUachtarán Theach na dTeachtaí, an tUas Lucien WEILER. Dhírigh na cruinnithe seo ar ról an Ombudsman Eorpaigh agus ar an tseirbhís a thugann sé do shaoránaigh Lucsamburg. Le linn an dá lá seo, labhair an tUas DIAMANDOUROS freisin leis an Uas Laurent MOSAR, Leas-Uachtarán

Theach na dTeachtaí, leis an Uas Pierre MORES, Uachtarán na Comhairle Stáit agus leis an Uas Claude WISELER, an tAire Seirbhíse Poiblí agus Leasaithe Riaracháin.

B'iontach an chaoi a thug an chuairt feabhas a chur ar an gcaidreamh le hOmbudsman Lucsamburg, an tUas Marc FISCHBACH, agus lena fhoireann. I dteannta na gcruinnithe oifigiúla, inar phléigh siad feidhmeannas gach duine faoi seach, b'iomaí ócáid a bhí acu agus ag a lucht foirne a dtuairimí a chur in iúl dá chéile go neamhfhoirmiúil.



An tUas Marc Fischbach, Ombudsman Náisiúnta Lucsamburg, an tUas Laurent Mosar, Leas-Uachtarán Theach na dTeachtaí, an tUas Diamandouros, an tUas Pierre Mores, Uachtarán na Comhairle Stáit agus an tUas Claude Wiseler, an tAire Seirbhíse Poiblí agus Leasaithe Riaracháin, i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh ar Lucsamburg, 6-8 Márta 2006.

Le linn na cuairte faisnéise, bhí cruinniú le hábhair gearánaithe, agus comhdháil nuachta ag a raibh timpeall 15 iriseoir. Is í Ceann Urra Oifig Pharlaimint na hEorpa i Luxembourg, Monique SCHUMACHER Uas, a d'eagraigh na hócáidí seo. I dtús a chuairte, bhí caoi ag an Uas DIAMANDOUROS a chuid oibre a plé leis an mbean uasal SCHUMACHER agus le Ceann Urra Ionadaíocht an Choimisiúin, an tUas Ernst MOUTSCHEN.

## AN SPÁINN

Lean an tOmbudsman Eorpach dá thuras faisnéise le cuairt ar an Spáinn ón 8 go dtí 10 Bealtaine. Ba é Ombudsman Náisiúnta na Spáinne, an tUas Enrique MÚGICA HERZOG, óstach na cuairte agus bhí sé in éineacht leis an Uas DIAMANDOUROS ag bunáite na gcruinnithe agus na n-ócáidí a eagraíodh i rith na dtrí lá.

Thug an chuairt seo an chaoi don Uas DIAMANDOUROS dáimh a imirt le spriocghrúpaí sa lucht éisteachta agus aird a tharraingt ar thábhacht obair na n-ombudsman le linn cruinnithe le hionadaithe sinsearacha den pholaitíocht, de na breithiúna agus den riarachán. Le linn na cuairte, labhair sé lena Mhórgacht Rí JUAN CARLOS, a Mórgacht an Infanta CRISTINA, Uachtarán Chomhdháil na dTeachtaí, an tUas Manuel MARÍN GONZÁLEZ, Uachtarán an tSeanaid, an tUas Francisco Javier ROJO GARCÍA, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Comhoibrithe, an tUas Miguel Ángel MORATINOS CUYAUBÉ, an tAire Riaracháin Phoiblí, an tUas Jordi SEVILLA SEGURA, Ceann an Fhreasúra, an tUas Mariano RAJOY BREY, Uachtarán Chomhairle Ghinearálta na Cumhachta Breithiúnaí, an tUas Francisco José HERNANDO SANTIAGO, Uachtarán na Cúirte Bunreachtúla, Emilia CASAS BAAMONDE Uas, Ceann Urra Thoscaireacht an Choimisiúin Eorpaigh sa Spáinn, an tUas José Luis GONZÁLEZ VALLVÉ, agus Ceann Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa, an tUas Fernando CARBAJO.

© Ombudsman Náisiúnta na Spáinne



An tUas Diamandouros lena Mhórgacht Rí Juan Carlos agus an tUas Enrique Múgica Herzog, Ombudsman Náisiúnta na Spáinne, i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Maidrid na Spáinne, 8-10 Bealtaine 2006.

Lá na hEorpa (9 Bealtaine), d'fhreastail an tOmbudsman Eorpach ar ócáid a d'eagraigh Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa, cuireadh agallamh air do chlár teilifíse dar theideal *"Europa 2006"*, agus thionóil sé comhdháil nuachta in éineacht le hOmbudsman na Spáinne.



An tUas Diamandouros le Emilia Casas Baamonde Uas, Uachtarán na Cúirte Bunreachtúla, i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Maidrid na Spáinne, 8-10 Bealtaine 2006.

Thapaigh an tOmbudsman Eorpach, Ombudsman na Spáinne agus a lucht foirne an deis seo an comhar idir na hinstitiúidí acu a neartú, ag malartú tuairimí, ar ócáidí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, faoi ábhair ar díol suime leo araon iad, an dea-chleachtas san áireamh.

## TUAISCEART ÉIREANN

Ó 8 go dtí 10 Samhain, thug an tOmbudsman cuairt ar Bhéal Feirste mar chuid dá thuras faisnéise go Ballstáit an AE. Oifig Ombudsman Thuaisceart Éireann a d'eagraigh an chuairt, agus chuir siad

clár mór cruinnithe, léachtaí léirithe agus agallamh cumarsáide le chéile d’fhonn aird a tharraingt ar ról an Ombudsman Eorpaigh.

Le linn na cuairte, bhí caoi ag an Uas DIAMANDOUROS a chuid oibre a phlé leis an Tiarna Príomh-Bhreitheamh, Sir Brian KERR, Ceann Státseirbhís Thuaisceart Éireann, Sir Nigel HAMILTON, agus Ombudsman na bPóilíní, Nuala O’LOAN Uas. Labhair sé freisin le Ceann an Choimisiúin Chomhionannais, an tUas Bob COLLINS, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chaidreamh na gComhphobal, an tUas Duncan MORROW agus Leas-Seansailéir Ollscoil Uladh, an tUas Richard BARNETT.

Thug Ceann Comhairle Chomhthionól Thuaisceart Éireann, Eileen BELL Uas, dinnéar don Ombudsman i gCaisleán Stormont ar 9 Samhain, a raibh an tUas Billy BELL agus Margaret RITCHIE Uas, Baill den Chomhthionól Reachtaíochta, i láthair aige, chomh maith le hOmbudsman Thuaisceart Éireann, an tUas Tom FRAWLEY

© Ombudsman Chomhthionól Thuaisceart Éireann



An tUas Diamandouros le Eileen Bell Uas, (ar thaobh a láimhe deise), Ceann Comhairle Chomhthionól Thuaisceart Éireann, agus na rannpháirtithe eile ag dinnéar a chuir an Ceann Comhairle ar fáil i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Béal Feirste, Tuaisceart Éirann, 8–10 Samhain 2006.

Thionlaic an tUas FRAWLEY an tOmbudsman Eorpach le linn a chuairte. Mar sin bhí caoi acu an tseirbhís a chuireann siad ar fáil don phobal a chur i láthair le chéile. Léirigh an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre d’fhoireann Ombudsman Thuaisceart Éireann freisin agus mhínigh an rath atá ar an gcomhoibriú trí Líonra Eorpach na nOmbudsman.

© Ombudsman Chomhthionól Thuaisceart Éireann



An tUas Tom Frawley, Ombudsman Chomhthionól Thuaisceart Éireann agus Coimisinéir do Ghearáin, agus an tUas Diamandouros i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Béal Feirste, Tuaisceart Éirann, 8–10 Samhain 2006.

Ba chuid den chuairt faisnéise seo cruinniú ríluachmhar le hábhair gearánaithe a reáchtáil Ceann Oifig an Choimisiúin Eorpaigh, an tUas Eddie McVEIGH, a d'eagraigh léacht freisin i Scoil Polaitíochta agus Staidéar Idirnáisiúnta Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste, mar ar labhair an tUas DIAMANDOUROS faoi "An tAontas Eorpach — Cearta, leighis agus an tOmbudsman Eorpach".

## AN BHULGÁIR

Ó 27 go dtí 29 Samhain, thug an tUas DIAMANDOUROS cuairt ar an mBulgáir, go gearr roimh di teacht isteach san Aontas Eorpach. B'iontach an deis a thug an chuairt seo, arbh í Oifig Ombudsman na Bulgáire a d'eagraigh, saoránaigh na Bulgáire, a lucht cónaithe, gnóthaí agus comhlachais a chur ar an eolas faoi na cearta a gheobhaidh siad de bharr bhallraíocht na Bulgáire san Aontas Eorpach.



© Ombudsman na Bulgáire

An tUas Diamandouros ag bualadh leis an Uas Sergei Stanishev, Príomh-Aire na Bulgáire i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Sóifia na Bulgáire, 27-29 Samhain 2006.

Agus Ombudsman na Bulgáire, an tUas Guinio GANEV, á thionlacan, labhair an tUas DIAMANDOUROS leis an Uas Georgi PARVANOV, Uachtarán na Bulgáire, an Uas Sergei STANISHEV, Príomhaire, an Uas Boris VELTCHEV, Príomh-Ionchúisitheoir, an Uas Lyuben KORNEZOV, Leas-Chathaoirleach an Chomhthionóil Náisiúnta, agus le hUachtaráin agus Baill na mBuanchoistí seo a leanas den Chomhthionól Náisiúnta: Comhrac na Calaoise, Gearáin agus Achainíocha na Saoránach, An Lánpháirtíocht Eorpach, Cearta an Duine agus Cúrsaí Creidimh.



© Ombudsman na Bulgáire

An tUas Diamandouros, an tUas Guinio Ganev, Ombudsman na Bulgáire agus an tUas Lyuben Andonov Kornezov, Leas-Chathaoirleach an Chomhthionóil Náisiúnta, i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Sóifia na Bulgáire, 27-29 Samhain 2006.

D'fhreastail breis agus 220 mac léinn, acadóir agus iriseoir ar léacht a thug an tOmbudsman Eorpach ag Ollscoil na hEacnamaíochta Náisiúnta agus Domhanda i Sóifia ar an ábhar "An Daonlathas, an

chuntasacht agus an t-ombudsman". Bhí seisiún beoga ceist-agus-freagra ann tar éis na léachta seo, arbh é Leas-Reachtaire na hOllscoile, an tOllamh Statty STATTEV, a d'óstáil í.



© Ombudsman na Bulgáire

An tUas Diamandouros ag cur a chuid oibre i láthair ar Ollscoil na hEacnamaíochta Náisiúnta agus Domhanda i rith cuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Sóifia na Bulgáire, 27-29 Samhain 2006.

D'fhreastail breis agus 100 ionadaí sinsearach den riarachán lárnach agus áitiúil, ambasadóirí ó Bhallstáit an AE, oifigigh rialtais, feisirí parlaiminte, abhcóidí cosanta áitiúla agus iriseoirí ar léacht leis an Uas DIAMANDOUROS ar "An tOmbudsman Eorpach agus cosaint chearta na saoránach".

Ag cruinniú a d'eagraigh an Lárionad don Staidéar ar an Daonlathas, arbh é a Chathaoirleach, an tUas Ognian SHENTOV, an t-óstach, chuir an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre i láthair do raon leathan eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe sa Bhulgáir agus dúirt leo cé mar a d'fhéadfaidís leas a bhaint as a chuid seirbhísí.

Tuairiscíodh cuairt an Ombudsman Eorpaigh go forleathan, i mbreis agus 40 alt clóbhuailte nó leictreonach, chomh maith le han-chuid tuairiscí teilifíse agus raidió.

Chuir an chuairt ar chumas an Uas DIAMANDOUROS a chomhoibriú le hOmbudsman na Bulgáire agus a fhoireann a fhorbairt, d'fhonn an tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt do shaoránaigh agus lucht cónaithe na Bulgáire agus í ag teacht isteach san Aontas.

## 6.3 COMHDHÁLACHA AGUS CRUINNITHE EILE

Is iontach an deis a thugann comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe don Ombudsman aird spriocghrúpaí tábhachtacha a tharraingt ar a chuid oibre, ar nós eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí sainleasa agus institiúidí acadúla. Cabhraíonn siad leis idé na hombudsmanaíochta a chur chun cinn go ginearálta freisin. Cuireann comhdhálacha agus cruinnithe ar chumas an Ombudsman agus a fhoirne coinneáil suas le himeachtaí ar an leibhéal Eorpach a bhfuil baint dlúth acu leis an institiúid.

Tugann an t-alt seo mionchuntas ar raon iomlán na ngníomhaíochtaí arb aidhm dóibh idé ghinearálta na hombudsmanaíochta agus sainobair an Ombudsman Eorpaigh a chur chun cinn. Nuair nach féidir leis an Ombudsman freastal ar ócáid é féin, cuireann sé an cúram ar bhall foirne oiriúnach dul ann thar ceann na hinstitiúide. Is iomaí grúpa freisin a fhoghlaimíonn faoi obair an Ombudsman agus iad ar thurais staidéir go Strasbourg. San alt seo mar sin, tá liosta na léachtaí léirithe a tugadh do ghrúpaí i rith 2006.

## BAINT AG AN OMBUDSMAN LEO

Ar 3 Feabhra, bhí cruinniú ag an Ombudsman leis an Ollamh Spiros SIMITIS, Ollamh le hOibreachas, Eolaíochtaí Sibhialta agus Ríomhaireachta, agus Dlí, in Ollscoil Johann Wolfgang Goethe, Frankfurt am Main, an Ghearmáin agus Uachtarán Choiste Eitice na Gearmáine. Ansin ghlac an tOllamh SIMITIS páirt i gcruinniú le foireann an Ombudsman Eorpaigh, mar ar thug sé léacht léirithe ar "Cosaint sonraí — Easnaimh agus teorainneacha comhpholasaí Eorpaigh".

Ar 8 Feabhra, thug an tUas DIAMANDOUROS aitheasc do Chruinniú Cinn Bhliana Líonra Eorpach na gComhlachas Comhionnanais (EQUINET) sa Bhruiséil le cuntas a thabhairt ar an obair atá déanta aige leis an leithcheal a chomhrac agus an chomhchóir a chur chun cinn. Bíonn EQUINET ag iarraidh comhoibriú a chur chun cinn idir sainchomhlachais comhionnanais san Eoraip agus an saineolas a chur á malartú d'fhonn forfheidhmiúchán dhlí an AE in aghaidh an leithcheala a fheabhsú. Tá sé arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus is é Coimisiún Comhchóra na hÍsiltíre atá ina chathaoirleach air.

Ar 20 Márta, labhair an tUas DIAMANDOUROS leis an Ambasadóir James A. SHARKEY, Buanionadaí na hÉireann do Chomhairle na hEorpa, le ról an Ombudsman Eorpaigh a phlé.

Ar 22 Márta, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht ag an *Institut d'Etudes Politiques* i bPáras ar an ábhar "An tOmbudsman Eorpach agus na cearta bunúsacha san Aontas Eorpach méadaithe".

Ar 23 Márta, bhí cruinniú ag an Ombudsman le hUachtarán Ard-Údarás na Fraince um an Leithcheal a Chomhrac agus an Comhionannas a chur chun cinn (*La Haute Autorité de Lutte contre les Discriminations et pour l'Egalité — HALDE*), an tUas Louis SCHWEITZER, in oifigí *HALDE* i bPáras.

Ar 23 Márta, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht in Ollscoil Panthéon — Assas Paris II ar "Ról institúid an ombudsman i gcosaint chearta an duine — Dearcadh an Ombudsman Eorpaigh".

Ar 27 Márta, thug an tUas DIAMANDOUROS dinnéar i Strasbourg in onóir do Choimisinéir ceanntéarma um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa, an tUas Alvaro GIL-ROBLES.

Ar 3 Aibreán, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht léirithe ar "Comhoibriú idir Coimisinéir um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa agus an Ombudsman Eorpach" le linn na hócáide a cheiliúir teacht i réim Choimisinéir nua um Cheart Daonna Chomhairle na hEorpa, an tUas Thomas HAMMARBERG, agus imeacht an Uas Alvaro GIL-ROBLES.

Ar 6 Aibreán, thug an tUas DIAMANDOUROS óráid ar an dea-riarachán ar leibhéal na hEorpa agus na Gréige ag dinnéar a d'eagraigh Comhlachas Fiontraithe na Gréige, in Aithin na Gréige.

Ar 14 Aibreán, thug an tOmbudsman óráid fístaifeadta dar theideal "Institiúid an ombudsman mar mheicníocht sheachbhreithiúnach le conspóidí a réiteach i gcomhthéacs oird dlí Eorpaigh atá i mbéal forbartha" do shiompóisiam idirnáisiúnta ar "An Ghréig i gComhphobal Dlí na hEorpa", a d'eagraigh Acadamh Gréagach na nEolaíochtaí, Comhlachas Gréagach na Staidéar Breithiúnach agus an Lárionad Gréagach do Staidéir agus do Thaighde Eorpacha (EKEME).

Ar 24 Aibreán, bhí cruinniú ag an Uas DIAMANDOUROS le triúr ionadaithe d'Alter-EU sa Bhruiséil: an tUas Jorgo RISS, Greenpeace, an tUas Olivier HOEDEMAN, Corporate Observatory Europe agus an tUas Paul DE CLERCK, Cairde na Cruinne an Eoraip. Comhghuaillíocht is ea Alter-EU de bhreis agus 140 grúpa den tsochaí shibhialta, de cheardchumainn, lucht ollscoile agus comhlachtaí cúrsaí poiblí atá ag iarraidh breis follasachta ó institiúidí agus ó chomhlachtaí an AE.

Ar 28 Aibreán, ba é an tOmbudsman an t-aoichainteoir ag bricfeasta oibre i Maidrid a d'eagraigh an Nueva Economia Fórum, meitheal smaointeoirí ar an bpolasaí poiblí sa Spáinn. Thug an tUas DIAMANDOUROS óráid dar theideal "I dtreo Eoraip na saoránach". Chuir an tOmbudsman Spáinneach, an tUas Enrique MÚGICA HERZOG, an tUas DIAMANDOUROS i láthair don lucht éisteachta, breis agus 150 duine, lenar áiríodh roinnt ombudsman réigiúnacha den Spáinn, Feisirí PE, polaiteoirí, fir ghnó, lucht léinn agus iriseoirí. Lean ceisteanna ón lucht éisteachta óráid an Uas DIAMANDOUROS.

I rith dinnéir a reáchtáladh an oíche roimhe, 27 Aibreán, bhronn Uachtarán an Nueva Economia Fórum, an tUas José Luis RODRÍGUEZ, plaic ar an Uas DIAMANDOUROS i gcuimhne ar an bpáirt a ghlac sé san ócáid.

Ar 16 Bealtaine, labhair an tUas DIAMANDOUROS leis an Uas Thomas HAMMARBERG, Coimisinéir um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa, le ról gach duine faoi seach a phlé.

Ar 19 Bealtaine, labhair an tOmbudsman le Dora BAKOYIANNI Uas, Aire Gnóthaí Eachtracha na Gréige.

Ar 22 Bealtaine, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht léirithe ar "Saoráil faisnéise — Peirspictíocht Eorpach" do Cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta Choimisinéirí na Faisnéise i Manchain, Ríocht Aontaithe.

Ar 27 Meitheamh, labhair an tUas DIAMANDOUROS le hAnn-Marie NYROOS Uas, Buanionadaí na Fionlainne do Chomhairle na hEorpa.

Ar 4 Iúil, chuir an tOmbudsman a chuid oibre i láthair ag dinnéar i Strasbourg a d'eagraigh Coiste Chúrsaí Eorpacha Mhéaraí na Fraince.

Ar 18 agus 19 Meán Fómhair, ghlac an tOmbudsman páirt i gceardlann ar "An daonlathas, leighis neamhbhreithiúnacha agus staidéir ombudsman", san Institiúid Ollscoile Eorpach (IOE) i bhFlórans, an Iodáil.

Ar 26 Meán Fómhair, labhair an tOmbudsman leis an Uas Alexandre CZMAL agus Emmanuelle GARAULT Uas, ionadaithe Chomhthionól Chumainn Tráchtála na Fraince, le tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh i réimse na follasachta a phlé.

Ar 2 Deireadh Fómhair, bhí sraith cruinnithe ag an Uas DIAMANDOUROS san Aithin, an Ghréig, leis an Uas Karolos PAPOULIAS, Uachtarán na Gréige, an Uas Kostas KARAMANLIS, Príomhaire na Gréige, Anna BENAKI-PSAROUDA Uas, Uachtarán Pharlaimint na Gréige, agus an Uas George PAPANDREOU, Ceann Urra an Pháirtí PASOK, chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh.

Ar 5 Deireadh Fómhair, bhí an tOmbudsman ina aoichainteoir ag Comhdháil Bhliantúil EUROCHAMBRES, Comhlachas Chumainn Tráchtála agus Tionscail na hEorpa. Bhí breis agus 500 ionadaí de 44 cumann tráchtála agus tionscail san Eoraip, a sheas do 18 milliún gnóthas, i láthair ag an gComhdháil, a phléigh gnéithe éagsúla dá téama lárnach, eadhon, "Ag cur na hEorpa in iúl — Ag comhroinnt na haislinge, ag cur na dtorthaí ar fáil". Ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt sa seisiún "An Eoraip & na fiontraithe — Fíricí, bearnaí, righnis, ionchais". I rith na comhdhála, bhí cruinniú déthaobhach ag an Uas DIAMANDOUROS freisin le hUachtarán Eurochambres, an tUas Pierre SIMON.

Ar 10 Deireadh Fómhair, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht léirithe ag lón oibre de chuid Bhuanionadaithe Bhallstát an AE do Chomhairle na hEorpa, arna óstáil ag Ann-Marie NYROOS Uas, Buanionadaí na Fionlainne do Chomhairle na hEorpa.

Ar 17 Deireadh Fómhair, labhair an tUas DIAMANDOUROS ar "Institiúid an ombudsman agus cáilíocht an daonlathais" ag searmanas bronnta céimeanna arna eagrú ag an Lárionad don Staidéar ar Athruithe Polaitíochta in Ollscoil Siena, an Iodáil.

Ar 17 Deireadh Fómhair, thug an tOmbudsman léacht ar "An fhollasacht, an chuntasacht agus an daonlathas san AE" ag Scoil um Ardstaidéar Idirnáisiúnta Ollscoil Johns Hopkins i mBologna, an Iodáil.

Ar 19 Deireadh Fómhair, thionóil an tUas DIAMANDOUROS fís-chomhdháil le Aspasia PAPAVASSILIOU Uas, Leas-Ard-Aighne Stát California, Stáit Aontaithe, a thug cuairt ar institiúidí an AE i gcomhthéacs Chlár Chuairteoirí an Aontais Eorpaigh. I rith an chruinnithe, cuireadh an bhean uasal PAPAVASSILIOU ar an eolas faoi shainordú an Ombudsman Eorpaigh, agus faoi na cineálacha cáis ba thábhachtaí lenar dhéileáil a Oifig.

Ar 8 Samhain, chuir an tOmbudsman a chuid oibre i láthair do Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha Dháil Éireann. Thug Ombudsman na hÉireann, Emily O'REILLY Uas, aitheasc don Choiste freisin. Lean seisiún beoga ceisteanna-agus-freagraí na haithisc seo, inar pléadh fadhbanna a bhain le saorghluaiseacht na ndaoine, comhchóir agus eolas faoin ombudsman. Roimh an gcruinniú seo, bhí an chaoi ag an Ombudsman a cuid oibre a phlé le Ceann Oifig Pharlaimint na hEorpa i mBaile Átha Cliath, an tUas Francis JACOBS, agus le baill dá fhoireann, chomh maith le baill fhoireann Ionadaíocht an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath.

Ar 13 Samhain, thaistil an tOmbudsman go Karlsruhe, an Ghearmáin, le ról an Ombudsman Eorpaigh a chur i láthair don Europa-Union Karlsruhe. Níos luaithe an tráthnóna sin, thug Ard-Mhéara Karlsruhe, an tUas Siegfried KÖNIG, cuireadh dó chuig Fáiltiú i Halla an Bhaile.

Ar 21 Samhain, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht in Ollscoil Kingston, Londain, ar "Drochriarachán, na cúirteanna agus an t-ombudsman". Ba é an tOllamh Philip SAMOUEL, Déan Gníomhach na Dáimhe Gnó agus Dlí, a d'óstáil an léacht, arbh í an Scoil Dlí a d'eagraigh.



An tUas Diamandouros i dteannta le mic léinn agus baill foirne ó Ollscoil Kingston i Londain, tar éis dó a chuid oibre a chur i láthair. Londain an Ríocht Aontaithe, 21 Samhain 2006.

Ar 19 Nollaig, ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt, mar aon le hUachtarán na Cúirte Breithiúnais Eorpaí, an tUas Vassilios SKOURIS, agus le Céad-Leas-Uachtarán Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine, an tUas Christos ROZAKIS, i gcomhchomhairle a d'eagraigh Comhlachas Barra na hAithne chun an leabhar *Cearta an duine san Eoraip: Dlí-eolaíocht Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine* a lainseáil.

## BAINT AG FOIREANN AN OMBUDSMAN LEO

Ar 1 Márta, labhair an tUas Daniel KOBLENCZ, Oifigeach Dlí, leis an Uas Heribertus JAKA TRIYANA, Léachtóir sa Dlí Idirnáisiúnta, d'fhonn tascanna agus dualgais an Ombudsman Eorpaigh a mhíniú.

Ar 11 Bealtaine, ghlac Tina NILSSON Uas, Oifigeach Dlí, agus Rosita AGNEW, Comh-Cheann Earnáil na Cumarsáide, páirt i gceardlann a d'eagraigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le haghaidh Eagraíochtaí den tSochaí Shibhialta (ESS) sa Bhruiséil, d'fhonn a gceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach faoi dhrochriarachán sa BEI a chur ar a súile do na hESS.

Ar 15 Meitheamh, thug an tUas José MARTÍNEZ-ARAGÓN, Príomh-Chomhairleoir Dlí, léacht léirithe ar obair an Ombudsman Eorpaigh do ghrúpa taidhleoirí i gcomhthéacs seimineáir ar chúrsaí na hEorpa a d'eagraigh an Lárionad do Staidéir Eorpacha i Strasbourg.

Ar 27 Meitheamh agus 11 Iúil, d'fháiltigh an tUas Daniel KOBLENCZ roimh bheirt rannpháirtithe i gClár Cuairteoirí an Aontais Eorpaigh agus mhínigh sé obair an Ombudsman Eorpaigh dóibh.

Ar 27 Iúil, labhair an tUas Branislav URBANIČ leis an Uas Thierry NGOGA le prionsabail an dea-riaracháin a plé, ábhar ar a raibh an tUas NGOGA ag déanamh taighde.

Ar 26 Meán Fómhair, ghlac an tUas Peter BONNOR páirt i seimineár ar an oscailteacht agus ar an gcumarsáid, agus thug sé óráid ar cheart na rochtana poiblí ar cháipéisí ar leibhéal an AE. Tionóladh an seimineár in Ollscoil Roskilde, an Danmhairg agus is í Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i gCóbanhávan a d'eagraigh. Bhí mic léinn, iriseoirí agus ionadaithe den tsochaí shibhialta i láthair ann.

Ar 26 Deireadh Fómhair, thug an tUas Lucio MALAN, Leas-Uachtarán Sheanad Phoblacht na hIodáile, cuairt ar Oifig anOmbudsman. D'fháiltigh an tUas Gerhard GRILL, Príomh-Chomhairleoir Dlí, roimhe agus d'fhreagair a chuid ceisteanna faoi ról agus obair an Ombudsman Eorpaigh.

Ar 30 Samhain, labhair an tUas Ian HARDEN, Ard-Rúnaí in Oifig an Ombudsman, ag comhdháil a d'eagraigh an CEE Bankwatch Network sa Bhruiséil dar theideal "Ceart achomhairc — Institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus an chuntasacht — Ar an mbóthar chuig an gcomhall neamhspleách agus meicníocht achomhairc maidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta". Le linn an tseisiúin dar theideal "Cé na meicníochtaí cuntasachta atá anois ann ar leibhéal an AE leis an BEI a choinneáil cuntasach?", mhínigh an tUas HARDEN ról an Ombudsman Eorpaigh agus thug sé samplaí de ghearáin ar dhéileáil an Ombudsman leo cheana a bhain leis an BEI.

Ar 1 Nollaig, thug Tina NILSSON Uas aitheasc dar theideal "An oscailteacht, an fhollasacht agus cead rochtana ar cháipéisí — An bhfuil rath ar an reachtaíocht?" ag Seimineár Bhainisteoireacht Faisnéise na hEorpa darbh ainm "Coinneáil suas leis an bhfaisnéis Eorpach san Eoraip mhéadaithe", arna eagrú ag Institiúid Eorpach an Riaracháin Phoiblí i Maastricht, an Ísiltír.

### Léachtaí léirithe do ghrúpaí

I 2006, mhínigh an tUas DIAMANDOUROS agus baill dá fhoireann (arna n-ainmniú idir luibíní) ról agus obair an Ombudsman do na grúpaí cuairteoirí seo a leanas:

*Feabhra*

- grúpa 85 oifigeach Francach a bhí ag glacadh páirte i seimineár ar chúrsaí na hEorpa arna eagrú ag an Lárionad do Staidéir Eorpacha i Strasbourg. (An tUas José MARTÍNEZ-ARAGÓN agus Marjorie FUCHS Uas)
- 35 mac léinn agus maoirseoir riaracháin phoiblí ó Ollscoil Twente, an Ísiltír agus ón *Westfälische Wilhelms-Universität Münster*, an Ghearmáin. Is é an tUas Jaap H. DE WILDE a thionlaic an grúpa. (An tUas Gerhard GRILL)
- 44 mac léinn ón *Bayernkolleg Augsburg*, Baváir na Gearmáine, i gcomhthéacs turais go Strasbourg a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayern*. Is é an tUas Alexander FRISCH a thionlaic an grúpa. (An tUas Gerhard GRILL)
- 35 duine ón *Deutsch-Evangelische Frauenbund Bayern*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

*Márta*

- 42 duine ón *CDU Senioren-Union Hilden*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)
- 42 mac léinn ón *Technische Universität Chemnitz*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais go Strasbourg a d'eagraigh an *Bildungswerk Sachsen.* (An tUas Gerhard GRILL)

- 25 méara ó Trentino-Alto Adige, an Iodáil, i gcomhthéacs turais go Strasbourg. (Ida PALUMBO Uas)

- 25 duine ón *Deutsch-Französische Gesellschaft Bonn*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

*Aibreán*

- 37 duine ó Chomhbhráithreachas Iarbhall agus Chairde an 7ú Rannán Pansar (Díshlógtha)(*Kameradschaft Ehemaliger und Freunde der (aufgelösten) 7. Panzerdivision*), an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- Grúpa 21 duine ón nGearmáin ar chuireadh Silvana KOCH-MEHRIN Uas, FPE. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- 44 duine ón *Verein Haus und Grund* ó Kerpen, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Anne EISENGRÄBER Uas)

- Grúpa 26 ball de choistí iniúchta Chomhairlí Réigiúnacha na Fionlainne Thoir i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg. (An tUas Peter BONNOR)

- Grúpa 29 mac léinn dlí a bhí ag déanamh sainstaidéir ar an dlí Eorpach, ó Ollscoil Leiden, an Ísiltír. Is é an tUas Rick LAWSON a thionlaic an grúpa. (An tUas Ian HARDEN)

- 37 duine ón nGearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- 37 duine ó bhrateagraíocht chomhlachas na mac léinn Caitliceach (*Dachverbande Katholische Studentenverbindungen*), an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- Grúpa 24 duine i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an Comhlachas do Ghnóthaí Eachtracha *(Auslandsgesellschaft),* Dortmund, an Ghearmáin. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- 32 duine ón *CDU Senioren-Union Bremerhaven*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- Grúpa 43 saighdiúir d'Fhórsaí Armtha Feidearálacha na Gearmáine (*Bundeswehr*) agus baill an *Katholische Militärseelsorge*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayern*. Is é an tUas Alexander FRISCH a thionlaic an grúpa. (Wiebke PANKAUKE Uas)

*Bealtaine*

- Grúpa 29 duine i gcomhthéacs seimineáir ar ghnóthaí Eorpacha a d'eagraigh an *Forum Europa e.V.*, Leipzig, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 12 mac léinn dlí a bhí ag déanamh sainstaidéir ar an dlí Eorpach, ó Ollscoil Komotini, an Ghréig. (An tUas P. Nikiforos DIAMANDOUROS agus an tUas Ioannis DIMITRAKOPOULOS)

- Grúpa 32 mac léinn agus baill foirne ón *Thorbecke Academie Leeuwarden*, an Ísiltír, i gcomhthéacs turais staidéir go dtí an Bhruiséil agus Strasbourg. (An tUas Peter BONNOR)

- Grúpa 4 duine ón bhFionlainn ar chuireadh ó Piia-Noora KAUPPI Uas FPE. (An tUas Peter BONNOR)

- 30 duine ó Chumann Ban CDU Alfter, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

- 37 oifigeach airgeadais phoiblí i gcomhthéacs seimineáir a d'eagraigh an *Deutschland- und Europapolitisches Bildungswerk Nordrein-Westfalen*, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 49 mac léinn ó institiúid d'oideachas don ógra (*Jugendbildungswerk)*, Marburg, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)

- 22 príomhoide agus múinteoir ó réigiúin Lüneburg agus Schwerin, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir a d'eagraigh fórsaí armtha na Gearmáine (*Bundeswehr*). (An tUas Gerhard GRILL)



An tUas Gerhard Grill, Príomh-Mhaoirseoir, agus obair an Ombudsman á chur i láthair aige do ghrúpa cuairteoirí. Strasbourg na Fraince, 23 Bealtaine 2006.

*Meitheamh*

- Grúpa 18 mac léinn iarchéime agus beirt bhall foirne ó Scoil Dlí agus Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Chaladónach Ghlaschú, Ríocht Aontaithe. Is í Marcela CHISHOLM Uas a thionlaic an grúpa. (An tUas Peter BONNOR)

- Grúpa 12 mac léinn san eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Maine Theas, Portland, Stáit Aontaithe. (An tUas Georgios KATHARIOS)

- Grúpa 45 duine ón nGearmáin páirteach i dturas staidéir go Strasbourg a chomheagraigh an *Europäische Akademie Bayern* agus an tUas Wolfgang KREISSL-DÖRFLER FPE. (An tUas Gerhard GRILL)

- 43 duine ó chomhairle ard-deoise Köln, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir ar an bpolaitíocht Eorpach a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 31 fear dóiteán deonach ó Wesseling, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 48 duine i gcomhthéacs turais a d'eagraigh Teach na hEorpa i Lyon agus réigiún an Rhône. (An tUas Gerhard GRILL)

- 20 méara ó phroibhinse Trento, an Iodáil, i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg. (Wiebke PANKAUKE Uas)

- Grúpa 58 múinteoir faoi oiliúint ag scoileanna speisialta ó réigiún Oberfranken, an Ghearmáin, páirteach i dturas staidéir go Strasbourg a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayern*. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 50 rannpháirtí san *"Europa-Seminar"* a d'eagraigh an *Kolpingwerk*, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)

- Grúpa 40 mac léinn ó Roinn na Cumarsáide d'Ollscoil na Róimhe -*La Sapienza*, an Róimh, an Iodáil, i gcomhthéacs turais staidéir go dtí an Bhruiséil agus Strasbourg. (Ida PALUMBO Uas)

- Toscaireacht 23 mac léinn ag glacadh páirte i dturas mar dhuais do na foirne a bhuaigh an Mion-Chomhthionól Eorpach a d'eagraigh Fondúireacht Náisiúnta na Mac Léinn, Málta. (An tUas P. Nikiforos DIAMANDOUROS agus Ida PALUMBO Uas).

*Iúil*

- Grúpa 33 múinteoir faoi oiliúint ó réigiún Nuremberg, an Ghearmáin, a bhí páirteach i dturas staidéir go Strasbourg a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayern*. (Wiebke PANKAUKE Uas)
- Grúpa 39 duine ón nGearmáin ar chuireadh ón nGraf Alexander LAMBSDORFF FPE. (Wiebke PANKAUKE Uas)
- 31 ball den *Club BM56*, comhlachas Franc-Ghearmánach ar mhaithe le gníomhaíochtaí nasctha bailte idir Erftkreis agus Le Marbihan, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (Wiebke PANKAUKE Uas)
- Grúpa 26 mac léinn de chlár Máistir sa Léann Eorpach Ollscoil Tübingen, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 19 mac léinn ó Scoil Náisiúnta an Riaracháin Phoiblí, an Aithin, an Ghréig. (An tUas Georgios KATHARIOS)
- Grúpa 30 mac léinn ó Ollscoil Bamberg, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg. (An tUas Gerhard GRILL)
- 36 duine ón Lárionad Oideachais Ghairmiúil *(Berufsbildungszentrum)* Neustadt, an Ghearmáin. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 42 múinteoir faoi oiliúint ó réigiún Nuremberg, an Ghearmáin, páirteach i dturas staidéir go Strasbourg a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayer*. (An tUas Gerhard GRILL)
- 31 mac léinn ón *Einstein-Gymnasium*, Kehl, an Ghearmáin. (Wiebke PANKAUKE Uas)

*Meán Fómhair*

- 24 mac léinn ón bhForas Riaracháin Chathrach agus iarshaighdiúirí d'fhórsaí armtha feidearálacha na Gearmáine *(Bundeswehr)*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 49 duine ón nGearmáin ar chuireadh ón nGraf Alexander LAMBSDORFF FPE. (An tUas Gerhard GRILL)
- Toscaireacht 25 duine ó chathair bhardais Lempäälä, an Fhionlainn, i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg. (An tUas Peter BONNOR)
- 31 duine ó fhoras oideachais Caitliceach (*Katholisches Bildungswerk)*, Meckenheim, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir i Strasbourg a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 42 mac léinn ón *St Ursulagymnasium* i Köln, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir i Strasbourg a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)
- 17 ball den *CDU Münster-Amelsbüren*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir i Strasbourg a d'eagraigh an *Karl-Arnold-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)

*Deireadh Fómhair*

- Grúpa 45 dlíodóir i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg, an Bhruiséil agus Lucsamburg a d'eagraigh Comhlachas na nDlíodóirí — brainse Katowice, an Pholainn. (Marta HIRSCH-ZIEMBINSKA Uas)

- 26 duine ón nGearmáin, i gcomhthéacs seimineáir i Strasbourg a d'eagraigh an *Jakob-Kaiser-Stiftung*. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 30 acadóir agus mac léinn san eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Düsseldorf, an Ghearmáin, i gcomhthéacs seimineáir i Strasbourg a d'eagraigh an *ESTA-Bildungswerk*. (An tUas Gerhard GRILL)
- 50 mac léinn ón gComhlachas Franc-Ghearmánach *(Deutsch-Französische Gesellschaft)* Bonn und Rhein-Sieg, an Ghearmáin, páirteach i dturas staidéir go Lucsamburg agus Strasbourg. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 45 duine ó chomhlachas na gcumann stairiúil fiaigh *(Bund der Historischen Deutschen Schützenbrüderschaften)*, Willich, an Ghearmáin, ar chuireadh ón Uas Klaus HÄNSCH FPE. (An tUas Gerhard GRILL)

*Samhain*

- Grúpa 27 duine ón *SPD Duisburg*, an Ghearmáin, ar chuireadh ón Uas Klaus HÄNSCH FPE. (Wiebke PANKAUKE Uas)
- Grúpa 25 mac léinn dlí a bhí ag déanamh sainstaidéir ar an dlí Eorpach, ó Ollscoil Leiden, an Ísiltír. Is é an tUas Rick LAWSON a thionlaic an grúpa. (An tUas Peter BONNOR)
- 11 duine ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Seirbiacha i gcomhthéacs turais staidéir go dtí na hinstitiúidí Eorpacha sa Bhruiséil, a d'eagraigh Lárionad Forbartha na Seirbia. (An tUas Georgios KATHARIOS)
- 18 duine ó lárionad oideachais aosaigh (*Münchner Volkshochschule)*, an Ghearmáin, i gcomhthéacs turais staidéir go Strasbourg a d'eagraigh an *Münchner Volkshochschule*. (An tUas Gerhard GRILL)



Wiebke Pankauke Uas, Oifigeach Dlí, agus obair an Ombudsman á chur i láthair aici do ghrúpa cuairteoirí. Strasbourg na Fraince, 15 Samahin 2006.

*Mí na Nollag*

- Grúpa 17 dlíodóir agus mac léinn dlí as an Ungáir i gcomhthéacs turais staidéir go dtí na hinstitiúidí Eorpacha sa Bhruiséil, a d'eagraigh *Bruxinfo*. (An tUas Daniel KOBLENZ)
- Grúpa 39 duine as an nGearmáin páirteach i dturas staidéir go Strasbourg a d'eagraigh an *Europäische Akademie Bayern*. (An tUas Gerhard GRILL)

- 33 mac léinn ón *Universitätsgruppe Market Team Tübingen*, an Ghearmáin, ar chuireadh ón Uas Jorgo CHATZIMARKAKIS FPE. (An tUas Gerhard GRILL)
- Grúpa 48 duine de sheanóirí ceardchumann na ngaibhneoirí *(der IG-Metall Senioren)*, Duisburg, an Ghearmáin, ar chuireadh ón Uas Klaus HÄNSCH FPE. (An tUas Gerhard GRILL)

I dteannta an mhéid sin thuas, chuir baill d'fhoireann an Ombudsman a chuid oibre i láthair ceithre huaire déag d'oiliúnaithe ón gCoimisiún Eorpach agus dhá uair d'oiliúnaithe ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh i rith 2006, agus timpeall 50 duine i láthair ag gach seisiún oiliúna.

## 6.4 CAIDREAMH LEIS NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

I measc ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman áirítear agallaimh agus comhdhálacha preasa agus freisin ailt scríofa agus eisiúintí preasa. Tarraingíonn na gníomhaíochtaí seo aird ar an tseirbhís a chuireann an tOmbudsman ar fáil do na saoránaigh, d'eagraíochtaí agus do chomhlachtaí, agus cuireann siad béim ar chásanna ar díol suntais faoi leith iad. Tig leis na meáin treise a chur le tábhacht na gcásanna seo, agus ar an gcaoi sin cabhrú le hinstitiúidí is le comhlachtaí an AE glacadh le cultúr na seirbhíse i leith na saoránach maidir le ceisteanna a fhreagairt agus fadhbanna a scaoileadh.

Eisíodh dhá phreas-ráiteas ar fhichid i 2006 agus dáileadh iad ar iriseoirí agus ar pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. I measc na gceisteanna a pléadh, bhí rogha na dteangacha do shuímh ghréasáin Uachtaránacht an AE, an fhollasacht maidir leis an stocaireacht agus le deontais, gearán nár cuireadh an Treoir ar Am Oibre i bhfeidhm mar ba cheart, agus easpa oscailteachta i bhfeidhmiú na Comhairle.

Thug an tOmbudsman breis agus 40 agallamh d'ionadaithe na meán clóite, craobhscaoilte agus leictreonach i 2006, i Strasbourg, sa Bhruiséil agus in áiteanna nach iad. Tá liosta san alt seo de na hagallaimh a thug an tOmbudsman agus a fhoireann i 2006, lena n-áirítear na hócáidí "meánacha" a eagraíodh i rith na bliana.

- Ar 5 Eanáir, chuir an tUas Giorgos ADAM ón stáisiún raidió *Dimotiko Radiofono Thessalonikis,* sa Ghréig, agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS.
- Ar 20 Eanáir, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh teileafóin don Uas Mark BEUNDERMANN ó *EUobserver* i dtaobh a éilimh ar an gComhairle reachtú go poiblí.
- Ar 23 Eanáir, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh teileafóin don Uas Luc VERNET ón bpáipéar nuachta Francach *Sud Ouest* a bhí ag scríobh portráide den Ombudsman.
- Ar 25 Eanáir, chuir Ruth REICHSTEIN Uas ón stáisiún Gearmánach *Deutschlandfunk* agallamh ar an Ombudsman sa Bhruiséil, tar éis cruinnithe de Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa a phléigh Tuarascáil Speisialta an Ombudsman maidir le breis follasachta sa Chomhairle.
- Ar 27 Eanáir, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh don Uas Herakles GALANAKIS ó *ERA Herakleion*, stáisiún raidió sa Ghréig.
- Ar 8 Feabhra, chuir Isabel GUZMAN Uas ón áisíneacht nuachta Ghearmánach *Evangelischer Pressedienst* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS sa Bhruiséil. Bhí suim faoi leith ag an mbean uasal GUZMAN i ngearáin agus i gcásanna ón nGearmáin.
- Níos maille an lá sin, chuir Patricia HALLER Uas ón nuachtán Ostarach *Kurier* agallamh ar an Ombudsman sa Bhruiséil. Chuir sí ceisteanna faoina thaithí mar Ombudsman, faoi chásanna samplacha agus faoina chuid oibre go ginearálta.

- Ar 9 Feabhra, thug an tOmbudsman agallamh teileafóin don Uas Jean-Pierre SARDIN ó *Radio France Bleu* faoina phreaseisiúint i dtaobh Pháipéar Bán an Choimisiúin ar an gCumarsáid.
- Ar 14 Feabhra, chuir Nayran AGUADO Uas ón stáisiún teilifíse Spáinneach *TVE* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS i Strasbourg dá gclár "Vivir Europa". Bhí suim faoi leith ag an iriseoir i ngearáin ón Spáinn.
- Níos maille an lá sin, chuir Renata GOLDIROVA Uas ó chainéal nuachta na Slóvaice, *TA3*, agallamh ar an Ombudsman faoina chuid oibre agus faoi chásanna Slóvacacha go háirithe.
- Ar 15 Feabhra, thug Marta HIRSCH-ZIEMBINSKA Uas, Príomh-Chomhairleoir Dlí, agallamh teileafóin do Helena VIEGAS Uas ón irisleabhar Portaingéalach *Noticias Magazine*. Bhí suim faoi leith ag an iriseoir i gcásanna ón bPortaingéil.
- Ar 17 Feabhra, chuir Marta HIRSCH-ZIEMBINSKA Uas, Príomh-Chomhairleoir Dlí, obair an Ombudsman i láthair do ghrúpa 14 iriseoir ón mBulgáir, an Rómáin, agus an Chróit, i gcomhthéacs seimineáir ar an méadú, arna eagrú ag Lárionad Eorpach na hIriseoireachta.
- Ar 2 agus 3 Márta, d'agaill agus scannánaigh foireann teilifíse Ghearmánach *ARTE*, faoi stiúir Katrin MOLNAR Uas, an tUas DIAMANDOUROS agus baill eile den fhoireann i Strasbourg, d'fhonn portráid den Ombudsman a chraobhscaoileadh.
- Ar 3 Márta, chuir Elodie CARTIER Uas ó *Radio Côte d'Amour* agallamh teileafóin ar an Ombudsman faoi Pháipéar Bán an Choimisiúin ar an gCumarsáid.
- Ar 8 Márta, thug an tUas DIAMANDOUROS comhdháil preasa i Lucsamburg i gcomhthéacs a chuairte faisnéise go Lucsamburg. Roimhe sin chuir an tUas Marc GLASENER ón *Luxemburger Wort* agallamh air.
- Ar 15 Márta, cuireadh agallamh ar an Ombudsman i Strasbourg do chlár faisnéise Seiceach dar theideal "Ó cheann ceann na hEorpa". Chuir scannánóirí óga, faoi stiúir an léiritheora, an tUas Filip ALBRECHT, agallaimh ar pholaiteoirí agus ar shaoránaigh san Eoraip d'fhonn léargais éagsúla a thabhairt ar an Eoraip.
- Ar 29 Márta, thug an tOmbudsman cuireadh do cheathrar iriseoirí chun lóin oibre sa Bhruiséil: an tUas Thomas FERENCZI ó *Le Monde*, an tUas Nick WATT ó *The Guardian*, an tUas Eric BONSE ón *Handelsblatt*, agus an tUas Carlo FENU ón áisíneacht Iodálach *ANSA*. D'fhreagair an tUas DIAMANDOUROS ceisteanna faoina chuid oibre agus faoi shainghearáin tíortha faoi leith, agus mhínigh sé freisin go raibh sé riachtanach dul i gcaidreamh le hábhair gearánaithe i mBallstáit mhóra an AE.
- Níos maille an lá sin, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh don Uas Jan SLIVA ón áisíneacht nuachta *AP* le haghaidh gnéchláir faoi obair an Ombudsman Eorpaigh.
- Ina dhiaidh sin, chuir an tUas Tansel TERZIOGLU ón nuachtán Ostarach *Die Kleine Zeitung* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS. Chuir an t-iriseoir ceisteanna faoi thaithí an Uas DIAMANDOUROS ón lá ar thosaigh sé sa phost.
- Níos maille an tráthnóna sin, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh teileafóin d'Áisíneacht PR Raidió na Gearmáine *Schlenker PR* le haghaidh sraithchláir dar theideal "Ag maireachtáil san Eoraip".
- Ina dhiaidh sin, chuir Daniela WEINGÄRTNER Uas ó na nuachtáin Ghearmánacha *TAZ* agus *Badische Zeitung* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS d'fhonn portráid a dhéanamh den Ombudsman Eorpach. Chuir sí agallamh freisin ar bhaill den fhoireann i Strasbourg agus d'fhreastail sí ar chruinniú de chuid an Uas DIAMANDOUROS le foireann an Choimisiúin i Lucsamburg.
- Ar 24 Aibreán, chuir an tOmbudsman a *Thuarascáil Bhliantúil 2005* i láthair ag comhdháil phreasa sa Bhruiséil. Bhí breis agus 50 iriseoir i láthair. Thug an tUas DIAMANDOUROS forbhreathnú

ar a ndearna sé i 2005, agus samplaí de chásanna agus mar a réitíodh iad ar mhaithe leis na saoránaigh. Chuir na hiriseoirí ceisteanna faoi na staitisticí, faoi shainghearáin tíortha faoi leith, faoi chaidreamh an Ombudsman le OLAF, faoi fhollasacht sa Chomhairle, faoi thuarascálacha speisialta a bhí ar feitheamh agus faoin gcóras teanga ar shuímh ghréasáin Uachtaránacht an AE.

- Tar éis na comhdhála preasa, thug an tUas DIAMANDOUROS agallaimh ina gceann is ina gceann do *Deutsche Welle TV*, *Raidió Poiblí na Gearmáine*, *RTBF*, Raidió na Beilge, agus *Raidió Poiblí na Spáinne* faoi na breitheanna ba thábhachtaí sa *Tuarascáil Bhliantúil 2005*.

- Níos maille an lá sin, thug an tOmbudsman agallamh teileafóin don Uas Fabrice LAMBERT ó raidió gnó na Beilge *BFM*, i dtaobh na príomhbhreitheanna sa *Tuarascáil Bhliantúil 2005* agus faoi shainchásanna a bhain leis an mBeilg.

- Ar 26 Aibreán thug Gundi GADESMANN Uas, Oifigeach Preasa, agallamh teileafóin don Uas Albrecht MEIER ón nuachtán Gearmánach *Der Tagesspiegel* faoi iarrachtaí an Ombudsman dul i dteagmháil le spriocghrúpaí, ar nós gnóthas beag agus meánmhéide, sa Ghearmáin.

- Ar 27 Aibreán, thug Rosita AGNEW Uas, Comhcheann na hEarnála Cumarsáide, agallamh do Margarita GASCA Uas ó *Brussels TV* faoi thascanna an Ombudsman Eorpaigh agus príomhbhreitheanna na *Tuarascála Bliantúla 2005*.

- Níos maille an lá sin, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh teileafóin do Nadja SCHEYS Uas ón stáisiún raidío Beilgeach *FM Bruxelles* ar an *Tuarascáil Bhliantúil 2005* agus ar shainchásanna Beilgeacha.

- Ar 9 Bealtaine, i rith a chuairte faisnéise ar an Spáinn, chuir an tUas Miguel ADROVER CONDE den stáisiún teilifíse *TVE* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS do chlár dar theideal “Europa 2006”, a craobhscaoileadh tar éis a chuairte.

- Níos maille an mhaidin sin, thionóil Ombudsman Náisiúnta na Spáinne, an tUas Enrique MÚGICA HERZOG, agus an tOmbudsman Eorpach comhdháil phreasa le chéile inar thug siad breac-chuntas ar aidhm na cuairte, ar ról gach duine faoi seach agus ar an gcomhoibriú eatarthu d’fhonn an tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt do shaoránaigh agus do lucht cónaithe na Spáinne.



An tUas Diamandouros agus an tUas Enrique Múgica Herzog, Ombudsman Náisiúnta na Spáinne, agus a gcuid oibre á chur i láthair le chéile acu i rith preasagallaimh a bhí eagraithe mar chuid de chuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Maidrid na Spáinne, 8-10 Bealtaine 2006.

- Ar 6 Meitheamh, chuir an tUas Bruno WATERFIELD ón *Parliament Magazine* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS sa Bhruiséil faoi obair an Ombudsman, a bhfuil curtha i gcrích aige, a

chuid iarrachtaí an pobal a chur an eolas faoina chuid seirbhísí, a chuid moltaí d'institiúidí eile an AE agus a bhfuil curtha roimhe aige, breis follasachta sa Chomhairle san áireamh.

- Ar 16 Meitheamh, d'fhoilsigh nuachtlitir an Choimisiúin *En Direct* alt leis an Uas DIAMANDOUROS dar theideal "D'fhonn cabhrú leis na comhleacaithe atá mé anseo" inar mhínigh an tOmbudsman a ról.
- Ar 27 Meitheamh, thug an tUas Olivier VERHEECKE agallamh d'Ana LÁZARO Uas ó chainéal teilifíse na hAndalucía *Canal Sur* i gcomhthéacs na cuairte a bhí 30 ionadaí Spáinneach ó chomheagraíochtaí den tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéanamh ar Pharlaimint na hEorpa.
- In eagrán an Mheithimh de *DIHK* (nuachtlitir Chumann Tráchtála na Gearmáine) bhí alt ag an Uas DIAMANDOUROS faoin gcaoi ar féidir leis cabhrú go sonrach le gnóthais bheag agus mheánmhéide má bhíonn fadhbanna acu le hinstitiúidí an AE. Dáileadh an nuachtlitir ar 74 cumann tráchtála réigiúnach sa Ghearmáin.
- Ar 6 Iúil, chuir an tUas DIAMANDOUROS obair an Ombudsman i láthair do ghrúpa 14 iriseoir ón Albáin, ó Bhoisnia-Heirseagaivéin, ón gCróit, ó Kosovo agus ó Sheirbia-Montainéagró i gcomhthéacs seimineáir dar theideal "I dtreo na lánpháirtíochta", a d'eagraigh an Lárionad Iriseoireachta Eorpach.
- Ar 24 Lúnasa foilsíodh agallamh leis an Ombudsman, dar theideal "Uaireanta is leor glaoch gutháin le fadhb a réiteach" i nuachtlitir Chónaidhm Ghearmánach na gCeirdeanna Oilte agus na nGnóthas Beag, *ZDH*.
- Ar 22 Meán Fómhair, chuir Pauline WIRPH-DUVERGER Uas ó *Journal du Parlement* na Fraince agallamh ar an Ombudsman i Strasbourg.
- Ar 27 Meán Fómhair, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh do Christina SIGANIDOU Uas ó *ERT3 Television*, an Ghréig.
- Ar 5 Deireadh Fómhair, i rith Chomhdháil EUROCHAMBRES i Thessaloniki, chuir roinnt iriseoirí Gréagacha agallamh ar an Ombudsman, ina measc Magda CONSTANTINIDOU Uas ó *Naftemboriki*, agus an t-iriseoir Ostarach Sabine BERGER Uas ón *Wirtschaftsblatt*.
- Ar 19 Deireadh Fómhair, mhínigh an tOmbudsman a chuid oibre do ghrúpa iriseoirí ó Lárionad Nordach na nIriseoirí, Århus, an Danmhairg, a bhí ar chuairt i Strasbourg.
- Ar 3 Samhain, thug an tUas Nicholas CATEPHORES léacht léirithe do dhá rang mac léinn iriseoireachta i gColáiste AKMI san Aithin, an Ghréig, ar chuireadh an iriseora, an tUas Thanasis KALFAS. Labhair an tUas CATEPHORES faoi ról agus obair an Ombudsman Eorpaigh.
- Ar 14 Samhain, chuir Shirin WHEELER Uas agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS don BBC i Strasbourg. Bhí suim ar leith aici i meicníochtaí éagsúla an ghearáin ar leibhéal na hEorpa.
- Ar 15 Samhain, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh don Uas Ioannis PAPADIMITRIOU, do rannóg Ghréagach *Deutsche Welle*.
- Ar 23 Samhain, thug an tOmbudsman agallamh fís-chomhdhála do chomhfhreagraí na háisíneachta nuachta Bulgáraí *BTA*, an tUas Atanas MATEV, i dtaobh chuairt faisnéise an Ombudsman ar an mBulgáir.
- Níos maille an lá sin, thug an tUas DIAMANDOUROS agallamh fís-chomhdhála eile do chomhfhreagraí rannóg Ghearmánach *AFP*, Andrea SCHNEIDER Uas. Foilsíodh tuairisc an iriseora ar, *inter alia*, *Spiegel online*.
- Ar 27 Samhain, i gcomhthéacs chuairt faisnéise an Ombudsman Eorpaigh ar an mBulgáir, chuir an tUas Deian IODOV ón nuachtán *TRUD Daily* agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS.
- An lá céanna, thug sé agallamh do Snejana IVANOVA Uas de *Raidió Náisiúnta na Bulgáire*.

© Ombudsman na Bulgáire



An tUas Diamandouras agus agallamh á thabhairt aige don Uas Deian Iodov ón nuachtán TRUD Daily i rith cuairt faisnéise ar an mBulgáir, 27–29 Samhain 2006.

- Ar 28 Samhain, cuireadh agallamh beo ar an Uas DIAMANDOUROS agus ar Ombudsman na Bulgáire, an tUas Guinio GANEV, do chlár nuachta bricfeasta *Balkan Television (bTV)*. Ba é an tUas Nicolay BAREKOV an t-agallóir.

- Ar 29 Samhain, thionóil an tUas DIAMANDOUROS agus an tUas GANEV comhdháil phreasa le chéile i gComhthionól Náisiúnta na Bulgáire

- Ar 4 Nollaig, thug Gundi GADESMANN Uas, Oifigeach Preasa, agallamh teileafóin d'Áisíneacht PR Raidió na Gearmáine *Schlenker PR* le haghaidh sraithchláir ar na hinstitúidí Eorpacha dar theideal "Ag maireachtáil san Eoraip".

- Ar 5 Nollaig, sholáthair an tOmbudsman freagraí scríofa ar cheisteanna agallaimh do nuachtlitir na meitheile smaointeoirí Spáinní *Institución Futuro*. Bhain an t-agallamh, arbh í Ana YERRO Uas a rinne, go mór mór le dearcadh an Ombudsman ar a chuid oibre, ar na gearáin a fhaigheann sé agus ar cheisteanna reatha a bhaineann leis an Eoraip.

- Ar 8 Nollaig, i ndiaidh seimineáir ar Chearta an Duine i Ljubljana, an tSlóivéin, chuir stáisiúin phoiblí agus phríobháideacha teilifíse na Slóivéine, áisíneacht nuachta na Slóivéine agus raidío poiblí na Slóivéine agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS. I ndearcadh an Ombudsman ar cheisteanna a bhain le cearta an duine sa tSlóivéin is mó a bhí suim ag na hiriseoirí.

- Ar 18 Nollaig, chuir Viki FLESSA Uas agallamh ar an Uas DIAMANDOUROS don chlár "Sta Akra" de chuid an stáisiúin teilifíse *NET* sa Ghréig.

- Ar 27 Nollaig, thug an tUas Gerhard GRILL agallamh do *Radio France Internationale* faoi Thuarascáil Speisialta an Ombudsman i dtaobh na dteangacha a úsáidtear ar shuímh ghréasáin Uachtaránacht na Comhairle.

## 6.5 FOILSEACHÁIN

Is é is mian leis an Ombudsman dul in éifeacht ar a mhéad daoine agus is féidir d'fhonn iad a chur ar an eolas faoina gcearta agus go háirithe faoin gceart gearán a dhéanamh. I 2006, cuireadh amach na foilseacháin seo a leanas agus dáileadh ar pháirtithe leasmhara iad d'fhonn na príomhpháirtithe agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi obair an Ombudsman Eorpaigh agus faoi na seirbhísí a thig leis a thabhairt do shaoránaigh agus do lucht cónaithe an AE:

***Tuarascáil Bhliantúil 2005;*** leagan fótachóipe (i mBéarla)

Cuireadh leagan fótachóipe de *Thuarascáil Bhliantúil 2005* an Ombudsman ar fáil i mBéarla do Bhaill Choiste um Achainíocha Pharlaimint an hEorpa i mBealtaine, le ligean don Choiste obair an Ombudsman a phlé roimh an díospóireacht iomlánach níos déanaí sa bhliain.

***Tuarascáil Bhliantúil 2005 — Achoimre feidhmiúcháin agus Staitisticí;*** leagan fótachóipe (20 teanga)

I mí Bealtaine freisin, cuireadh leagan fótachóipe den *Tuarascáil Bhliantúil 2005 — Achoimre feidhmiúcháin agus Staitisticí* ar fáil don Choiste um Achainíocha i ngach ceann de na 20 teanga oifigiúil.

***Ombudsman Eorpacha — Nuachtlitir;*** Eagráin Uimh 6 agus Uimh 7 (5 teanga)

Dáileadh eagráin Uimh 6 agus Uimh 7 de nuachtlitir débhliantúil Líonra Eorpach na nOmbudsman agus Réigiún Eorpach Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman, ceann i mí Aibreáin agus ceann i nDeireadh Fómhair, ar ombudsman náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip, agus ar bhaill Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa.

***An tOmbudsman Eorpach: An bhféadfadh sé cabhrú leat?*** (23 teanga)

Foilsíodh eagrán nua de *An tOmbudsman Eorpach: An bhféadfadh sé cabhrú leat?*, eolaí agus foirm ghearáin, i 23 teanga i 2006. Is mór an cúnamh an bróisiúr seo d'ábhair gearánaithe maidir le cleachtadh a gceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Dáileadh cóipeanna d'eagrán nua an bhróisiúir ar ombudsman, Feisirí PE, Ionadaithe den Choimisiún agus ar Oifigí den Pharlaimint sna Ballstáit, agus cuireadh ar fáil do líonraí an AE é le go ndáilfí níos faide é. Ba mhór an tsuim a mhúscail an foilseachán seo agus fuarthas na mílte iarratas ar chóipeanna breise roimh dheireadh na bliana.

***An tOmbudsman Eorpach: D'aonamharc*** (25 teanga)

Foilsíodh eagrán nua den bhileog *An tOmbudsman Eorpach: D'aonamharc* i 25 teanga i 2006. Ar an bpobal i gcoitinne atá an bróisiúr dírithe agus is é an aidhm atá leis a mhíniú céard is féidir leis an Ombudsman Eorpach a dhéanamh agus céard nach féidir. Dáileadh go forleathan é d'fhonn méid na ngearán neamh-inghlactha a dhéantar leis an Ombudsman a laghdú.

***Imleabhar Comórtha Deich mBliana;*** clúdach crua agus clúdach bog (i bhFraincis)

Tionóladh sraith ócáidí le Cothrom Deich mBliana institiúid an Ombudsman Eorpaigh a chomóradh. Eagraíodh Ceardlann Bunaitheoirí i Meitheamh 2004 leis na bearta ba bhun leis Ombudsman Eorpach a chur ar phár agus leis na forbairtí arbh fhiú leanúint díobh a shainaithint. Socraíodh ar imleabhar comórtha a chur le chéile mar thoradh ar an obair seo. Foilsíodh an saothar seo, dar teideal *An tOmbudsman Eorpach: Bunús, Bunú, Teacht chun cinn*, i mBéarla i 2005 i gclúdach crua agus i gclúdach bog. Toisc chomh maith is a d'éirigh leis, foilsíodh eagrán Fraincise i 2006.

***Tuarascáil Bhliantúil 2005;*** leagan clóbhuailte (20 teanga)

Ar dtús, i nDeireadh Fómhair, dáileadh 3 000 cóip de leaganacha 20 teanga oifigiúil an AE de *Thuarascáil Bhliantúil 2005* an Ombudsman ar Fhéilirí PE, ar institiúidí agus comhlachtaí an AE, ar ombudsman, agus ar líonraí athsheolta an Choimisiún Eorpaigh. Dáileadh cóipeanna eile ina dhiaidh sin i rith na bliana.

***Tuarascáil Bhliantúil 2005 — Achoimre feidhmiúcháin agus Staitisticí;*** leagan clóbhuailte (20 teanga)

Ar dtús dáileadh 8 000 cóip de na leaganacha i 20 teanga d'*Achoimre Feidhmiúcháin agus Staitisticí*, a cuireadh ar fáil i nDeireadh Fómhair, ar líonra leathan díobh siúd a fuair an *Tuarascáil Bhliantúil*

iomlán, agus ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ollscoileanna chomh maith. Dáileadh cóipeanna eile ina dhiaidh sin i rith na bliana.

### *Tuarascáil Bhliantúil 2005 — Tiomsúchán Cinntí* (3 teanga)

San fhoilseachán leictreonach cuimsitheach seo tá na cinntí iomlána, i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis, ar na cásanna a phléitear i gCaibidil 3 den Tuarascáil Bhliantúil. Tá sé le fáil mar dhoiciméad leictreonach aonair ar shuíomh gréasáin an Ombudsman, agus mar chruachóip nó CD-ROM ach é a iarraidh ó Oifig an Ombudsman.

### Foilseacháin eile

Lean an tOmbudsman de dháileadh cóipeanna a chuid foilseachán eile i rith na bliana, go mór mór *An Cód Eorpach um Dhea-iompar Riaracháin*, atá le fáil i 25 teanga. Foilsíodh an Cód i Macadóinis i 2006 d'fhonn an dea-riarachán a chur chun cinn in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, ar tír iarrthach í.

## 6.6 CUMARSÁID AR LÍNE

### Cumarsáid ríomhphoist

In Aibreán 2001, cuireadh leagan leictreonach den fhoirm ghearáin atá le cur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh ar fáil ar an suíomh gréasáin i 12 teanga. Tar éis mhéadú an Aontais Eorpaigh ar 1 Bealtaine 2004, cuireadh an fhoirm ar fáil i naoi dteanga eile. I mí Nollag na bliana 2006, roimh an méadú nua a tháinig ar an Aontas Eorpach ar 1 Eanáir 2007, cuireadh an fhoirm ar an suíomh gréasáin i mBulgáiris agus i Rómáinis. Thar an Idirlíon a cuireadh isteach breis agus 57% de na gearáin a fuair an tOmbudsman i 2006, agus fuarthas cuid mhór díobh seo tríd an bhfoirm ghearáin leictreonach.

Sa bhliain 2006, baineadh leas as príomhchuntas ríomhphoist an Ombudsman le freagra a thabhairt ar 10 801 ríomhtheachtaireacht a bhí ag iarraidh faisnéise. B'ollteachtaireachtaí 7 261 díobh seo a chuir saoránaigh isteach agus bhain siad le gearáin a fuair an tOmbudsman Eorpach. I measc na bhfadhbanna ba chúram do na hollteachtaireachtaí seo, bhí an calafort tionsclaíoch a theastaigh ó údaráis na Spáinne a fhorbairt i gcathair Granadilla, ceart dochtúirí diúltú don ghinmhilleadh, agus géarleanúint a maíodh a bhí mionlaigh chreidimh a fhulaingt sa Pholainn. Fuair gach ceann de na teachtaireachtaí seo freagra ag míniú cé mar a bhí an tOmbudsman ag déileáil leis an ngearán áirithe sin.

San iomlán fuarthas 3 540 iarratas aonair ar fhaisnéis tríd an ríomhphost i 2006, i gcomparáid le timpeall 3 200 sna blianta 2005 agus 2004 araon. Fuair gach ceann díobh freagra aonair ó bhall oiriúnach d'fhoireann an Ombudsman.

### Forbairtí ar an suíomh gréasáin

Cruthaíodh suíomh gréasáin an Ombudsman i mí Iúil 1998. I rith na bliana 2006, d'oibrigh Forbróir Gréasáin an Ombudsman Eorpaigh go dlúth le Cinn na hEarnála Cumarsáide agus le seirbhísí teicniúla Pharlaimint na hEorpa, d'fhonn an suíomh ghréasáin a chlaochlú agus seirbhís nua-aimseartha dhinimiciúil fhaisnéiseach idirghníomhach a dhéanamh as a rachadh chun sochair na saoránach ar gach aon bhealach is nuálaí. Meastar go lainseálfar an suíomh nua sa chéad leath de 2007.

I mí Bealtaine 2006, d'aistrigh suíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh, mar aon le suímh institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí eile an AE, go dtí an fearann barrleibhéil nua "ponc.eu". Is furasta anois seolta institiúidí an AE a aithint mar críochnaíonn siad uile ar "europa.

eu". Cé go bhfeidhmeoidh seanseoladh gréasáin an Ombudsman (http://www.euro-ombudsman.eu.int) go ceann i bhfad eile, is é: http://www.ombudsman.europa.eu

Lean an tOmbudsman ag leasú a shuímh ghréasáin chun dáta i 2006, ag cur leaganacha leictreonacha a chuid foilseachán air chomh luath agus a cuireadh ar fáil iad. Ina measc seo bhí a *Thuarascáil Bhliantúil 2005*, agus an *Achoimre Feidhmiúcháin agus Staitisticí* a bhí ag dul leis, i 20 teanga; *An tOmbudsman Eorpach: D'aonamharc* i 25 teanga, agus *An tOmbudsman Eorpach: An bhféadfadh sé cabhrú leat?* i 23 teanga.

In Eanáir 2006, chruthaigh an tOmbudsman rannóg nua dá shuíomh gréasáin a bhain le fiosrúchán féintionscanta leis ar ról an Choimisiúin mar chaomhnóir ar an gConradh, rannóg a chinn sé a oscailt tar éis dó an-chuid gearán a fháil in aghaidh an Choimisiúin i dtaobh calafoirt tionsclaígh a bhí údaráis na Spáinne a fhorbairt i gcathair Granadilla, ar oileán Tenerife, an Spáinn.

Ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2006, fuair suíomh gréasáin an Ombudsman 416 533 cuairt aonair. Ba iad leathanaigh Bhéarla an tsuímh is mó a léadh, agus ina dhiaidh sin, na leathanaigh Fhraincise, Spáinnise, Ghearmáinise agus Iodáilise. Maidir le foinse gheografach na gcuairteanna, tháinig an chuid is mó díobh ón Iodáil, agus ina dhiaidh sin, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Ghearmáin. I rannóg na nasc ar shuíomh gréasáin an Ombudsman tá naisc chun suímh na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha ar fud an hEorpa. Tugadh breis agus 44 000 cuairt ar leathanach na nasc i rith 2006, i gcruthúnas ar an sochar a rinne obair an Ombudsman Eorpaigh do na saoránaigh nuair a chomhordaigh sé Líonra Eorpach na n-Ombudsman.

D'fhonn a chinntiú go bhfanfaidh suíomh gréasáin an Ombudsman i measc phríomhshuímh an AE, ghlac Oifig an Ombudsman páirt i rith 2006 in obair Choiste Idir-Institiúideach Eagarthóireacht Idirlín, (CEiii), agus go háirithe ghlac sí páirt sa Ghrúpa Oibre a bunaíodh leis an aistriú go dtí an fearann barrleibhéil nua "ponc.eu" a chomhordú.

7

# Iarscríbhinní



© iStockphoto.com/urbancow

# A STAITISTICÍ

## 1 CÁSANNA AR DÉILEÁLADH LEO LE LINN 2006

### 1.1 UALACH IOMLÁN NA gCÁSANNA IN 2006 ........ 4 422[1]

— fiosrúcháin nach raibh clabhsúr curtha orthu an 31.12.2005 ........ 315[2]

— gearáin a bhí ag fanacht ar chinneadh faoi inghlacthacht an 31.12.2005 ........ 270

— gearáin a fuarthas in 2006 ........ 3 830[3]

— féintionscnaimh an Ombudsman Eorpaigh ........ 9

**Líon na ngearán a fuarthas 1996-2006**




1 Bhain 281 ghearán acu leis an ábhar céanna.

2 Fiosrúcháin fhéintionscanta de chuid an Ombudsman Eorpaigh a bhí i dtrí cinn acu chomh maith le 312 fiosrúchán a bunaíodh ar ghearáin.

3 Bhain 281 acu leis an ábhar céanna, faoi mar atá luaite i bhfonóta 1.

## 1.2 SCRÚDÚ INGHLACACHTA/NEAMHINGHLACACHTA CURTHA I gCRÍCH ....................95%

## 1.3 AICMIÚ NA nGEARÁN

### 1.3.1 De réir chineál an ghnímh a rinne an tOmbudsman Eorpach chun leas na ngearánaithe a dhéanamh




### 1.3.2 De réir shainordú an Ombudsman Eorpaigh



## LASMUIGH DEN SAINORDÚ




## LAISTIGH DEN SAINORDÚ

Gearáin inghlactha




Gearáin neamhinghlactha



## 2 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE

(I gcásanna áirithe, cuireadh níos mó ná an t-aon chomhairle amháin)




## 3 NA FIOSRÚCHÁIN AR PLÉADH LEO IN 2006 ......................... 582

In 2006 phléigh an tOmbudsman Eorpach le 582 fhiosrúchán. Orthu seo, cuireadh tús le 267 cinn, naoi gcinn acu féintionscanta, in 2006, agus tugadh 315, trí cinn acu féintionscanta, anonn ó 2005.

### 3.1 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ FAOI RÉIR FIOSRÚCHÁN

(I gcásanna áirithe bhain an fiosrúchán le dhá institiúid nó le dhá chomhlacht, ar a laghad)



## 3.2 AN CINEÁL DROCHRIARACHÁIN A DHÉANTAR A LÍOMHAIN

(I gcásanna áirithe déantar dhá chineál drochriaracháin, ar a laghad, a líomhain)




## 3.3 MOLTAÍ DO RÉITIGH CHAIRDIÚLA, DO DHRÉACHTMHOLTAÍ AGUS DO THUARASCÁLACHA SPEISIALTA A RINNEADH IN 2006

— Moltaí do réitigh chairdiúla ....................28
— Dréachtmholtaí ....................13
— Tuarascálacha speisialta....................2

## 3.4 FIOSRÚCHÁIN AR CUIREADH CLABHSÚR ORTHU .................... 250[4]

(Cuireadh clabhsúr ar fhiosrúcháin ar cheann de na cúiseanna seo a leanas, ar a laghad)




[4] Féintionscnaimh de chuid an Ombudsman trí cinn acu.

# 4 BUNÚS NA nGEARÁN A CLÁRAÍODH IN 2006

## 4.1 CÉ A RINNE GEARÁN?



Comhlachtaí agus cumainn
5,5 % (211)



Saoránaigh aonair
94,5 % (3 619)

## 4.2 DÁILEADH NA nGEARÁN Ó THAOBH TEANGACHA DE



## 4.3 CÁRBH AS AN GEARÁNAÍ?

| Tír | Líon na nGearán | % na nGearán | % de Dhaonra an AE | Cóimheas[1] |
|---|---|---|---|---|
| Lucsamburg | 54 | 1,4 | 0,1 | 14,2 |
| Málta | 33 | 0,9 | 0,1 | 10,0 |
| An Chipir | 44 | 1,1 | 0,2 | 7,6 |
| An Bheilg | 241 | 6,3 | 2,3 | 2,8 |
| An tSlóivéin | 44 | 1,1 | 0,4 | 2,7 |
| An Spáinn | 781 | 20,4 | 9,4 | 2,2 |
| An Fhionlainn | 74 | 1,9 | 1,1 | 1,7 |
| Éire | 47 | 1,2 | 0,9 | 1,4 |
| An Ostair | 81 | 2,1 | 1,8 | 1,2 |
| An Ghréig | 105 | 2,7 | 2,4 | 1,1 |
| An Phortaingéil | 96 | 2,5 | 2,3 | 1,1 |
| An Ungáir | 72 | 1,9 | 2,2 | 0,9 |
| An tSlóvaic | 37 | 1,0 | 1,2 | 0,8 |
| Poblacht na Seice | 67 | 1,7 | 2,2 | 0,8 |
| An Ghearmáin | 537 | 14,0 | 17,8 | 0,8 |
| An Ísiltír | 106 | 2,8 | 3,5 | 0,8 |
| An Pholainn | 228 | 6,0 | 8,2 | 0,7 |
| An tSualainn | 53 | 1,4 | 1,9 | 0,7 |
| An Eastóin | 7 | 0,2 | 0,3 | 0,7 |
| An Fhrainc | 335 | 8,7 | 13,6 | 0,6 |
| An Laitvia | 12 | 0,3 | 0,5 | 0,6 |
| An Danmhairg | 20 | 0,5 | 1,2 | 0,4 |
| An Iodáil | 207 | 5,4 | 12,7 | 0,4 |
| An Ríocht Aontaithe | 147 | 3,8 | 13,0 | 0,3 |
| An Liotuáin | 9 | 0,2 | 0,7 | 0,3 |
| Tíortha Eile | 291 | 7,6 | | |
| Ní fios | 102 | 2,7 | | |

[1] Áiríodh an figiúir seo tríd an gcéatadán gearán a roinnt ar chéatadán an daonra. Nuair a bhíonn an chomhroinn níos mó ná 1, léiríonn sé go gcuireann an tír atá i gceist níos mó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis, ag cur san áireamh mhéid a dhaonra. Slánaíodh go dtí an chéad ionad deachúlach gach céatadán sa chlár thuas.

# B BUISÉAD AN OMBUDSMAN

## Buiséad neamhspleách

Ó 1 Eanáir 2000 i leith[5], is cuid neamhspleách é buiséad an Ombudsman de bhuiséad an Aontais Eorpaigh (alt VIII-A faoi láthair).

## Struchtúr an bhuiséid

Chuir an tOmbudsman an buiséad don bhliain 2006 i láthair de réir struchtúir bhuiséid nua (ainmníochtaí). Is é aidhm an struchtúir seo an fhollasacht a mhéadú agus urlámhas an údaráis bhuiséadaigh a fheabhsú, tríd an léargas ginearálta a thugtar ar chaiteachas den sórt céanna, a bhí arna leathadh thar roinnt mhaith teideal nó caibidlí sa struchtúr a úsáideadh roimhe seo.

Dá réir sin, roinneadh buiséad an Ombudsman don bhiain 2006 ina thrí theideal. Faoi Theideal 1 tá na tuarastail, na liúntais agus na costais eile a bhaineann leis an bhfoireann. Faoi Theideal 2 tá na foirgnimh, an troscán, an trealamh agus caiteachas oibriúcháin ilghnéitheach. Agus faoi Theideal 3 tá an caiteachas a éiríonn as na feidhmeannais ghinearálta a chomhlíonann an institiúid.

## Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa

D'fhonn dúbailt nach gá a sheachaint maidir leis an bhfoireann teicniúil agus riaracháin, bíonn cuid de na seirbhísí atá riachtanach don Ombudsman le go gcuirfidh sé a dhualgais i gcrích arna gcur ar fáil ag, nó trí, Parlaimint na hEorpa. I measc na réimsí ina mbraitheann an tOmbudsman a bheag nó a mór ar chúnamh sheirbhísí na Parlaiminte, tá:

- an t-aistriúchán, an teangaireacht agus an clóbhualadh;
- cíos na hoifige;
- teicneolaíocht na faisnéise, teileachumarsáid agus bainisteoireacht an phoist.

De bharr an chomhoibrithe idir an Ombudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa tá spáráil suntasach airgid ann do bhuiséad an Chomhphobail.

Cuireadh tús leis an gcomhoibriú idir Parlaimint na hEorpa agus an Ombudsman Eorpach i gcomhaontú réime dar dáta 22 Meán Fómhair 1995. Síníodh comhaontuithe breise ar an gcomhoibriú riaracháin agus ar an gcomhoibriú airgeadais ar 12 Deireadh Fómhair 1995.

Scrúdaíodh na comhaontuithe comhoibrithe seo as an nua i 2005 d'fhonn iad a chur in oiriúint do na tosca nua mar a bhí siad tar éis d'institiúid an Ombudsman Eorpaigh a bheith deich mbliana i mbun gnó. Ar 15 Márta 2006, shínigh Uachtarán na Parlaiminte, an tUas Josep BORRELL FONTELLES FPE, agus an tOmbudsman Eorpach comhaontú nua agus tháinig sé i bhfeidhm in Aibreán 2006. Is é an aidhm atá leis, an comhoibriú leis an bParlaimint a chaomhnú i ngach réimse inar féidir barainneachtaí scála a bhaint amach agus airgead an bhuiséid a spáráil. Leanfaidh Parlaimint na hEorpa uirthi mar sin ag cur seirbhísí ar fáil don Ombudsman i réimsí éagsúla, lena n-áirítear na foirgnimh, teicneolaíocht na faisnéise, an chumarsáid, seirbhísí leighis, an oiliúint, an t-aistriúchán agus an teangaireacht.

De bharr an chomhaontaithe, tá an polasaí praghsála níos soiléire. Feasta íocfar as na seirbhísí ar bhonn meastacháin chothroim fhollasaigh réasúnta ar na costais, ach amháin i gcás na gcostas iniúchta agus cuntasaíochta, ar aontaíodh ar chnapshuim ina leith. Comhartha na hathruithe seo ar neamhspleáchas an Ombudsman i mbainisteoireacht na foirne agus i gcúrsaí airgid.

5 Rialachán na Comhairle (CE, CEGC, Euratom) Uimh 2673/1999 dar dáta 13 Nollaig 1999 ag leasú Rialachán Airgeadais an 21 Nollaig 1977 atá inchurtha chun feidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, IO 1999 L 326, l. 1.

## Buiséad 2006

Thaispeáin plean teaghlachais an Ombudsman 57 post san iomlán i 2006, i gcomórtas le 51 post i 2005.

B'ionann agus EUR 7 682 538 na leithreasuithe iomlána tosaigh a cuireadh ar fáil do bhuiséad 2006 an Ombudsman. Teideal 1, is é sin an caiteachas a bhain le daoine atá ag obair don institiúid, arbh ionann é agus EUR 5 808 538. Teideal 2, a bhaineann le foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibriúcháin ilghnéitheach, arbh ionann é agus EUR 1 085 000. Baineann Teideal 3 le caiteachas a thagann de bharr feidhmeannas speisialta a chuireann an institiúid i gcrích. B'ionann é agus EUR 789 000. Leag buiséad 2006 ioncam iomlán amach arbh ionann é agus EUR 812 271.

Tugann an tábla seo a leanas caiteachas 2006 ar bhonn na leithreasuithe a cionroinneadh.

(in EUR)

| | |
|---|---|
| Teideal 1 | 5 347 167 |
| Teideal 2 | 1 129 253 |
| Teideal 3 | 607 819 |
| **Iomlán** | **7 084 239** |

## Buiséad 2007

Leagann buiséad 2007, a dréachtaíodh i rith 2006, plean teaghlachais 57 post amach (post nua ar bith).

Is ionann agus EUR 8 152 800 na leithreasuithe iomlána do 2007. Teideal 1 (Caiteachas a bhaineann le daoine atá ag obair san institiúid) arb ionann é agus EUR 6 150 300. Teideal 2 (Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibriúcháin ilghnéitheach) arb ionann é agus EUR 1 251 500. Teideal 3 (Caiteachas a thagann de bharr feidhmeannas speisialta a chuireann an institiúid i gcrích) arb ionann é agus EUR 751 000.

Leagann buiséad 2007 ioncam iomlán amach cothrom le EUR 939 980.

# C FOIREANN

Lena chinntiú go bhféadfaidh an institiúid déileáil mar ba cheart le gearáin faoi dhrochriarachán i 23 teanga chonartha agus caidreamh a dhéanamh le saoránaigh agus lucht cónaithe an AE le go dtuigfidís an ceart gearáin atá acu, tacaíonn foireann dhea-cháilithe ilteangach leis an Ombudsman. San Iarscríbhinn seo tá liosta iomlán na mball foirne i 2006, teideal a bpoist agus na sonraí teagmhála, chomh maith le cuntas ar an obair a dhéantar sna ranna agus sna rannóga éagsúla san oifig. Cuireann forbhreathnú gearr ar na cruinnithe foirne agus ar an gcúrsa cúlráideach don fhoireann a tionóladh i rith na bliana an clabhsúr uirthi.

## AN tOMBUDSMAN EORPACH

*P. Nikiforos Diamandouros*
An tOmbudsman Eorpach

Rugadh P. Nikiforos DIAMANDOUROS san Aithin, an Ghréig, ar 25 Meitheamh 1942. Toghadh ina Ombudsman Eorpach é ar 15 Eanáir 2003. Chuaigh sé i seilbh oifige ar 1 Aibreán 2003 agus toghadh arís ar théarma cúig bliana é ar 11 Eanáir 2005.

Ó 1998 go dtí 2003, ba é chéad Ombudsman Náisiúnta na Gréige é. Ó 1993 tá sé freisin ina Ollamh le Polaitíocht Chomparáideach i Roinn na hEolaíochta Polaitiúla agus an Riaracháin Phoiblí in Ollscoil na hAithne (ar chead scoir faoi láthair). Ó 1995 go dtí 1998 d'oibrigh sé mar Stiúrthóir agus Chathaoirleach ar Lárionad Náisiúnta na Gréige don Taighde Shóisialta (EKKE).

Fuair sé a chéim B.A. san eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Indiana (1963) agus a chéimeanna M.A. (1965), M.Phil. (1969), agus Ph.D. (1972) san ábhar céanna ó Ollscoil Columbia. Sula ndeachaigh sé isteach i ndáimh Ollscoil na hAithne i 1988, bhí poist mar mhúinteoir agus mar thaighdeoir aige in Ollscoil Stáit Nua-Eabhrac agus in Ollscoil Columbia faoi seach (1973-78). Ó 1980 go dtí 1983, d'oibrigh sé mar Stiúrthóir Forbartha i gColáiste na hAithne, an Aithin, an Ghréig. Ó 1983 go dtí 1988, ba é an Stiúrthóir Cláir é d'Iarthar na hEorpa, chomh maith leis an Meán-Oirthear agus Tuaisceart na hAfraice, ag an gComhairle Taighde Eolaíochta Sóisialta, Nua-Eabhrac. Ó 1988 go dtí 1991, bhí sé ina Stiúrthóir ar an Institiúid Ghréagach don Staidéar Idirnáisiúnta agus Straitéiseach, an Aithin, meitheal smaointeoirí taighde dírithe ar an bpolasaí, arna chomh-mhaoiniú ag Fondúireachtaí Ford agus MacArthur. I 1997, ceapadh é ina Ollamh ar Cuairt san eolaíocht pholaitiúil i Lárionad Juan March don Ardléann sna hEolaíochtaí Sóisialta (Maidrid).

Bhí sé ina Uachtarán ar Chomhlachas Eolaíocht Pholaitiúil na Gréige (1992-98) agus ar Chomhlachas an Nua-Léinn Ghréagaigh sna Stáit Aontaithe (1985-88). Idir 1999 agus 2003, bhí sé ina bhall de Choimisiún na Gréige um Chearta an Duine, agus ó 2000 go dtí 2003 ba bhall é de Chomhairle Náisiúnta na Gréige um Leasú an Riaracháin. Ó 1988 go dtí 1995, bhí sé ina Chomh-Chathaoirleach ar Fhochoiste Dheisceart na hEorpa de chuid na Comhairle Taighde Eolaíochta Sóisialta, Nua-Eabhrac, a maoiníonn Fondúireacht Volkswagen a cuid oibre. Is é an tEagarthóir Ginearálta freisin é ar an tSraith ar Nua-Dheisceart na hEorpa agus bronnadh deontais taighde Fulbright agus National Endowment for the Humanities air.

Is mór atá scríofa aige ar pholaitíocht agus stair na Gréige, ar Dheisceart agus Oirdheisceart na hEorpa agus go háirithe ar an daonlathú, ar thógáil an stáit agus an náisiúin agus ar an ngaol idir an cultúr agus an pholaitíocht.

## RÚNAÍOCHT AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Tá rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh freagrach as oifig phríobháideach an Ombudsman a riaradh. Riarann siad clár oibre an Ombudsman, comhordaíonn siad a chomhfhreagras isteach agus amach, comhairlíonn siad faoin gcaidreamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile an AE, láimhseálann siad taobh an chomhghnáis d'obair na hinstitiúide agus comhlíonann dualgais ghinearálta rúnaíochta don Ombudsman.

**Alexandra ANDROULAKAKIS**
*Rúnaí don Ombudsman Eorpach (go dtí 30.6.2006)*
Teil. +33 3 88 17 25 28

**Kelly KOUNDOURI**
*Rúnaí don Ombudsman Eorpach (ó 1.7.2006)*
Teil. +33 3 88 17 25 28

**Nicholas CATEPHORES**
*Cúntóir don Ombudsman Eorpach*
Teil. +33 3 88 17 23 83

## ARD-RÚNAÍ

**Ian HARDEN**
*Ard-Rúnaí (ó 1.8.2006)*
Teil. +33 3 88 17 23 83

Ar a cheapadh ina Ard-Rúnaí dó agus go dtí go bhfostófaí Ceann nua ar an Earnáil Dlí, lean an tUas Ian HARDEN de ag comhlíonadh dhualgais Cheann na hEarnála Dlí níos faide ar aghaidh ná 1 Lúnasa 2006.

Rugadh Ian HARDEN i Norwich, Sasana, ar 22 Márta 1954. Rinne sé staidéar ar an dlí i Churchill College, Cambridge, agus bhain céim BA amach le honóracha den chéad ghrád i 1975 agus céim LLB i 1976. Tar éis dó na céimeanna a bhaint amach, chuaigh sé isteach i nDáimh an Dlí in Ollscoil Sheffield, mar a raibh sé ina léachtóir ó 1976 go dtí 1990, ina Léachtóir Sinsearach ó 1990 go dtí 1993, ina Léitheoir ó 1993 go dtí 1995, agus ceapadh ina Ollamh le Dlí Poiblí é i 1995. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Phríomh-Chomhairleoir Dlí i 1996, bhí sé ina Cheann ar an Rúnaíocht ó 1997 go dtí 1999, agus ina Cheann ar an Rannóg Dlí ó 2000 amach. Ceapadh ina Ard-Rúnaí ar oifig an Ombudsman é ar 1 Lúnasa 2006. Is údar nó comhúdar iliomad foilseachán é ar dhlí an AE agus ar an dlí poiblí, lena n-áirítear *The Contracting State* (Buckingham: Open University Press, 1992); *Flexible Integration: Towards a more effective and democratic Europe* (London CEPR, 1995), agus *European Economic and Monetary Union: The Institutional Framework* (Kluwer Law International, 1997). Tá sé ina Bhall den *Association française de droit constitutionnel* agus den “Study of Parliament Group” sa Ríocht Aontaithe agus ina ollamh oinigh in Ollscoil Sheffield.

## RANNÓG DLÍ

Dlíodóirí go háirithe atá sa Rannóg Dlí arb é an cúram is mó atá orthu na gearáin a fhaigheann an tOmbudsman Eorpach a mheas agus fiosrúcháin a dhéanamh, faoi stiúradh Cheann na Rannóige Dlí agus triúir Príomh-Mhaoirseoirí. Comhairlíonn Ceann na Rannóige Dlí an tOmbudsman freisin faoi straitéis agus stiúir dhlíthiúil na hinstitiúide agus riarann sé an Rannóg. Cinntíonn Cúntóir Cheann na Rannóige Dlí go bhfeidhmíonn na córais inmheánacha um rialú na cáilíochta agus bhainisteoireacht na faisnéise agus comhordaíonn sé cion na Rannóige i ndréachtú na Tuarascála Bliantúla.

I 2006, bhí foireann 21 duine san iomlán sa Rannóg, eadhon Ceann na Rannóige Dlí, seachtar Príomh-Chomhairleoirí Dlí, a bhfeidhmíonn triúr díobh mar Phríomh-Mhaoirseoirí[6], aon Oifigeach Dlí déag, Teangeolaí is Dlíodóir, Cúntóir Dlí agus Cúntóir Cheann na Rannóige Dlí. I rith na bliana seo, mhaoirsigh an Rannóg Dlí 15 oiliúnaí.

**Murielle RICHARDSON**
*Cúntóir Cheann na Rannóige Dlí*
Teil. +33 3 88 17 23 88

[6] Tháinig an tríú Príomh-Chomhairleoir Dlí, a fheidhmíonn mar Príomh-Mhaoirseoir, isteach sa Rannóg ar 1 Samhain 2006.

## OIFIGIGH DHLÍ

Déileálann na hOifigigh Dhlí leis na gearáin, ar féidir iad a chur isteach i gceann ar bith de na 23 teanga chonarthach den Aontas Eorpach. Chomh maith leis sin, molann siad agus cuireann siad i gcrích fiosrúcháin fhéintionscanta, freagraíonn siad iarratais na ndaoine ar fhaisnéis, cabhraíonn siad leis an Ombudsman faoi chúrsaí dlí, comhairlíonn siad faoi ghnáthaimh, fhorbairtí agus thraidisiúin an Bhallstáit ar de iad agus déanann siad ionadaíocht don Ombudsman ar ócáidí poiblí áirithe.

**Sabina BALAŽIČ**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 35 72

**Elodie BELFY**
*Cúntóir Dlí*
Teil. +32 2 284 39 01

**Peter BONNOR**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 25 41

**Benita BROMS**
*Ceann Oifig na Bruiséile*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Teil. +32 2 284 25 43

**Nelius CAREY**
*Teangeolaí is Dlíodóir*
Teil. +33 3 88 17 25 63

**Ioannis DIMITRAKOPOULOS**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
*Príomh-Mhaoirseoir*
Teil. +33 3 88 17 37 68

**Juliano FRANCO**
**Oifigeach Dlí**
**Teil. +33 3 88 17 21 51**

**Marjorie FUCHS**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 40 78

**Gerhard GRILL**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
*Príomh-Mhaoirseoir*
Teil. +33 3 88 17 24 23

**Marta HIRSCH-ZIEMBIŃSKA**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Teil. +33 3 88 17 27 46

**Georgios KATHARIOS**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +32 2 284 38 49

**Daniel KOBLENCZ**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +32 2 284 38 31

**José MARTÍNEZ ARAGÓN**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Teil. +33 3 88 17 24 01

**Beatriz MENÉNDEZ ALLER**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 67 63

**Tina NILSSON**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +32 2 284 14 17

**Fergal Ó REGAN**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
*Príomh-Mhaoirseoir*
*(ó 1.11.2006)*
Teil. +33 3 88 17 67 84

**Ida PALUMBO**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 23 85

**Wiebke PANKAUKE**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 24 02

**Branislav URBANIČ**
*Oifigeach Dlí*
Teil. +33 3 88 17 27 14

**Olivier VERHEECKE**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Teil. +32 2 284 20 03

## OILIÚNAITHE

**Marta ARIAS DIAZ**
*Oiliúnaí (ó 1.9.2006)*
Teil. +33 3 88 17 29 77

**Kadri BRÜGEL**
*Oiliúnaí (go dtí 28.2.2006)*

**Anne EISENGRÄBER**
*Oiliúnaí (go dtí 31.7.2006)*

**Ramin FARINPOUR**
*Oiliúnaí (ó 18.9.2006)*
Teil. +33 3 88 16 40 18

**Farah JERAJ**
*Oiliúnaí (ó 1.9.2006)*
Teil. +33 3 88 17 24 12

**Giedre KAZLAUSKAITE**
*Oiliúnaí (go dtí 31.7.2006)*

**Beata KULPACZYNSKA**
*Oiliúnaí (ó 1.9.2006)*
Teil. +33 3 88 17 23 28

**Riccardo MONACO**
*Oiliúnaí (ó 16.1.2006 go dtí 31.12.2006)*

**Teresa PLANA CASADO**
*Oiliúnaí (ó 1.2.2006 go dtí 31.7.2006)*

**Zvi RAMAN**
*Oiliúnaí (ó 1.9.2006)*
Teil. +32 2 284 21 80

**Brigita SABALIAUSKAITE**
*Oiliúnaí (ó 1.9.2006)*
Teil. +32 2 283 23 27

**Izabela SZOSTAK-SMITH**
*Oiliúnaí (go dtí 31.7.2006)*

**Axel SCHNEIDER**
*Oiliúnaí (ó 1.4.2006)*
Teil. +33 3 88 16 40 72

**Alexis VAN MAERCKE**
*Oiliúnaí (go dtí 31.7.2006)*

**Katherine WORTHINGTON**
*Oiliúnaí (go dtí 31.7.2006)*

## AN ROINN RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Tá an Roinn Riaracháin agus Airgeadais freagrach as gach cuid d'obair Oifig an Ombudsman nach mbaineann le gearáin a scrúdú ná fiosrúcháin a dhéanamh. Tá ceithre rannóg inti — an Rannóg Riaracháin, an Rannóg Airgeadais, an Rannóg Bainisteoireachta Gearán agus an Rannóg Cumarsáide. Comhordaíonn Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais obair na Roinne san iomlán. Sa cháil sin, tá sé freagrach as eagrú ginearálta agus oibriúchán na hoifige, as polasaí na foirne san oifig, as straitéis bhuiséid agus airgeadais na hinstitiúide a mholadh agus a chur i gcrích agus as ionadaíocht a dhéanamh don Ombudsman i roinnt fóram idirnáisiúnta. I 2006, bhí foireann iomlán 35 duine sa Roinn, lena n-áirítear an 9 ball den Rannóg Bainisteoireachta Gearán, a bhfuil ceangal dlúth ag a gcuid oibre le hobair na Roinne Dlí.

**João SANT'ANNA**
*Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais*
Teil. +33 3 88 17 53 46

Rugadh João SANT'ANNA i Setúbal, an Phortaingéil, ar 3 Bealtaine 1957. Rinne sé staidéar ar an dlí in Ollscoil Liospóin ó 1975 go dtí 1980 agus glaodh chun an bharra é i Liospóin i 1981. Idir 1980 agus 1982, d'oibrigh sé mar dhlíodóir sa Rannán Dlí agus Riaracháin i Roinn Gnóthaí Inmheánacha na Portaingéile do Réigiún Liospóin. Idir 1982 agus 1984, shaothraigh sé a chuid staidéir ar an dlí, i réimse na gCeart Maoine Intleachtúla in Ollscoil Ludwig-Maximilian agus i bhForas Max-Planck i München. Tar éis dó filleadh ar an bPortaingéil i 1984, ceapadh ina Cheann ar an Rannán Dlí agus Riaracháin é i Roinn Gnóthaí Inmheánacha na Portaingéile do Réigiún Liospóin. I 1986, chuaigh sé ag obair mar státseirbhíseach i bParlaimint na hEorpa, sna hArdrúnaíochtaí Faisnéise agus Caidrimh Phoiblí, Taighde, agus Pearsanra agus Airgeadais, agus faoi dheireadh i seirbhís dlí Pharlaimint na hEorpa. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Cheann ar an Roinn Riaracháin agus Airgeadais i 2000.

## RANNÓG RIARACHÁIN

Tá réimse leathan tascanna ag an Rannóg Riaracháin. Áirítear ina measc earcaíocht agus bainisteoireacht na foirne, déileáil le comhfhreagras isteach agus amach, an lasc-chlár teileafóin, infreastruchtúr na hoifige, comhordú aistriúchán na gcáipéisí, eagrú agus bainisteoireacht na leabharlainne tagartha dlí agus polasaí doiciméadúcháin agus cartlainne na hinstitiúide. Tá an rannóg seo freagrach freisin as polasaí theicneolaíocht faisnéise na hinstitiúide agus as riaradh ar riachtanais TF na hoifige, ar tasc é seo a chuireann sí i gcrích ag comhoibriú go dlúth le Parlaimint na hEorpa.

**Alessandro DEL BON**
*Ceann Rannóige*
Teil. +33 3 88 17 23 82

**Christophe BAUER**
*Taca Riaracháin, Tiománaí*
Teil. +33 3 88 17 67 80

**Rachel DOELL**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 23 98

**Massimo EZZY**
*Oifigeach Teicneolaíochta Faisnéise*
Teil. +33 3 88 17 28 67

**Cindy GIANNAKIS**
*Taca Riaracháin*
Teil. +32 2 284 63 93

**Isgouhi KRIKORIAN**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 25 40

**Gaël LAMBERT**
*Oifigeach Teicneolaíochta Faisnéise*
Teil. +33 3 88 17 23 99

**Juan Manuel MALLEA**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 23 01

**Stéphanie MARAJ**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 23 13

**Charles MEBS**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 70 93

**Ana MORAIS GASPAR**
*Rúnaí (ó 1.6.2006)*
Teil. +33 3 88 16 40 96

**Emese WALTZ**
*Rúnaí (ó 1.6.2006)*
Teil. +33 3 88 16 40 95

**Félicia VOLTZENLOGEL**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 23 94

## RANNÓG AIRGEADAIS

Tá dualgas ar an Rannóg Airgeadais féachaint chuige go gcloíonn Oifig an Ombudsman le rialacha airgeadais úd an AE a leagadh síos lena chinntiú go mbaintear leas as na hacmhainní buiséadacha go barainneach éifeachtach fónta. Toisc buiséad neamhspleách a bheith ag an Ombudsman Eorpach is ea atá sí freagrach as seo. Bíonn ceathrar Oifigeach Airgeadais, faoi fhreagracht an Oifigigh Údaráis ar bhonn Tarmligin, ag ullmhú an bhuiséid agus á chur i bhfeidhm.

**Loïc JULIEN**
*Ceann Rannóige*
Teil. +33 3 88 17 67 79

**Jean-Pierre FEROUMONT**
*Oifigeach Airgeadais*
Teil. +32 2 284 38 97

**Giovanna FRAGAPANE**
*Oifigeach Airgeadais*
Teil. +33 3 88 17 29 62

**Véronique VANDAELE**
*Oifigeach Airgeadais*
Teil. +32 2 284 23 00

**Christophe WALRAVENS**
*Oifigeach Airgeadais*
Teil. +33 3 88 17 24 03

## RANNÓG BAINISTEOIREACHTA GEARÁN

Tá an Rannóg Bainisteoireachta Gearán freagrach as clárú, dáileadh agus tabhairt chun críche na ngearán a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh. Féachann an Rannóg chuige go gcláraítear gach gearán i mbunachar sonraí, go n-admhaítear é agus go gcuirtear ar aghaidh é chuig an Roinn Dlí. Tá sí freagrach as bainisteoireacht a dhéanamh ar gach comhfhreagras isteach agus amach a bhaineann le gearáin, a chinntiú go leasaítear chun dáta na cuntais i mbunachar sonraí na ngearán i rith an ghnáthaimh, féachaint chuige go gcloítear leis na spriocdhátaí, staitisticí na ngearán a chur ar fáil agus cáipéisí a bhaineann le gearáin a chomhdú.

**Isabelle FOUCAUD**
*Ceann Rannóige*
Teil. +33 3 88 17 23 91

**Séverine BEYER**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 23 93

**Bruno BISMARQUE-ALCÂNTARA**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 20 91

**Evelyne BOUTTEFROY**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 24 13

**Elaine DRAGO**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 33 31

**Isabelle LECESTRE**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 24 29

**Oualiba MAKHLOUFIA**
*Rúnaí (ó 1.4.2006)*
Teil. +33 3 88 16 40 71

**Véronique SCHOOR**
*Rúnaí (ó 1.11.2006)*
Teil. +33 3 88 17 24 29

**Caroline ZINCK**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 40 51



An tOmbudsman Eorpach agus a bhaill foirne.

## RANNÓG CUMARSÁIDE

Tá an Rannóg Cumarsáide freagrach as cúnamh a thabhairt don Ombudsman caidreamh a dhéanamh leis na daoine agus iad a chur ar an eolas faoina gcearta de réir dhlí an Chomhphobail. Tá ríthábhacht mar sin léi maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh agus ar an muinín idir na saoránaigh ar thaobh amháin agus institiúidí an Aontais Eorpaigh ar an taobh eile.

Tá an Rannóg freagrach as an gcaidreamh leis na meáin chumarsáide a chaomhnú agus a chur chun cinn, as foilseacháin an Ombudsman a dhréachtú agus a chur ar fáil, as a chuid suíomh gréasáin a choinneáil, na cuairteanna agus na himeachtaí faisnéise aige a eagrú agus an caidreamh le Líonra Eorpach na nOmbudsman a chomhordú.

**Rosita AGNEW**
*Comh-Cheann Rannóige*
Teil. +32 2 284 25 42

**Marc AMIR-TAHMASSEB**
*Forbróir Gréasáin*
Teil. +33 3 88 17 44 10

**Gundi GADESMANN**
*Oifigeach Preasa*
Teil. +32 2 284 26 09

**Annika ÖSTERBERG**
*Oifigeach Foilseachán*
Teil. +33 3 88 17 49 36

**Ben HAGARD**
*Comh-Cheann Rannóige*
Teil. +33 3 88 17 24 24

**Dace PICOT-STIEBRINA**
*Oifigeach Cumarsáide*
Teil. +33 3 88 17 40 80

**Gabrielle SHERIDAN**
*Rúnaí*
Teil. +33 3 88 17 24 08

## CRUINNITHE FOIRNE

D'fhonn éifeacht agus éifeachtúlacht na ngnáthamh san Oifig a chinntiú mar is fearr is féidir, mar aon le sreabhadh na faisnéise laistigh den fhoireann, agus d'fhonn deiseanna chun na forbairte gairmiúla a chur chun cinn, gaireann an tOmbudsman cruinnithe foirne go rialta. Ar chlár oibre na gcruinnithe seo bíonn, de ghnáth, forbhreathnú leis an Ombudsman ar a bhfuil déanta le déanaí aige agus ar a bhfuil le teacht, mar aon le léiriú ar na forbairtí riaracháin, dlí agus polasaí atá ag dul i gcion ar an institiúid. De bhun straitéis an Ombudsman i leith fhorbairt ghairmiúil na foirne, is minic a iarrtar ar chainteoirí seachtracha labhairt leis na cruinnithe seo. I 2006, thug siad seo léachtaí den sórt: An tOllamh Spiros SIMITIS, Ollamh le hOibreachas, Eolaíochtaí Sibhialta agus Ríomhaireachta agus Dlí in Ollscoil Johann Wolfgang Goethe, Frankfurt am Main, an Ghearmáin agus Uachtarán Choiste Eitice na Gearmáine, faoi "Cosaint sonraí — Easnaimh agus teorainneacha comhionsaí AE ar an gceist", agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh don Chaidreamh Institiúideach agus don Chumarsáid, Margot WALLSTRÖM, ar na hiarrachtaí atá an Coimisiún a dhéanamh lena chaidreamh leis na daoine a fheabhsú.



An tOllamh Spiros Simitis, Ollamh le hOibreachas, Eolaíochtaí Sibhialta agus Ríomhaireachta agus Dlí in Ollscoil Johann Wolfgang Goethe, Frankfurt am Main, an Ghearmáin agus Uachtarán Choiste Eitice na Gearmáine, ag tabhairt léachta d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh. Strasbourg na Fraince, 3 Feabhra 2006.



Margot Wallström Uas, Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh don Chaidreamh Institiúideach agus don Chumarsáid, ag tabhairt léachta d'fhoireann an Ombudsman. Strasbourg na Fraince, 13 Nollaig 2006.

## CÚRSA ATHMHACHNAIMH FOIRNE

D'fhonn an tuiscint ar luachanna agus ar mhisean na hinstitiúide a neartú agus a fhorbairt, agus d'fhonn iad a chur i bhfeidhm, d'eagraigh an tOmbudsman cúrsa athmhachnaimh foirne don oifig



Baill foirne an Ombudsman ar chúrsa athmhachnaimh foirne, 11-13 Deireadh Fómhair 2006.

i 2006. Ba é an chéad uair é ina saol gairid a rinne an institiúid beart dá leithéid. Ceacht machnaimh is ea a leithéid de chúrsa, a mbíonn gach ball foirne den fhoireann páirteach ann, cleachtadh forleathan a bhain an tUas DIAMANDOUROS úsáid as go rafar nuair ba é chéad Ombudsman Náisiúnta na Gréige é.

Mar chuid den ullmhúchán lena aghaidh, iarradh ar na baill foirne a dtuairimí faoi fheidhmiúchán ginearálta na hoifige a chur in iúl agus faoi éifeacht obair an Ombudsman go dtí seo, trí pháirt a ghlacadh i gcleachtadh féinmheasúnaithe. Ceistneoir a bhí ann inar mheas an ball foirne gnéithe éagsúla de ghnáthaimh oibre an Ombudsman Eorpaigh agus na nósanna imeachta sna hearnála gníomhaíochta seachas a chéile, chomh maith le gach a bhfuil gnóthaithe ag an Ombudsman don phobal i gcoitinne. Bhí aidhm eile ag an mbeart tábhachtach seo, eadhon, feabhas a chur ar an mbainistíocht riosca laistigh den institiúid, mar a éilíonn caighdeáin rialaithe inmheánacha an AE.

Dáileadh torthaí an cheistneora, mar aon le hábhair chúlra eile, ar an bhfoireann roimh an gcruinniú. Ba chloch bhoinn iad don díospóireacht, a dhírigh ar (i) an chiall atá leis an dea-riarachán, go teoiriciúil agus go nithiúil, (ii) cé mar is féidir caidreamh a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne agus conas díriú ar shainlucht éisteachta arbh iolraitheoirí iad a d'fhéadfadh breis gearán a ghineadh a thiocfadh faoi raon shainordú an Ombudsman, agus (iii) cé mar is féidir cultúr seirbhíse a fheabhsú agus a chur níos faide chun cinn in oifig an Ombudsman.

Gríosadh gach ball den fhoireann páirt a ghlacadh sa díospóireacht, sa seisiún iomlánach nó sna grúpaí oibre, agus a t(h)uairim a thabhairt faoi na téamaí éagsúla a bhí á bplé. D'aontaigh cách tar éis an chúrsa go raibh rath air agus gurbh fhiú go mór é a dhéanamh arís.



Baill foirne an Ombudsman agus iad ar tí a bheith páirteach i dturas reatha 10km Strasbourg, 14 Bealtaine 2006.

# D INNÉACSANNA NA gCINNTÍ

## 1 DE RÉIR UIMHIR AN CHÁIS

### 2003

0495/2003/ELB ....74
0617/2003/IP ....75
1537/2003/ELB ....76
1764/2003/ELB ....77

### 2004

0642/2004/GG ....90
0674/2004/PB ....86
0956/2004/PB ....91
1217/2004/OV ....61
2227/2004/MF ....78
2312/2004/MHZ ....95
2437/2004/GG ....79
2467/2004/PB ....70
2944/2004/ID ....56
3133/2004/JMA ....56
3369/2004/JMA ....93
3399/2004/OV ....87
3403/2004/GG ....80
3436/2004/ELB ....65
3501/2004/PB ....64

### 2005

0032/2005/ELB ....88
0106/2005/TN ....66
0191/2005/BB ....57
0289/2005/GG ....97
0552/2005/SAB ....58
0582/2005/PB ....81
0760/2005/GG ....82
1037/2005/GG ....82
1252/2005/GG ....58
1315/2005/BB ....55
1429/2005/JF ....89
1463/2005/TN ....84
1482/2005/MHZ ....62
1487/2005/GG ....96
1729/2005/JF ....72
1776/2005/GG ....71
1841/2005/BM ....67
1919/2005/GG ....73
2172/2005/MHZ ....92
2523/2005/TN ....60
2601/2005/ID ....59
2616/2005/SAB ....62
2787/2005/OV ....94
3172/2005/WP ....67
3389/2005/WP ....63
Q3/2005/IP ....100

### 2006

0163/2006/MHZ ....85
0242/2006/BM ....94
0472/2006/DK ....64
0786/2006/JF ....88
0800/2006/WP ....69
0817/2006/TN ....74
0866/2006/SAB ....85
1363/2006/MF ....66
3297/2006/BU ....68
3684/2006/BU ....68
OI/1/2006/TN ....98
OI/2/2006/JMA ....98
OI/3/2006/BB ....99
Q1/2006/GK ....99

## 2 DE RÉIR AN ÁBHAIR


*Talmhaíocht (CBT)*

Q1/2006/GK ....99

*Cearta na saoránach*

2467/2004/PB....70
3133/2004/JMA ....56
3369/2004/JMA ....93
1037/2005/GG ....82
1487/2005/GG ....96
1776/2005/GG ....71
1841/2005/BM ....67
1919/2005/GG ....73
2601/2005/ID ....59
0242/2006/BM ....94
0817/2006/TN....74
3297/2006/BU....68
3684/2006/BU....68

*Conarthaí*

2437/2004/GG ....79
0191/2005/BB....57
0552/2005/SAB....58
1252/2005/GG ....58
1315/2005/BB....55
2523/2005/TN....60
0786/2006/JF....88
0866/2006/SAB....85
OI/1/2006/TN....98

*Comhar forbartha*

1764/2003/ELB ....77

*Oideachas, gairmoiliúint agus ógra*

3172/2005/WP ....67

*An Comhshaol*

1463/2005/TN....84
OI/2/2006/JMA ....98

*Saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí*

0956/2004/PB....91
0289/2005/GG ....97
Q3/2005/IP....100

*Institiúidí*

3403/2004/GG ....80
3436/2004/ELB ....65
2172/2005/MHZ....92
2601/2005/ID ....59

*Ilghnéitheach*

0800/2006/WP ....69

*Rochtain phoiblí*

0617/2003/IP....75
3501/2004/PB....64
0582/2005/PB....81
2787/2005/OV ....94
1363/2006/MF ....66

*Beartas sóisialach*

2944/2004/ID ....56

*Pearsanra*

— Earcaíocht

0674/2004/PB....86
2312/2004/MHZ....95
3399/2004/OV ....87
0032/2005/ELB ....88
1482/2005/MHZ....62
2616/2005/SAB....62
3389/2005/WP ....63
0472/2006/DK ....64
OI/3/2006/BB....99

— Ceisteanna eile

0495/2003/ELB ....74
1537/2003/ELB ....76
1217/2004/OV ....61
2227/2004/MF ....78
0106/2005/TN....66
0760/2005/GG ....82
1429/2005/JF ....89
1729/2005/JF ....72
0163/2006/MHZ....85

*Cúnamh ón Stát*

0642/2004/GG ....90

## 3 DE RÉIR CHINEÁL AN DHROCHRIARACHÁIN A LÍOMHNAÍODH


*Mí-úsáid chumhachta*

1315/2005/BB....55

*Moill*

1217/2004/OV....61
2944/2004/ID....56
0289/2005/GG....97
3172/2005/WP....67
0242/2006/BM....94

*Idirdhealú*

3399/2004/OV....87
0760/2005/GG....82
1482/2005/MHZ....62
1487/2005/GG....96
OI/3/2006/BB....99

*Earráid in Alt 226 gnáthamh*

0956/2004/PB....91
2467/2004/PB....70
2944/2004/ID....56
3133/2004/JMA....56
3369/2004/JMA....93
1037/2005/GG....82

*Easpa nó diúltú faisnéise*

1764/2003/ELB....77
0674/2004/PB....86
2227/2004/MF....78
3436/2004/ELB....65
3501/2004/PB....64
0032/2005/ELB....88
1463/2005/TN....84
1487/2005/GG....96
1776/2005/GG....71
1919/2005/GG....73
2523/2005/TN....60
0163/2006/MHZ....85
0786/2006/JF....88

*Easpa trédhearcachta*

2172/2005/MHZ....92
0472/2006/DK....64
0817/2006/TN....74
1363/2006/MF....66

*Earráid dhlíthiúil*

0617/2003/IP....75
2312/2004/MHZ....95
2467/2004/PB....70
0191/2005/BB....57
0582/2005/PB....81
1315/2005/BB....55
2601/2005/ID....59
2787/2005/OV....94
OI/2/2006/JMA....98

*Faillí*

0642/2004/GG....90
3403/2004/GG....80
1841/2005/BM....67
0786/2006/JF....88
3297/2006/BU....68
3684/2006/BU....68

*Earráidí gnáthaimh*

1315/2005/BB....55
1429/2005/JF....89
0800/2006/WP....69

*Réasúnaíocht*

1217/2004/OV....61
0191/2005/BB....57

*Míchothromaíocht*

0617/2003/IP....75
2437/2004/GG....79
3399/2004/OV....87
0106/2005/TN....66
0552/2005/SAB....58
1252/2005/GG....58
1429/2005/JF....89
1729/2005/JF....72
2616/2005/SAB....62
3389/2005/WP....63
0866/2006/SAB....85

*Drochriarachán eile*

0495/2003/ELB ........74
1537/2003/ELB ........76
1429/2005/JF ........89
2601/2005/ID ........59
OI/1/2006/TN ........98

## 4 PRÍOMHCHÁSANNA

2467/2004/PB........70
0106/2005/TN........66
1729/2005/JF ........72
1776/2005/GG ........71
OI/1/2006/TN........98
OI/3/2006/BB........99

## 5 LIOSTA NA gCÁSANNA GO LÉIR A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL I 2006

### 2003

**0495/2003/ELB ........74**
**0617/2003/IP........75**
1419/2003/JMA
**1537/2003/ELB ........76**
**1764/2003/ELB ........77**
1953/2003/PB
2177/2003/PB

### 2004

0075/2004/BB
0281/2004/JMA
**0674/2004/PB........86**
0994/2004/IP
1219/2004/IP
**2227/2004/MF ........78**
**2437/2004/GG........70**
2961/2004/PB
**3399/2004/OV ........87**
**3403/2004/GG........80**
3531/2004/TN
3553/2004/WP

### 2005

**0032/2005/ELB ........88**
0287/2005/JMA
**0582/2005/PB........81**
**0760/2005/GG ........82**
0818/2005/PB
0880/2005/TN
**1037/2005/GG ........82**
**1429/2005/JF ........89**
1459/2005/GG
**1463/2005/TN........84**
1707/2005/GG
1733/2005/BU
1744/2005/IP
**1919/2005/GG ........73**
2053/2005/IP
2924/2005/OV
3509/2005/JF

### 2006

**0163/2006/MHZ........85**
**0786/2006/JF ........88**
**0817/2006/TN........74**
**0866/2006/SAB ........85**
1085/2006/MHZ

Má thugtar tagairt an cháis i gcló trom, gheofar achoimre ar an gcinneadh in Rannán 3.4 den tuarascáil seo. Tá téacsanna iomlána na gcinntí sna cásanna thuasluaite le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman ag http://www.ombudsman.europa.eu

# CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

## TRÍD AN bPOST

An tOmbudsman Eorpach,

1 Avenue du Président Robert Schuman

B.P. 403

FR - 67001 Strasbourg Cedex

An Fhrainc

## AR AN TEILEAFÓN

+33 3 88 17 23 13

## FACS

+33 3 88 17 90 62

## AR AN RÍOMHPHOST

eo@ombudsman.europa.eu

## LÁITHREÁN GRÉASÁIN

http://www.ombudsman.europa.eu

QK-AA-07-001-GA-C

IMSCRÚDAÍONN AN tOMBUDSMAN EORPACH GEARÁIN I dTAOBH
INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH



AN tOMBUDSMAN EORPACH AGUS A LUCHT OIBRE

www.ombudsman.europa.eu

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

ISBN 978-92-9212-107-5